




Feidhmeannacht  
na Seirbhíse Sláinte

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2017



# Ár Luachanna

Cúram Comhbhá  
Iontaoibh Foghlaim

# Athruithe ar ár ndaonra ó Dhaonáireamh 2011 go Daonáireamh 2016

Labhraíonn  
beagnach

**100,000**

níos mó duine teanga  
eile seachas Béarla  
nó Gaeilge  
sa bhaile

Méadú de  
níos mó ná

**102,000**

ar líon na ndaoine  
65 bliana d'aois  
nó níos sine

Méadú de  
níos mó ná

**46,000**

ar líon na bpáistí  
18 bliana d'aois  
nó níos óige

Beagnach

**50,000**

níos mó duine  
ag a bhfuil  
dénáisiúntacht  
Éireannach

Méadú de  
níos mó ná

**9,000**

ar líon na ndaoine  
85 bliana d'aois  
nó níos sine



Méadú  
nach mór

**170,000**

ar an daonra  
ar an iomlán

Cónaí ar

**535,475**

náisiúnach neamh-  
Éireannach in Éirinn  
laghdú de nach mór

**9,000**

duine

Méadú de  
níos mó ná

**25,000**

ar líon na ndaoine  
fásta níos óige  
ná 65 bliana

Tá ionchas saoil  
méadaithe ag

**0.2 bliain**

do mhná agus

**0.9 bliain**

bliain d'fhir

# Plean Corparáideach 2015-2017

## Roinnt samplaí dár bhfreagairt ar riachtanais sláinte méadaitheacha

Os cionn

15,000

níos mó duine  
(coibhéisí lánaimseartha/  
CLAnna) fostaithe

Fuair

25,000

níos mó bean  
(50-64 bliana d'aois)  
mamagram trí BreastCheck

Méadú faoi

23,000

ar atreorúcháin  
chuig Foirne  
Idirghabhála Pobail

Méadú de

343

ar líon na ndaoine  
a ndearnadh  
cóireáil ionadaithe  
le hóipiámóidigh orthu

Laghdú de

450

ar líon na ndaoine ar liosta  
feithimh do Sheirbhísí  
Meabhairshláinte do  
Leanaí agus d'Ógánaigh

Méadú de

3,000

ar líon na ndaoine  
ag fáil phacáiste  
cúraim bhaile

Méadú faoi

170,000

ar líon na n-uaireanta  
cúntóra pearsanta  
tugtha do dhaoine  
faoi mhíchumas

Laghdú de

7,000

ar líon na ndaoine a  
raibh gnáthamh othair  
chónaithe acu

Méadú de

35,000

ar líon na ndaoine  
a raibh gnáthamh  
chás lae acu

Méadú de

97,000

ar líon na ndaoine  
a d'fhreastail ar an  
Rannóg Éigeandála

Méadú de

28,000

ar líon na nglanna  
ar otharcharr éigeandála  
a freagraíodh

Méadú beagnach

€100M

ar infheistíocht  
chaipitiúil sa bhonneagar  
cúraim sláinte

### Tabhair faoi deara:

Méadú/laghdú bunaithe ar shonraí feidhmíochta an FSS do dheireadh na bliana 2017 i gcomparáid le sonraí feidhmíochta FSS do 2014. Is féidir gníomhaíocht lámach eile le haghaidh 2017 a fheiceáil ar leathanach 32-36.

# Clár Ábhair

## Cuid I

Ráiteas ón Ard-Stiúrthóir 2

### Ár Seirbhísí Sláinte

Ár bPlean Corparáideach	6
Luachanna ag Obair	9
Ár nEagraíocht	10
Ár nDaonra	15
Ag Éisteacht le hÚsáideoirí ár Seirbhísí	16
Seirbhís Sláinte Níos Fearr á Forbairt	21
Cumhdach agus Cosaint	26
Sármhaitheas i Seachadadh ár Seirbhísí Sláinte	28

### Soláthar Seirbhíse

Gníomhaíocht Cúraim Sláinte in 2017	32
Sláinte agus Folláine	37
Cúram Sláinte Pobail	43
Cúram Príomhúil	46
Meabhairshláinte	49
Seirbhísí Míchumais	50
Seirbhísí Daoine Breacaosta	52
Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail	55
Cúram Réamhospidéil agus Géarospidéil	65
Cúram Éigeandála Réamhospidéil	68
Cúram Géarospidéil	70
Grúpaí Ospidéal	75

Ag Tacú le Soláthar Seirbhíse 83

### Aguisíní

Aguisín 1: Ballraíocht na Stiúrthóireachta agus na Foirne Ceannasaíochta	92
Aguisín 2: Struchtúr na hEagraíochta	93
Aguisín 3: Feidhmíocht de réir NSP 2017 Eochairtháscairí Feidhmíochta	94
Aguisín 4: Tionscadail Chaipitil	111
Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh	120

## Cuid II

### Rialachas Airgeadais

Forléargas Feidhmíochta agus Airgeadais 2017	122
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill na Stiúrthóireachta	128
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	137
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena Chur i Láthair an Oireachtais	144
Ráitis Airgeadais	146
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	151

### Aguisíní

Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Caipiteal	177
--	-----

# Ráiteas ón Ard-Stiúrthóir



*Le cúpla bliain anuas tá athrú suntasach tagtha ar ár seirbhísí sláinte. In 2017 foilsíodh Sláintecare, an tuarascáil ag an gCoiste Oireachtais traspháirtí ar Thodhchaí an Chúraim Sláinte, i mí Bhealtaine.*

*Cuireann muid fáilte roimh an gcobhsaíocht fhadtéarmach fhéideartha a ghabhann le Sláintecare.*

*Leis an straitéis fhadtéarmach nua seo comharthaítear treo nua maidir le hincháilitheacht, soláthar agus maoiniú cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn amach anseo. Tá deis mhór ag gabháil leis an tacaíocht thraspháirtí dá fhorbairt agus dá chur i bhfeidhm. Má chuirtear dóthain acmhainní ar fáil dó agus má dhéantar rialachas cuí air, is féidir leis athrú ó bhonn a dhéanamh ar shláinte agus leas an daonra agus ar cén chaoi agus cá háit a bhfaigheann siad rochtain ar sheirbhísí.*

*Tá muid ag obair leis an Rialtas chun plean forfheidhmithe a fhorbairt do Sláintecare.*

*Ag an am céanna chun seirbhís sláinte níos fearr a mhúnlú agus tacú lena forbairt, tá muid ag leanúint ar aghaidh le hathchóiriú.*

*Agus an tuarascáil seo á scríobh, le himeachtaí deireanacha tá beartas an Nochtá Oscailte chun tosaigh, agus é ar intinn anois ag an Rialtas reachtaíocht a thabhairt isteach chomh luath agus*

*is féidir. Oibreoidh an FSS leis an Rialtas agus le leasanna othair agus foirne chun an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go héifeachtach.*

## Plean Corparáideach 2015-2017

Ba í 2017 an bhliain dheireanach dár bPlean Corparáideach 2015-2017. Sa phlean sin leagadh amach cuspóirí agus spriocanna uailmhianacha le baint amach againn agus seirbhís den chéad scoth á forbairt, a bheadh ar fáil do dhaoine pé áit agus pé uair a dteastaíonn sí uathu. Is féidir cuid de na buaicphointí agus de na héachtaí a fheiceáil ar fud na Tuarascála Bliantúla seo. Tá ár luachanna Cúram, Comhbhá, Iontaoibh agus Foghlaim tábhachtach dúinn. Tá Luachanna ag Obair ag obair le baill foirne chun na luachanna sin a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre laethúla.

## An cás ar son athraithe agus athrú cothroime

Cás láidir atá againn ar son athraithe. Dearadh an córas soláthair le haghaidh ama nuair a bhí próifíl dhéimeagrafach dhifriúil againn agus nuair a bhí ionchais dhifriúla i gceist maidir le rialachas agus caighdeán chliniciúla. Leis an tsamhail reatha atá againn ní féidir linn siúd atá ag obair inti freastal ar riachtanais mhéadaitheacha an daonra. Chuir sé sin go mór le cuid de na dúshláin atá againn ar nós róphlódaithe i rannóga éigeandála agus rochtain a fháil ar chuid mhór dár gcuid seirbhísí.

Tá muid fós ag soláthar seirbhísí i dtimpeallacht ina bhfuil an daonra an dul i méid, ina bhfuil líon na ndaoine atá ag iarraidh rochtain a fháil ar sheirbhísí níos airde ná mar a bhí riamh agus ina bhfuil ionchas an phobail i leith seirbhísí ardchaighdeán, ní nach ionad, fós ag dul i méid.

Tá cónaí ar nach mór 4.7 milliún duine in Éirinn, méadú de os cionn 170,000 duine ó 2011. Meastar go méadóidh ár ndaonra faoi suas go haon mhilliún duine i gcaitheamh na dtí bliana déag seo chugainn. Dar leis an eolas ó réamhaisnéisí samhaltaithe méadóidh líon na ndaoine os cionn 65 bliana d'aois faoi nach mór 110,000 duine i gcaitheamh na gcéad chúig bliana eile. Cé gur dea-scéal ar fad é sin, tá cion mór den ghrúpa sin de dhaoine breacaosta a bhfuil dhá riocht ainsealach nó níos mó orthu, agus mar sin tá níos mó daoibh leochaileach agus lag.

## Seirbhís sláinte inbhuanaithe a fhorbairt atá bunaithe ar cháilíocht agus shábháilteacht

Is eochairfhócas feabhas a chur ar cháilíocht agus shábháilteacht é éisteacht le dearcaidh agus tuairimí othar agus úsáideoirí seirbhíse agus iad a thógáil san áireamh i bpleanáil agus seachadadh seirbhísí.

Tá go leor córas cúraim sláinte agus shóisialta timpeall an domhain faoi níos mó brú mar gheall ar dhaoine méadaitheacha atá ag dul in aois, méaduithe ar ghalair ainsealach, costais mhéadaitheadach saindrugaí agus sainteiripí, agus téarnamh mall ar mhaoiniú tar éis na géarchéime airgeadais ar fud an domhain in 2008. Baineann sé seo lenár seirbhís sláinte freisin agus mar sin tá sé de dhualgas orainn éifeachtúlachtaí, táirgiúlacht agus luach a bhrú ónár mboinn mhaoinithe reatha – ach an beartas náisiúnta mar bhonn eolais dóibh siúd ionas go gcoimeádfaimid i gcúimhne i gcónaí an gá leis na torthaí sláinte is fearr a bhaint amach, agus ag an am céanna muid ag feabhsú thairbhí daoine mar úsáideoirí seirbhíse. Cuirfidh muid béim faoi leith air sin in 2018.

Mar chuid den iarracht ár n-aidhm a chomhlíonadh mar atá bheith inár seirbhís sláinte den chéad scoth, tá muid ag bogadh i dtreo feabhais agus athraithe, agus cuir chuige straitéiseacha á nglacadh agus tosaíocht á tabhairt dóibh chun freastal ar riachtanais ár n-othar agus ár n-úsáideoirí seirbhíse. Lenár gClár Náisiúnta Sábháilteachta Othair táthar ag déanamh cinnte go bhfuil tosaíochtaí agus tionscnaimh um shábháilteacht náisiúnta á gcur i bhfeidhm ar fud ár seirbhíse sláinte.

Mar chuid d'fhorbairt *A Future Together – Building a Better GP and Primary Care Service*, tugadh faoi shuirbhé MyGP a chabhraigh linn ár dtuiscint a dhoimhniú ar thosaíochtaí othair i dtreo cúraim phríomhúil agus seirbhísí GP a fheabhsú. Tá forbairt conartha nua-aimseartha do GPanna rithábhachtach chun seirbhís cúraim phríomhúil atá níos cuimsithí agus níos inrochtana a fhorbairt.

Tugadh faoin Suirbhé Náisiúnta ar Thairbhí Othar, an chéad suirbhé dá leithéid i mí Bhealtaine agus tugadh cuireadh d'othair ó 40 ospidéal ar fud na hÉireann páirt a ghlacadh ann. Agus os cionn 13,700 freagróir rannpháirteach ann is é an suirbhé is mó faoi chúram othar in Éirinn.

Tá torthaí an tsuirbhé sin an-tábhachtach agus beidh tionchar acu ar an gcaoi a soláthraíonn muid ár seirbhísí. Sa suirbhé dúirt 79% de dhaoine go raibh a dtréimhse san ospidéal go maith nó go han-mhaith. Dúirt 83% de dhaoine a d'fhreagair an suirbhé go muinín agus iontaoibh acu as na baill foirne ospidéil a thug cóireáil dóibh. Dúirt 82% díobh gur déileáladh leo le meas agus dínt.

Tá níos mó le déanamh againn, áfach. Dúirt 36% nach raibh siad chomh rannpháirteach i gcinntí faoina gcúram an oiread agus gur mhaith leo bheith. Dúirt 49% nach raibh siad in ann ball foirne a aimsiú i gcónaí chun labhairt leo faoina gcuid ábhar inní.

Le Tionscadal Scéalta na n-Othar tá guth an úsáideoir seirbhíse/othair á chur ag crollár dheardh agus sholáthar cúraim sláinte trí éisteacht le scéalta daoine a úsáideann ár gcuid seirbhísí sláinte agus an fhaisnéis sin a úsáid mar bhonn eolais do dheardh ár seirbhísí.

Seoladh an Creat Making Every Contact Count in 2017. Sa chlár tapaítear deiseanna a thagann chun cinn gach lá do gach gairmí sláinte tacú le hothair athrú a dhéanamh ar a stíl mhaireachtála trí idirghabháil thapa agus baol an ghalair ainsealaigh a laghdú.

Leantar ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn i réimsí ar nós, mar shampla, bunú an Chlár Náisiúnta um Shláinte Ban agus Naíonán agus cur i bhfeidhm an *Straitéis Náisiúnta Máithreachais; Creat Éire Shláintiúil; Ceangail don Saol – Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun an Féinmharú a Laghdú*; an clár r-Shláinte agus clár na dtaifead leictreonach sláinte; forbairt ailtireachta um TFC agus loighistic a rabhthas ag feitheamh leis le fada; cur i bhfeidhm na gclár comhtháite um chúram.

Tá céimeanna móra glactha againn i dtreo feabhsúchán ar thionscnaimh oiliúna agus forbartha foirne ó bhí 2012 lenár áiríodh buiséid oiliúna a thógáil ar ais, tabhairt isteach Suirbhéanna ar Phlé le Baill Foirne agus an Fóram Foirne agus an tAcadamh Ceannaireachta nua. Is ardáin iontacha iad na tionscnaimh sin chun tacaíocht bhreise a thabhairt dár gcuid ball foirne.

Ceann de na tosaíochtaí a bhí againn le roinnt blianta anuas ná cás a chur ar aghaidh chun méadú a lorg ar mhaoiniú caipitiúil le haghaidh na seirbhísí sláinte chun tionscadail lárnacha a chur chun cinn. Sa *Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (Project Ireland 2040)* aithnítear tábhacht na dtionscadal sin lena n-áirítear, mar shampla, 2,500 leaba ar fud an chórais mar chuid den athbhreithniú acmhainne agus tacaí eile ospidéil agus pobail.

Anois agus muid ag bogadh i dtreo chur i bhfeidhm Sláintecare, beidh na blianta amach romhainn rithábhachtach dár gcuid seirbhísí sláinte. Beidh ár luachanna Cúram, Comhbhá, Ionntaobh agus Foghlaim fós ár dtreorú sa turas seo, agus iad cumhdaithe ag ár gcuid ball foirne gach lá i ngach suíomh cúram sláinte.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar béim ar na dúshláin atá romhainn, seirbhísí arna gcur ar fáil agus samplaí de dhul chun cinn a rinneadh in 2017 i réimsí éagsúla mar shláinte agus leas, cúram príomhúil, meabhairshláinte, seirbhísí míchumais, seirbhísí do dhaoine scothaosta, cúram éigeandála réamhospidéil agus cúram in ospidéal ghéarmhíochaine.


Go raibh maith agaibh

Is mian liom buíochas a ghabháil do gach ball den Stiúrthóireacht agus den Fhoireann Cheannaireachta, de na hEagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail (ECPanna) agus a gcuid ball foirne ach go háirithe, a thugann go leor leor ó lá go chéile, as a dtiomantas agus a ngealltanais le linn na bliana.



**John Connaghan**  
Ard-Stiúrthóir

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte








# Ár Seirbhísí Sláinte

# Ár bPlean Corparáideach 2015-2017



Sa Phlean Corparáideach 2015-2017 leagtar amach ár n-aidhm mar atá ár seirbhís sláinte a fheabhsú i gcaitheamh thréimhse trí bliana. Is í an aidhm atá againn ná seirbhís den chéad scoth á forbairt, a bheidh ar fáil do dhaoine pé áit agus pé uair a dteastaíonn sí uathu. Is í an fhís atá againn ná Éire níos sláintiúla a fhorbairt ina mbeidh seirbhís sláinte d'ardchaighdeán agus meas ag cách uirthi. Tagann ráiteas misin leis an bhfís a thugann breac chuntas ar an mbealach leis an bhfís seo a chur i gcrích.

Tacaíonn na luachanna seo lenár bplean: **Cúram**, **Comhbhá**, **Iontaoibh** agus **Foghlaim**. Tá na luachanna sin an-tábhachtach maidir leis an mbealach a ndéantar cinní le seirbhís shláinte a sheachadadh a bhféadfadh chuille dhuine a bheith bródúil aisti.

Leagann an plean amach cúig sprioc, chomh maith leis na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun iad a bhaint amach. Léirítear na gníomhartha a ghabhann leis na spriocanna sin i ngach ceann dár bPleananna Náisiúnta Seirbhíse bliantúla do thréimhse ár bPlean Chorporáidigh.

Léiríonn ár dTuarascálacha Bliantúla an dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm na spriocanna sin. Sna leathanaigh atá le teacht, tá idir éachtaí agus dúshlán i gcaitheamh na tréimhse trí bliana leagtha amach.



**Sláinte agus folláine a chur chun cinn mar chuid de gach ní a dhéanaimid le go mbeidh daoine níos sláintiúla**



**Rochtain a chur ar fáil ar an tseirbhís Sláinte ardchaighdeán atá daoine a iarradh, ar mhodh féaráilte, cothrom agus tráthúil**



**Cultúr a chothú a bheidh ionraic, atruach, follasach agus freagrach**



**Ár bhfórsa saothair a ghníomhú, a fhorbairt agus meas a bheith orthu chun an cúram agus na seirbhísí is fearr a sheachadadh do na daoine atá ag brath orthu**



**Acmhainní a bhainistiú chun na torthaí sláinte is fearr a fháil, an tseirbhís do na húsáideoirí a fheabhsú agus luach ar airgead a léiriú**

# Ár bPlean Corparáideach

Inár bPlean Corparáideach leagtar amach na gníomhartha agus na spriocanna atá le baint amach i gcaitheamh na mblianta 2015-2017. Tá roinnt buaicphointí agus éachtaí ón tréimhse sin leagtha amach thíos. Is féidir sonraí eile a fheiceáil sna codanna den Tuarascáil Bhliantúil seo.



## Sláinte agus folláine a chur chun cinn mar chuid de gach ní a dhéanaimid le go mbeidh daoine níos sláintiúla

- ✓ Tacú le cur i bhfeidhm an *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp d'Éirinn* agus *Meáchan Sláintiúil d'Éirinn: Beartas agus Plean Gníomhaíochta maidir le Murtall 2016-2025* – plean trí bliana um Bia Folláin agus Saol Gníomhach forbartha.
- ✓ *Making Every Contact Count: Creat agus Plean Forfheidhmithe um Athrú a Iompraíocht Sláinte do Ghairmithe Sláinte i Seirbhís Sláinte na hÉireann* á chur i bhfeidhm.
- ✓ Fuair 13,500 duine seirbhísí diana um éirí as tobac, méadú 50% ó 2015.
- ✓ Feachtas #littlethings seolta – cruthaithé i gcomhpháirt le níos mó ná 20 eagraíocht atá gníomhach i réimse na meabhairshláinte.
- ✓ Néaltrú: Seoladh an feachtas Understand Together – chun feasacht a ardú faoi néaltrú agus tacú le pobail chomhbhácha agus uilechuisitheacha do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus a gcuid cúramóirí.
- ✓ *An Straitéis Náisiúnta sláinte gnéis 2015-2020* cur i bhfeidhm de réir sceidil.
- ✓ I measc na dtionscnamh atá i bhfeidhm chun spreagadh do bhaill foirne aire a thabhairt dá sláinte agus leas, tá comhpháirtíocht le Operation Transformation, postáil eolais faoi chalraí i mbialanna foirne, beartas um dhíol bia fholláin.
- ✓ Tá clár chomhtháite cúraim á gcur chun cinn.
- ✓ Tá clár scagtha á gcoimeád agus á leathnú, lena n-áirítear BreastCheck a shíneadh do mhná atá 65-69 mbliana d'aois.
- ✓ Seirbhísí dírithe ar dhaoine, bunaithe sa phobal, i bhfeidhm chun tacú le neamhspleáchas agus roghanna do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i láithreacha comhchónaithe laghdaithe faoi nach mór leath (i gcomparáid leis an líon a tuairiscíodh in 2011).
- ✓ An sceideal um imdhíonú príomhúil páistiúlachta leathnaithe chun an rótaivíreas agus meningococcal B a chuimsiú do gach leanbh a rugadh ar nó tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2016.
- ✓ Leanann líon na n-ionfhabhtuithe Staphylococcus aureus frithsheasmhach in aghaidh meiticilline sa sruth fola ar aghaidh ag dul i laghad.
- ✓ Rochtain dhíreach GP ar sheirbhísí ultrafhuaime i bhfeidhm i níos mó suíomhanna cúraim príomhúil.



## Rochtain a chur ar fáil ar an tseirbhís Sláinte ardchaighdeán atá daoine a iarradh, ar mhodh féarálte, cothrom agus tráthúil

- ✓ Cúram GP saor in aisce curtha i bhfeidhm do pháistí faoi bhun sé bliana d'aois, ag obair ag dul ar aghaidh ar riachtanais chun raon feidhme a mheas do pháistí idir 6-11 bhliain d'aois.
- ✓ Triail bainte as soláthar liachta mionchúisí ag GPanna.
- ✓ Conradh nua GP á fhorbairt agus creat curtha chun cinn ar láimhseáil galair ainsealaigh.
- ✓ 13 fhoireann idirghabhála pobail (FIPanna) i bhfeidhm, méadú de shé cinn ó 2015.
- ✓ Go leor saoráidí nua oscailte lena áiríodh rannóg éigeandála (RE) agus bloic bharda, agus rochtain ar chúram agus caighdeán an chúraim i suíomhanna ospidéal á bhfeabhsú.
- ✓ Rochtain ar sheirbhísí ospidéal feabhsaithe agus liostaí feithimh laghdaithe trí leathnú seirbhísí mar chairdeolaíocht phéidiatrach uile-oileáin, liacht do scolóis, méadú ar acmhainn leapa agus an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC).
- ✓ An clár leasaithe d'othair sheachtracha á gcur chun cinn.
- ✓ Plean forfheidhmithe an *Straitéis Náisiúnta Máithreachais 2016-2026* forbartha agus Clár Náisiúnta Shláinte na mBan agus na Leanaf bunaithe.
- ✓ Cur i bhfeidhm an *Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026* ar siúl.
- ✓ Rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte do ghrúpaí imeallaithe ag feabhsú.
- ✓ Seirbhís fhóirínseach náisiúnta nua seolta agus seirbhísí teagmhála do phríosúin leathnaithe.
- ✓ Samhail cúraim ceaptha chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar phacáistí dianchúraim sa bhaile do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu.
- ✓ Athbhreithniú ar sheirbhís lae ar siúl lena gcinntítear samhail chaighdeánaithe seirbhíse do dhaoine scothaosta.
- ✓ *In Am Bogadh ar aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe – Straitéis um Lánpháirtíocht sa Phobal* á chur i bhfeidhm.
- ✓ *Creat Forbartha Trí Bliana do Sheirbhísí Cúraim Mhaolaithigh (2017-2019)* foilsithe agus tús curtha le cur i bhfeidhm.
- ✓ *Vision 2020 Patient Centred Care 2016-2020* de chuid an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna á thabhairt chun críche agus á cur i bhfeidhm.

- ✓ Ceannairí cliniciúla breise ceaptha.
- ✓ Prótacal scaoilte ó ospidéal náisiúnta do dhaoine gan dídean aontaithe.
- ✓ *Tacaíocht tugtha do Straitéis Náisiúnta um Lánpháirtíocht Taistealaithe agus Roma 2017-2021.*
- ✓ Cur i bhfeidhm na straitéise ar fhoréigean tí, gnéis agus inscne-bhunaithe tosaithe.



### Cultúr a chothú a bheidh ionraic, atruach, follasach agus freagrach

- ✓ Tá Luachanna ag Obair, ár ngluaiseacht shóisialta, ag cruthú cultúir sa tseirbhís sláinte a léiríonn ár luachanna mar atá **Cúram, Comhbhá, Iontaobh** agus **Foghlaim**, chun déanamh cinnte go bhfuil na luachanna sin le feiceáil go soiléir gach lá san obair a dhéanann muid ar mhaithe le baill foirne agus úsáideoirí ár seirbhísí.
- ✓ Suirbhéanna ar thaití othair déanta do sheirbhísí cúraim phríomhúil agus géarchúraim.
- ✓ Clár um feabhsú caighdeán curtha i bhfeidhm chun cáilíocht agus díriú na seirbhísí ar dhaoine a fheabhsú.
- ✓ Plé le hothair agus le húsáideoirí seirbhíse, a gcuid teaghlach agus cúramóirí á chur chun cinn.
- ✓ Leantar ar aghaidh ag neartú shocruithe rialachais agus *Creat Feidhmíochta agus Freagrúlachta* nuashonraithe.
- ✓ Beartas um nochtadh oscailte á chur i bhfeidhm ar fud sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.
- ✓ Foirne cosanta á mbunú agus bunachar sonraí náisiúnta d'ábhair imní cosanta á choimeád.
- ✓ Monatóireacht á déanamh ar thuarascálacha an FSS agus tuarascálacha ó rialaitheoirí agus moltaí á gcur i bhfeidhm agus gníomh á ghlacadh dá réir.
- ✓ Oiliúint iniúchta chliniciúil tugtha do bhaill foirne ar fud gach seirbhíse.
- ✓ Treoirínte náisiúnta agus samhlacha cúraim á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm.
- ✓ Clár um feabhsú seirbhíse i bhfeidhm i gcomhréir le *Caighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr*.



### Ár bhfórsa saothair a ghníomhú, a fhorbairt agus meas a bheith orthu chun an cúram agus na seirbhísí is fearr a sheachadadh do na daoine atá ag brath orthu

- ✓ *Straitéis Daoine na Seirbhísí Sláinte 2015-2018* á forbairt, chun aitheantas a thabhairt don ról rithábhachtach atá ag ár bhfórsa sláinte soláthar cúraim sláinte níos sábháilte níos fearr.
- ✓ Roinnt tionscnamh earcaíochta, rannpháirtíochta agus oiliúna i bhfeidhm, chun fórsa oibre inbhuanaithe agus freagrúlach a fhorbairt.
- ✓ Coiste um chaidreamh fostaí/tionscail bunaithe.

- ✓ Clár nua Forbartha Ceannaireachta agus Clár Acadaimh Cheannaireachta i bhfeidhm.
- ✓ 130 clár oideachais/oiliúna ar líne ar fáil ar HSELand.
- ✓ Luachanna ag Obair bunaithe agus os cionn 900 crann taca i bhfeidhm, chun baill foirne a chur i ngníomh le naoi gcineál iompraíochta a scaipeadh mar chuid de chruthú cultúir a léiríonn ár luachanna.
- ✓ Bealaí eile oibre á bhforbairt lena n-áirítear aistriú cúraimí ó dhochtúirí neamh-chomhairleacha ospidéal (DNConna) go haltraí agus mná cabhrach, agus tionscnaimh chun teicneolaíocht dhigiteach a úsáid.
- ✓ Oiliúint idirghabhála ghairid ar éirí as tobac agus mí-úsáid alcóil agus substainté á déanamh ag baill foirne líne tosaigh.
- ✓ Straitéis Pá agus Uimhreacha 2016 agus 2017 á forbairt agus á cur i bhfeidhm.
- ✓ Suirbhé baill foirne déanta in 2016 le 19,288 freagróir – ráta freagartha 15% i gcomparáid le 7% in 2014. An chéad suirbhé eile sceidealaithe do 2018.



### Acmhainní a bhainistiú chun na torthaí sláinte is fearr a fháil, an tseirbhís do na húsáideoirí a fheabhsú agus luach ar airgead a léiriú

- ✓ Éachtaí lárnacha bainte amach chun samhaltacha maoinithe bunaithe ar ghníomhaíocht (MBG) i seirbhísí ospidéal – an córas maoinithe athraithe do 38 n-ospidéal.
- ✓ Creat Costais Pobail á fhorbairt, á chur ar aon dul le prionsabail MBG.
- ✓ Timthriall coimisiúnaithe fianaise-bhunaithe agus samhail oibriúcháin d'ionad náisiúnta na toadhchá, i samhail coimisiúnaithe/conarthachta, forbartha.
- ✓ Cur i bhfeidhm córais náisiúnta nua um bainistíocht airgeadais agus sholáthar ag dul ar aghaidh.
- ✓ Forbairt agus leasú suntasach seirbhíse i gcomhréir le *Straitéis Seirbhísí Gnó Sláinte 2014-2016*; *Straitéis Seirbhísí Gnó Sláinte 2017-2019* forbartha.
- ✓ Mórthionscadail chaipitil ag dul ar aghaidh, lena n-áirítear:
  - Ospidéal nua na Leanaí
  - An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais nua
  - Ionaid Chúram Príomhúil
  - An tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí.
- ✓ Samhail Comhpháirtíochta Príobháidí Pobail um forbairt aonaid altranais pobail faofa.
- ✓ *Athbhreithniú Luacha ar Airgead agus Beartais ar Sheirbhísí Míchumais in Éirinn* á chur i bhfeidhm tríd an gclár Saol a Athrú.
- ✓ Socruithe seirbhíse agus comhaontuithe cúnaimh deontais curtha i gcrích agus sínithe ag soláthraithe seirbhíse roimh dheireadh mhí Feabhra gach bliain.
- ✓ Tá eHealth Ireland á chur i bhfeidhm chun tacú le soláthair cúraim d'othair atá nuálach, sábháilte, de chaighdeán ard agus bunaithe ar thairbhe othair agus cliniciúil.
- ✓ Chuaigh clár an aitheantóir sláinte uathúil (ASU) beo in 2017, agus faoi láthair cuirtear figiúir ASU ar fáil do thart ar 700 idirbheart gach lá.

# Luachanna ag Obair

Is é atá i gceist le Luachanna ag Obair ná taithí níos fearr a thabhairt dóibh siúd a úsáideann ár seirbhísí agus ionaid oibre níos fearr a chruthú dár gcuid foirne. Bíonn na mílte ball foirne dár seirbhís sláinte ar fud na hÉireann ag maireachtáil de réir ár luachanna **Cúram, Comhbhá, Iontaoibh** agus **Foghlaim** gach lá. Uaireanta bíonn sé sin an-fheiceálach, uaireanta ní bhíonn. Is é atá i gceist leis ná cultúr a thógáil a léiríonn ár gcuid luachanna, ionas go mbeidh siad le tabhairt faoi deara gach lá i ngach ionad oibre.

Tá dhá chinneadh déanta ag an tseirbhís sláinte: ár gcuid luachanna a aistriú go cineálacha sonracha iompair, agus gluaiseacht a thosú chun déanamh cinntiú nach focail amháin atá i gceist, ach go mbeidís ag croilár chultúr ár seirbhíse sláinte. Tá Luachanna ag Obair stiúrtha ag baill foirne ón tseirbhís sláinte ar fad, as gach grád agus disciplín, agus iad ag obair le chéile chun gluaiseacht ón mbonn aníos a chruthú leis na cineálacha iompraíochta a scaipeadh a léiríonn ár gcuid luachanna.

Tá sé ag spreagadh ball foirne agus á gcumhachtú chun bheith i gceannas ar na hathruithe a theastaíonn uainn chun seirbhís sláinte níos fearr a fhorbairt. Níl sin déanta againn riamh. Cur chuige nua atá ann i dtreo an cineál seirbhíse sláinte a thógáil a theastaíonn uainn – ón taobh istigh – chun go mbeidh sé níos fearr do bhaill foirne, d'othair agus d'úsáideoirí seirbhíse. Tá Luachanna ag Obair ar siúl i nGrúpa Ospidéal UL agus i CHO an Iarthair Láir ó lár 2016. Tá an-chosúlacht ar na torthaí atá á léiriú aige cheana. Tá sé tugtha le fios ag crainn taca an Iarthair Láir go bhfuil tionchar na naoi gcineál iompraíochta ag scaipeadh.

Ón mbliain seo caite:

- Tuigeann 79% de chomhghleacaithe faoin tionchar a bhíonn acu ar mhothúcháin daoine eile, méadú de 10%.
- Measann 62% d'fhreagróirí go gcoimeádann a gcuid comhghleacaithe a gcuid othar ar an eolas trí mhíniú ceard atá ar siúl agus céard a tharlóidh ina dhiaidh sin agus iad ag tabhairt aire dóibh, méadú de 13%.
- Ó thaobh timpeallachtaí oibre níos dearfaí agus níos tacúla a chruthú, mothaíonn 82% go leagtar luach ar an obair a dhéanann siad agus go léirítear meas aisti – cuid den am nó an t-am go léir – i gcomparáid le 51% anuraidh, agus aithníonn 78% obair a gcuid comhghleacaithe i gcomparáid le 59% anuraidh.
- Úsáideann ochtar as deichniúr ball foirne a n-ainm féin agus ainmneacha a n-othar, méadú ó chúigear as deichniúr.

Is mór an spéis atá ag baill foirne i dtacú leis an ngluaiseacht seo agus bheith i gceannas uirthi ar fud na seirbhíse sláinte. Tá sé ar siúl anois freisin leis na rannóga náisiúnta, Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus le NCHDanna.

Tá struchtúr ár n-eagraíochta ag athrú ach tá an cultúr ag athrú chomh maith. Tacaíonn Luachanna ag Obair leis an gclár athraithe atá ar siúl faoi láthair.

Faigh níos mó eolais ar [www.hse.ie/valuesinaction](http://www.hse.ie/valuesinaction) nó lean ár ndul chun cinn ar Twitter @HSEvalues.

## PEARSANTA

An bhfuil mé ag féachaint air ó dhearcadh daoine eile?

An bhfuil a fhios agam go bhféadfadh mo ghníomhartha dul i bhfeidhm ar an gcaoi a mbraitheann daoine eile?

An bhfuil mé feasach ar mo strus féin agus ar an gcaoi a mbím ag déileáil leis?

## I GCÁS COMHGHLEACAITHE

Aithin an obair a dhéanann do chomhghleacaithe

Cuir ceist ar do chomhghleacaithe conas is féidir leat cabhrú leo

Tabhair dúshlán dearcaí agus iompraíocht ghangaideach

## I GCÁS OTHAR AGUS ÚSÁIDEOIRÍ SEIRBHÍSE

Úsáid m'ainm féin agus d'ainm

Coinnigh daoine ar an eolas – mínigh céard atá ag tarlú anois agus céard a tharlóidh ina dhiaidh sin

Déan rud breise cineálta



# Ár nEagraíocht



Ollchaiteachas de  
**€5.9bn**  
ar sheirbhísí ospidéal  
ghéarmhíochaine



**110,795**  
coibhéis lánaimseartha  
(CLAnna) fostaithe



Ollchaiteachas de  
**€3.8bn**  
ar sheirbhísí cúraim  
phríomhúil lena n-áirítear  
PCRS



Méadú de  
**399**  
ar bhaill foirne leighis/  
fiaclóireachta ó 2016



**€3.1bn**  
an t-ollchaiteachas  
ar sheirbhísí cúram  
sóisialta



Ardú de  
**942**  
ar bhaill foirne  
altranais ó 2016




Ollchaiteachas de  
**€0.8bn**  
ar sheirbhísí  
meabhairshláinte




Ráta  
neamhláithreachta  
bliantúil  
**4.4%**

## Miondealú ar Chaiteachas 2017



## Dáileadh Foirne Nollaig 2017





# Ár nEagraíocht

Cuireann an Tuarascáil Bhliantúil síos ar an méid a rinneadh in 2017 chun na haidhmeanna a leagadh amach inár bPlean Corparáideach 2015-2017 agus inár bPlean Náisiúnta Seirbhíse 2017 a bhaint amach. Ar aon dul lenár riachtanais reachtaíochta faoin Acht Sláinte 2004 (arna leasú), tuairiscítear sa Tuarascáil Bhliantúil freisin an dul chun cinn i gcomparáid lenár bPleananna Caipitil agus soláthraítear ráitis mhionsonraithe airgeadais don eagraíocht.

## Rialachas

Tar éis gur achtaíodh *Acht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013*, bunaíodh Stiúrthóireacht an FSS mar chomhlacht rialachais an FSS. Cuireann An tAcht um Fheidhmeannacht na Sláinte (Rialú) 2013 ar chumas an Aire Sláinte treoracha a eisiúint don FSS maidir le feidhmiú beartas agus cuspóirí aire agus rialtais le tosaíochtaí FSS a chinntiú agus a plean seirbhíse á réiteach aici. Ní mór don FSS cloí le treoracha a eisionn an Aire Sláinte faoi sin agus faoin *Acht Sláinte 2004*.

Tá comhfhreagracht ar an Stiúrthóireacht mar chomhlacht rialaithe don FSS agus tá údarás aici feidhmeanna na Stiúrthóireachta a chomhlíonadh. Tá an Stiúrthóireacht freagrach don Aire as comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin. Mar Chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht, tuairiscíonn an tArd-Stiúrthóir don Aire thar cheann na Stiúrthóireachta agus is é atá freagrach as feidhmiú, bainistiú agus rialú ginearálta riaracháin agus ghnó an FSS. Tá raon leathan feidhmiúcháin reachtaíochta ag an FSS a bhféadfadh tionchair shuntasacha a bheith acu ar dhaoine aonair agus ar an bpobal i gcoitinne. Tuigeanann an reachtaíocht nach mbeadh an Stiúrthóireacht ná an tArd-Stiúrthóir in

ann na feidhmiúcháin sin ar fad a dhéanamh go pearsanta agus cuireann sí córas foirmiúil tarmilgin ar fáil faoi Alt 16C agus Alt 16H den *Acht Sláinte 2004* (arna leasú).

Leagann an Creat Beartais Tarmilgin seo amach an creat agus na treoirí beartais tacaíochta a thacaíonn le rialachas maith maidir leis an gcóras tarmilgin ar feidhmiúcháin reachtaíochta ar fud an FSS. Ligeann sé sin na feidhmeanna sin a chomhlíonadh ar bhonn oibriúcháin ag an bhFoireann Cheannaireachta agus a gcuid struchtúr tacaíochta san eagraíocht.

Tá roinnt coistí, ar a bhfuil Coiste Iníúchta agus Coiste Riosca bunaithe ag an Stiúrthóireacht chun cabhair agus comhairle a thabhairt maidir le feidhmiúcháin na bhfeidhmeanna agus tá Stiúrthóir Náisiúnta ceaptha agus ainmnithe seachtracha ar gach ceann. Is ar bhonn comhairleora a oibríonn na Coistí Stiúrthóireachta sin agus níl aon feidhm feidhmiúcháin leo. Le haghaidh eolais faoi ról agus oibriú na gcoistí sin, féach ar an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill na Stiúrthóireachta sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ghabhann leis an tuarascáil seo agus mar chairt eagraíochta freisin amháil an 31/12/17 in Aguisín 2.



Sheol Acmhainní Daonna náisiúnta físeán inar tugadh cuireadh do chomhghleacaithe bheith ina gComhraiceoirí Fliú agus Beatha a Shábháil.



Lynne Skrine, dara duine ar dheis, Uachtarán an British Dermatology Nursing Group, ag bronnadh an Dámhachtain Stone ar Sheila Ryan, Ardchleachtóir Altranais, Deirmeolaíocht, Grúpa Ospidéal UL, agus ar chlé an Dr Bart Ramsay, Aoife Walsh agus Margaret Meeh.

## Earcaíocht agus Coinneáil Altraí

\* Cuireadh roinnt beart i bhfeidhm chun an fórsa saothair altranais agus cnáimhseachais a mhéadú go níos mó ná 37,000 roimh dheireadh na bliana. Chuimsigh an iarracht sin conarthaí lánaimseartha a thairiscint d'altraí agus do mhná cabhrach céimí agus deiseanna oideachais chomh maith le bealaí gairme a fheabhsú. Tá pacáiste Bring Them Home curtha i bhfeidhm freisin chun altraí Éireannacha thar lear a earcú.

Seoladh tionscadal píolótach um sholáthar foirne i sé bharda ospidéal chun cabhrú le haltraí a choimeád agus torthaí a fheabhsú d'othair. Sa tionscadal breathnaíodh ar sholáthar sábháilte altraí agus ar mheascán scileanna tríd an acmhainn altranais a bhí ar fáil a mheaitseáil le cineál agus líon na n-othar sa bharda agus a gcuid riachtanas ar leithligh. Tá pleananna i bhfeidhm chun an tionscadal a shíneadh go deich mbarda eile.

Óstaíodh Lá Gairmeacha d'Altraí agus do Mhná Cabhrach freisin. Bhí fostóirí ó CHonna agus ó Ghrúpaí Ospidéal ar an láthair chun bualadh leis an lucht freastail agus comhairle a thabhairt faoi bhealaí gairme altranais agus cnáimhseachais. Bhí an t-imeacht dírithe ar altraí nua-cháilithe, iad siúd ar mian leo bogadh chuig an earnáil phoiblí, gairmithe ar mian leo fillleadh abhaile, agus altraí atá ag obair thar lear.

Faoin *Acht Sláinte 2004*, tá sé de dhualgas ar an FSS Cód Rialachais a bheith i bhfeidhm acu. Leanann an fhorbairt ar na prionsabail agus ar na cleachtais a bhaineann le rialachas maith agus rinne an FSS nuashonrú ar a Cód Rialachais in 2015. Léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach go bhfuiltear ag cloí le ceanglais an *Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*. Tá socruithe chun an Cód Rialachais a fheidmiú agus géilliúlacht a choinneáil leis leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil.

## Ár bhFórsa Saothair

Inár bhfís do chúram sláinte, mar atá leagtha amach inár *bPlean Corparáideach 2015-2017*, cuirtear daoine ag croílár ár gcuid oibre go léir. I *Straitéis Daoine na Seirbhísí Sláinte 2015-2018* aithnítear ról ríthábhachtach na mball foirne ar gach leibhéal maidir le déileáil leis na dúshlán iomaí ó thaobh seirbhísí sláinte a sholáthar. Tá muid geallta chun ár bhfórsa saothair a ghníomhú, a fhorbairt agus meas a bheith orthu chun an cúram agus na seirbhísí is fearr a sheachadadh do na daoine atá ag brath orthu. Ritheadh roinnt imeachtaí mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise lenár áiríodh:

- Reáchtáladh imeacht cumarsáide náisiúnta dar teideal Our People Strategy – Review, Refresh and Refocus agus béim faoi leith curtha ar phlé le baill foirne sláinte, le sláinte agus leas san ionad oibre agus leis an gceangal daonna le cúram othar.
- Reáchtáladh an ceathrú Fóram Domhanda ar Acmhainní Daonna don tSláinte, comhdháil oscailte faoi shaincheisteanna an fhórsa saothair sláinte, i mBaile Átha Cliath. Ba é téama an fhórait ná Fórsa Saothair Sláinte na Todchaí a Thógáil agus níos mó ná 1,000 toscaire as 90 tír i láthair aige.

## Earcaíocht, traenáil agus forbairt

### Clár an Acadaimh Cheannaireachta

Seoladh dhá chlár ceannaireacht, Leading Care I agus Leading Care II:

- Is é atá i Leading Care I ná clár foghlama cumaisc ina bpléann na rannpháirtithe le campas fíorúil, ina bhfreastalaíonn siad ar cheardlanna cónaithe agus ina n-oibríonn siad le chéile i ngrúpaí beaga ar a dtugtar tacair fhoghlama. Tá foghlaim fhéinbhainistithe agus piarmheasúnú ina ngnéithe lárnacha den chlár seo.

\* Ó foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil 2017 seo, an 18 Feabhra 2019 baineadh an abairt seo a leanas ó leagan na tuarascála seo a foilsíodh ar líne mar fuarthas go raibh sí míchruinn: 'Is é cóimheas na bpost altranais in Éirinn le haltraí atá ag cuardach poist ná ceathrar go haon agus tá sé deacair go háirithe sainróil altranais a líonadh'. Tá an dara habairt, a léadh mar 'Chun déileáil leis an ngéarchéim sin, cuireadh roinnt beart i bhfeidhm chun an fórsa saothair altranais agus cnáimhseachais a mhéadú go níos mó ná 37,000 roimh dheireadh na bliana' athraithe chun baint na chéad abairte a léiriú.



- Tar éis an chláir Leading Care II a chur i gcrích bronntar MSc sa Cheannaireacht agus sa Chúram Sláinte. Clár foghlama cumaisc atá ansin freisin ina gcuimsítear plé le campas fíorúil, freastal ar cheardlanna cónaithe, páirt a ghlacadh i dtacair fhoghlama gnímh agus i ranganna teagaisc aonair agus grúpa. Tá meascán de dhisciplíní cliniciúla agus neamhchliniciúla ag glacadh páirte ann agus fuarthas freagra an-dearfach ar an gceardlann chónaithe.

### An Tionscnamh um Rian Acadúil

Dearadh Tionscnamh um Rian Acadúil, ar tionscnamh nua é a dearadh chun deis a thabhairt d'intéirínigh tabhairt faoi thionscadal trí bliana sa taighde cliniciúil, in oideachas míochaine nó i gceannaireacht agus i mbainistíocht cúraim sláinte. Éascóidh an tionscnamh sin 24 hintéirneach i rith 2017-2018. Gheobhaidh intéirínigh taithí acadúil agus bainistíochta sa saol réadúil chomh maith lena dtaithí chliniciúil.

### Scoláireachtaí do dhochtúirí neamhchomhairleacha ospidéal

Fógraíodh go mbeidh scoláireachtaí nua ar fáil do NCHDanna ar mian leo tabhairt faoi chéim Mháistreachta i Scileanna Bainistíochta agus Ceannaireachta. Beidh maoiniú ar fáil do suas le 60% den chostas go huasmhéid de €4,800 in aghaidh na bliana.

### Pleananna dár bhfórsa saothair míochaine sa todhchaí

Tá modheolaíocht á cur i bhfeidhm ag an Aonad Náisiúnta um Oiliúint agus Pleanáil Dochtúirí chun réamh-mheastacháin a dhéanamh faoin ngá le gairmithe míochaine i gcaitheamh na deich mbliana atá romhainn. Is é atá i gceist leis sin ná anailís a dhéanamh ar shamhlacha cúraim, ar threochtaí sa déimeagrafaíocht amach anseo, san epidéimeolaíocht, sa bheartas agus i samhaltacha soláthair foirne. Leantar ar aghaidh ag cur i bhfeidhm mholtaí an *Athbhreithnithe Straitéisigh ar an Struchtúr Oiliúna agus Gairme Míochaine* (Tuarascáil Mhic Craith) lena n-áirítear socruithe feabhsaithe um obair sholúbtha a thabhairt isteach, socruithe nua d'uainíocht poist agus taifead náisiúnta fostaíochta ar líne a thabhairt isteach.

### Straitéis oideachais agus fhorbartha do ghairmithe cúraim sláinte agus shóisialta

I measc tionscnamh eile atá i bhfeidhm tá straitéis oideachais agus forbartha do ghairmithe cúraim sláinte agus shóisialta (GCSS). Sa straitéis sin leagtar amach na tosaíochtaí agus na torthaí beartaithe a theastaíonn i gcaitheamh na gcéad cheithre bliana eile chun fórsa saothair GCSS a fhorbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais fhorbartha chóras sláinte na hÉireann.

## Plé leis an bhfoireann

### Fóram Náisiúnta um Plé le Baill Foirne

Cabhraíonn an Fóram Náisiúnta um Plé le Baill Foirne le háit a chruthú do chomhrá faoi na rudaí ar a leagann baill foirne tábhacht, cruthaíonn sé mothú úinéireachta agus freagrachta pearsanta as plé agus cuireann sé chun cinn plé le baill foirne. Tar éis gur foilsíodh torthaí an tsuirbhé foirne, Your Opinion Counts, eisíodh thart ar 77 dtuarascáil shaincheaptha, inar tugadh torthaí ar leibhéal rannóige, CHO, ospidéal, gníomhaireacht dheonach agus grúpáil foirne. Cuid de na téamaí lárnacha a tháinig chun cinn ná cumarsáid inmheánach a fheabhsú, ardú feasachta faoi dhínt san áit oibre, bearta coisctheacha agus tacaí, tionscnaimh sláinte agus leasa, ár n-acmhainn inmheánach oiliúna agus forbartha a mhéadú, agus plé le baill foirne.

### Leibhéal fhostaíochta

Is í an tseirbhís sláinte an fostóir is mó sa stát agus níos mó ná 110,000 coibhéis lánaimseartha (CLÁna) (gan chúntóirí baile san áireamh) fostaíte aici. Tá níos mó ná 70,000 fostaíte go díreach ag an FSS agus na 40,000 eile fostaíte ag ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha. Tá an fórsa saothair sláinte poiblí méadaithe ag 14.4% (13,941 CLÁ) ó Dheireadh Fómhair 2013, nuair a bhí an líon laghdaithe go 96,854 CLÁ ó bhuaic de 112,771 CLÁ i Meán Fómhair 2007. Ó 2016, tá líon na gcomhairleoirí méadaithe faoi 3.5%, tá méadú 2.6% tagtha ar líon na n-altraí agus tá líon na dteiripeoirí méadaithe faoi 4.9%.

### An Treoir Eorpach i dTaca le hAm Oibre

Gné lárnach a leagann an tseirbhís sláinte uirthi fós ná comhlíonadh Threoir an AE um Am Oibre (TAAO) i measc NCHDanna a fheabhsú. Amhail dheireadh mhí na Nollag 2017:

- Bhí 84% ag cloí leis an meánseachtain oibre 48 uair an chloig (ardú 2% ar Nollaig 2016)
- Níor oibrigh 98% níos mó ná 24 uair ar an láthair ar glao dhualgas (ardú 1% ar Nollaig 2016)
- Fuair 98% bristeacha faoisimh laethúla de 11 uair nó a chomhionann de shos cúitimh (gan athrú ar bith ó mhí na Nollag 2016)
- Bhí 98% ag cloí leis na bristeacha 30 nóiméad (laghdú 1% ó mhí na Nollag 2016)
- Bhí 99% ag cloí le faoiseamh seachtaine/coicise nó faoiseamh cúitimh comhionann (gan athrú ó mhí na Nollaig 2016).

## Straitéis pá agus uimhreacha

Leagann an Straitéis Pá agus Uimhreacha amach an mheicníocht trína ndéanfar monatóireacht agus bainistíocht ar chaiteachas pá iomlán agus an chaoi a mbíonn sí rialaithe. Leanadh leis an straitéis a fhorbairt i rith na bliana chun a chinntiú go gcloif le buiséid pá leithdháilte, agus ag cinntiú ag an am céanna go gcoimeádfá seirbhísí chomh fada agus is féidir.

**Tábla 1: Grúpáil fhoirne**

Grúpáil fhoirne	CL Noll. 2016	CL Noll. 2017
Comhairleach	2,862	2,971
NCHD	6,060	6,331
Míochaine (eile)	801	820
Bainisteoir altraí	7,279	7,434
Altraspeisialtóir	1,579	1,706
Altra foirne	24,768	25,315
Altra sláinte poiblí	1,499	1,514
Mac léinn altranais	405	500
Altranas (eile)	305	308
Teiripeoir (Teiripe Saothair, Fisiteiripe, Teiripe Urlabhra agus Teanga)	4,234	4,441
Gairmí Cúram Sláinte & Sóisialta (eile)*	11,130	11,509
Bainistíocht (Grád VIII agus os a chionn)	1,445	1,610
Cléireachais agus riaracháin (Grád III go VII)	15,322	16,105
Otharcharr	1,640	1,745
Foireann Cúraim	18,308	19,034
Seirbhísí Tacaíochta	9,448	9,454
<b>Seirbhís Sláinte Iomlán</b>	<b>107,085</b>	<b>110,795</b>

Foinse sonraí: Áireamh Phearsanra na Seirbhíse Sláinte

\* Ináirithe tá cógaslann, eolaithe míochaine, oibríthe sóisialta etc.

## Airgeadas

B'ionann caiteachas iomlán an FSS in 2017 agus €15.23 billiún (bn) do sheachadadh agus conraitheoireacht seirbhísí sláinte agus do sheirbhísí sóisialta pearsanta.

Ba é méid iomlán an chaiteachais chaipitiúil in 2017 ná €454 milliún (m) lenar áiríodh €399m do thionscadail chaipitiúla agus €55m do thionscadail chaipitiúla TFC. Bhí deontais chaipitil €112.6m do ghníomhaireachtaí deonacha ináirithe ar seo. Tá tuilleadh eolais faoi chaipiteal agus fhorbairtí bonneagair TFC le fáil ar leathanaigh 86-89.

Tá eolas cuimsitheach airgeadais le fáil sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla atá sa dara cuid den Tuarascáil Bhliantúil seo.

## Párolla

Tháinig ardú €217m (5%) ar bhille iomlán pá na Seirbhíse Sláinte in 2017, gan soláthraithe deonacha seirbhíse ná aoisliúntas san áireamh, go méid iomlán de €4.7bn. Tháinig ardú de €141m (4.3%) ar bhunphá agus tháinig ardú de €33m (5.9%) ar liúntais eile.

## Socruithe rialachais leis an earnáil neamhreachtúil

Chuir FSS cistiú de €4.007bn ar fáil do ghníomhaireachtaí neamhreachtúla chun seirbhísí sóisialta sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta a sholáthar:

- Ospidéal ghéarmhíochaine deonacha €2.107bn (53%).
- Gníomhaireachtaí nach gníomhaireachtaí géarmhíochaine iad €1.9bn (47%).

Tugadh cistiú do bhreis agus 2,350 gníomhaireacht, le breis agus 4,500 socrúchán aonarach maoinithe curtha i bhfearas. Bhí 50.6% den mhaoiniú i gceist le naoi ngníomhaireacht.

Lean an obair chun socruithe rialachais a fheabhsú le gníomhaireachtaí maoinithe trí alt 38 agus alt 39. Ach go háirithe:

- Cuireadh cáipéisí rialachais le haghaidh 2017 ar fáil arís don chóras oibriúcháin ó thús mhí na Samhna an bhliain roimhe sin, agus bhí formhór na Socruithe Seirbhíse agus na gComhaontuithe Cúnaimh Deontais curtha i gcrích agus sínithe ag gníomhaireachtaí roimh dheireadh mhí Feabhra.
- Ritheadh seisiúin eolais d'fhoireann an FSS agus do ghníomhaireachtaí ar an gceist rialachais i ngach ceann de na CHONna i mí na Samhna.
- Leanadh leis an bpróiseas Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil, faoina gcaithfidh gníomhaireachtaí Alt 38 go léir ráiteas a chur ar fáil don FSS go bliantúil ag dearbhú a gcomhlíontacht le dea-chleachtas sa bhliain roimhe sin. I rith 2017, síneadh an próiseas an Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil go gníomhaireachtaí alt 39 atá maoinithe ag níos mó ná €3m gach bliain. Clúdaíonn próiseas an Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil thart ar 93% den mhaoiniú a scaoiltear go gníomhaireachtaí alt 38 agus alt 39. Rinneadh athbhreithniú ar na ráitis sin agus díriodh ar nithe a raibh gá le breis soiléirithe ina leith leis na gníomhaireachtaí a bhí i gceist.
- Rinneadh dul chun cinn maith ar an athbhreithniú ar rialachas ar leibhéal Boird agus Feidhmeannachta i ngníomhaireachtaí alt 38 agus cuireadh tús le 15 athbhreithniú in 2017 agus críochnaíodh sé hathbhreithniú eile.
- Maidir le cathaoirigh gach gníomhaireacht alt 38 agus alt 39 a fhaigheann maoiniú de níos mó ná €150,000 cuireadh comhairle fhoirmiúil orthu faoi shaincheisteanna a tháinig chun cinn in iniúchtaí inmheánacha an FSS ar ghníomhaireachtaí éagsúla arna maoiniú ag FSS agus iarradh orthu na saincheisteanna sin a scrúdú i bhfianaise a gcuid eagraíochtaí.
- Tugadh isteach an Tuairisceán Monatóireachta Airgeadais Bliantúil a thabhairt isteach, a éilíonn ar ghníomhaireachtaí eolas airgeadais mionsonraithe a chur ar fáil chomh maith le dearbhuithe sínithe maidir le rialúcháin airgeadais in 2017 chomh maith.

# Ár nDaonra

Tá cónaí ar níos mó ná €4.7m duine in Éirinn (Daonáireamh 2016), méadú de nach mór 170,000 duine ó 2011. Is é an t-athrú is mó a tharla i gcaitheamh na tréimhse sin ná líon na ndaoine atá 65 bliana d’aois agus níos sine, a mhéadaigh ó 11% in 2011 go 13% in 2016.

Meastar go méadóidh ár ndaonra faoi suas go haon mhilliún duine i gcaitheamh na 13 bliana seo chugainn. Tagann ardú de bheagnach 20,000 duine ar an gcuid den phobal atá 65 bliana d’aois nó os a chionn gach bliain, agus ardú de bheagnach 2,500 orthu siúd atá 85 nó os a chionn.

Tá níos mó ná 344,000 breith agus 148,000 bás cláraithe ó Dhaonáireamh 2011, agus an toradh air sin ná méadú nádúrtha de níos mó ná 196,000 ar ár ndaonra. Leanáí 0-17 mbliana d’aois atá i gceathrú den daonra.

## Pobal ag dul in aois

Cosúil le tíortha eile san Eoraip, tá daonra na ndaoine scothaosta in Éirinn ag fás go tapa; is í an phríomhchúis leis sin ná nuáil mhíochaine, cóireálacha feabhsaithe agus stíleanna maireachtála níos fearr. Bíonn saol níos faide agus sláinte níos fearr ag go leor daoine anois; tá líon na ndaoine a mbíonn saol fada acu le dúshlán mar ghalair ainsealach, leithlisiú sóisialta, míchumais agus cailteanas cognaíoch, ag dul i méid freisin, áfach.

Méadóidh líon na ndaoine fásta atá 65 bliana d’aois agus níos sine go 21% faoi 2020. Má leanann an treocht reatha ar aghaidh, meastar go méadóidh líon na ndaoine fásta atá 85 bliana d’aois agus níos sine faoi thart ar 4% gach bliain.

## Rátaí breithe

Tá líon na mbreitheanna beo ag dul i laghad gach bliain ó bhí 2009 ann agus in 2016 ba é líon na mbreitheanna cláraithe ná 63,397. D’ainneoin laghduithe ar líon na mbreitheanna le blianta beaga anuas, is é an ráta torthúlachta in Éirinn, ag 1.82, an dara ceann is airde san AE, taobh thiar den Fhrainc.

## Ionchas saoil agus sláinte an phobail

Chuaigh ionchas saoil in Éirinn i méid faoi nach mór dhá bhliain go leith ó 2005 agus anois tá sé os cionn mheán an AE, agus mná ag díreach os cionn 83 bliana agus fir ag 79.3 bliain. Baineadh amach na gnóthachain ba mhó san ionchas saoil, sna haoisghrúpaí níos sine, a léiríonn laghduithe móra ar na cúiseanna móra le bás.

Cé go bhfuil galair a bhaineann leis an gcóras imshruthaithe fós ar an gcúis báis is mó (30% d’iomlán na mbásanna) tá titim ar na rátaí báis caighdeánaithe aoise le deich mbliana agus tá sé seo ag tarlú thar an gcuid is mó de na príomhchúiseanna báis freisin. Chuaigh galair an chórais imshruthaithe i laghad faoi 28.4% idir 2007 agus 2016 agus laghdaigh rátaí mortlaíochta ailse i laghad faoi 9.9% i gcaitheamh na tréimhse céanna.

Ar an iomlán, bhí rátaí mortlaíochta in Éirinn níos ísle ná an AE ag 6.4%. Rud atá tábhachtach, áfach, go raibh rátaí mortlaíochta in Éirinn de thoradh galar riospráide fós ní b’airde in Éirinn ná an meán EU-28 faoi 38.2%.

Tá scaipeadh na gcúiseanna báis éagsúil dóibh siúd atá 65 bliana d’aois agus níos sine agus dóibh siad a fhaigheann bás ag 64 bliana d’aois nó níos óige. Dóibh siúd atá 65 bliana d’aois agus níos sine, is féidir beagnach 57% den mhortlaíocht a chur i leith ghalair chórais imshruthaithe agus ailse. Dóibh siúd atá níos óige ná 64 bliana is minice a tharlaíonn bás de thoradh díobhála nó nimhithe ná mar a tharlaíonn sna haoisghrúpaí níos sine, agus iad freagrach as 15.7% de líon iomlán na mbásanna, i gcomparáid le thart ar 2% de bhásanna dóibh siúd atá níos sine ná 65 bliana d’aois.

Tá feabhas tagtha ar rátaí marthanais ó ailse cíche, cheirbheacs, drólainne agus reicteach le 15 bliana anuas. Ach amháin ailse reicteach, áfach, tá na glanrátaí marthanais 5 bliana níos ísle in Éirinn ná an meán do thíortha OECD, áit a bhfuil na sonraí ar fáil.

## Galar ainsealach

Tarlaíonn thart ar thrí cheathrú de bhásanna in Éirinn mar thoradh ar thrí ghalar ainsealach – ailse, galar cardashoithíoch agus galair riospráide. Ó 2017 go 2022, meastar go dtiocfaidh méadú de níos mó ná 17% ar líon na ndaoine fásta atá 65 bliana d’aois nó níos sine agus ar a bhfuil dhá riocht ainsealach nó níos mó orthu.

Tá galar ainsealach amháin nó níos mó ar thart ar 86% de dhaoine atá 65 bliana d’aois nó níos sine agus tá ilghalracht (dhá riocht ainsealach nó níos mó) ar 65% de dhaoine atá 65 bliana d’aois nó níos sine) (*Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aois (TILDA), tonn1, 2010*).

*Leis na staitisticí agus na treochtaí sin faighimid tuiscint ar an athrú déimeagrafach agus na dúshlán atá os ár gcomhair agus a mbeidh impleachtaí acu do phleanáil agus do sholáthar seirbhísí sláinte sa todhchaí.*

*Trí mhionatáireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chórais sláinte, leanfaidh muid ar aghaidh ag pleanáil ionas go mbeidh na hacmhainní a bheidh ar fáil do chúram sláinte agus sóisialta dírithe ar chúram agus thacaíocht a thabhairt do na hothair agus do na cliaint úd is mó a bhfuil gá acu leo, agus déanamh go gcuirfean na seirbhísí sin ar fáil go héifeachtúil agus go héifeachtach, ar an dul leis an bhfianaise is fearr atá ar fáil.*

# Ag Éisteacht le hÚsáideoirí ár Seirbhísí

Tá muid ag déanamh cinnte go n-éistimid le tuairimí othar agus úsáideoirí seirbhíse agus go dtógfaimid san áireamh iad sa chaoi go ndéantar seirbhísí a phleanáil, a sheachadadh agus a fheabhsú. Cuireadh roinnt réimsí ar aghaidh i rith na bliana chun gafacht othar agus úsáideoirí seirbhíse ar fud ár seirbhísí sláinte a spreagadh.

## An rud a dúirt tú linn

### Seirbhís níos Fearr DG agus Cúraim Phríomhúil a Thógáil

Tugadh faoin suirbhé MyGp chun cabhrú linn tuiscint níos fearr a fháil ar thosaíochtaí othair agus seirbhísí príomhchúraim agus GP a fheabhsú. D'fhreagair os cionn 6,000 duine le torthaí an-dearfacha a raibh ina measc:

- Thug 91% d'othair le tuiscint nach rabhthas sásta lena seirbhís GP.
- Thuairiscigh 61% go rabhthas sásta leis an rochtain ar a seirbhís GP.
- Bhí 77% sásta leis an bhfaisnéis sláinte a cuireadh ar fáil.
- Mheas 81% go raibh na baill foirne discréideach go leor.

Bhí an t-aiseolas sin, chomh maith leis an méid a foghlaimíodh ó phlé le páirtithe leasmhara mar bhonn don tuarascáil *A Future Together – Building a Better GP and Primary Care Service* a bheidh mar bhonn eolais um forbairt sheirbhís cúraim príomhúil a bheidh dírithe níos mó ar dhaoine.

### Suirbhé Náisiúnta ar Thaithe Othar

Tugadh faoin gcéad Shuirbhé Náisiúnta riamh ar Thaithe Othar i mBealtaine agus cuireadh tugtha do 26,635 othar as 40 ospidéal in Éirinn páirt a ghlacadh ann. Agus ráta freagartha de 51% aige (13,706 freagróir), is é an suirbhé is mó in Éirinn ar chúram othar. Seoladh na torthaí i mí na Nollag. Foriomlán:

- Chuir 79% d'fhreagróirí síos ar an gcéim ospidéalaithe mar bheith go maith nó go han-mhaith.
- Rátáil 16% d'fhreagróirí a dtaithe mar réasúnta nó go dona.
- Astu siúd a ndearnadh a ospidéalú de thoradh éigeandála, rátáil 50% a dtaithe mar go han-mhaith i gcomparáid le 65% d'fhreagróirí ar pleánáladh a seal san ospidéal roimh ré.
- Dúirt 83% de dhaoine a d'fhreagair an suirbhé go raibh muinín agus iontaoibh acu as na baill foirne ospidéil a thug cóireáil dóibh agus dúirt 82% gur déileáladh leo le meas agus dínit.

- Dúirt 49% nach raibh siad in ann ball foirne a aimsiú i gcónaí chun labhairt leo faoina gcuid ábhar imní nó eagla.
- Dúirt 36% nach raibh siad chomh rannpháirteach i gcinntí faoina gcúram an oiread agus gur mhaith leo bheith.

Leagann an suirbhé béim ar an bhfíric gurb í rochtain an dúshlán is mó roimh ár seirbhís sláinte fós. Tá sé riachtanach taithí othar a thomhas agus anailís a dhéanamh uirthi chun tuiscint céard iad na gnéithe a bhfuil ag éirí leo agus céard is gá athrú.

I bhfreagra an FSS ar an suirbhé, *Listening, Responding and Improving*, tugadh gealltanais chun clár oibre a chur i bhfeidhm a bheidh deartha chun taithí othar a fheabhsú i seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine agus plean gníomhaíochta chomh maith le struchtúr tuairiscithe i bhfeidhm chun dearbhú a thabhairt go bhfuil muid ag cabhrú le hothair ar fud na hÉireann. I measc na réimsí béime tá:

- Amanna feithimh agus cumarsáid le hothair i Rannóga Éigeandála a fheabhsú.
- Déanamh cinnte go mbíonn deis ag othair a gcuid ábhar imní a phlé le baill foirne.
- Cumarsáid chliniciúil a chur chun cinn i measc ghairmithe cúraim sláinte.
- Feabhas a chur ar eolas scríofa faoina bhfuil le déanamh tar éis imeacht ón ospidéal.
- Cultúr dínite agus measa d'othair a chur chun cinn agus a choimeád.

### Gearáin faoi chúram máithreachais

Foilsíodh athbhreithniú ar ghearáin faoi chúram máithreachais inar scrúdaíodh gearáin othair maidir le chúram a fuarthas idir 1975 agus 2015. Bhí ábhar tábhachtach le foghlaim maidir le seirbhísí máithreachais in Éirinn ón bpróiseas athbhreithnithe. Tá an fhaisnéis atá tagtha as, na léargais ar thaithe othar, agus na fionnachtana, ag cabhrú linn feabhas a chur ar sholáthar an chúram máithreachais in Éirinn.

### Oifig an Fhaighteora Rúnda

Seirbhís náisiúnta í Oifig an Fhaighteora Rúnda, a fhaigheann ábhair imní/gearáin i gcáil neamhspleách, agus a bhfuil plé déanta aici le níos mó ná 500 ábhar imní/gearán foirmiúil as gach cearn den tír ó bunaíodh i mí na Nollag 2014 í.

In 2017, ba é líon iomlán na n-ábhar imní/na ngearán foirmiúil ar ghlac an Faighteoir Rúnda leo ná 196, laghdú beag ó 2016. I measc na gcineálacha ábhair imní a ardaíodh bhí cosaint, socrú cliant/pleanáil, rochtain ar threalamh, leibhéal foirne chun tacú leis an gcliant, muirir airgeadais, iompraíocht foirne, agus sábháilteacht an chúraim.

Is féidir tuilleadh eolais agus sonraí teagmhála don Fhaighteoir Rúnda a fháil ag [www.hse.ie](http://www.hse.ie).

## Ag obair le chéile

### Tionscadal Scéalta na n-Othar

Le Tionscadal Scéalta na n-Othar cuirtear an t-othar/an t-úsáideoir seirbhíse ag croílár dheardh agus sholáthar cúraim sláinte trí éisteacht le scéalta daoine a úsáideann ár gcuid seirbhísí sláinte. Go bunúsach, is í aidhm an tionscadail an fhealsúnacht ‘othair mar chomhpháirtithe’ sa tsláinte a chothú.

Seoladh Céim 1 de Thionscadal Scéalta na n-Othar agus tá sainmhíniú forbartha ag úsáideoirí seirbhíse ar chúram comhtháite bainte amach aici. Mar achoimre, is mian le daoine bheith ag croílár an phlé agus na gcinntí go léir faoina gcúram sláinte, agus go mbeadh an cúram sláinte sin bunaithe orthu féin agus ar a ndomhan féin. Tugtar ‘cúram comhordaithe dírithe ar an duine air sin’.



Is í Céim 2 de Thionscadal Scéalta na n-Othar ná Your Voice Matters. Is suirbhé é a thabharfaidh méid mór aiseolais faoi thaithí othar ar bhonn leanúnach i bhfoirm sonraí staitistiúla, agus iad tacaíte le scéal míniúcháin i bhfocail na n-othar agus na n-úsáideoirí seirbhíse féin. Ceadaíonn sé d’othair insint dúinn conas atá ag éirí linn sa turas i dtreo cúraim chomhordaithe dírithe ar an othar – creat trína gcuirtear an cheist ‘An bhfuil sé bainte amach againn go fóill?’ Is é tairbhe Your Voice Matters ná go gceadaíonn sé léargas níos sonraí ar thaithí othar agus úsáideoirí seirbhíse, chun cabhrú linn tuiscint cé chomh maith is atá ag éirí linn ár gcuid spriocanna a bhaint amach bunaithe ar an méid atá ráite linn go bhfuil ag iarraidh ó othair agus úsáideoirí seirbhíse.

Tá anailís ar thorthaí an tsuirbhé phiolótaigh, a ritheadh go dtí Deireadh Fómhair, ar siúl agus na torthaí le bheith ar fáil ag tús 2018.

### Oibriú as Lámh a Chéile le hOthair, le hÚsáideoirí Seirbhíse agus le Teaghlaigh

Trí oibriú i gcomhpháirtíocht le hothair, le húsáideoirí seirbhíse agus le teaghlaigh chun seirbhísí a phleanáil, a dheardh agus a sholáthar, cuirtear léargas agus tuairimí uathúla othair i bhfeidhm ar chinntí, déantar cinnte go mbaintear úsáid as acmhainní chun freastal ar riachtanais othair agus cabhraítear le hiontaoibh agus muinín a chothú as an tseirbhís sláinte.

Leantar ar aghaidh le hobair réamhghníomhach chun an chomhpháirtíocht sin a chur chun cinn agus a éascú, mar:

- Tá an Fóram Náisiúnta Othar déanta suas d’ionadaithe ó ghrúpaí náisiúnta abhcóideachta othair, othair agus cúramóirí. I rith na bliana d’oibrigh an fóram leis an FSS ar roinnt tionscadal, a raibh ina measc an clár r-Shláinte, an tAcadamh Ceannaireachta, cúram comhtháite, agus cúram práinneach agus éigeandála a athrú ó bhonn.
- Tá Patients for Patient Safety Ireland déanta suas de dhaoine ar tharla díobháil thromchúiseach dóibh nó bás duine muinteartha i gcóras sláinte na hÉireann, chomh maith le baill foirne cúram sláinte. Tá an grúpa in gcuid de líonra domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO), agus oibríonn i gcomhpháirt leis an FSS chun sábháilteacht othar a fheabhsú.
- Bunaíodh Painéal Náisiúnta Ionadaíoch d’Othair. Is othair, úsáideoirí seirbhíse, cúramóirí agus baill teaghlaigh iad na baill den phainéal agus glacann ionadaithe páirt i bhfócasghrúpaí, i ngrúpaí stiúrtha agus oibre agus tugann siad ionchur i raon leathan clár agus tionscadal.
- I rith na bliana, d’oibrigh an FSS i gcomhpháirt leis an All Ireland Institute of Hospice and Palliative Care chun scéalta aonair othair, ball teaghlaigh agus cúramóirí a d’úsáid seirbhísí cúraim mhaolaithe a ghabháil.

### Laistigh de sheirbhísí meabhairshláinte

- *Seoladh an Creat Náisiúnta um Théarnamh sa Mheabhairshláinte 2018-2020.* Rinneadh an creat sin in éineacht le húsáideoirí seirbhíse, le baill teaghlaigh, cúramóirí agus le saineolaithe de thoradh taithí.
- *Trí Comhpháirtíocht don Athrú – Tuarascáil an Ghrúpa Tagartha Meabhairshláinte,* a chur i bhfeidhm, ceapadh Ceannairí Limistéir don phlé go léir le meabhairshláinte do gach CHO agus ceapadh 20 oibrí piarthacaíochta. Is féidir tuilleadh eolais faoi na tionscnaimh sin a fheiceáil ar leathanach 50 den Tuarascáil Bhliantúil seo.





Ag an gcomhdháil ar altranais meabhairshláinte bhí Liz Roche, Stiúrthóir Limistéir, Aonad Forbartha agus Pleanála Altranais agus Cnáimhseachais agus Ceannaire Náisiúnta d'Altranais Meabhairshláinte, an tAire Stáit do Mheabhairshláinte agus Dhaoine Breacaosta, Jim Daly TD, agus Mary Wynne, Stiúrthóirí Sheirbhísí Altranais agus Cnáimhseachais.

## Ceardlann agus Comhdhálacha

Reáchtáladh roinnt ceardlann agus comhdhálacha i rith na bliana agus béim faoi leith curtha ar thaithí an úsáideoir seirbhíse. Áiríodh leo seo:

- Ceardlanna scéalta othair chun tuairim an othair/úsáideoir seirbhíse a thabhairt ar ar cheart bheith ag súil leis ó chúram comhordaithe dírithe ar an othar i seirbhís sláinte na hÉireann.
- Comhdháil náisiúnta ar altranais meabhairshláinte faoi phrionsabail téarnaimh a chumhdach sa chleachtas altranais síciatraigh/meabhairshláinte. Leis an imeacht chomhoibríteach sin bhí deis ag teaghligh, úsáideoirí seirbhíse agus urlabhraithe scéalta agus taithí phearsanta a chur i láthair chun stiogma a laghdú agus meabhairshláinte agus leas a chur chun cinn.
- Roinnt ceardlann ar an gclár cúraim chomhtháite agus ar an gclár náisiúnta cliniciúil, a raibh ina measc ceardlanna ar sheirbhísí do dhaoine scothaosta agus ar chúram diaibéitis.

## Teachtaireachtaí Deamhéine agus Gearáin

### Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

(Gan ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha a bheith san áireamh)

Tugann tuairimí agus teachtaireachtaí deamhéine agus gearáin ó úsáideoirí seirbhíse deis chun feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhísí.

Fuarthas 6,090 teachtaireacht dea-mhéine in 2017. Táthar ag leanúint den obair chun an fhoireann a spreagadh le teachtaireachtaí dea-mhéine a thairfead mar go gcuireann siad eolas ar fáil faoi na gnéithe dearfacha dár seirbhísí agus foghlaimoimid as sin céard atá ag oibriú go maith.

Rinne oifigigh gearán taifeadadh agus scrúdú ar 8,281 gearán faoin *Acht Sláinte 2004*, sin laghdú de 877 (9.5%) ar an méid a taifeadadh in 2016. As an líon iomlán gearán a fuarthas i mbliana, déileáladh le 6,298 nó 76% acu laistigh de 30 lá oibre.

**Tábla 2: Gearáin FSS a fuarthas agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre**

	Líon na ngearán a fuarthas	Líon agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre
2017	8,281	6,298 (76%)
2016	9,158	6,972 (76%)
2015	9,289	6,854 (74%)
2014	8,375	5,704 (68%)
2013	6,823	4,651 (68%)

Foinse sonraí: Dearbhú agus Fíorú Cálíochta FSS

### Ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha

In 2017, taifeadadh 13,214 teachtaireacht deamhéine cé nach ndéantar taifeadadh ar chuid mhór acu.

Rinne oifigigh gearán taifeadadh agus scrúdú ar 11,356 gearán, sin laghdú de 1,453 (11.3%) ar an méid a taifeadadh in 2016. As an líon iomlán gearán a fuarthas i mbliana, déileáladh le 10,040 nó 88% acu laistigh de 30 lá oibre.

# Aiseolas ó othair agus úsáideoirí seirbhíse eile

Bonn eolais a chur faoin gcaoi a bhfeabhsóimid ár gcuid seirbhísí

Léiríonn na tráchta thíos roinnt cumarsáide a fuarthas ó othair agus ó úsáideoirí seirbhíse maidir lena dtaithe féin ar ár seirbhísí sláinte. Úsáidtear an t-aiseolas go léir, idir aiseolas dearfach agus diúltach, chun feabhais a chur ar aghaidh mar chuid de sheirbhís shábháilte, éifeachtúil a fhorbairt atá dírithe ar an duine.



**Tábla 3: Gearáin a fuarthas de réir catagóire 2017**

Catagóir	HSE (gan ospidéal deonacha agus níomhair-eachtaí san áireamh)		Ospidéal agus níomhair-eachtaí deonacha	
	2016	2017	2016	2017
Rochtain	4,608	3,163	3,338	3,505
Dínit agus Meas	1,297	1,094	1,639	1,605
Cúram Sábháilte agus Éifeachtach	3,276	2,667	3,643	3,596
Cumarsáid agus Eolas	1,888	1,414	2,968	3,396
Rannpháirtíocht	93	65	227	190
Príobháideachas	192	123	246	218
Feabhsú Sláinte	216	148	250	180
Freagracht	391	353	441	555
Breithiúnas cliniciúil	302	191	270	261
Gearáin Chráiteacha	16	5	54	45
Tithe Altranais/cúram cónaithe do dhaoine scothaosta (65 agus os a chionn)	138	50	60	31
Tithe Altranais/cúram cónaithe (64 agus faoina bhun)	4	5	24	14
Seirbhísí iniúchta réamhscolaíochta	0	0	0	125
Muinín i gCúram	6	12	320	26
Tús áite do leanaí	10	0	98	49
Cosaint dhaoine leochaileacha (nua 2016)	22	12	317	253

Foinse sonraí: Dearbhú agus Fíorú Cáilíochta FSS

Nóta: Bíonn ilchúinsí i gcuid de na gearáin agus mar sin tagann siad faoi níos mó ná catagóir amháin

### Gearáin faoi Chuid 2 agus 3 den Acht um Míchumas 2005

Fuarthas 744 gearán faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005 i dtaca le measúnú riachtanais ar leanbh i gcomhair seirbhísí míchumais, is ionann sin agus laghdú 34%.

Fuarthas ceithre cinn déag de ghearán faoi Chuid 3 den Acht um Míchumas, i dtaca le rochtain chuig foirgnimh agus seirbhísí do dhaoine le míchumas.



### FSSBeo

Seirbhís eolais phoiblí il-ardáin é FSSBeo atá ar fáil sé lá sa tseachtain.

Tá líne gutháin ann don tseirbhís fós, ach tá sí ar fáil freisin trí ríomhphost, Twitter agus áis comhrá bheo ar an láithreán gréasáin. Tá triail á baint as an áis comhrá bheo ó dheireadh 2016 agus i gcaitheamh na tréimhse sin, tá sé úsáidte ag níos mó ná 27,000 duine, agus an formhór ag rá go raibh siad sásta leis an bhfreagra a fuair siad.

Táirgeann FSSBeo seirbhís fhreagrúil atá dírithe ar an gcustaiméir chun daoine a chur ar an eolas faoi cá háit le dul agus cad le déanamh chun na seirbhísí a fháil a theastaíonn dóibh féin agus a gcuid teaghlach.

Is féidir leis ceisteanna a fhreagairt faoi sheirbhísí sláinte, faoi theidlíochtaí agus faoi conas rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte poiblí agus cúraim shóisialta i do cheantar féin.

Sa phictiúr thuas tá Geraldine Charman, Ceannaire Foirne le baill foirne eile ó FSSBeo.

### Déan teagmháil linn le ceisteanna agus aiseolas

- Labhair le haon bhall foirne, le bainisteoir seirbhíse nó oifigeach gearán
- Seol ríomhphost chuig [yoursay@hse.ie](mailto:yoursay@hse.ie)
- Líne Eolais ar 1850 24 1850
- Livechat ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie)
- Tvuíteáil muid @HSELive
- Seol ríomhphost chuig [hselive@hse.ie](mailto:hselive@hse.ie)
- Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag [www.hse.ie](http://www.hse.ie).



# Seirbhís Sláinte Níos Fearr á Forbairt

Mar chuid den iarracht ár n-aidhm a chomhlíonadh mar atá bheith inár seirbhís sláinte den chéad scoth a bheidh ar fáil do dhaoine pé áit agus pé uair a dteastaíonn sí uathu, tá an tseirbhís sláinte ag bogadh i dtreo feabhais agus athraithe, agus cuir chuige straitéiseacha á nglacadh agus tosaíocht á tabhairt dóibh chun freastal ar riachtanais ár n-othar agus ár n-úsáideoirí seirbhíse.


## Cáilíocht agus sábháilteacht ár seirbhísí a fheabhsú

Is eochairfhócas feabhas a chur ar cháilíocht agus shábháilteacht é éisteacht le dearcaí agus tuairimí othar agus úsáideoirí seirbhíse agus iad a thógáil san áireamh i bpleanáil agus seachadadh seirbhísí. Is féidir sonraí eile faoi sin a fheiceáil sa chuid Éisteacht le hÚsáideoirí ár Seirbhísí sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Bunaíodh Clár Náisiúnta Sábháilteachta Othair, clár trí bliana, atá, in éineacht leis an gCreat um Feabhsú Caighdeáin inár Seirbhís Sláinte, ag brú chur i bhfeidhm thosaíochtaí agus thionscnaimh sábháilteachta náisiúnta ar fud gach cearn den chóras sláinte.

## Dírú ar thionscnaimh sábháilteachta trí cheannaireacht chliniciúil

- Tá líon na mbásanna ospidéil de thoradh seipsise laghdaithe faoi 30% le cúig bliana anuas. Is é an fáth leis an laghdú ná aithint agus cóireáil níos fearr in ospidéal ar fud na tíre. Seoladh uirlisí nua oideachais agus tacaíochta freisin chun tacaíocht bhreise a thabhairt do chliniceoirí le bainistíocht seipsise.
- Tá Céim 3 den fheachtas náisiúnta Othrais Bhrú a Dhíbirt (OBD) á chur i bhfeidhm, agus laghdú 49% ar othrais bhrú faighte sa bharda ar fud na 23 fhoirne atá ag glacadh páirte ann.
- Tharla nó tarlóidh frithsheasmhacht fhrith-mhiocróbach (AMR) agus/nó ionfhabhtú bainteach le cúram sláinte (ionfhabhtú a bhaineann le cúram-sláinte/HCAI) do chuid mhór de na hothair dá dtugann muid aire gach lá. Tar éis gur seoladh *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann ar Fhrithsheasmhacht Fhrith-Mhiocróbach 2017-2020*, cuireadh roinnt cuspóirí straitéiseacha i bhfeidhm lenar áiríodh foireann fhreagartha náisiúnta do CPE (carbaipeineimfhriotaíoch Enterobacteriaceae) a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar bhaol méadaithe an CPE sa chóras sláinte.
- Is é sláinteachas láimhe an beart is éifeachtaí gur féidir le hoibríthe cúraim sláinte, othair agus an pobal tabhairt faoi chun HCAInna a chosc. Tá rátaí comhlíontachta do shláinteachas láimhe ag an leibhéal ab airde a bhí riamh (90.8%). Tá obair ar siúl le háiseanna cúraim sláinte chun rátaí comhlíontachta a fheabhsú níos mó trí phleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm lena n-áirítear clár oideachais, oiliúna agus ath-iniúchta.



- Chun bainistíocht cógas sábháilte, réasúnach agus costéifeachtach a chur chun cinn, réachtáladh trí mháistir-rang, ar fhreastail altráí, mná cabhrach, dochtúirí agus cógaiseoirí as gach suíomh orthu.
- Ghlac foirne ildisciplíneacha ó 27 n-ospidéal páirt i gcomhiarracht um feabhsú cáilíochta. Ba é an toradh air sin ná go bhfuair 35,000 othar breise an cosc téachtán fola ab oiriúnaí dóibh, agus méadaíodh eolas agus scileanna faoi chosc téachtán fola agus feabhsú cáilíochta.
- Chun tacú le cleachtas sábháilte dí-éillithe, d'fhoilsigh an Clár Náisiúnta um Shábháilteacht Dí-éillithe treoir faoi iompar fearas leighis in-athúsáidte, dí-éillíú trealaimh ultrafhuaimne agus deardh agus feistiú aonad dí-éillithe ionscóp.
- Tar éis oibriú i gcomhar leis an gclár náisiúnta, ba í foireann an Láraonaid Dí-éillithe in Ospidéal Mhuire (An Uaimh) an chéad ospidéal a bhain amach creidiúnú seachtrach de réir ISO 13485 leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

- Seoladh caighdeáin náisiúnta nua um cháilíocht agus shábháilteacht i seirbhísí sláinte ceirde chun comhsheasmhacht sholáthar seirbhísí ar fud na tíre a chur chun cinn. Cuirtear na caighdeáin i ngrúpaí de réir cúig théama – cúram dírithe ar oibrithe, cúram sábháilte agus sláintiúil, ceannaireacht agus rialachas, planáil an fhórsa saothair agus úsáid faisnéise – agus is féidir féachaint orthu ag [www.hse.ie/workwell](http://www.hse.ie/workwell).
- Tugann iniúchtaí cúram sláinte dearbhú go gcomhlíonann na seirbhísí atá á gcur ar fáil oibleagáidí reachtúla i gcomhréir le dea-chleachtas. Foilsíodh ceithre thuarascáil achoimre ar an iniúchadh náisiúnta sláinte, a bhain le saincheistanna lárnacha sábháilteachta mar eolas ríthábhachtach faoi othair a chur in iúl agus dul i léig tapa in othair a aithint agus freagairt dó.

### Acmhainn agus cumas a fhorbairt chun cáilíocht agus sábháilteacht a fheabhsú i CHOnna, i nGrúpaí Ospidéal agus sa Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna (SNO)

- Tugann Babhtá Schwarz am agus spás do bhaill foirne cúraim sláinte chun machnamh a dhéanamh faoi thionchar a gcuid oibre, agus iad ag sealbhú eolais a chabhróidh leo aire a thabhairt d'othair. Fógraíodh comhar nua idir an FSS agus an Point of Care Foundation chun babhtá a bhunú i 30 láthair trí chomhaontú foirmiúil leibhéal seirbhíse.
- Tá sé ríthábhachtach maidir le caighdeán a fheabhsú, go gcoimeádfaimis muid féin suas le dáta faoi dhea-chleachtas agus roinnfimis eolas a fhoghlaimíonn muid. Leanadh ar aghaidh le sraith de sheimineáir ghréasáin aon uair an chloig, a bhí leagtha amach chun buneolas daingean a thabhairt faoi ghnéithe riachtanacha an fheabhsú cáilíochta.
- Foilsíodh treoir nua chun cabhrú le boird cúraim sláinte nua agus reatha cleachtais a úsáid le sábháilteacht a bhrú, chomh maith le cáilíocht agus cultúr atá dírithe ar an duine. *Sa cháipéis 'A Board's Role in Improving Quality and Safety'* tugtar eolaí praiticiúil trí shamplaí a thabhairt de chleachtaí ceannródaíochta, d'acmhainní agus d'ábhar léitheoireachta molta.
- Thug dhá ghrúpa de bhaill foirne as disciplíní éagsúla faoi chlár náisiúnta creidiúnaithe chun cultúir dírithe ar an duine a fheabhsú. Is í aidhm an chlár ná scileanna éascaithe agus eolas a fhorbairt chun bheith i gceannas ar athrú ar chultúr eagraíochta.
- Seoladh *Treoir Dea-chleachtais an FSS um Sheirbhísí Meabhairshláinte* agus cuimsítear leis creat féinmheasúnaithe. Beidh an treoir dea-chleachtais mar thacaíocht agus mar threoir d'fheabhsúcháin bhreise ar chaighdeán i seirbhísí meabhairshláinte (féach freisin ar leathanach 50 den Tuarascáil Bhliantúil seo).



Tá cúram agus freagracht ar gach duine as feabhas a dhéanamh. Ní mór dúinn bealaí nua níos fearr a aimsiú le hoibriú le chéile chun cúram agus seirbhísí ardchaighdeán a thabhairt d'othair, d'úsáideoirí seirbhíse agus dá dteaghlai. Chun cabhrú leis sin, seoladh eolaí faoi fheabhsú eolais agus scileanna chun tacú le foghlaim leanúnach agus le forbairt ghairmiúil na mball foirne go léir.

Uirlis féinmheasúnaithe atá san eolaí a chabhraíonn le baill foirne féinmheasúnú a dhéanamh agus réimsí a aithint um foghlaim agus forbairt agus tá sé bunaithe ar shé fhachtóir spreagtha an *Chreata um Feabhsú Cáilíochta inár Seirbhís Sláinte*. Is féidir rochtain a fháil ar an eolaí ag [www.qualityimprovement.ie](http://www.qualityimprovement.ie).

- Leanadh ar aghaidh le hobair, i gcompháirt le seirbhísí míchumais, chun tacú le seirbhísí cónaithe míchumais le caighdeán na seirbhísí agus feidhmíocht a fheabhsú i gcomhréir le caighdeán an Údaráis um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte (HIQA).


### Caighdeán agus beartais náisiúnta a chur i bhfeidhm

- Seoladh na *Caighdeáin Náisiúnta um Athbhreithniú a Dhéanamh ar Theagmhais Sábháilteachta Othair* inar cuireadh chun cinn cur chuige dírithe ar an duine i dtreo an athbhreithnithe ar theagmhais sábháilteachta othair chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí seirbhíse agus a dteaghlai le linn aon athbhreithnithe agus cumarsáid a dhéanamh leo, agus déanamh cinnte go ndéantar athbhreithnithe laistigh d'amlínte soiléire.
- Leantar ar aghaidh le hobair chun an beartas agus na treoirínte náisiúnta ar nochtadh oscailte a chur i bhfeidhm.

- Baineann bainistíocht riosca le gach duine agus í cumhdaithe sa ghnáthghnó laethúil agus chun bonn eolais a chur faoi thimthriall na pleanála agus an oibriúcháin straitéisigh agus na feidhmíochta. *Foilsíodh Beartas an FSS ar Bhainistíocht Riosca Chomhtháite 2017*, inar leagadh amach an beartas agus an treoir a mbainistíonn an FSS riosca dá réir.
- Is é an beartas atá againn ná go ndéanfaí gach teagmhas sábháilteachta a aithint, a thuairisciú agus a fhiosrú. Tá Creat nua Bainistíochta Teagmhais á sheoladh, a rachaidh in ionad an bheartais um bainistiú teagmhas sábháilteachta (2014). Tá an creat deartha chun seirbhísí a chur ar fáil agus cur chuige praiticiúil agus díréireach a ghlacadh i dtreo bhainistiú teagmhais. Féachtar ann chuig béim faoi leith a chur ar thacú le riachtanais úsáideoirí seirbhíse, teaghlach agus ball foirne tar éis teagmhais.
- Dearadh samhaltacha cúraim um chógas athshlánaithe, neamhoird réamatacha agus matánchnámharlaigh, cúram comhtháite do dhiaibéiteas chineál 2 agus neamhoird itheacháin.
- Forbraíodh roinnt treoirlínte, bealaí, eolaithe cleachtais agus uirlisí um chinneadh cliniúil, lena n-áirítear:
  - Cúram méala tar éis bás máthar i láthair ospidéal
  - Sábháilteacht fhrith-mhiocróbach sa toircheas agus sa lachtadh
  - Oideasú frith-mhiocróbach
  - Íoschaighdeáin um aonaid géarmheasúnaithe liachta (AGML) in Éirinn
  - Úsáid cothaithe pareinrígh in aonaid nua-naíocha agus pédiatracha
  - Cúram comhtháite um ghortú chorda an dromlaigh
  - Uirlis tacaíochta um sheipsis máithreachais
  - Uirlis bhunachar sonraí cliniúil an Chórais Náisiúnta um Dhearbhu agus Feabhsú Cáilíochta (NQAIS).
- Trí na cláir náisiúnta, freisin, baineadh triail as roinnt tionscnamh um feabhas nó tacaíodh lena bhunú, a raibh ina measc:
  - Tugadh triáis d'fhisiteiripe mhatánchnámharlaigh in 18 n-ionad
  - Clinicí bristeacha i dtí ionad breise

## Cúram a sholáthar ar bhealach níos comhtháite

Tá na cláir náisiúnta um chúram cliniúil agus comhtháite imithe i mbun chlár fadtéarmach oibre chun athdhearadh cliniúil a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta le cúram othar a fheabhsú agus a chaighdeánú i ngach láthair cúraim sláinte.



## Comhdháil Idirnáisiúnta ar Chúram Comhtháite

Rinne an FSS agus an International Foundation of Integrated Care comhóstú ar an 17ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Chúram Comhtháite i mí Bhealtaine. Bhí an chomhdháil i mbliana uathúil mar, den chéad uair riamh, bronnadh Stádas Cairte do Lánpháirtíocht Othar uirthi, tar éis gach oibleagáid maidir le hinrochtaineacht, rannpháirtíocht othar agus rannpháirtíocht fhíorúil a bheith comhlíonta.

- Triail bainte as ASAU in dá hionad chruthúnas coincheapa
- Oiliúint curtha ar os cionn 200 cliniceora chun tacaíocht teiripe teaghlaigh a thabhairt do theaghlaigh agus dhaoine aonair a bhí buailte ag síocóis.
- Seomraí tiomnaithe ar fáil i nach mór leath de na Rannóga Éigeandála chun othair ag a bhfuil riachtanais mheabhairshláinte a mheas.
- Tá obair ag dul ar aghaidh chun cláir cúraim chomhtháite (CCCanna) a chur i bhfeidhm do shreabhadh othar, dhaoine breacaosta, cosc agus bainistíocht galair ainsealaigh, agus leanaí:
  - Tá roinnt tionscnamh curtha ar aghaidh faoin CCC um Shreabhadh Othar agus é mar aidhm sreabhadh othar a fheabhsú trí phróisis níos fearr um scaoileadh amach, bainistíocht oibríochtaí a chur i bhfeidhm, dea-chleachtas agus modheolaíocht um feabhsú cáilíochta.
  - Faoin CCC do Dhaoine Breacaosta cuireadh ar aghaidh an creat 10-gcéime chun cúram sláinte agus sóisialta do dhaoine breacaosta a chomhtháthú, agus 12 hionad ar fud na tíre faoi dheireadh na bliana. Fuair gach ionad, ar an meán, 134 atreorúchán laistigh de thréimhse sé míosa agus ba ghnách go mbeadh 961 teagmháil dhíreach agus 1,312 teagmháil indíreach ag an bhfoireann cúraim chomhtháite leis na daoine breacaosta sin laistigh den tréimhse ama sin. Féachtar ar 78% d'othair ina dtithe féin nó laistigh de shuíomh ospidéal phobail.
  - Tá roinnt sruthanna oibre idir lámha faoin CCC um Chosc agus Bainistiú Galair Ainsealaigh agus na cuir chuige á dtástáil i 24 hionad ar fud na tíre, le tacaíocht ó fhoirne cúraim chomhtháite. Tá triail á baint as bealaí nua diagnóise agus measúnaithe, lena n-áirítear an tseirbhís comhairliúcháin chliniciúil fhíorúil do chliseadh croí.
  - Leanadh ar aghaidh le hobair ar roinnt tionscnamh CCC do Leanáí, a raibh ina measc triail a bhaint as seirbhís arna soláthar ag comhairleoirí in Ospidéal na hOllscoile Port Láirge agus scagadh othar atá i mbaol dhiospláise chorróige forbartha. Tá scagadh ultrafhuaime corróige ar siúl anois i gceithre hospidéal, agus ionad breise le bheith i gceist ag tús 2018. Tá bealaí cúraim chomhtháite á bhforbairt do leanaí ar a bhfuil neamhoird néaramhatánacha agus do naíonáin ar a bhfuil lagú éisteachta buan páistiúlachta, agus tá bealaí cúraim um heipitíteas B sa tréimhse iarbheirthe tugtha chun críche. Tá obair ar siúl freisin le páirtithe leasmhara lárnacha chun plean forfheidhmithe a fhorbairt don tsamhail chúraim náisiúnta um sheirbhísí cúraim sláinte péidiatracha.

## Rochtain a fheabhsú agus taithí othar a fheabhsú i rith an gheimhridh

Ba í aidhm an Tionscnaimh Gheimhridh 2016-2017 ná bearta sonracha a aithint agus díriú orthu, ar bearta iad atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar an mborradh measta ar ghníomhaíocht na seirbhíse sláinte in ospidéal agus sa phobal i rith mhíonna an gheimhridh.

Bhí roinnt beart lárnach sa phlean ó thaobh an t-ospidéal a sheachaint agus scaoileadh amach sábháilte agus tráthúil, agus cuireadh i bhfeidhm é tar éis phróiseas daingean pleanála, ar tugadh faoi le gach príomhpháirtí leasmhar. Cé nár baineadh amach gach sprioc, baineadh amach roinnt torthaí dearfacha:

- Sholáthair tionscnamh an gheimhridh do mhéadú CITanna i mBaile Átha Cliath Thuaidh, i Lú/Mí, Gaillimh/Ros Comáin agus Tiobraid Árann Theas.
- Cuireadh 997 pacáiste breise cúraim bhaile ar fáil.
- Bhí 658 leaba breise um chúram idirthréimhseach ar fáil.
- Cuireadh maoiniú ar fáil um scaoileadh amach i 18 gcás casta agus cuireadh ar chumas 27 scaoileadh amach san iomlán a dhéanamh.
- Laghdaíodh scaoileadh amach moillithe go níos lú ná 500.
- Osclaíodh 113 leaba géarmhíochaine breise.
- Cuireadh cúnaimh agus fearais ar fáil do 4,458 othar chun a scaoileadh sábháilte agus tráthúil a éascú.

Mar chuid de Thionscnamh an Gheimhridh 2017-2018, áirítear leis na bearta a aithníodh:

- Maoiniú chun an méid leapacha géarmhíochaine a mhéadú.
- Maoiniú chun tacaí le roinnt cásanna casta scaoilte amach.
- Méadú ar mhaoiniú do chúram baile agus idirthréimhseach chun cabhrú le scaoileadh amach éifeachtúil ó ospidéal ghéarmhíochaine.
- Maoiniú chun tacú leis an bhfeachtas fliú Under the Weather.

D'ainneoin méaduithe de nach mór 3% ar fhreastal ar RÉ, agus méaduithe de nach mór 6% ar fhreastal ar RÉ agus ospidéalú do dhaoine os cionn 75 bliana d'aois agus níos sine, faoi dheireadh na bliana bhí líon na dtalaithe 8 r.n. tuairiscithe laghdaithe faoi 2.6% ón mbliain roimhe.



## Seirbhísí altranais agus cnáimhseachais a fhorbairt

- Cuireadh oideachas agus tacaíocht ar fáil do 990 altra agus bean chabhrach atá cláraithe mar oideoirí altra, agus 320 altra agus bean chabhrach údaraithe ionas chun radaíocht ianaithe (x-gha) a chur ar fáil.
- Tugadh chun críche méadrachtaí cúraim ardchaighdeán, atá deartha chun an cúram a thomhas a sholáthraíonn altraí agus úsáid á baint as sonraí fíorama, le haghaidh na réimse sláinte phoiblí agus altranais pobail, meabhairshláinte, míchumas intleachta, daoine scothaosta, leanaí, seirbhísí géarmhíochaine agus cnáimhseachas.
- Tá 125 ardchleachtóir altranais iarrthóra ag tabhairt faoi chlár oideachais agus na réimsí cleachtais spriodhírthe ná cúram neamhsceidealaithe, réamaiteolaíocht, cúram riospráide agus daoine breacaosta.
- Leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Chórais Dearbhaithithe um Iompraíocht Bháúil d'Éirinn (CBAS-I), agus an clár curtha ar fáil in Ospidéal Ollscoile Portiuncula agus tús curtha leis in Ospidéal Máithreachais Luimnigh.
- Tá triail á baint as an gCreat um Sholáthar Foirne agus Meascán Scile d'Altranais i dtrí ionad (Ospidéal Beaumont, Ospidéal Mhuire Lourdes agus Ospidéal Naomh Cholm Cille) torthaí othair a thomhas, soláthar foirne altranais, ualach oibre altraí agus an timpeallacht oibre.
- Forbraíodh córais náisiúnta oideachais nua d'altraí agus cuireadh i bhfeidhm iad san altranais cúraim chriticiúil, sa téarnamh ainéistéiseach agus san altranais cúraim neamhsceidealaithe.
- Tugadh tacaíocht do chur i bhfeidhm Chlár Náisiúnta Oideachais ar Laige d'altraí agus do ghairmithe sláinte agus an Clár Forbartha d'Éascaitheoirí déanta ag 107 éascaitheoir laige agus 430 gairmí cúraim sláinte ag déanamh Clár Oideachais faoi Ghnéithe Bunúsacha na Laige.

## Feabhsú na Seirbhíse Sláinte

Tá an Clár um Feabhsú Seirbhíse Sláinte (CFSS) ag tacú le forbairt seirbhíse sláinte níos fearr do dhaonra na hÉireann. Tá clár straitéiseach bunaithe ar chlár á chur i bhfeidhm aige i dtreo athrú agus feabhas inbhraite agus inbhuanaithe a bhaint amach ar fud na seirbhíse sláinte agus muid ag forbairt chun dul in oiriúint dá bhfuil le teacht. Tá roinnt clár mór i bhfeidhm a chlúdaíonn dearadh/feabhsú seirbhíse, soláthar seirbhíse agus a chumasaíonn seirbhísí a bhfuil struchtúr daingean rialachais agus tacaíochta i bhfeidhm acu. Áirítear leis na clár:

- Cur i bhfeidhm na CHOnna, Grúpaí Ospidéal, NAS agus seirbhísí cumasaithe
- Athrú ó bhonn ar an lárionad náisiúnta
- Dearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta
- Clár náisiúnta chliniciúla agus clár cúraim chomhtháite
- Cúram príomhúil agus feabhsú PCRS
- eHealth Ireland, lena n-áirítear an taifead leictreonach sláinte (TLS)
- Athchóiriú airgeadais
- Feabhsú AD agus cumarsáide.

Bunaíodh oifig bainistíochta clár i CHOnna agus i nGrúpaí Ospidéal agus sa lárionad náisiúnta, i NAS agus i roinnt feidhmeanna cumasaithe chun tacú le cur i bhfeidhm inbhuanaithe na dtosaíochtaí straitéiseacha agus seirbhíse sin agus iad a chumasú. Forbraíodh cúrsa ar mhodheolaíocht bainistíochta tionscadal agus cúrsa oiliúna agus tá uirlis dhaingean ar líne um rianú bainistíochta agus bainistíocht i bhfeidhm chun tacú leis na clár sin agus cumas tuairiscithe a thabhairt de réir mar is gá.

## Seirbhís sláinte fheidhmiúil agus fhreagrúil a fhorbairt

Chun seirbhís sláinte níos fearr a fhorbairt, ní mór dúinn athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar ár ndul chun cinn de réir na spriocanna a shocraíonn muid féin. Leagann muid béim ar fheidhmíocht ár seirbhísí a fheabhsú agus ar ár bhfreagrúlacht as na seirbhísí sin.

Is don Aire Sláinte atá ár bpríomhfhreagracht ach tá raon dualgas cuntasachta eile ag an FSS don Oireachtas agus dá Rialálaithe. Léiríonn ár *gCreat Feidhmíochta agus Freagrúlachta 2017* go soiléir freagrachtaí bainisteoirí maidir leis na ceithre réimse den Scórchárta Náisiúnta a bhfuil an tábhacht chéanna ag baint le gach ceann acu; is iad sin ná Rochtain ar sheirbhísí, Caighdeán agus Sábháilteacht na seirbhísí sin, é sin a dhéanamh laistigh de na hAcmhainní Airgeadais atá ar fáil agus leas éifeachtach a bhaint as iarrachtaí an Fhórsa Saothair.

Chun an Creat Feidhmíochta agus Freagrúlachta a chur i bhfeidhm díritear aird ar sholáthar seirbhísí i gcoibhneas leis an leibhéal measta feidhmíochta agus cuirtear chun cinn feabhsúcháin riachtanacha ar fheidhmíocht atá de dhíth. Déantar soláthar freisin sa Chreat um Thuairisciú poiblí seirbhísí.

# Cumhdach agus Cosaint

## Cosaint do dhaoine leochaileacha

In 2014, d'fhoilsigh an FSS a bheartas cosanta do dhaoine breacaosta agus dhaoine faoi mhíchumas, a d'fhéadfadh, mar thoradh ar lagú fisiceach nó intleachta, bheith i mbaol mí-úsáide. *I Cosaint Daoine Leochaileacha i mBaol Mí-úsáide – Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta* leagtar amach roinnt príonsabal chun leas daoine leochaileacha a chur chun cinn agus iad a chosaint ó mhí-úsáid.

Déanann Foirne Cosanta, atá bunaithe i ngach ceann de na CHOanna ó 2015, atreorúcháin phobail agus ábhar imní faoi chosaint a bhainistiú, laistigh de shuíomhanna seirbhíse. Déileáiltear go rúnda le gach ábhar imní maidir le cosaint agus, an oiread is féidir, déantar iad a láimhseáil ar bhealach a thugann meas ar mhianta an duine atá i mbaol. Tá an tseirbhís dírithe ar an gcliant, ar shábháilteacht agus leas an duine atá i mbaol, agus tacaíocht á tabhairt chun an iompraíocht mhí-úsáide a stopadh.

Bunaíodh an Coiste Náisiúnta Cosanta chun tacú leis an gclár oibre cosanta agus is comhlacht ilghníomhaireachta ilearnála é a oibríonn go comhpháirteach le haon chuspóir coitianta amháin i gceist – cinntiú go gcosnaítear daoine fásta a d'fhéadfadh a bheith leochaileach.

In 2016, foilsíodh Plean Straitéiseach 2017-2021 an Choiste *Náisiúnta Slándála* a threoríodh obair an choiste sna cúig bliana amach romhainn. Tá tuarascálacha ón gCoiste Náisiúnta Cosanta ar fáil ar [www.safeguardingcommittee.ie](http://www.safeguardingcommittee.ie). Déanann an Oifig Náisiúnta Cosanta maoirseacht ar chur i bhfeidhm, ar mhionatóirí, athbhreithniú agus measúnú leanúnach ar an mbeartas cosanta. Tiomsaíonn an Oifig sonraí, tugann faoi anailís agus foilsíonn tuarascáil bhliantúil sonraí. Tá tuilleadh sonraí faoi sheirbhís chosanta an FSS lena n-áirítear tuarascálacha ar fáil ar [www.hse.ie/safeguarding](http://www.hse.ie/safeguarding).



## In 2017...

- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Cosaint Daoine Leochaileacha i mBaol Úsáide – Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta. Rinneadh comhairliúcháin leathan le príomhpháirtithe leasmhara trí aighneachtaí foirmiúla agus trí fhócasghrúpaí mar chuid den athbhreithniú. Tá toradh an athbhreithnithe le bheith tugtha chun críche faoi dheireadh Ráithe 2, 2018.
- Foilsíodh sonraí cosanta ó gach ceann de na naoi CHO. Léiríonn an fhaisnéis sin, le haghaidh 2016, an chéad bhliain de bhailiú sonraí agus taispeánann gur láimhseáladh 7,884 ábhar imní faoi chosaint (4,749 a bhain le daoine fásta 18-64 bliana d'aois, 3,029 a bhain le daoine fásta os cionn 65 bliana d'aois agus, astu siúd, 1,221 a bhain le daoine fásta os cionn 80 bliana d'aois).
- Foilsíodh fionnachtana ó shuirbhé náisiúnta Red C ar thuairimí an phobail in 2016 maidir le dearcaí agus feasacht i leith mhí-úsáid daoine leochaileacha. D'fhéach an suirbhé chuig tuairimí a thuiscint i leith déileála le daoine fásta leochaileacha in Éirinn. Is féidir féachaint ar fhionnachtana ón suirbhé ar [www.safeguardingcommittee.ie](http://www.safeguardingcommittee.ie) arbh í an toradh orthu ná gur cuireadh i bhfeidhm feachtas feasachta poiblí.
- Cuireadh oiliúint faoi chosaint ar 21,000 ball foirne i ngníomhaireachtaí an FSS agus i ngníomhaireachtaí maoinithe ag an FSS.

## Feachtas feasachta poiblí...

Ba í aidhm an fheachtas ná aird níos géire a spreagadh i measc na hearnálacha stáit, airgeadais agus teach altranais agus i measc ball teaghlaigh agus cúramóirí chun mí-úsáid daoine fásta leochaileacha a aithint agus aghaidh a thabhairt uirthi.

Díríodh ann ar nádúr caolchúiseach na mí-úsáide ar nós duine breacaosta a chur faoi ghlas i seomra le linn bheith lasmuigh den teach, cógas a thabhairt do dhuine chun iad a cheansú nó airgead a thógáil go rúnda ó dhuine breacaosta chun costais chúraim a chlúdach, ar gníomhartha iad go léir a mhí-úsáideann saoirsí agus cearta daoine.



## Cinnteoireacht Chuidithe

Achtaíodh an tAcht um *Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015* chun creat reachtaíochta nua-aimseartha a chur i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht agus le cumas duine a uasmhéadú chun cinntí a dhéanamh. Cé nach bhfuil tosach feidhme iomlán tugtha don Acht, tá roinnt rudaí á dhéanamh ag an FSS chun foireann agus seirbhísí a ullmhú dá thosach feidhme iomlán:

- Bunaíodh grúpa stiúrtha náisiúnta atá déanta suas de bhaill foirne, d'úsáideoirí seirbhíse agus de shainchomhairleoirí chun treoir a ullmhú faoin mbaint a bheidh ag an Acht le cleachtas laethúil.
- Reáchtáladh próiseas náisiúnta comhairliúcháin.
- Tá clár oiliúna agus oideachais á ullmhú agus tá láithreán gréasáin á fhorbairt.

Píosa reachtaíochta leasaithe atá san Acht a chuireann deireadh leis an gcóras Choimirce Cúirte a bhíodh i bhfeidhm roimhe sin. Ciallaíonn sé sin maidir leo siúd a mbíonn deacracht acu le cinntí a dhéanamh faoina gcuid airgid, faoin gcúram sláinte, a socruithe maireachtála etc. go dtabharfar cabhair leo, áit is féidir, na cinntí sin a dhéanamh dóibh féin agus áit nach féidir, go gceapfar ionadaí ag an gCúirt Chuarda.

## Cinnteoireacht Chuidithe i nGníomh

Tharla gortú inchinne trámatach do John agus anois tá cónaí air i seirbhís chónaitheach. Cinneadh Coimirce Cúirte a dhéanamh de. Mar Choimirce Cúirte, ní raibh cead ag John cinntí airgeadais ná leighis a dhéanamh agus ní raibh cead aige taisteal gan fhaomhadh na cúirte. Nuair a thabharfar feidhm don *Acht um Chinnteoireacht Chuidithe*, áfach, scaoilfear John ó Choimirceocht. Cé go bhféadfadh go mbeadh gá aige fós le tacaíocht do chinntí áirithe de nádúr airgeadais nó míochaine, leis an dlí leo déanfar a neamhspleáchas a uasmhéadú chun cinntí a dhéanamh agus déanfar cinnte go dtabharfar meas iomlán ar a chuid mianta.

## Tús Áite do Leanaí

Chun cosaint leanaí a chinntiú:

- *Seoladh an Treoir Náisiúnta Tús Áite do Leanaí do Chosaint agus Leas Leanaí 2017* agus tá sé ar fáil ar [www.childrenfirst.ie](http://www.childrenfirst.ie)
- Forbraíodh clár oiliúna r-fhoghlama, ar clár éigeantach é ar [www.hseland.ie](http://www.hseland.ie). Tá oiliúint déanta ag 83,000 ball foirne, baill foirne gníomhaireachtaí maoinithe agus conraithe san áireamh.
- Cuireadh i bhfeidhm an seicliosta comhlíontacha Tús Áite do Leanaí do ghníomhaireachtaí maoinithe agus conraithe i ngach CHO agus Ospidéal Grúpa.
- Cuireadh chun cinn forbairt Ráiteas áitiúil ar Chosaint Leanaí ar fud CHOnna agus Ghrúpaí Ospidéal.

## Painéal Athbhreithnithe Neamhspleách Náisiúnta

Bunaíodh an Painéal Athbhreithnithe Neamhspleách Náisiúnta in 2017 chun bealach a thabhairt don FSS athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar chásanna áit ar cosúil gur tharla mainneachtana móra ar fud an FSS agus seirbhísí maoinithe ag an FSS, do dhaoine faoi mhíchumas. Is é a shainchúram ná athbhreithniú a dhéanamh ar na cúinsí a bhaineann le cásanna den sórt sin, agus tuarascálacha faoina chuid fionnachtana agus moltaí a chur i láthair. Tar éis gur ceapadh Cathaoirleach neamhspleách ag deireadh 2016, ceapadh cúigear ball painéil, atá freagrach as raon de theagmhais thromchúiseacha a fhiosrú, i rith 2017.

# Sármhaitheas i Seachadadh ár Seirbhíse Sláinte

Leis na Dámhachtainí um Sármhaitheas sa tSeirbhís Sláinte, ar dámhachtainí bliantúla iad, spreagtar daoine chun seirbhísí sláinte níos fearr a fhorbairt. Is ardán é chun nuáil agus dea-chleachtas a aithint, rath a cheiliúradh agus foghlaim a chur chun cinn le leas daoine eile. Iontráladh os cionn 300 tionscadal as gach cearn den tír i nDámhachtainí 2017 um Feabhas sa tSeirbhís Sláinte, agus reáchtáladh an searmanas dámhachtainí i Farmleigh i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath. Leagann na tionscadail sin béim ar thiomantas agus dhiograise ár gcuid ball foirne a bhíonn ag obair gach lá chun seirbhísí níos fearr a sholáthar le rochtain níos éasca agus cúram de chaighdeán níos airde d'othair. Bhain aon cheann déag de thionscadail nuálacha amach an gearrliosta deireanach tar éis phróiseas dian roghnúcháin.



Tá cuireadh á thabhairt do bhuaiteoirí an méid a d'fhoghlaim siad a chur i láthair agus a roinnt ar fud na tíre in 2018 trí imeachtaí Roinn an Fhoghlaim atá á n-eagrú ar leibhéal CHO/Grúpa Ospidéal.

## Tionscadail na n-iomaitheoirí sa bhabhta ceannais

Dámhachtain	Buaiteoir
Foriomlán	<b>Comhordú nuálach tacaíochta do dhaoine breacaosta –</b> Cúram Sóisialta Náisiúnta/CHO 9, Cathair agus Contae Thuaidh Bhaile Átha Cliath agus ALONE
Rogha Móréilimh; Tionscadal Foirne	<b>Clár Bhraonta Súl Séirim –</b> Bunaíocht Fola agus Fíochán na Gaillimhe Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh
Tionscadal Speisialta AD	<b>Tionscadal Bronntanais –</b> CHO 2 Maigh Eo/Tusla/Comhairle Chontae Mhaigh Eo
Sláinte ár Leanaí a Fheabhsú	<b>Feachtas um Vacsainí in aghaidh an Fhlú –</b> Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí (Sráid an Teampaill), Baile Átha Cliath
Ag Tacú le Pobal Folláin	<b>An Fhoireann um Theiripe Idirghabháil do Laige –</b> Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath
Taithí na nOthar a Fheabhsú	<b>An tsamhail Food First a chur chun cinn agus táirgí cothaithe chliniciúil in ospidéal a bhainistiú –</b> Ospidéal Mhuire Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath
An Comhtháthú is Fearr	<b>Bealach um Chos Diaibéiteach Thromchúiseach: cur chuige ildhisciplíneach –</b> Ospidéal na hOllscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath
Éifeachtúlacht agus Luach sa Chúram Sláinte a Fheabhsú	<b>Ról an teicneoir cógaslainne a chur chun cinn agus luach níos fearr ar airgead a thabhairt ar chaiteachas drugaí ag ospidéal –</b> Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath
Sármhaitheas sa Chúram Ardchaighdeán	<b>Seirbhís faoi stiúir altraí um chur isteach líne PICC le haghaidh othair haemateolaíochta –</b> Ospidéal na hOllscoile Port Láirge
Nuáil sa Soláthar Seirbhíse	<b>Clinic scagtha aisiomptómach faoi stiúir altraí –</b> Seirbhís Sláinte d'Fhir Aeracha, Ospidéal Shráid Bhagóid, Baile Átha Cliath
Éagsúlacht, Comhionannas agus Lánpháirtíocht a Chur chun Cinn	<b>Siobhan O'Dea –</b> Seirbhís Sláinte d'Fhir Aeracha, Ospidéal Shráid Bhagóid, Baile Átha Cliath
Sármhaitheas i mBainistiocht Sreafa Othair	<b>An Chlinic um Measúnú Tráma –</b> An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre Tulach Mhór

Cé gur dhírigh muid ar an Dámhachtain Fhoriomlán, ar an Dámhachtain Rogha Móréilimh agus ar an Dámhachtain Speisialta AD ar na chéad chúpla leathanach eile, is féidir féachaint ar roinnt tionscadal nuálach eile i gcodanna eile den Tuarascáil Bhliantúil.



## Dámhachtain Fhoriomlán Comhordú ar thacaíocht nuálach do dhaoine breacaosta

Is í aidhm an chomhthionscadail idir an FSS agus ALONE, ná daoine breacaosta a choimeád ag caitheamh saol folláin sa bhaile chomh fada agus is féidir. Trí sheirbhísí a chomhordú agus a eagrú do dhaoine breacaosta a d'fhéadfadh go mbeadh roinnt tacaíochta breise uathu chun gur féidir leo fanacht sa bhaile nó roinnt cúnamh phraiticiúil chun filleadh abhaile ón ospidéal, thug an dá ghníomhaireacht go dtí seo tacaíocht do 489 duine breacaosta i gCathair agus Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Soláthraíonn saorálaithe oilte:

- Seirbhís um imeachtaí agus cairde a dhéanamh
- Cur i ngníomh sochar agus teidlíochtaí
- Rochtain ar sheirbhísí cúraim phríomhúil
- Cur i bhfeidhm deontas oiriúnaithe agus maoirseacht air
- Pleanáil dheireadh saoil
- Buiséadú.

Is é aidhm an tionscadail seo ná:

- Líon na ndaoine a laghdú a dhéantar a ospidéalú agus tacú le daoine breacaosta atá á scaoileadh abhaile.
- Cur i dtithe altranais a sheachaint, do dhaoine breacaosta a bhfuil a riachtanais tacaíochta níos ísle.
- Fachtóirí a aithint a choimeádann duine breacaosta ó shaol folláin a chaitheamh sa bhaile agus na hacmhainní agus na tacaí praiticiúla agus sóisialta a aithint chun aghaidh a thabhairt ar na fachtóirí sin.
- Nascadh le tacaí cúraim phobail agus príomhúil.
- Comhordú a dhéanamh ar thacaí iolracha ar fud ghníomhaireachtaí stáit agus seirbhísí áitiúla pobail agus príobháideacha.
- Iarratas a dhéanamh ar dheontais agus chúnamh d'oiriúnú tí, agus cabhair le hathruithe praiticiúla ar thithe.
- Uaigneas agus leithlisiú a chomhrac trí sheirbhísí chun cairde a dhéanamh agus seirbhísí abhcóideachta.

Cruthaíonn an clár samhail chostéifeachtach, inscálaithe agus inaistrithe trí oibriú le gach seirbhís sa cheantar chun déanamh cinnte go bhfaigheann daoine breacaosta an tacaíocht atá ag teastáil uathu. Tá triail á baint freisin as cur i bhfeidhm teicneolaíochta cuidithí chun aschuir bunaithe ar riachtanais a bhaint amach agus na haschuir sin a bheith ar fáil i réadam.

Forbraíodh córas bainistíochta faisnéise chun tomhas agus tuairisciú sonraí a fheabhsú.

## Gradam Rogha an Phobail Clár bhraonta súil séirim – an Bhunaíocht Fola agus Fíochán na Gaillimhe in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh

Roimh 2011, maidir le gach othar a thugtaí braonta súil séirim uathlógacha (ASEnna) in Éirinn, thagadh a seirim ó aonad d'fhuil uathlógach (tugtha ag an othar féin), a sheoltaí go Speke, Learpholl le próiseáil. Ansin seoladh an táirge ar ais go hÉirinn agus eisíodh chuig an othar é ag Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann.

Rinne an fhoireann taighde fairsing ar dhéanamh an táirge i láithreáin éagsúla ar fud an domhain agus tá na blianta fada de sheirbhís caite acu ar an gceadúnas um Dhea-chleachtas Déantúsaíochta a fháil chun braonta súil séirim uathlógacha agus allaigineacha a dhéanamh (níl an t-othar oiriúnach chun fuil a thabhairt agus mar sin faightear fuil ón Lárionad Náisiúnta Fola).

Is é Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh an t-aon ospidéal amháin in Éirinn atá ceadúnaithe chun braonta súil séirim (SEnna) a dhéanamh. Ós rud é nach bhfuil aon láithreán eile ag déanamh an táirge, is í Bunaíocht Fola agus Fíochán na Gaillimhe a cheapadh gach gné den nós imeachta ó mheasúnú othair go táirgeadh.

Is é atá i SENna ná táirge bainte ó sheirim a úsáidtear chun raon de neamhoird dhromchla súil a chóireáil. Ba í 2017 an bhliain ba ghnóthaí do SENna go dtí seo agus caithear é sin a chur i leith an fhoireann ASE a sholáthair clár chomh héifeachtúil. Tá go leor othar ar fud na tíre ar cuireadh feabhas suntasach ar a saol a bhuíochas don chóireáil seo.


## Dámhachtain Speisialta AD Bronntanas – Tacaíocht d'othair a mbíonn deacrachtaí acu um Nollaig

Tríd an Tionscadal Bronntanais a bhainistíonn baill foirne Tusla i gCo. Mhaigh Eo, i gcomhpháirt le baill foirne sa FSS agus i gComhairle Contae Mhaigh Eo, tugtar tacaíocht do thuismitheoirí i Maigh Eo a mbíonn deacrachtaí acu um Nollaig trí bhronntanas a thabhairt dóibh chun tabhairt dá leanaí maidin Lá Nollag.

Ceannaíonn saorálaithe as gach cearn den tír a earcaítear trí fheachtais sna meáin, i dteannta le saorálaithe ón FSS, Tusla agus ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, bronntanas Nollag beag do pháiste ar leith nach féidir lena dtuismitheoirí bronntanas a cheannach. Aithnítear na teaghlach sin ag seirbhísí pobail nó trína dteagmháil leis an gcomhordaitheoir scéime. Bíonn a gcuid iarratas códaithe agus tugann saorálaithe sonraí gairide faoin mbronntanas le ceannach agus faoi ionad lárnach chun é a fhágáil ann. Is féidir dearbháin a thabhairt freisin do thuismitheoirí chun cabhrú le hóc as rud níos costasaí. Bainistíonn an comhordaitheoir scéime scaipeadh na mbronntanas.

Measann na thuismitheoirí a úsáideann an scéim go bhfuil an bealach gairmiúil ina n-eagraítear na bronntanas tacúil agus neamhbhreithiúnach. Tá an scéim, a tháinig chun cinn tar éis comhrá idir baill foirne ar shos caife 15 bliana ó sin, imithe ó neart go neart. Bíonn an t-éileamh ar bhronntanais níos mó gach bliain. In 2015 thug siad 250 bronntanas do leanaí i Maigh Eo, in 2016 chuaigh sé i méid go 350 agus tugadh amach os cionn 500 bronntanais in 2017, rud a thóg píosa beag de dhraíocht na Nollag do go leor tithe a raibh gá acu leo.

**Gradaim  
Sármhaitheasa na  
Seirbhíse Sláinte  
2017**





# Soláthar Seirbhíse

# Gníomhaíocht cúraim sláinte in 2017...

## Sláinte agus leas níos fearr a chumasú

Fuair

**95%**

de leanaí in aois 24 mí 3 dháileog den vacsaín 6 in 1



Fuair

**92%**

de leanaí in aois 24 mí an vacsaín MMR



Fuair

**11,952**

caiteoir tobac diantacaíocht scoir



Rinne

**1,076**


gairmí cúram sláinte traenáil in idirghabháil ghairid le caitheamh tobac a scor



Chríochnaigh

**2,521**

duine clár struchtúrtha oideachais othar ar diaibéiteas



Fuair

**164,187**


bean mamagram



Ghlac

**96,239**


duine páirt i RetinaScreen Dhiaibéitigh

**558**

briseadh amach sláinte pobail bainistithe



## Freagairt do ghalair thógálacha

**927**


cás Escherichia coli véaraicíteatocsaigineach (VTEC)

**321**

cás eitinne

**77**

cás galair meiningeacócúil

**25**

cás den bhruitíneach

## Tacú le daoine i gcúram príomhúil, sa phobal agus sa bhaile...

## ...tacú leo siúd atá leochaileach

**38,207**

atreorúchán  
chuig Foirne  
Idirghabhála  
Pobail



Cuairt  
tugtha ag  
ASP (PHN) ar

**98%**

de leanaí nuabheirthe  
laistigh de 72 uair an chloig



Fuair

**9,804**

othar cóireáil  
ionadaithe ópóideach  
(lasmuigh de phríosúin)

Fuair

**20,652**

othar ultrafhuaim  
i suíomhanna  
cúram príomha



**508**

pacáiste cúraim  
bhaile pédiatraigh  
curtha ar fáil chun  
tacú le leanaí sa bhaile



**318**

duine ar an  
meán tacaithe  
ag seirbhísí  
sainchúraim  
mhaolaithigh lae



**487,510**

duine a bhfuil cártaí  
cuairte GP acu



I gcás

**1,101**

duine a glacadh  
isteach i mbrúnna  
cóiríochta éigeandála  
do dhaoine gan  
dídean, rinneadh  
a chuid riachtanas  
sláinte a mheasúnú  
laistigh de dhá bhliain.

**1,609,820**

duine a bhfuil  
cártaí leighis acu



**1,065,230**

teagmháil le  
DG Iasmuigh  
d'Uaireanta Oibre



**79** milliún  
mír curtha isteach  
mar éilimh ar  
íocaíocht



Íocaíodh

**€2.7bn**

i dtáillí  
aisíocaíochta



Fuair

**4,699**

ball den Phobal  
Taistealaithe  
eolas sláinte ar  
dhiaibéiteas cineál  
2 agus sláinte  
chardashoithíoch

## ...tacú le meabhairshláinte a bharrfheabhsú

## ...ag tacú le daoine faoi mhíchumas

**10,304**

leanbh/ógánach feicthe ag Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanáí agus d'Ógánaigh (CAMHanna)



Glacadh

**226**

duine isteach in aonaid ghéarchúraim chónaithe CAMH



D'fhreastail seirbhísí meabhairghalair ar

**28,513**

duine fásta



Glacadh

**12,155**

duine isteach in aonaid ghéarchúraim chónaithe



D'fhreastail seirbhísí meabhairghalair ar

**8,614**

síciatracht othair scothaosta



**2.5** milliún amharc leathanaigh do [www.yourmentalhealth.ie](http://www.yourmentalhealth.ie)



Aistríodh

**147**

duine ó láithreacha comhchónaithe



D'fhreastail

**16,290**

duine ar sheirbhísí lae eile



Cuireadh

**2.8**

milliún uair tacaíochta baile ar fáil



Cuireadh

**1.5**

milliún uair cúntóra pearsanta ar fáil



Cuireadh socrúcháin cúram lae ar fáil do

**97%**

fágálaí scoile nua



Cuireadh

**158,296**

oíche faoisimh ar fáil

## ...ag tacú le daoine breacaosta



Tugadh

**10.39**milliún uair an  
chloig de Chúnamh  
Baile do bheagnach  
47,000 duineTacaíocht tugtha  
do**19,807**duine trí phacáistí  
cúraim bhaile**194**leaba cúraim  
idirthréimhsigh  
ar fáil gach  
seachtain

Bhain

**224**duine leas  
as pacáistí  
dianchúraim  
bhaileTacaíocht tugtha  
do os cionn**22,949**duine faoin Scéim  
Tacaíochta do  
Thithe AltranaisSeirbhísí cúraim éigeandála  
réamhospidéil**509**feithicil (267 otharcharr  
éigeandála san  
áireamh) ar fáil

Leithdháileadh

**€14.53m**sa bhuiséad  
don fhliú**321,379**glaó éigeandála  
otharchairr freagartha

Rinneadh

**30,396**aistriú  
idir-ospidéal**1,099**aistriú aonaid speisialaithe  
déanta ag aonad  
nuabheirthe an otharcharr  
leanaí 'Bumbleance', an  
Clár Náisiúnta Iompair  
Leanaí agus an tseirbhís  
dianchúraim shoghluaisteRinne seirbhís  
chúram  
idirmheánach  
bainistiú ar**89%**de ghlaonna  
aistrithe othar**653**glaó aerailighis  
déanta

## Seirbhísí curtha ar fáil in ospidéal dianchúraim

# Ar ghnáthlá i rith na seachtaine...



Tugadh  
**1,742**  
othar cónaithe  
scaoilte amach  
ón ospidéal



**254**  
othar cónaithe  
rognach  
scaoilte amach



**1,185**  
othar cónaithe  
éigeandála  
scaoilte amach



**8**  
n-obráid  
éigeandála  
briseadh  
corróige  
déanta



**11**  
gcolaicisteachtóime  
laparascópach  
rognach déanta



Fuair  
**4,342**  
duine cóireáil  
cáis lae



D'fhreastail  
**13,389**  
duine ar rannóga  
seachtracha



D'fhreastail  
**3,506**  
duine ar ED



**2,758**  
duine ligthe  
isteach nó  
scaoilte amach  
as ED laistigh  
de 9 n-uaire



Fuair  
**1,804**  
othar haema-  
scagdhéalaithe




Fuair  
**250**  
othar cúram  
scagdhéalaithe  
teiripe baile



Rugadh  
**170**  
páiste



Tháinig  
**78**  
othar i láthair,  
triáiseáilte mar  
phráinneach,  
ag clinicí do  
shiomptóim chíce



Tháinig  
**14**  
othar i láthair  
chlinicí mear-  
rochtana  
scamhóige



Tháinig  
**12**  
othar i láthair  
chlinicí mear-  
rochtana  
prostataigh



# Sláinte agus Folláine

Mar chuid de chláir Operation Transformation Éire Fholláin, d'eagair an FSS imeacht – *Grá don Saol Grá don Siúl do bhaill foirne* í mí Feabhra chun feasacht a mhéadú faoin tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht choirp a chuimsiú ina lá oibre. Shiúil baili foirne inár 2,594 láithreán oibre chun na hoibre ar fud na tíre nó timpeall a n-ionaid oibre mar chuid den tionscnamh agus roinn siad a dtaithí ar na meáin shóisialta.



Tá sláinte agus leas an daonra a fheabhsú ag croílár an chláir um leasú sláinte. Cur i bhfeidhm *Éire Fholláin: Tá an Creat um Shláinte agus Leas Feabhsaithe 2013-2025* ríthábhachtach chun deis a thabhairt do gach duine leas a bhaint as folláine agus leas fisiceach agus meabhrach an oiread is féidir.

Déantar sláinte agus leas a chur chun cinn trí sheirbhísí náisiúnta mar an tseirbhís scagtha, sláinte chomhshaoil, cur chun cinn na sláinte, agus feabhsú sláinte poiblí.

## Ag cur Creat Éire Shláintiúil i bhfeidhm

- Tá cur i bhfeidhm phleananna *Éire Fholláin* faoi lán seoil i Saolta, UL, RCSI agus i nGrúpaí Ospidéal Oirthear na hÉireann. Sheol Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre a bplean forfheidhmithe i mí Dheireadh Fómhair agus tá obair faoi lán seoil chun cinntiú go gcuirfear i bhfeidhm in 2018 é.
- Tá struchtúir á gcur i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm *Éire Fholláin* ar leibhéal CHO a chumasú. Dréachtaíodh pleananna um chur i bhfeidhm do shé CHO agus tá obair ullmhúcháin ar siúl chun na pleananna CHO eile a chur chun cinn.
- Bunaíodh ciste *Éire Fholláin* ag an DoH faoi thionscnamh náisiúnta chun sláinte agus leas a fheabhsú. Is í aidhm an chiste nua sin ar leithdháileadh maoinithe 'broidte' de €5m dó in 2017, ná tacú le hoibríú i gcomhpháirtíocht chun cabhrú le cur i bhfeidhm beartas agus phleananna lárnacha náisiúnta faoi *Éire Fholláin* ina bpléitear le tionscnaimh mar ghníomhaíocht fhisiceach, cosc murtaill agus sochaí saor ó thobac a chruthú.
- Spreagann an feachtas *Éire Fholláin* do dhaoine bheith gníomhach, bia folláin a ithe agus aire a thabhairt dá leas meabhrach ar fud na meán raidió, digiteach, sóisialta agus prionta leis an teachtaireacht 'is féidir le hathruithe beaga difríocht mhór a dhéanamh do do shláinte agus leas fisiceach agus meabhrach'. Cuireadh raon eolais ar fáil chun tacú leis an tionscnamh náisiúnta Rialtais sin chun sláinte agus leas a chur chun cinn ar fud na tíre.
- Making Every Contact Count (MECC):
  - Tá cur i bhfeidhm *Making Every Contact Count: Creat agus Plean Forfheidhmithe um Athrú ar Iompraíocht Sláinte do Ghairmithe Sláinte i Seirbhís Sláinte na hÉireann* ar siúl.
  - Tá curaclam náisiúnta fochéime ar MECC i gcomhar le gach scoil leighis agus altranais tugtha chun críche.
  - Tá cúrsa foghlama cumaisc Chéim 1 do gach ball foirne cúraim sláinte tugtha chun críche.
  - Chun cinntiú go bhfuil ár bhfeidhmíocht fhoriomlán á tomhas againn, tá dhá tháscaire nua MECC curtha i bhfeidhm do 2018.
- Is é atá i dtacaíocht féinbhainistíochta (TFB) ná soláthar idirghabhálacha oideachais agus tacúla, chun scileanna agus muintín othar a bhainistiú maidir lena gcuid fadhbanna sláinte a láimhseáil. Ceapadh beirt de na naonúr comhordaitheoir tacaíochta féinbhainistíochta i mí na Nollag chun seirbhísí a chur chun cinn agus a chomhordú. Ceapadh ceathrar eile ag tús 2018.
- Bunaíodh agus seoladh an chéad chéim den Lónra *Éire Fholláin*. Is í aidhm an lónra ná eagraíochtaí éagsúla ar fud na tíre a chur i ngníomh chun tacú le comhiarrachtaí chun an ghluaiseacht náisiúnta um shláinte agus leas a chur chun cinn.

- Foilsíodh an Straitéis um Thaighde ar Aosú Folláin agus Dearfach do Chách 2015-2019* chun tacú le taighde arb é an aidhm atá i gceist leis ná beatha daoine a fheabhsú agus iad ag dul in aois.
- Forbraíodh *creat Éire Fholláin* don ionad oibre i gcomhpháirt leis an DoH. Is féidir é a chur in oiriúint do shuíomh ionaid oibre ar bith agus cabhraíonn sé le hionaid oibre folláine a chruthú agus a choimeád.
- Leanadh ar aghaidh le soláthar tacaíochta spriocdhírthe chun fuinneamh a chur chun cinn agus a chothú don chláir sláinte agus leasa foirne i ngach seirbhís. Bhí sé seo dírithe ar ionaid oibre shláintiúla, ar ghníomhaíocht coirp a spreagadh, ar iompar/cleachtais oibre neamhghníomhach a laghdú, aghaidh a thabhairt ar an ionad oibre fisiciúil agus a bhfuil timpeall air agus ar mheabhairshláinte agus folláine dhearfach a spreagadh.
- Pleanáil agus Taighde:
  - Pleanáil don tSláinte: Foilsíodh Treochtaí agus Tosaíochtaí chun Bonn Eolais a chur faoi Phleanáil Seirbhíse 2017.*
  - Forbraíodh roinnt pleananna straitéiseacha agus treoir i raon seirbhísí a chuimsigh sláinte leanaí, diaitéitic, galar ainsealach, cothú, bia folláin agus sláinte ghnéis.
  - Bunaíodh feidhm nua taighde agus forbartha, rud a d'fhorbair níos mó an cumas faisnéise sláinte.

*Is féidir raon de thionscnamh Éire Fholláin a fheiceáil i ngach cuid den Tuarascáil Bhliantúil seo.*

## Galar ainsealach a laghdú agus sláinte agus folláine ár bpobal a fheabhsú

- Éire Saor ó Thobac:
  - Thug fionnachtana ó Shuirbhé *Éire Fholláin* 2017 maidir le 47% díobh siúd go léir a bhí ag caitheamh tobac le 12 mhí anuas go ndearna siad iarracht éirí as.
  - Seoladh an fógra agus an feachtas teilifíse nua, *I will Survive*, i mí Aibreáin. Dhírigh an feachtas ar an bhfíric go bhfuil níos mó daoine éirithe as tobac in Éirinn ná mar atá daoine ag caitheamh tobac. Is í aidhm na teachtaireachta sin ar son éirí as ná an eagla roimh éirí as a mhaolú agus taispeánann pobal de dhaoine a bhíodh ag caitheamh tobac ar mó an seans go bhfreagróidh daoine dóibh. Ghnóthaigh an feachtas ceithre dhámhachtain, a raibh ina measc dhá dhámhachtain sa chatagóir idirnáisiúnta mór le rá. Tá an Department of Health, Bureau of Tobacco Control i Stát Nua-Eabhrac ag taispeáint an fhógra teilifíse sin a ghnóthaigh dámhachtain ar fud Stát Nua-Eabhrac i mí Eanáir 2018.

- Ghlac Clár an FSS um Éirinn Saor ó Thobac páirt i measúnú HIQA ar theicneolaíocht sláinte, inar scrúdaíodh idirghabhálacha éifeachtacha um éirí as tobac. Tá obair ag dul ar aghaidh chun treoirlínte cliniciúla náisiúnta a fhorbairt um aithint, diagnóisiú agus cóireáil andúile tobac.
- Cuireadh ocht gceardlann faoi Champas Saor ó Thobac ar fáil thar raon CHOnna. Ba é cuspóir na gceardlann ná ról a thabhairt do bhainisteoirí áitiúla i gcur i bhfeidhm an bheartais, líonraí áitiúla tacúla a fhorbairt, samhaltacha dea-chleachtais a aithint chomh maith le dúshlán um chur i bhfeidhm áitiúil, agus tacú le forbairtí amach anseo agus iad a threorú.
- Forbraíodh samhail chomhtháite cúraim um chosc agus bainistiú galair ainsealigh, i dteannta le fréamhshamhail um riachtanais don chonradh GP chun bealach cúraim chomhtháite a fhorbairt.
- Forbraíodh an creat náisiúnta SMS agus an plean cur i bhfeidhm um ghalair ainsealacha, galar scamhóige toirmeascach ainsealach (COPD), asma, diaibéiteas agus galar cardashoithíoch, *Living Well with a Chronic Condition: Creat um Thacaíocht Féinbhainistíochta*. Tá sé sin á chur i bhfeidhm trí na comhordaitheoirí tacaíochta féinbhainistíochta atá á gceapadh i ngach CHO.
- Ceapadh ceannaire cliniciúil chun cur i bhfeidhm *Meáchan Sláintiúil d'Éirinn: Beartas agus Plean Gníomhaíochta maidir le Murtall 2016-2025* a chur chun cinn.
- Mar chuid de chur i bhfeidhm an *Straitéis Náisiúnta Sláinte Gnéis 2015-2020*, síneadh an vacsaín in aghaidh an phapalómaivíris dhaonna go grúpaí ardriosca a raibh ina measc fir idir 16 agus 26 bliana d'aois a mbíonn gnéas acu le fir.
- Cuireadh tús le samhail athbhreithnithe a fhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm na nDeich gCéime i dtreo Bheathú Cíche Rathúil de chuid an WHO/ UNICEF atá mar bhonn don Tionscnamh chun Tacú le Leanáí in Éirinn.
- Leanadh ar aghaidh le hobair chun úsáid BreastCheck, CervicalCheck, BowelScreen agus Diabetic RetinaScreen i measc daonra ábhartha a thacú agus a chur chun cinn i gcomhar leis an tSeirbhís Náisiúnta Scagtha.
- Foilsíodh *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann* ar Fhrithsheasmhacht Fhrith-mhiocróbach 2017-2020. Bunaíodh foireann fhreagartha HCAI/ AMR chun oibriú le CHOnna agus le Grúpaí Ospidéal le cláir mhaoirseachta AMR agus nósanna imeachta um rialú ionfhabhtaithe a chur chun cinn. Ceapadh ceannaire cliniciúil náisiúnta chun gníomhaíocht bainteach le HCAI/AMR ar fud an FSS a shruthlíniú agus a chomhtháthú. Forbraíodh an láithreán gréasáin [www.hse.ie/hcai](http://www.hse.ie/hcai) lenar áiríodh pacáí acmhainne, cláir oiliúna agus naisc le láithreáin idirnáisiúnta.
- Mar fhreagra sláinte poiblí ar an tarbhfhrid CPE/CRE (carbaiepeimeifhriotaíoch enterobacteriaceae) thionóil an tAire Sláinte, Simon Harris TD, foireann um éigeandáil sláinte poiblí náisiúnta, chun *comhairle, treoir agus tacaíocht a thabhairt faoi mhaoirseacht agus faoi bhainistíocht CPE ar leibhéal náisiúnta agus ar aon dul le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann ar Fhrithsheasmhacht Fhrith-mhiocróbach 2017-2020*.
- Foilsíodh an t-Athbhreithniú ar an tSeirbhís Sláinte Chomhshaoil 2016 agus léargas ann do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha faoi fhairsinge agus ról na seirbhíse seo, agus an raon leathan gníomhaíochta a dhéantar aici a leagan amach.
- Cé go raibh comhlíonadh ard ann maidir leis an *Acht Sláinte Poiblí (Tobac) 2002* tharla deich gcás ionchúisimh in 2017 agus an toradh orthu ná ciontú i gcionta bainteach le tobac.
- Rinneadh 33,162 iniúchadh oifigiúil um maoirseacht ar rialú bia ar ghnóthais bhia. As na hiniúchtaí maoirseachta pleanáilte sin, bhí toradh míshásúil, toradh an-mhíshásúil nó toradh tromchúiseach míshásúil ag 20.7% díobh. Fuarthas 2,818 gearán bainteach le bia – 501 gearán faoi bhia agus 2,317 gearán faoi ghnóthais bhia.
- Críochnaíodh bliain a trí den Chlár Sláinte Poiblí um Iniúchadh ar Leapacha Gréine agus iniúchadh ceannaigh trialaigh déanta ar 32 bhunaíocht i rith na bliana.
- Chun comhlíonadh na *Rialachán ar Fhluaireidí* Soláthairtí Uisce 2007 a chinntiú chomh maith leis an raon tíuchana reachtúil d'fhluairíd i soláthairtí poiblí uisce óil, tógadh 2,460 sampla d'uisce óil.

## An daonra a chosaint ó bhagairtí dá sláinte agus dá bhfolláine

- Seoladh an feachtas don vacsaín in aghaidh an fhliú i mí na Samhna agus béim láidir curtha ar rátaí vacsaínithe a mhéadú i measc oibríthe cúraim sláinte. Rinneadh nuashonrú ar threoirlínte faoin vacsaín fliú, agus comhairle iontu dóibh siúd a bhfuil ailse orthu.

# Feachtais um athrú iompraíochta 2017



Tá gealltanús tugtha ag an FSS chun an t-eolas ceart bunaithe ar fhianaise faoin vacsaín HPV a chur chun cinn, le cabhrú le tuismitheoirí cinneadh eolach a dhéanamh. Cuireadh le clár vacsaíní HPV na scoileanna 2017/2018 ag feachtas nuachta, meán sóisialta agus margaíochta, bunaithe ar an téama #protectourfuture, agus a raibh tacaíocht aige ó ghrúpa leathan d'eagraíochtaí comhpháirtí agus de phearsana poiblí. Mar thoradh air sin is í Éire an chéad tír ar an domhan a thiontaigh thart treocht síos i vacsaíniú HPV.

Sa phictiúr ag an seoladh: Louise Dukes, Eva Kelly, Katie O'Connor, Sarah Robinson agus Robyn Hendrick leis an Aire Sláinte, Simon Harris TD.



Seoladh an láithreán gréasáin nua [www.askaboutalcohol.ie](http://www.askaboutalcohol.ie) ar a dtugtar eolas tiomnaithe faoi riosca an alcóil chun gur féidir le daoine roghanna níos folláine a dhéanamh faoina úsáid. Cuirtear tacaíocht agus treoir ar fáil air dóibh siad ar mian leo a gcuid ólacháin a laghdú agus tá aimsitheoir seirbhíse air chun cabhrú le daoine a cheangal le tacaíocht agus seirbhísí.





Sheol an Tionscnamh *Dementia: Understand Together* faoi stiúir an FSS i gcomhpháirt le Cumann Alzheimer na hÉireann agus Genio, feachtas nua um fógraíocht teilifíse, raidió agus ar líne. Tharla seoladh an fheachtais ag an am céanna le nochtadh an láithreáin ghréasáin nua [www.understandtogether.ie](http://www.understandtogether.ie) dóibh siúd ar mian leo níos mó eolais a fháil faoi néaltrú.

Sa phictiúr ag an seoladh: Maureen O'Hara agus Paddy Butler.

Seoladh feachtas nua cúig-bliana um feachtas faoi shláinte phoiblí *START* i gcomhar le safefood chun teaghlaigh a chur ar an mbealach i dtreo todhchaí níos folláine. Forbraíodh an feachtas, atá tacaíthe ag *Meáchan Sláintiúil d'Éirinn: Beartas agus Plean Gníomhaíochta maidir le Murtall 2016-2025*, le hionchur ó thuismitheoirí, ó ghairmithe sláinte agus cheannairí pobail. Aithnítear ann go bhfuil go leor réiteach ann chun aghaidh a thabhairt ar ról-mheáchan agus mhurtall agus go bhfuil ról le glacadh ag gach earnáil san fhadhb mhór sláinte sin.


Sa phictiúr ag an seoladh: An tAire Sláinte, Simon Harris TD, agus an tAire Stáit um Chur chun Cinn na Sláinte agus um an Straitéis Náisiúnta Drugaí, Catherine Byrne TD, le Jack agus Hannah Galvin.



Is í aidhm an chláir *Making Every Contact Count (MECC)* ná deiseanna a thagann chun cinn don ghairmí sláinte gach lá chun tacaíocht a thabhairt d'othair trí idirghabháil ghairid le hathrú ar stíl mhaireachtála a dhéanamh agus baol an ghalair ainsealaigh a laghdú. Cuimsíonn an creat MECC a seoladh i rith na bliana samhail um athrú ar iompraíocht sláinte agus plean trí-bliana um chur i bhfeidhm.

Sa phictiúr ag an seoladh: Dr Stephanie O'Keeffe, An Stiúrthóir Náisiúnta, Sláinte agus Leas, an Dr Orlaith O'Reilly, Comhairleoir Cliniciúil Náisiúnta agus Ceannaire Cláir agus an Dr Áine Carroll, Stiúrthóir Náisiúnta, Cláir Chliniciúla.









# Cúram Sláinte Pobail

**Tá an raon leathan seirbhísí a chuirtear ar fáil lasmuigh de chóras na nOspidéal géarmhíochaine ináirithe sa chúram sláinte pobail. Cuimsíonn sé sin seirbhísí sláinte agus leasa, seirbhísí cúraim phríomhúil agus meabhairshláinte agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine breacaosta.**

## Cúram Príomhúil

**Oibríú i dtreo aistriú chinntithigh a cheadú i dtreo seirbhísí cúraim phríomhúil níos láidre agus níos comhtháite, an gá le hospidéalú a laghdú, agus feabhsúcháin ar cháilíocht, shábháilteacht agus freagrúlacht na seirbhísí sin agus ar rochtain orthu a fheabhsú.**

Cuimsíonn seirbhísí foirne cúraim phríomhúil (FCPanna), seirbhísí de chuid líonra cúraim sláinte pobail, cuimsiú sóisialta, seirbhísí cúraim mhaolaithigh agus aisíocaíocht scéimeanna.

## Meabhairshláinte

**Tacú le daoine chun meabhairshláinte bharrmhaith a bheith acu agus an rannpháirtíocht is mó sa saol agus is féidir a cheadú. Cóireáil rathúil i láthair cúraim phríomhúil, agus níos lú ná 10% á n-atreorú chuig sainseirbhísí meabhairshláinte bunaithe sa phobal.**

Áirítear le sainseirbhísí meabhairshláinte seirbhísí géarchúraim d'othair chónaitheacha, ospidéal lae, clinic d'othair sheachtracha, foirne meabhairshláinte bunaithe sa phobal (CAMHs, seirbhísí ginearálta do dhaoine fásta agus síciatracht do dhaoine breacaosta), meabhairshláinte an mhíchumais intleachta, seirbhísí cónaitheacha pobail agus seirbhísí cónaitheacha cúraim leantaigh.

## Daoine faoi Mhíchumas

**An saol a athrú ó bhonn agus cur ar chumas daoine faoi mhíchumas a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh, agus iad chomh neamhspleách agus is féidir, agus gnáthshaol a chaitheamh i ngnátháit.**

Cuirtear seirbhísí ar fáil dóibh siúd atá faoi mhíchumas fisiceach, céadfach, míchumas intleachta nó a bhfuil uathachas orthu i láithreacha lae, cúraim fhaoisimh nó cúraim chónaithe. I measc na seirbhísí tá cúntóir pearsanta, tacaíocht bhaile agus tacaí pobail eile.

## Daoine scothaosta

**Daoine scothaosta, a dteaghlair agus a bpobail áitiúla a chumhachtú agus a n-acmhainn a uasmhéadú chun gur féidir le daoine maireachtáil go neamhspleách ina dtithe agus ina bpobail féin an oiread agus is féidir. An cháilíocht bheatha a fheabhsú dóibh siúd ag a bhfuil riachtanais cúraim sláinte agus shóisialta níos casta trí sholáthar an chúraim a aistriú ó ospidéal ghéarmhíochaine go cúram pianáilte agus comhordaithe atá bunaithe sa phobal.**


I measc na seirbhísí tá tacaí baile, cúram gearrchónaithe agus fadchónaithe, cúram idirthréimhseach agus cúram lae.

**Déantar seachadadh ar na seirbhísí sin tríd an FSS agus a cuid gníomhaireachtaí maoinithe chuig daoine ina bpobail áitiúla, chomh gar agus is féidir dá mbaile trí naoi n-Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail (CHOnna).**

**Bíonn Príomhoifigeach i gceannas ar an bhfoireann bainistíochta áitiúil i ngach CHO, ag díriú ar na seirbhísí speisialaithe uile ina gceantar. Tá sé mar aidhm ag an socrú seo go ndéanfaí níos éasca é do dhaoine rochtain a fháil ar sheirbhísí áitiúla, bainistíocht agus freagracht a fheabhsú, agus deis a thabhairt cinnteoireacht áitiúil a neartú.**

# Naoi n-Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail...

Ag freastal ar dhaonra d'os cionn 4.7 milliún duine – foroinnte i 96 líonra le go ndéanfar cúram agus seirbhísí a sholáthar ar bhonn daonra



- CHO 1:** An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach
- CHO 2:** An tIarthar: Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin
- CHO 3:** An tIarthar Láir: An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh
- CHO 4:** Corcaigh agus Ciarraí
- CHO 5:** An tOirthear Theas: Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge, Loch Garman
- CHO 6:** Baile Átha Cliath Thoir Theas, Dún Laoghaire, Cill Mhantáin
- CHO 7:** Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, Cill Mhantáin Thiar
- CHO 8:** An Lár-Réigiún, Lú, An Mhí
- CHO 9:** Tuaisceart Chathair agus Tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath

# Ár dTosaíochtaí a Chur Chun Cinn...

## Cúram Príomhúil

Feabhas a chur ar chaighdeán, shábháilteacht agus freagrúlacht seirbhísí chomh maith le rochtain orthu chun tacú le haistriú cinnitheach go cúram príomhúil

- Tháinig méadú 38% ar líon na n-atreorúchán chuig foirne idirghabhála pobail (FIPanna) in 2017 agus 38,207 atreorú á mbainistiú. Cuireadh tús le hiniúchadh ar sheirbhísí agus cuireadh i bhfeidhm feabhsúcháin ar chaighdeán.
- Rinneadh an tionscnamh ultrafhuaimne cúraim phríomhúil trína dtugtar rochtain dhíreach do GPanna ar ultrafhuaim a neartú níos mó, rud a laghdaigh an gá le hatreorú chuig rannóga othar seachtrach. Cuireadh 20,652 scrúdú ultrafhuaimne ar fáil ar an gcósta thiar ó Dhún na nGall go Corcaigh.
- Críochnaíodh tógáil trí cinn déag d'ionaid cúraim phríomhúil, agus astu siúd bhí deich gcinn i bhfeidhm.
- Foilsíodh céad *Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe* ar Sheirbhís Súl Cúraim Phríomhúil ina meastar go bhféadfadh 60% den ghníomhaíocht othair sheachtraigh atá ar siúl faoi láthair a bhogadh don phobal, chun ligean do sheirbhísí ospidéal díriú ar othair a dteastaíonn diagnóisic nó cóireálacha níos speisialaithe uathu. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm moltaí lena n-áirítear an tseirbhís scagtha físe um scoileanna.
- Le tacaíocht ó mhaoiniú €4m, cuireadh i bhfeidhm tionscnaimh um feabhsú seirbhíse a chumasaigh amanna feithimh a laghdú do sheirbhísí teiripe urlabhra agus teanga ar fud CHOnna. Líonadh 81 de na 83 phost i dteiripe urlabhra agus teanga agus soláthraíodh 45,985 coinne breise.

## Heipitíneas C

- Foilsíodh treoirlíne clínicíuil náisiúnta nua do scagadh heipitíneas C. Is í aidhm an treoirlíne ná tionchar foriomlán sláinte agus eacnamaíoch an ionfhabhtú heipitíneas C a laghdú.
- Ceapadh ceannaire clínicíuil don chlár náisiúnta um chóireáil heipitíneas C.
- Mar thoradh ar théarmaí gnó feabhsaithe maidir le costas na ndrugaí a úsáidtear chun ionfhabhtú heipitíneas C a chóireáil bhí méadú 48% ar líon na n-othar a fuair chóireáil.
- Cuireadh tús le dhá chlár píolótach cóireála i láthair sheirbhísí andúile an FSS.



## Seirbhís níos Fearr DG agus Cúraim Phríomhúil a Thógáil

*Seoladh A Future Together – Building a Better GP and Primary Care Service.* Tacaíonn sé leis an ngá le haistriú chuig seirbhís cúraim phríomhúil dírithe ar an othar a fhreastalaíonn ar riachtanais á ndaonra mhéadaithigh agus athraithe, chun an brath ar chúram ospidéal a laghdú.

Cuireann an tuarascáil i láthair achoimre ar na fionnachtana tar éis plé fhairsing le páirtithe leasmhara lenár áiríodh MyGPsurvey. Is féidir tuilleadh a fheiceáil faoin suirbhé seo ar leathanach 16.

## Torthaí sláinte a fheabhsú do na daoine is leochaillí sa tsochaí

### Seirbhísí andúile

- Ag deireadh na bliana bhí 9,804 othar ag fáil chóireáil ionadaithe ópóideach lasmuigh de phríosúin. Áiríodh leis sin 4,242 othar a cóireáladh ag 362 GP sa phobal agus 700 cógaslann ag freastal ar 6,891 othar.
- Cruthaíodh bealaí athshlánaithe aonair chun freastal ar riachtanais iad siúd atá buailte ag mí-úsáid drugaí i gcomhréir leis an *gCreat Náisiúnta Athshlánúcháin ó Dhrugaí*. As na daoine a chuir tús le cóireáil bhí oibrí bunriachtanach sannta ag 63% díobh siúd os cionn 18 mbliana d'aois agus plean cúraim scríofa ag 74%, agus bhí oibrí bunriachtanach sannta ag 84% díobh siúd faoi bhun 18 mbliana d'aois agus plean cúraim scríofa ag 85%.



Sa ghrianghraf: Ann Marie Hoey, Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta, Cúiteamh agus Incháilitheacht Cúraim Phríomhúil agus John Hennessy, Stiúrthóir Náisiúnta Cúraim Phríomhúil.

Leathnaíodh incháilitheacht do chártaí liachta chun tacú le cúram leanaí faoi bhun 16 bliana a bhfuil riocht sláinte orthu nó atá faoi mhíchumas agus áit a bhfuil liúntas cúraim baile iníoctha. Fuair 9,500 leanbh breise incháilitheacht do chárta liachta ón 1 Meitheamh.

- Cuireadh oiliúint faoi scagadh agus idirghabháil ghairid do mhí-úsáid alcóil agus substaintí (SAOR) ar 1,239, méadú 59% ar a bhí beartaithe. Cumasaíodh sin tríd an gClár SAOR Train the Trainer.
- Cuireadh chun cinn an próiseas soláthair chun ionad insteallta faoi mhaoirseacht leighis a fhorbairt i Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath. Foilsíodh an Bille *Misuse of Drugs (Saoráidí Insteallta Maoirsithe) Bill 2017* i mí Feabhra a chumasaíonn ceadúnas a eisiúint chun an chéad saoráid insteallta maoirsithe in Éirinn a fheidhmiú.
- Cuireadh oiliúint i riar agus soláthar nalocsóin ar 86 ball foirne, soláthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean agus soláthraithe deonacha agus oiliúint don oiliúnóir le haghaidh oiliúnóirí éascaitheora don chlár curtha ar fáil do 14 dhuine. Cuireadh ar fáil 1,039 táirge nalocsóin do sheirbhísí, méadú faoi dhó ó 2016.

### Seirbhísí do dhaoine gan dídean

- I gcomhréir le *Éire a Atógáil, Plean Gníomhaíocht do Thithíocht agus Dhaoine gan Dídean*, cuireann muid béim ar thorthaí sláinte a fheabhsú dóibh siúd atá gan dídean nó atá i mbaol bheith gan dídean, go háirithe siúd ar a bhfuil andúile agus riachtanais mheabhairshláinte. Le tacaíocht ó mhaoiniú breise cuireadh chun cinn roinnt réimsí a raibh ina measc:
  - Méadú rochtana ar sheirbhísí oibrí bhunriachtanaigh, bainistíocht cás, GP agus ar sheirbhísí altranais trí na foirne gníomhaíochta do dhaoine gan dídean i ngach CHO.
  - Forbairt spriocanna, torthaí agus caighdeán cháilíochta agus soláthraithe seirbhíse alt 39 le tacú le monatóireacht agus measúnú feabhsaithe ar na socruithe seirbhíse reatha.

- Bunú choiste maoirseachta chun an prótacal scaoilte amach a thabhairt chun críche do dhaoine gan dídean in ospidéal ghéarmhíochaine agus i saoráidí meabhairshláinte i gcomhréir leis an *bPrótacal Náisiúnta um Scaoileadh Amach ó Ospidéal do Dhaoine gan Dídean (Creat Treorach)*. Cuireadh tús le gníomhaíochtaí píolótacha i SCP (CHO) 2, 5, 6, 7 agus 9, agus earcaíodh foireann in Ospidéal San Séamas agus in Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae chun scaoileadh amach ó ospidéal a chur chun cinn.
- Cuireadh sainseirbhísí teagmhála cúraim príomhúil agus seirbhísí meabhairshláinte ar fáil do chóiríocht do dhaoine gan dídean.

### Pobail lucht taistil, dídeanaithe, lucht iarrtha tearmainn agus Roma

- Seoladh an *Straitéis Náisiúnta um Lánpháirtíocht Taistealaithe agus Roma 2017-2021*. Is tionscnamh tras-rannach é sin chun feabhas a chur ar shaol phobail an Lucht Taistil agus an phobal Roma in Éirinn.
- I gcomhpháirt leis an gCarthanas Foréigin Tí, Sonas, forbraíodh agus cuireadh ar fáil clár oiliúna don oiliúnóir faoi fhoréigean tí, gnéis agus inscne-bhunaithe.
- Cuireadh i bhfeidhm aonad soghluaiste um scagadh sláinte, arna oibriú ag Safetynet, mar bhealach nuálach le scagadh sláinte agus cúram príomhúil bunúsach a thabhairt do dhídeanaithe, chomh maith le grúpaí imeallaithe eile.
- Tugadh faoi oiliúint ar fheasacht agus chleachtas idirchultúrtha ag baill foirne a oibríonn le grúpaí imeallaithe i ngach CHO.



Tá an feachtas Ribín Ghlais atá maoinithe ag an FSS tagtha chun bheith ina shiombail ar fheasacht faoi mheabhairshláinte. Is iad na ambasadóirí See Change atá i gceannas ar an bhfeachtas agus i bhfeachtas 2017 scaipeadh 500,000 ribín glas ar fud na tíre chun comhrá náisiúnta a spreagadh faoi mheabhairshláinte agus dúshlán a chur faoi stiogma na bhfadhbanna meabhairshláinte. Tá laghdú stiogma ina chuid thábhachtach dár straitéis náisiúnta Ceangail don Saol – Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú 2015-2020.



Sa ghrianghraf: Baill de sheirbhísí meabhairshláinte ag cur chun cinn feachtas an Ribín Ghlais agus ina measc Theresa Heller, Ceannaire AD; Liam Hennessy, Ceann Plé le hÚsáideoirí Seirbhíse, Baill Teaghlach agus Cúramóirí; Jim Ryan, Ceann Oibríochtaí; Gerry Raleigh, Iar-Stiúrthóir, an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc; Sinead Reynolds, Bainisteoir Sinsearach, Oifig an Stiúrthóra Náisiúnta; JP Nolan, Ceann Cáilíochta agus Sábháilteacht Úsáideoirí Seirbhíse; Anne O'Connor, Stiúrthóir Náisiúnta agus an Dr Margot Wrigley, Síciatraí Comhairleach agus Ceannaire Grúpa an Chláir Chliniciúil.

## Ag feabhsú seirbhísí cúram maolaithe d'othair agus a dteaghlach a mbíonn tinnis a chiorraíonn saol duine orthu

Díríonn cúram maolaitheach ar chabhrú le daoine de gach aois saol maith a bheith acu le tinneas a chiorraíonn saol duine agus an chálíocht bheatha is fearr a bheith acu agus an tinneas ag dul ar aghaidh.

- Osclaíodh sainaonad othair chónaithe agus 15 leaba ann in Ospidéal Ollscoile Chiarraí.
- Seoladh an Creat Forbartha Trí Bliana do Sheirbhísí Cúraim Mhaolaithe (2017-2019), a chuireann bonn eolais faoi fhorbairt sheirbhísí cúraim mhaolaithe do dhaoine fásta. Is í aidhm an chreata ná bealach cúraim réidh a chinntiú trí sheirbhísí othair chónaithe, cúram baile, teach altranais, seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine agus cúram lae.
- Tar éis measúnaithe ar an gClár Cúraim Mhaolaithe do Leanáí in 2016, tá obair ag dul ar aghaidh chun comhordaitheoir náisiúnta a earcú do chúram maolaitheach leanáí agus freisin comhordaitheoirí altra chliniciúil do leanáí ar a bhfuil reachta a chiorraíonn saol an duine le haghaidh Chiarraí.
- D'fhorbair an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (NCEC) treoirínte chun pian ailse agus iatacht a láimhseáil in othair cúraim mhaolaithe.

- Tugadh chun críche aon tionscadal déag faoin scéim deontas deartha agus dínite. Cuireann na tionscadail sin feabhas ar an timpeallacht ospidéil d'othair chúraim mhaolaithe, dá dteaghlach agus don fhoireann.

## Déantar Scéimeanna Cúram Príomhúil a sheachadadh tríd an tseirbhís aisíocaíochta cúraim príomhúil

- Chuaigh an tseirbhís nua ar líne um iarratais ar chártaí leighis beo. Tá tairbhí móra le baint ag daoine ón tseirbhís shruthlínithe nua sin ó thaobh aga comhlánaithe, áisiúlachta agus slándála.
- Dóibh siúd atá níos sine ná 70 bliain, laghdaíodh muirir oidis go €2 in aghaidh na míre agus laghdaíodh an teorainn mhíosúil go €20.
- Mar chuid de chur i bhfeidhm an bheartais agus de chur i bhfeidhm tionscadal luacha ar airgead do scéimeanna treoraithe ag éileamh pobail cuireadh chun cinn roinnt tionscnamh, a chuimsigh foireann uirlisí ar líne do thacaíocht chothaithe, atá ar fáil ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie).



## Meabhairshláinte

### Meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn

- Seoladh Seoladh an *Creat Náisiúnta um Théarnamh sa Mheabhairshláinte 2018-2020* a rinneadh in éineacht le húsáideoirí seirbhíse, baill teaghlaigh agus cúramóirí. Gníomhóidh sé mar bhonnlíne óna mbeidh seirbhísí in ann an bhéim a chuireann siad ar théarnamh a mhéadú i gcaitheamh na gcéad dhá bhliana eile.
- *Ceangail don Saol – Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun an Féinmharú a Laghdú 2015-2020* chun meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn.

### Feidhmiúchán Chláir Cliniciúla

- Tugadh chun críche dréachtshamhail cúraim do neamhoird itheacháin agus forbraíodh plean ceithre-bliana um chur i bhfeidhm chun earcú céimnitheach foirne tiomnaithe do neamhoird itheacháin agus a n-oiliúint a cheadú.
- Bunaíodh an clár cliniúil ar mheasúnú agus bainistíocht féinchochair i rannóga éigeandála i dtrí RÉ eile, rud a thóg an líon náisiúnta iomlán go 24.
- Foilsíodh athbhreithniú náisiúnta ar an gclár cliniúil náisiúnta i leith féinchochair.
- Tar éis measúnaithe ar riachtanais oiliúna don chlár cliniúil le haghaidh neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde i leanaí agus daoine fásta, tá pacáiste oiliúna á dheardh.
- Ceapadh ceannaire cliniúil don chlár cliniúil um dhé-dhiagnóis agus bunaíodh grúpa oibre náisiúnta chun samhail chúraim a fhorbairt.
- Cuireadh ar aghaidh earcú oibríthe tacaíochta socrúcháin aonair don chlár cliniúil um luath-idirghabháil sa tsíocóis.

- *Forbraíodh pleananna Ceangail don Saol* do shé CHO agus tá go leor oibre déanta chun pleananna a ullmhú le haghaidh na CHOanna eile. Is féidir níos mó faoi sin a fheiceáil sa chodanna faoi CHO sa Tuarascáil Bhliantúil seo.
- Forbraíodh clár caighdeánaithe oiliúna ar mhéala dóibh siúd a bhíonn ag obair le daoine ar cailleadh duine muinteartha leo de thoradh féinmharaithe. Cuirfear an cur chuige sin i bhfeidhm in 2018.
- Mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean oiliúna náisiúnta chun féinmharú a laghdú, forbraíodh eolaí oiliúna d'oiliúnóirí don chlár oiliúna a fheasacht faoi chosc féinmharaithe. Rinne 12,308 rannpháirtí ar fud na CHOanna oiliúint faoi fhéinmharú a chosc.
- *Foilsíodh Tuarascáil 2017 an Tascfhórsa Náisiúnta ar Mheabhairshláinte Ógánach*. Nuair a bheidh moltaí na tuarascála curtha i bhfeidhm, feabhsóidh siad comhordú agus caighdeánú oiliúna ar fud na tíre agus tacóidh siad le tionscnaimh bhreise um chosc agus idirghabháil luath do leanaí agus dhaoine óga.
- Leagtar béim san fheachtas #littlethings ar céimeanna simplí agus cumhachtacha a chur chun cinn ó lá go chéile chun ár meabhairshláinte féin a chosaint agus chun tacú leis na daoine atá gar dúinn. Maoiníodh comhordaitheoir óige náisiúnta chomh maith le comhordaitheoir do gach CHO. Tá 70,000 ag leanúint an fheachtais ar Facebook agus 10,000 á leanúint ar twitter. Faoi dheireadh 2017 bhí cuairt tugtha ag níos mó ná 800,000 duine ar [www.yourmentalhealth.ie](http://www.yourmentalhealth.ie) agus os cionn 2.5 milliún radharc leathanaigh faighte aige.

### Rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte a fheabhsú agus sreabhadh úsáideoirí seirbhíse a fheabhsú

- Seirbhísí bunaithe ar phríomchúram a fheabhsú:
  - Bunaíodh ionad Jigsaw Bhaile Átha Cliath agus tá láithreáin Chorcaí agus Luimnigh beagnach forbartha. Tá athbhreithniú ar sheirbhís Jigsaw le bheith críochnaithe agus foilsithe ag tús 2018.
  - Glacadh le 20 post do shíceolaí agus 120 post do shíceolaí cúnta agus táthar á gcur amach ar conradh, rud a mhéadóidh rochtain ar sheirbhísí comhairleoireachta sa phríomhchúram dóibh siúd atá faoin bhun 18 mbliana d'aois.
  - Cuireadh i bhfeidhm aon fhoireann amháin um shíciatracht do dhaoine scothaosta, rud a mhéadaíonn an líon iomlán go 30 foireann ar fud na tíre.

- Feabhsúcháin ar an tseirbhís meabhairshláinte do Leanáí agus d'Ógánaigh (CAMHs):
  - Bunaíodh grúpa athbhreithnithe chun an nós imeachta caighdeánach oibriúcháin de chuid CAMHs a mheasúnú. Áirítear leis an ngrúpa úsáideoirí seirbhíse agus baill teaghlaigh.
  - Cuireadh trí fhoireann nua CAMHs i bhfeidhm, rud a mhéadaigh an líon iomlán go 69 bhfoireann ar fud na tíre.
- *Seoladh Sainseirbhísí Meabhairshláinte Iimbhreitthe, Samhail Cúraim d'Éirinn*. Tacaíonn sé leis na gníomhartha meabhairshláinte atá á gcur i bhfeidhm ag Clár Náisiúnta Shláinte na mBan agus na Naíonán.
- Fógraíodh poist um chomhordaitheoir don lucht taistil le haghaidh gach CHO agus bunaíodh grúpa stiúrtha chun comhshamhail chúraim céimnithe a bhunú i ndáil le meabhairshláinte agus cúram príomhúil do bhaill den Lucht Taistil ag a bhfuil riachtanais mheabhairshláinte.
- Tugadh faomhadh do níos mó ná 2,000 post forbartha sa tréimhse ó 2013 go 2017 agus níos mó ná 300 post CLA faofa thar raon seirbhísí/disciplíní faoin gClár um maoiniú Rialtais 2017.

### Gafacht le húsáideoirí seirbhíse, le baill teaghlaigh agus le cúramóirí

- Seoladh Treoir Dea-chleachtais an FSS um *Sheirbhísí Meabhairshláinte* agus cuireadh tús le clár oiliúna don oiliúnoir chun tacú lena chur i bhfeidhm ar fud na tíre.
- Ceapadh ceannairí limistéir do phlé le meabhairshláinte i ngach CHO agus beidh siad freagrach as fóraim áitiúla agus limistéir a bhunú chun ionadaíocht a dhéanamh ar thuairimí úsáideoirí seirbhíse agus a dteaghlach.
- Ceapadh 20 oibrí piarthacaíochta chun leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm Téarnamh a Chur ar Aghaidh in Éirinn i ngach CHO, tionscnamh a chuireann prionsabail an téarnaimh ag croílár ár gcuid comhoibrithe.

## Seirbhísí Míchumais

### In am bogadh ar aghaidh ó láithreacha comhchónaithe – ag tacú leis an aistriú ó láithreacha institiúide go pobail

- Leanadh ar aghaidh le hobair maidir le cur i bhfeidhm *In Am Bogadh ar aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe – Straitéis um Lánpháirtíocht Pobail*. D'aistrigh 147 duine ó láithreacha institiúide go cóiríocht chúí sa phobal. Aithníodh sa straitéis níos mó ná 4,000 duine i láithreacha comhchónaithe agus anois tá sé sin laghdaithe go níos lú ná 2,371.
- Rinneadh dul chun cinn le cur i bhfeidhm moltaí ón *Tuarascáil Bhliantúil ar Ghrúpa Athbhreithnithe Áras Attracta (McCoy)* chun tacú leis an aistriú go cónaí sa phobal. D'aistrigh ochtar ó Áras Attracta chuig an bpobal i rith na bliana.

### Saol a Athrú – clár leasaithe chun bogadh i dtreo shamhaltacha cúraim atá bunaithe sa phobal agus atá dírithe ar dhaoine

- Leanadh ar aghaidh le hobair ar fhorbairt uirlise caighdeánaithe um measúnú i seirbhísí míchumais chun bonn eolais níos fearr a chur faoi phleanáil cúraim dírithe ar an duine agus é a threorú níos fearr. Cuireadh tús le hoiliúint oifigeach measúnaithe maidir lena chur i bhfeidhm.
- Leanadh ar aghaidh le Cur i bhfeidhm an *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024*. Baineann Gníomh 5.1 le forbairt chur chuige beartais atá éifeachtach agus comhordaithe chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas, fostaíocht a fháil agus a choimeád agus aird chúí tugtha ar chur i bhfeidhm *Treoracha Nua*. Cuireadh an tuarascáil seo bhráid an Aire Stáit ar a bhfuil freagracht speisialta as Míchumas, chun go bhféadfadh sé é a bhreithniú. Leanadh ar aghaidh le hobair chun teachtaireachtaí lárnacha a fhorbairt chun meabhairshláinte dhearfach daoine faoi mhíchumas a atreisiú i bhfianaise a gcumais i gcomhair fostaíochta.
- Chun tacú le forbairt samhaltach comhionainne, caighdeánaithe um chúram do dhaoine ar a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais (ASD), tugadh faoi athbhreithniú ar an leibhéal tacaí agus seirbhísí atá ar fáil do dhaoine ar a bhfuil ASD, agus cuireadh tugtha d'úsáideoirí seirbhíse, do thuismitheoirí, baill foirne agus grúpaí abhcóideachta páirt a ghlacadh ann. Tá an t-athbhreithniú tugtha chun críche anois agus tá sé curtha faoi bhráid an DoH le meas.

Sa ghrianghraf: Kayleigh McKeivitt, úsáideoir seirbhíse a d'inis a scéal.



## Ag Athrú Saoil...

*Foilsíodh Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Ag Athrú Saoil 2016 agus leagtar béim ann ar shamplaí ina dtugtar tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas saol níos sásúla agus lánpháirteach a chaitheamh ina bpobail. Léiríonn scéalta pearsanta dúinn an tionchar iarbhir a bhíonn ag leasú ar shaol daoine faoi mhíchumas, agus é ag tacú leo athruithe dearfacha a dhéanamh ina saol.*

## Scéalta pearsanta...

“...Theastaigh uaim go mbeadh mo theach féin agam i mo bhaile dúchais gar do mo theaghlach agus mo chairde...

...Is breá liom bheith ar ais sa bhaile agus níos mó neamhspleáchais a bheith agam, agus gur féidir liom na roghanna a dhéanamh chun na rudaí a dhéanamh a thaitníonn liom gach lá...

...fíoraíodh mo chuid brionglóidí agus spriocanna...

...is dochreidte an t-athrú atá tagtha ar mo shaol...

...Táim muiníneach, neamhspleách agus ag baint lánaitnímh as an saol...”

## Treoracha Nua – feabhas a chur ar sheirbhísí lae chun cur ar chumas daoine roghanna a bheith acu faoin gcaoi a gaitheann siad a saol agus a gcuid ama

- Bunaíodh grúpaí chur i bhfeidhm i ngach CHO chun dul ar aghaidh le cur i bhfeidhm *Treoracha Nua*.
- Soláthraíodh seirbhíse lae agus oiliúint athshlánaithe bhreise, chun tairbhe 901 fágálaí scoile óg.
- Forbraíodh uirlis fhéinmheasúnaithe agus pleananna um feabhsú cáilíochta chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí seirbhíse, agus rinneadh é sin a phíolótú i 18 n-ionad.

## Seirbhísí do leanaí agus dhaoine óga – déanamh cinnte go bhfuil aon bhealach soiléir amháin i dtreo seirbhísí

- Tá dul chun cinn á dhéanamh ar sheirbhísí míchumais 0-18 a athchumrú i bhfoirne líonra míchumais leanaí. Déanfar tuilleadh dul chun cinn in 2018 le bainisteoirí a cheapadh do líonraí

míchumais leanaí, gné ríthábhachtach chun go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an chláir sin.

- Seoladh [www.informingfamilies.ie](http://www.informingfamilies.ie) a d'fhorbair tuismitheoirí agus gairmithe agus tá sé ina uirlis thacaíochta thábhachtach do bhaill foirne nach mór dóibh teaghlaigh a chur ar an eolas faoi mhíchumas linbh, agus tuismitheoirí atá ag tabhairt aghaidhe ar nuacht a athraíonn an saol agus le riachtanais bhreise a leanaí.
- Reáchtáladh an chéad chomhdháil náisiúnta faoi dhul chun cinn a dhéanamh le seirbhísí míchumais do leanaí agus dhaoine óga i Luimneach. Tháinig níos mó ná 300 tuismitheoir agus ball foirne le chéile aige chun foghlaim agus dea-chleachtas a roinnt maidir le soláthar seirbhísí míchumais do leanaí agus dhaoine óga agus deis a bhí ann smaointe nuálacha a scrúdú agus éachtáí go dtí seo a cheiliúradh. Freisin ghlac níos mó ná 500 toscaire páirt sa chomhdháil trí Webinar.

## An Seomra Ciúin ar stíl na 1950í in Aonad Pobail Bhóthar na hUaimhe

Is é an smaoineamh atá taobh thiar den spás seo ná cuimhní a spreagadh agus tús a chur le comhrá. Cabhraíonn an troscán clasaiceacha agus na prapaí éagsúla le cónaitheoirí dul isteach go héasca i gcuimhní ón am atá thart. Is é atá ann ná spás lena scíth a leagan, éisteacht le ceol, tae maidine/iarnóin a bheith acu agus bheith ag caint faoin seanam ann. Cuireann an seomra seo spás suaimhneach ar fáil do ghaolta chun bheith ag caint lena dhuine muinteartha agus am a chaitheamh leo.

Ceadaíonn an seomra seo caidrimh níos pearsanta a chruthú idir baill foirne agus cónaitheoirí agus spás idirghníomhach atá ann. Spreagann na rudaí sa seomra cuimhní a chuireann ar chumas ball foirne aithne níos fearr a chur ar na cónaitheoirí.

Sa ghrianghraf: Nessa Banks, Bridget Smallhorne (ag seinm an phianó) agus Teresa Doyle.



## Foirne feabhsaithe seirbhíse – cumas agus anailís a chothú

- Tá foirne feabhsaithe seirbhíse ag déanamh cinnte go mbaintear an leas is mó as acmhainní laistigh de sheirbhísí agus go gcuirtear i bhfeidhm samhaltacha cúraim inbhuanaithe. Leanadh ar aghaidh le hobair chun gníomhaíocht agus aschuir, costais, cáilíocht agus torthaí a nascadh. Leanadh ar aghaidh leis an obair ar cuireadh tús leis cheana in 2016 ar anailís chomparáideach ar 45 eagraíocht (alt 38 agus alt 39 chomh maith).

## Comhlíonadh HIQA

- Chun caighdeán a chumhach níos mó do chúram éifeachtach dírithe ar an duine i CHOnna, lena n-áirítear neartú rialachais, bunaíodh Coistí Cáilíochta agus Sábháilteachta agus ceapadh baill foirne cáilíochta agus sábháilteachta.
- Bhí iniúchadh déanta ar thorthaí comhlíontachta do 27,317 seirbhís mhíchumais ag deireadh 2017 (curtha ar fáil agus maoinithe ag an FSS). Leanadh ar aghaidh le feabhsúcháin maidir le comhlíonadh agus é méadaithe ó 34% in 2014 go 80% in 2017.

## Seirbhísí Daoine Breacaosta

### Na tacaí cuí a chur ar fáil tar éis seala in ospidéal géarmhíochaine agus díriú ar scaoileadh amach moillithe

- Leanadh ar aghaidh leis an gClár Tionscnaimh Gheimhridh chun seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil trí leapacha breise cúraim idirthréimhse agus pacáistí breise um chúram baile. Tríd an soláthar sonrach sin i dteannta le cúram baile príomhshrutha, cúram cónaitheach agus cúram idirthréimhse tacaíodh le scaoileadh amach ónár gcuid ospidéal géarmhíochaine agus cabhraíodh le daoine eile fanacht ina gcuid tithe féin. Is féidir tuilleadh sonraí a fheiceáil faoi seo ar leathanach 24.

### Seirbhísí cúraim bhaile a fheabhsú

- Leanadh ar aghaidh le hobair chun seirbhísí cúraim bhaile a fhaigheann daoine scothaosta a fheabhsú. Áiríodh leis sin socrú a dhéanamh chun leibhéal fhaofa cúraim bhaile ag aon soláthraí amháin a roghnódh an duine féin ó liosta réamhfhaofa.



- Leanadh ar aghaidh le hobair ullmhúcháin chun bogadh i dtreo córais mhaoinithe singil do sheirbhísí cúraim bhaile. Soláthróidh an córas seo seirbhís níos sruthlínithe a bheidh níos simplí agus níos éasca do dhaoine a úsáid le leibhéal cúraim feabhsaithe, agus cuirfear feabhas ar fáil, inrochtaineacht agus thaithí seirbhísí ag daoine scothaosta, a dteaghligh agus a gcúramóirí. Mar chuid den Scéim Tacaíochta Baile, le comhaontú ón DoH, táthar chun maoiniú don tseirbhís cúntóra baile agus don phacáiste um chúram baile a thógáil le chéile ó 2018 ionas go bhfeidhmeoidh tacaíocht bhaile do dhaoine scothaosta mar aon seirbhís mhaoinithe amháin. Cuireadh tús le triail i CHO 3 chun seiceáil an bhfreastalóidh an cur chuige a bhfuiltear chun é a ghlacadh ag freastal ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse.

## Seirbhísí agus tacaí a fheabhsú do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu

- Dul chun cinn déanta le cur i bhfeidhm *Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Néaltrú*.
- Tugadh pleananna chun críche le gach CHO le go mbeadh Leabharlanna Teicneolaíochta cuimhne nua i bhfeidhm in 2018.
- Cuireadh i bhfeidhm feachtas nua Dementia: Understand Together chun feachtas a ardú agus stiogma a laghdú. Is féidir níos mó eolais faoin bhfeachtas a fheiceáil ar leathanach 41.
- Forbraíodh láithreán gréasáin nua [www.understandtogether.ie](http://www.understandtogether.ie) freisin i dteannta le Cumann Alzheimer na hÉireann. Soláthraíonn an láithreán gréasáin eolas faoi néaltrú agus faoi na seirbhísí atá ar fáil ar fud na tíre.

## Tacú le cur i bhfeidhm an Chlár Cúraim Chomhtháite do Dhaoine Scothaosta

- Leanadh ar aghaidh le hobair ar an gclár cúraim chomhtháite do dhaoine scothaosta chun tacú le haistriú foghlama ó láithreacha ceannródaíoch a bunaíodh in 2016 go 12 láithreán taispeána. Áiríodh leis sin cleachtaí léarscáilithe a dhéanamh chomh maith le pleanáil daonra agus bailiú sonraí feidhmíochta a phróiseáil. Tá plé le húsáideoirí seirbhíse ar siúl i gcomhpháirt leis an gClár do Chathracha agus Contaetha Aoisbhácha in Éirinn (áilínithe le tionscnaimh eile an FSS). Beidh sé sin mar bhonn eolais d'fheabhsú seirbhíse le haghaidh seirbhísí áitiúla cúraim chomhtháite.
- D'fhreastail 120 toscaire ar cheardlann faoi Cheannaireacht Othar a Chothú, feachtas a ardú faoin ngá le Comhairlí Aoisbhácha agus na deiseanna atá ann bheith rannpháirteach i gcúram chomhtháite.


## Cúram cónaitheach ardchaighdeán a chur ar fáil lena n-áirítear cur i bhfeidhm athbhreithnithe ar an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (STTA)

- Tá rochtain ar eolas agus treoir shoiléir faoin STTA rithábachtach dóibh siúd a dteastaíonn cúram uathu agus dá teaghligh. Rinneadh athbhreithniú breise ar thacaí ar líne chun cabhrú le bogadh go héasca trí na céimeanna éagsúla sa phróiseas agus tá siad ar fáil ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie).
- Éascaíodh níos mó cur i bhfeidhm *D'Eolaí ar na Caighdeáin Náisiúnta um Láithreacha Cúraim Chónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn 2016* ag ceapachán ceannaire don fhoireann feabhsúcháin seirbhíse ag deireadh 2016. Thacaigh an fhoireann feabhsúcháin seirbhíse le bainisteoirí áitiúla seirbhísí cónaitheacha chun raon beart a chur i bhfeidhm atá mar chuid de na caighdeáin náisiúnta um chúram cónaitheacha trí chuireanna láithreáin lena n-áirítear:
  - Tacú le stiúrthóirí altranais agus ceannaireachta in ospidéal phobail agus i láithreacha cónaithe chun samhail dea-chleachtais a chur i bhfeidhm.
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir bhainistíochta altranais chun socrúithe rialachais a neartú in áiseanna cúraim chónaitheach phoiblí.

## An Uirlis Mheasúnaithe Aonair (UMA) a chur i bhfeidhm

Déanann an córas eolais bhogearraí SAT atá deartha go speisialta éascaíocht ar eolas a bhailiú do dhaoine scothaosta trí phróiseas measúnaithe amháin thar ceann an duine scothaosta a chuireann isteach ar thacaíocht faoi Scéim Phacáiste Chúraim Baile nó an NHSS.

- Tá obair ar siúl ar chur i bhfeidhm SATanna ar fud gach CHO chun cur ar chumas ball foirne cúram do dhaoine scothaosta a mheasúnú agus a phleanáil níos fearr.
- Rinneadh triail idirnáisiúnta ar an uirlis mheasúnaithe ar riachtanais chúramóra. Thug an mheitheal oibre um forbairt an mheasúnaithe ar riachtanais chúramóra faoi léirmheas litríochta ar mheasúnuithe ar riachtanais chúramóra atá ar fáil. Rinneadh measúnú ar an bhfoirm dheireanach don mheasúnú ar riachtanais chúramóir teaghligh i gcleachtas chun raon feidhme a mheas roimh phiólótú in Éirinn agus sa Bheilg araon, chun inghlacthacht an mheasúnaithe do chúramóirí a mheas.
- Tá an fhoirm mheasúnaithe ar fáil anois le húsáid go hidirnáisiúnta i dtír ar bith a úsáideann córais mheasúnaithe interRAI. In Éirinn tá sé beartaithe an measúnú ar riachtanais chúramóra a phiólótú i CHO, ar fud gach grúpa cúraim chun seiceáil an bhfuil sé oiriúnach do chur i bhfeidhm.







# Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail


Tá soláthar sheirbhísí cúraim sláinte sa phobal trí na naoi CHO mar chuid de chlár mór leasaithe arb í an aidhm atá i gceist leis ná rochtain ar chúram, cáilíocht cúraim agus comhtháthú cúraim a mhéadú do dhaoine i bpobail áitiúla.

Rinneadh roinnt mhaith feabhsúchán ar sheirbhísí laistigh dár CHOanna le linn na bliana agus tá blaiseadh díobh sin le fáil sna leathanaigh a leanas.

# An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach

Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 1

**Daonra: 391,281**



**Chun tairbhí an spóirt do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, eagraíodh Bain Triail As – Lá Cumais Spóirt i gcomhpháirt le Spórt agus Caitheamh Aimsire Shligigh, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus Spórt Liatroma. D'fhreastail thart ar 30 duine ar an imeacht a raibh ina measc leanaí agus daoine fásta a bhain taitneamh as foghlaim faoi conas a spóirt nó a gclub féin a dhéanamh níos inrochtana.**


Sa ghrianghraf: Callum Woods agus Leah Duggan ag glacadh páirte i Bain Triail As – Lá Cumais Spóirt.

- Óstaíodh comhdháil aon lá amháin dar teideal Fighting the Flu Together i mí Aibreáin. Ba é a bhí ansin ná céad chomhdháil náisiúnta uathúil a thug deis fhiúrluachmhar cloisteáil faoina bhfuil ar siúl maidir le feachtais agus tionscnaimh um chosaint ar an bhflú ar fud na hÉireann agus an RA.
- Reáchtáladh taispeántas de 14 chlár tacaíochta féinbhainistíochta (TFB), atá i bhfeidhm do dhaoine i gCo. Dhún na nGall a bhfuil riochtaí sláinte fadtéarmacha orthu, i Leitir Ceanainn. Óstaíodh an t-imeacht sin ag seirbhís TFB an FSS i gCo. Dhún na nGall chun:
  - Déanamh cinnte go bhfuil níos mó úsáideoirí seirbhíse nasctha le tacaí cuí agus tráthúla
  - Naisc a chothú idir na hearnálacha pobail agus deonacha agus an FSS
  - Eolas a thabhairt faoi bhealaí rochtana agus atreorúcháin chuig na clár sin
  - Comhtháthú a chur chun cinn i ngach earnáil atá i mbun aire a thabhairt do dhaoine ar a bhfuil riochtaí sláinte fadtéarmacha.
- Seoladh na Pleananna Gníomhaíochta Ceangail don Saol chun Féinmharú a Chosc 2017-2020 le haghaidh
  - Sligeach agus Liatroim
  - An Cabhán agus Muineachán
- Seoladh trí acmhainn nua chun féinmharú a chosc mar chuid de Ceangail don Saol, Plean Gníomhaíochta Dhún na nGall 2015-2020.
- Reáchtáladh seisiúin eolais do na meáin faoi fhéinmharú agus dúnmharú-féinmharú i nDún na nGall agus sa Chabhán.
- Osclaíodh go hoifigiúil an Mol Lánpháirtíochta Pobail i Leitir Ceanainn, cuid de sheirbhísí oiliúna lánpháirtíochta i bpobal Dhún na nGall atá aistriithe ó shamhail ceardlainne pobail go cur chuige dírithe ar an duine i dtreo sholáthar seirbhísí lae do dhaoine faoi mhíchumas. Feidhmíonn sé mar áit cruinnithe d'úsáideoirí seirbhíse, ag ligean dóibh páirt a ghlacadh i saol an phobail agus cur leis chomh maith le rochtain a fháil ar sheirbhísí agus áiseanna áitiúla.
- Tar éis athchóirithe fhairsing, osclaíodh go hoifigiúil Ionad Sláinte Pobail Achadh an Lúir sa Chabhán agus Ionad Cúraim Chónaithigh Mhuire i Muineachán i mí Mheán Fómhair.
- Rinneadh uasghrádú €900,000 ar threalamh x-gha i gceithre ospidéal pobail i nDún na nGall – Baile Dhún na nGall, na Cealla Beaga, An Clochán Liath agus Carn Domhnach. Déanfar uasghrádú ar áiseanna le trealamh nua-aimseartha um x-gha digiteach agus beidh siad nasctha le hOspidéal Ollscoile Leitir Ceanainn agus Shligigh.
- Rinne ocht mbainisteoir déag clár ocht lae ar Fhorbairt Ceannaireachta i gcaitheamh thréimhse ocht míosa. Tá an clár sin ina uirlis do bhainisteoirí chun seirbhís sláinte níos fearr a thógáil do na pobail a bhfuil siad ag freastal orthu agus do na comhghleacaithe a bhfuil siad ag obair leo.

# An tIarthar: Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin

Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 2

Daonra: 453,109



**Ag iompú an fhóid d'áis ospice d'othair chónaitheacha agus 14 leaba ann i gCaisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, ag Iar-Leasuachtarán SAM Joe Biden, le baill bhoird agus baill foirne ó Ospís Mhaigh Eo Ros Comáin.**



- Seoladh feachtas um vacsaíní fliú do bhaill foirne 'Faigh Vacsaín, Tabhair Vacsaín' i gcomhpháirt le UNICEF. Do gach vacsaín fliú a tugadh do bhaill foirne, tugadh deich vacsaín póilió do UNICEF.
- Mar chuid de Chlár Operation Transformation na hÉireann, eagraíodh Lá Grá don Saol, Grá don Siúl ar an 14 Feabhra. Ghlac thart ar 300 ball foirne páirt in imeachtaí siúil ag am lóin.
- Rinneadh dul chun cinn leis an tionscnamh um Champas Saor ó Thobac i ngach ionad cónaithe do mheabhairshláinte agus i seirbhísí do dhaoine scothaosta.
- Osclaíodh go hoifigiúil Ionad Cúraim Phríomhúil an Chreagáin, i nDeireadh Fómhair. I measc seirbhísí tá seirbhís oinceolaíochta d'othair atá ag dul faoi géartheiripe shistéimeach d'ailse.
- Osclaíodh ionad Cúraim Phríomhúil Chaisleán an Bharraigh i mí na Samhna. Tá rannóg x-gha i measc áiseanna eile san ionad agus freastalaíonn sé ar dhaonra de nach mór 26,800 duine.
- *Seoladh Plean Straitéiseach an Aonaid Sláinte don Lucht Taistil 2017-2020* le haghaidh na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin.
- Is é atá i gclár Eden ná clár oideachasúil a chuireann áit shábháilte dóibh siúd a bhfuil gá acu léi, a thriail féinmharú nó a mbíonn smaointe féinmharfacha acu. Soláthraíodh dhá chlár agus 12 rannpháirtí i ngach ceann acu i gcaitheamh na 26 seachtaine ag na seirbhísí comhairleacha.
- *Seoladh Ceangail don Saol chun Plean Gníomhaíochta chun Féinmharú a Chosc 2017-2020* le haghaidh na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin i mí na Nollag.
- Mar chuid *Bogadh ar aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe*, osclaíodh dhá theach pobail nua chun freastal ar chónaitheoirí a bhí ag bogadh ó Áras Attracta, Co. Mhaigh Eo.
- Mar chuid de thionscnamh an liosta feithimh um Neamhord ar Speictream an Uathachais, chuir 24 pháiste tús leis an gclár Model Me (Scileanna Sóisialta) in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh.
- Tar éis athchóirithe, cuireadh deich leaba fadchónaithe breise ar fáil in Aonad Altranais Pobail Bhéal Átha na Sluaighe.
- Bunaíodh grúpaí chur i bhfeidhm chun an uirlis mheasúnaithe shingil um sheirbhísí do dhaoine scothaosta a chur i bhfeidhm.
- Ghnóthaigh an Tionscadal Bronntanais an Dámhachtain AD Náisiúnta i nDámhachtainí 2017 um Shármhaitheas sa tSeirbhís Sláinte. Is féidir tuilleadh sonraí faoi sin a fheiceáil ar leathanach 29 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

# An tIarthar Láir: An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh

## Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 3

**Daonra: 384,998**



**An tIar-Aire Stáit um Meabhairshláinte agus Dhaoine Scothaosta, Helen McEntee TD, le Bridget Dooley, ag oscailt oifigiúil Svuít Bhriain Boru, Ionad Altranais Pobail An Ráithín.**


- Seoladh comhfheachtas Fliú i dteannta le Grúpa Ospidéal OL, a mhéadaigh fáil an vacsaín i measc oibríthe cúraim sláinte.
- Seoladh Luimneach Folláin. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ina ball anois de Lónra Náisiúnta na gCathracha agus gContaetha Sláintiúla faoi *Éire Fholláin*, agus iad ag obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara áitiúla chun sláinte agus leas a fheabhsú do chách.
- Ghnóthaigh an bainisteoir Iónadóireachta, Ospidéal San Camillus, Luimneach, an Dámhachtain Happy Heart um Bia Folláin. Spreagann an dámhachtain seo ionaid oibre ról lárnach a ghlacadh i roghanna bia níos sláintiúla a thairiscint.
- Sholáthair foirne idirghabhála pobail do níos mo ná 5,000 atreorúchán ar agus i gcás 3,000 atreorúchán seachnaíodh an t-ospidéal.
- Cuireadh sé phost breise i dteiripe urlabhra agus teanga ar fáil chun go bhféadfaí amanna feithimh do sheirbhísí urlabhra agus teanga a laghdú.
- *Seoladh Ceangail don Saol chun Plean Gníomhaíochta chun Féinmharú a Chosc 2017-2020 le haghaidh an Iarthair Láir.*
- Mar chuid de *In Am Bogadh ar aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe – Straitéis um Lánpháirtíocht sa Phobal*, bhog seachtar ó Ionad Naomh Uinseann i Lios na Graí, Co. Luimnigh chun cónaí sa phobal.
- Ar aon dul le *Treoracha Nua*, ár mbeartas náisiúnta chun seirbhísí tacaíochta pearsanta a sholáthar do dhaoine fásta faoi mhíchumas, tugadh cóiríocht do gach fágálaí scoile agus dóibh siúd a bhí ag imeacht ó oiliúint athshlánúcháin.
- Osclaíodh go hoifigiúil Svuít Bhriain Boru, Ionad Altranais Pobail An Ráithín. Tá an t-uasghrádú €1.6m ar shaoráidí cónaithe ceaptha chun cáilíocht an chúraim agus na cóiríochta a fheabhsú do dhaoine scothaosta agus cuimsíonn sé 25 leaba, 15 leaba fadchónaithe agus deich leaba gearrchónaithe.
- Osclaíodh go hoifigiúil Svuít Sycamore in Ionad Altranais Pobail Inis Díomáin. Dearadh an svuít i gcomhairle le cónaitheoirí ar chostas €1.7m. Soláthraíonn an foirgneamh nua timpeallacht shainchuspóra nua-aimseartha atá geal, spásúil, cairdiúil agus fáilteach.
- Tionscadal píolótach um chúram baile a éascaíonn rogha níos fearr do dhaoine atá ag fáil rochtana ar chúram baile.
- Bunaíodh grúpa áitiúil um chur i bhfeidhm chun tacú le tabhairt isteach uirlise measúnaithe singile um sheirbhísí do dhaoine scothaosta.
- Bunaíodh Coiste Cosanta nua um Dhaoine Fásta Leochaileacha.
- Mar chuid den tionscadal Luachanna ag Obair, thóg Crainn Taca Luachanna ag Obair Fleadh Cheoil na hÉireann isteach go hOspidéal Íosaif, Inis agus iad ag ostú ceolchoirme ag am lóin d'othair agus dá dteaghlaigh.



# Corcaigh agus Ciarraí

## Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 4

**Daonra: 690,575**



**Finbarr O'Leary ina theach nua in Eochaille le Yvonne Dalton, bainisteoir altranais chliniciúil agus Kim Twohig, altra cláraithe, míchumais intleachta.**

- Rinneadh comhairliúchán fairsing faoi fhorbairt *Plean um Chur i bhfeidhm Éire Fholláin* do Chorcaigh agus Chiarraí. Ghlac baill foirne páirt i go leor tionscnamh sláinte agus leasa lenár áiríodh na milliúin céim a thógáil mar chuid de dhúshlán na gcéimeanna agus d'fhreastail 400 ball foirne ar lá sláinte agus leasa i gCoillte Fhearainn. Scaiptear nuachtlitr mhíosúil ar shláinte agus leas agus tugadh isteach postáil eolais faoi chalraí i go leor láithreacha.
- Críochnaíodh obair thógála ar ionad cúraim phríomhúil nua i gCampas Mhuire, Garrán na mBráthar, an t-ionad cúraim phríomhúil is mó sa tír.
- Osclaíodh sainaonad othair chónaithe agus 15 leaba ann do chúram maolaitheach i dTrá Lí tar éis comhair idir an FSS agus Fondúireacht Ospíse Chiarraí.
- Sheol an rannóg oibre pobail a chúigiú sraith den leabhrán *Lighting the Way East Cork*, acmhainn luachmhar do theaghláigh agus cairde duine a fuair bás de thoradh féinmharaithe.
- Osclaíodh Deer Lodge, aonad €13m um théarnamh ó mheabhairshláinte, i gCill Áirne. Saoráid nua-aimseartha agus inrochtana atá ann a bhfuil 40 leaba ann agus cuirtear cúram ar fáil leis an aidhm déanamh cinnte go bhfuil an ról is mó ag cónaitheoirí ina bpróiseas téarnaimh féin agus gur féidir leo bogadh ar aghaidh i dtreo saoiníos neamhspleáiche.
- Seoladh *Ceangail don Saol chun Plean Gníomhaíochta chun Féinmharú a Chosc 2017-2020 le haghaidh Chiarraí*.
- Seoladh *Ceangail don Saol chun Plean Gníomhaíochta chun Féinmharú a Chosc 2017-2020 le haghaidh Chorcaí*.




- Mar chuid de *In Am Bogadh ar aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe*, bhog ochtar ó Chluain Fhionnan i gCill Áirne agus bhog 16 dhuine ó St. Raphael's in Eochail isteach i dtithe ina gcuid pobal faoi seach.
- Osclaíodh ceithre leaba déag um chúram idirthréimhse i gCloch na gCoillte chun ceadú aire a thabhairt d'othair le linn na hidirthréimhse tar éis a scaoilte amach ó Ospidéal Ollscoile Chorcaí, chun cabhrú le sreabhadh othar ón ospidéal.
- Reáchtáladh an chéad chomhdháil ar altranais in ospidéal phobail i gCorcaigh agus i gCiarraí – ba i gCill Áirne a raib sé ar siúl – agus d'fhreastail 120 altra uirthi, chomh maith le hionadaithe ó Choláiste na hOllscoile Chorcaí, Ollscoil Luimnigh, agus an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí.
- Forbraíodh eolaire cuimsitheach de sheirbhísí do dhaoine scothaosta ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí.

# An tOirthear Theas: Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge, Loch Garman

Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 5

Daonra: 510,333



## Seoladh pacáiste acmhainne oiliúna feasachta míchumais, Let's Able, Not Label, do mhic léinn chéad bliana i mbaile Thiobraid Árann.

Sa ghrianghraf: Anne Bradshaw, Tipperary Gold Star/HSE; Joanne O' Riordan, Gníomhaí ar son Chearta Míchumais; Carol Moore, Bainisteoir na Seirbhísí Míchumais, FSS/ Seirbhísí Cúraim Príomhúil Thiobraid Árann Theas agus Fiona Crotty, Comhairle Contae Thiobraid Árann.

- Ghlac foirne páirt i dtionscnaimh siúlóide am lóin mar chuid de *Dhúshlán Gníomhaíochta Fhisiciúil na hÉireann*, agus ghlac 21 ball foirne i bPort Láirge páirt sa dúshlán 10,000 céim sa lá thar ceithre seachtaine.
- Seoladh bileog eolais d'othair, le go n-úsáidfeadh Foirne Cúraim Príomhúil iad. Tugann na bileoga mionsonrú ar an réimse leathan seirbhísí atá á dtairiscint trí chúram príomhúil agus an bealach chun iad a rochtain.
- Seoladh leabhrán eolais do dhochtúirí ginearálta a oibríonn le daoine trasinsneacha. Déanann sé roghanna cóireála, measúnú agus cúram sainiúil trasinsneach, achoimre ar sheirbhísí do pháistí agus d'ógánaigh agus acmhainní eile a imlíniú. Eisíodh é chuig thart ar 300 dochtúir ginearálta.
- Seoladh Coláiste Téarnaimh an Oirthir Theas, Cill Chainnigh go foirmiúil. Is é coincheap Choláiste Téarnaimh ná daoine le deacrachtaí meabhairshláinte a chumasú agus ceangal, dóchas, féiniúlacht, ciall agus cumas a chur ar fáil dóibh trí oideachas dírithe ar théarnamh. Is féidir le rannpháirtithe clárú i gceardlanna oibre chun cabhrú leo a dturas téarnaimh pearsanta féin ó mheabhairshláinte agus dúshlán andúile a bhainistiú trí chreat oideachais comhfhobartha

agus comhsheachadta a úsáid. Tá polasáí iontrála oscailte i bhfeidhm, a thugann deis do chuille dhuine rochtain a fháil ar shláinte mheabhairshláinte agus ar oideachas téarnaimh.


- Seoladh *Pleananna Gníomhaíochta Ceangail don Saol 2017-2020* do:
  - Tiobraid Árann Theas
  - Port Láirge
  - Ceatharlach.
- Cuireadh tús le hobair thógála iomlán ar ionad cúraim cónaitheach 100 leaba ag Ospidéal Naomh Pádraig i bPort Láirge i nDeireadh Fómhair.
- Seoladh *Straitéis Aoisbhá Cheatharlach 2017-2022*. Forbraíodh é i gcomhar agus i gcomhairle le daoine scothaosta i gCeatharlach agus tá sé mar aidhm aige feabhas a chur ar shláinte agus ar chaighdeán saoil dhaoine scothaosta sa chontae.
- Moladh go hard an tseirbhís teiripe urlabhra agus teanga i dTiobraid Árann Theas ag Duaiseanna Béarla Simplí na hÁisíneachta Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh faoina bhileog eolais measúnaithe teiripe urlabhra agus teanga do thuismitheoirí/cúramóirí.



# Baile Átha Cliath Thoir Theas, Dún Laoghaire, Cill Mhantáin

Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 6

**Daonra: 393,239**



**Rith an roinn altranais sláinte poiblí dhá ócáid phoiblí le ceiliúradh a dhéanamh ar an ráta cothaithe cíche is airde in Éirinn chun seachtain náisiúnta chothú cíche a mharcáil.**

Sa ghrianghraf: Laura Campbell lena leanbh James, agus Rowena Duffy lena leanbh Isabella ag lá ceiliúrtha cothú cíche ag Óstán Radisson i Stigh Lorgan.



- Bhí roinnt seisiúin rannpháirtíochta foirne agus comhairliúcháin *Éire Shláintiúil* ann chun bonn eolais a chur faoin fhorbairt ar Phlean Feidhmiúcháin *Éire Shláintiúil*.
- Foilsíodh an séú eagrán den phacáiste tagartha cothaithe (0-12 mí). Is iad an fhoireann diatéitice a d'fhorbair an pacáiste chun tacú le foirne a oibríonn le naíonáin agus a muintir chun teachtaireachtaí cothaithe iontaoifa bunaithe ar fhianaise a spreagadh.
- Rinne diatéitigh pobal seachadadh do 250 cliant ar chlár oideachais X-Pert sé seachtaine do dhaoine fásta le diaibéiteas chineál 2.
- Forbraíodh clár *Spraio* le Bia faoi threoir chúram príomhúil do pháistí, le rogha teoranta bia agus a mbíonn imní orthu nuair a thugtar bia nua dóibh, ag baint úsáide as teicnící céadfacha agus dí-íoghrúchána. Múintear do thuismitheoirí conas na teicnící sin a thabhairt isteach sa saol laethúil.
- Bhí sé de thoradh ar chlár feabhsúcháin seirbhíse a thug an tseirbhís fisiteiripe san Inbhear Mór isteach gur laghdaíodh na hamanna feithimh don chéad mheasúnú ó 32 seachtain go ceithre seachtaine.
- Rinne an tseirbhís cosanta cos atá i mbaol i gCill Mhantáin Thoir athdhearadh ar a múnla cúraim do chliaint le hothras coise diaibéiteach. Bhí sé de thoradh ar seo gur laghdaíodh amanna feithimh chun feistí ortaipéideacha a sholáthar do chliaint le fadhbanna neamhchasta cos atá i mbaol ó 52 seachtain go naoi seachtaine, rud a chur ardú ar shásamh na n-othar agus a chuir feabhas ar thorthaí do chliaint.
- Seoladh an *Plean Gníomhaíochta chun Féinmharú a Laghdú le Chéile 2015-2020, Ceangail don Saol, Baile Átha Cliath Thoir Theas, Dún Laoghaire agus Cill Mhantáin Thoir*.
- Bhí an roinn fhisiteiripe, i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i gceannas ar chlár sé seachtaine Foghlaim le Rothaíocht do pháistí le míchumais, leis an aidhm iad a mhúineadh le rothaíocht go neamhspleách agus go sábháilte.
- Tá an CHO ina láthair do Théarnamh Éireann a Chur Chun Cinn (Advancing Recovery Ireland) a thugann úsáideoirí seirbhíse, teaghlach agus tacaíochtaí pobail le chéile chun ár seirbhísí meabhairshláinte a dhíriú níos mó ar théarnamh.
- Bunaíodh seirbhís tiomnaithe fisiteiripe matánchnámharlaigh FSS do bhaill foirne a bhíonn as láthair de bharr gortuithe.
- Bhuaigh Seirbhís Sláinte na bhFear Aerach Gradam na Nuálaíochta i Seachadadh Seirbhíse i nGradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte agus bhuaigh a bainisteoir seirbhíse Gradam chun Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú a chur chun Tosaigh.
- Bhuaigh duine de na bainisteoirí ginearálta, seirbhísí do dhaoine scothaosta i gcúram néaltraithe Gradam Eorpach Kate Granger do Chúram Comhbhách.

# Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, Cill Mhantáin Thiar

Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 7

Daonra: 697,644



**Ritheadh imeacht foghlamtha Treonna Nua i dTeach Naomh Mícheál, áit ar thaispeáin soláthraithe seirbhíse an chaoi a bhfuil seirbhísí á n-atheagrú chun clár feabhsaithe tacaíochta lae a chur ar fáil do dhaoine fásta le míchumais.**

Sa ghrianghraf: Luca Melocco Mulville, James McWalter, Mikey Humphreys, Peter Carmody agus Ailís Colgan.

- Ritheadh seisiún rannpháirtíochta ceathrar ball foirne *Éire Shláintiúil* chun tacú le forbairt phlean feidhmiúcháin *Shláinte Éireann*. Ghlac foirne *Shláinte Éireann* páirt i roinnt mhaith tionscnamh i rith na bliana ar nós lá Ghrá don Saol, Grá don tSiúlóid (Love Life, Love Walking) i mí Feabhra agus an Dúshlán Céim i dtreo Sláinte foirne (Step to Health Challenge).
- Bunaíodh grúpa stiúrtha chun maoirseacht a dhéanamh ar an gclár bainistíochta ar ghalar ainsealach agus thosaigh foirne riospráide agus diaibéiteas ag obair i dTamhlacht.
- D'oscail ionaid nua cúram príomhúil i mBaile Coimín, Co. Chill Mhantáin agus Cill Droichid, Co. Chill Dara.
- Rinneadh earcú ar ceithre theiripeoir déag urlabhra agus teanga 2017, rud a laghdaigh am feithimh chun rochtain ar sheirbhísí.
- Cuireadh tús le seirbhís scagthástála náisiúnta soghluaiste nua agus chuir sí seirbhísí ar fáil don phobal dídeanaí i Mainistir Eimhín. Tá tús curtha le seirbhís dochtúra in-shroichte nua agus cuireadh rochtain ar fáil do sheirbhísí síceolaíochta agus tacaíochta tráma.
- Bhunaigh an fhoireann foirne teiripe urlabhra agus teanga tionscnamh nua in Inse Chór ar a dtugtar an Caifé Cumarsáide (Communication Café). Cuireann an tionscadal deiseanna ar idirghníomhú sóisialta


ar fáil dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí cumarsáide acu de bharr afáise tar éis stróc nó afáis phríomhúil fhorchéimnitheach, i dtimpeallacht cháirdiúil agus thacúil. Cuireann sé tacaíocht phiara ar fáil freisin don teaghlach, do chairde agus do chúramóirí.

- Cuireadh leathnú leis an tseirbhís dochtúra in-shroichte, Safetynet, chuig ionaid cóiríochta éigeandála.
- Cuireadh oiliúint ar chúig fhoireann mheabhairshláinte sa phróiseas féinmheasúnaithe ag teacht le *Treoir FSS um Chleachtas is Fearr do Sheirbhísí Meabhairshláinte*.
- Ceapadh ceann ceantair do rannpháirtíocht mheabhairshláinte chun a chinntiú go bhfuil tuairimí agus taithí úsáideoirí seirbhíse agus a lucht tacaíochta i gcroílár phleanáil agus sheachadadh sheirbhísí meabhairshláinte.
- Tá pleananna gníomhaíochta féinmharaithe *Ceangail don Saol* gaibhte go maith chun cinn ó thaobh forbartha do Bhaile Átha Cliath Theas, Cill Dara agus Cill Mhantáin Thiar.
- Bunaíodh foireann HCAI agus cuireadh tús le clár traenáil an traenálaí i sláinteachas lámhe a chur i bhfeidhm.

# An Lár-Réigiún, Lú, An Mhí

Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 8

Daonra: 619,281



**D'fhreastail 345 ball foirne ar shé cinn de sheisiúin rannpháirtíochta Éire Shláintiúil. Thug siad sin deis do bhaill foirne níos mó eolais a fháil ar Éire Shláintiúil agus tuairimí a roinnt faoin mbealach ab fhearr le feabhas a chur ar shláinte agus fholláine na foirne agus úsáideoirí seirbhíse aron.**



- Chuaigh comhordaitheoir tacaíochta féin-bhainistithe ar ríochtaí ainsealacha i mbonn dualgais. Cabhraíonn tacaíocht féin-bhainistithe le daoine an t-eolas, an muinín agus na scileanna a bhfuil gá leo a fhorbairt chun na cinní barrmhaith a dhéanamh chun a gcuid ríochtaí ainsealacha ar nós COPD, plúchadh, diaibéiteach agus galair chardashoithíoch a bhainistiú.
- Bhí ardú ar an líon ball foirne a ghlac leis an vacsaíníú in aghaidh an fhliú. Do gach vacsaíníú a tugadh do bhaill foirne, tugadh deich vacsaíní póilíó do UNICEF.
- Bhí úsáideoirí seirbhíse na seirbhísí meabhairshláinte i gceantar Lú/na Mí rannpháirteach i gclár deich seachtaine a bhí ag díriú ar fhorbairt scile ar a bhfuil ceannaireacht agus éascú trí INvolve!, rannpháirtíocht agus gafacht na seirbhíse meabhairshláinte. Ritheadh imeacht chun sárthaispeántas a thabhairt ar rath an chláir agus ar na tacaíochtaí pobail agus meabhairshláinte deonacha atá sa cheantar. D'fhreastail úsáideoirí seirbhíse, baill teaghlaigh, cúramóirí/lucht tacaíochta agus foirne ar an imeacht agus chuir sé béim ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus gafacht dhaoine a bhfuil taithí acu a bheith ag maireachtáil in eagraíochtaí a bhfuil baint acu le meabhairshláinte.
- Tá pleananna gníomhaíochta féinmharaithe *Ceangail don Saol* gaibhte go maith chun cinn ó thaobh forbartha do Lár Tire, Co. Lú agus Co. na Mí. Bhaile Átha Cliath Theas, Cill Dara agus Cill Mhantáin Thiar.
- Bhuaigh an roinn x-gha ag ionad chúram phríomhúil Chluain Bhorraisc, i mBaile Átha Luain gradam Medray/IIRRT 2017 Bliana na Roinne. Is é an chéad roinn raideolaíochta é atá lonnaithe laistigh d'ionad chúram phríomhúil a mbeidh othair in ann x-ghathanna agus scanadh a fháil go háitiúil gan a bheith orthu freastal ag ranna éigeandála ospidéal.
- Aistríodh sé dhuine dhéag ó St. John of God's, Droim Chora, Co. Lú agus athraíodh beirt ó Mhuiriosa go dtí an pobal mar chuid de *Tá sé in am athrú ó Láithreacha Comchónaithe – Straitéis ar Chuimsiú Pobail*.
- Rinneadh oibreacha athchóirithe ag Teach Riada, ar aonad 29-leaba sa Tullach Mór, i gCo. Uíbh Fhailí é. Táthar ag súil go mbeidh na hathchóirithe seo críochnaithe i mí Feabhra 2018.



# Tuaisceart Chathair agus Tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath

Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 9

**Daonra: 621,405**



**Is grúpa gutha agus tacaíochta é An bhfuil Tú In Ann Mé a Chloisteáil Anois (Can You Hear Me Now) a bhunaigh seirbhísí teiripe urlabhra agus teanga do dhaoine a bhfuil galar Parkinson orthu. Tagann thart ar dhá dhuine dhéag le chéile ar dhá ócáid gach mí le hoideachas agus treoir a fháil i dtaobh maireachtáil go maith le galar Parkinson. Tá na tionscnaimh leathnaithe chuig Lárionad Cathrach Bhaile Munna.**

Sa ghrianghraf: Patricia O'Connor agus Ruth Talbot, Teiripeoir Urlabhra agus Teanga.



- Bhí ardú ar an líon baill foirne a ghlac leis an vacsaíniú in aghaidh an fhlú, rud a raibh mar thoradh air gur buaileadh amach an sprioc náisiúnta.
- Osclaíodh ionad cúram príomhúil an Choirr Dhuibh go hoifigiúil. Déanann an t-ionad nua-aimseartha nua óstáil ar réimse seirbhísí ar a bhfuil teiripe saothair péidiatraice, fisiteiripe, seirbhís fiaclóireachta, altranas sláinte poiblí, seirbhís dochtúra agus CAMH.
- D'oscail ionad cúram príomhúil Bhaile Brigín freisin le réimse iomlán seirbhísí cúram phríomhúil agus mheabhairshláinte a chur ar fáil, CAMHanna san áireamh.
- Tá clár oideachais struchtúrtha othar le diaibéiteach, clár athshlánúcháin scamhógach agus clár cúraim comhtháite riospráide á seachadadh sa phobal i gcomhar le Ospidéal Uí Chonghaile, Ospidéal Beaumont agus Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae.
- Ceapadh trí theiripeoir déag urlabhra agus teanga le tacú le ham feithimh do leanaí faoi 18 mbliana d'aois a laghdú.
- Ceapadh ceann ceantair do rannpháirtíocht mheabhairshláinte chun a chinntiú go bhfuil tuairimí agus taithí úsáideoirí seirbhíse agus a lucht tacaíochta i gcoirleáir phleanáil agus sheachadadh seirbhísí meabhairshláinte.
- Bunaíodh láthair Jigsaw i lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Is líonra tionscadal é Jigsaw, a oibríonn le pobail chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do mheabhairshláinte agus d'fholláine dhaoine óga. Chonacthas 573 duine óg i rith na bliana agus tugadh 1,266 seisiún chun críche.
- Tá an *Plean Gníomhaíochta Ceangail don Saol 2017-2020* á fhorbairt do Thuaisceart Chathair agus Chontae Bhaile Átha Cliath.
- Tá beirt oifigeach acmhainne féinmharaithe in oifig anois agus bunaíodh grúpa stiúrtha trasearnála *Ceangail don Saol*.
- Aistríodh dhá dhuine dhéag ó láithreacha comhchónaithe go cónaí pobail.
- Bhí seirbhísí fisiteiripe i mBaile Munna rannpháirteach i dtionscadal Balance Matters i gcomhar le seirbhísí um chur chun cinn na sláinte agus Comhpháirtíocht Spóirt agus Fholláine Chathair Bhaile Átha Cliath. Éascaíonn sé seo idirghabhálacha cleachtas sprioctha, inbhuanaithe i measc dhaoine fásta scothaosta a thit, nó atá i mbaol titime nó go bhfuil eagla orthu go dtitfidh siad.
- Rinneadh an uirlis mheasúnaithe singil a rolladh amach ar fud cheantar Bhaile Átha Cliath Thuaidh do sheirbhísí do dhaoine scothaosta.
- Bhuaigh an tionscadal Comhordú Tacaíochta Nuálach do Dhaoine Scothaosta an gradam fhoriomlán i nGradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte don bhliain seo. Tá tuilleadh sonraí faoi seo le fáil ar leathanach 29 sa Tuarascáil Bhliantúil seo.
- Bhuaigh an Tionscadal Bia, Ospidéal Naomh Muire, Páirc an Fhionnuisce Gradam Thaithí Téarnaimh Othar ag Gradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte.



# Cúram Réamhospidéal agus Géarospidéal



**Déanann Cúram Réamhospidéal agus Géarospidéal tagairt do réimse leathan seirbhísí, ar a n-áirítear cúram éigeandála réamhospidéal, a chuirtear ar fáil laistigh den chóras ghéarospidéal.**

### Cúram Éigeandála Réamhospidéal

Ag cur cúram cliniúil gairmiúil agus comhbhách chomh maith le hiompar ar fáil d'othair, i gcomhpháirtíocht leis an tseirbhís sláinte níos leithne.

### Cúram Géarospidéal

Ag cur cúram sábháilte agus éifeachtach atá dírithe ar othair ar fáil don daonra, trí sheacht nGrúpa Ospidéal agus ceathracha hocht géarospidéal.

### Clár Náisiúnta Sláinte Ban agus Naíonán

I gceannas bhainistíocht, eagrú agus sheachadadh sheirbhísí máithreachais, gíniceolaíochta neamhurchóideacha agus nuabheirthe.

### Seirbhísí Ailse

I gceannas ar fhorbairt agus sholáthar chúram ailse, diagnóis luath agus cóireáil, go cúram leantach cuí agus tacaíocht i láithreacha géarospidéal agus pobal araon.

Cuireann na 48 géarospidéal seirbhísí géarospidéal ar fáil trí sheacht nGrúpa Ospidéal, agus bíonn Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a bhfoirne bainistíochta faoi seach i gceannas ar seo. Éascaíonn an struchtúr rialachais seo rochtain níos fearr ar sheirbhísí ardchaighdeán le tacaíocht ó shocruithe bainistíochta agus cuntasáochta daingean ag gach leibhéal seirbhíse.

# Ag seachadadh Seirbhís Ospidéil trí Ghrúpaí Ospidéal

Cuireann ár nGrúpa Seacht nOspidéal an struchtúr ar fáil chun líonra ospidéil comhtháite do ghéarchúram a sheachadadh.



# Ár dTosaíochtaí a Chur Chun Cinn...

## Cúram Éigeandála Réamhospidéal

Is í an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) an soláthraí reachtúil ar chúram éigeandála agus cúram idirmheánach réamhospidéal don Stát, agus oibríonn sí i gcomhar le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, le hAerchór na hÉireann agus Garda Cóstá na hÉireann agus, tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna i gceantair na teorann le Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna Thuaisceart Éireann.



Bhí an tSeachtain Restart a Heart Eorpach ar bun i nDeireadh Fómhair chun feasacht a ardú gur féidir agus gur chóir do chuile dhuine eolas a chur ar athbheochan chardascamhógach (ACS).

Más rud é go mbíonn stad cairdiach ar aon duine, tá a dhá oiread seans acu go dtiocfaidh

siad uaidh má tharlaíonn sé i láthair duine a ghlaonn ar 112/999 láithreach agus a chuireann tús le ACS sula dtagann an t-otharcharr.

Bhí na céadta ball foirne ó FSS ar fud na tíre ag glacadh páirte i seisiúin taithíochta ACS, áit a rabhadar in ann éisteacht le glao ionsamhlaithe 112/999, treoir oibrí pharaimhíochaine a leanúint agus ACS a chleachtadh, le cabhair ón tSeirbhís Náisiúnta Otharcharr, ó oifigigh traenála athbheochana agus céad fhreagróirí pobail.

## Ag feabhsú feidhmíochta oibríúcháin agus torthaí d'othair

- Cuireadh oiliúint ar fhoirne breise chun amanna freagartha a fheabhsú a thuilleadh agus chun an tseirbhís cúraim idirmheánach (SCI), a thacaíonn le Grúpaí Ospidéal le haistrithe idir-ospidéal a leathnú, ar a bhfuil:
  - Thug 87 oibrí paraimhíochaine a gcuid oiliúna iar-chéime chun críche agus cuireadh chuig bunáiteanna oibríochta iad, agus thosaigh 95 oibrí paraimhíochaine ar a gclár oiliúna.
  - Chríochnaigh 52 oibrí cúraim idirmheánach nua a gclár oiliúna agus cuireadh iad chuig a láthair oibre.
- Tá amanna freagartha ag feabhsú de réir a chéile, freagraíodh 83% de ghlaonna ECHO (stad cairdiach nó riospráide atá ina bhaol báis) agus 61% de ghlaonna DELTA (breoiteacht nó gortú atá ina bhaol báis) laistigh den fhráma ama 18 nóiméad agus 59 soicind.
- Leanadh leis an obair, mar chuid de Chlár Náisiúnta Míochaine Iompair chun seirbhísí aisghabhála othar a fhorbairt le tacú le líonraí cliniciúla ag teacht leis an bpolasaí náisiúnta.
- Tá feachtais earcaíochta ar bun chun feidhmíocht Chaighdeán Tiomána Sheirbhísí Éigeandála an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn agus chun feidhm bainistíochta éigeandála a fhorbairt.



Sa ghrianghraf: Sophie ag fáil a teastas ón fhreagróir glaonna Aoife ag an Ionad Oibríochtaí Éigeandála Náisiúnta i dTamhlacht.

Fuair Sophie Doyle atá seacht mbliana d'aois a teastas crógachta tar éis di glaach ar 999 chun a insint go raibh a máthair tar éis turraing anaifíolachtach a fháil. Dúirt Janet Doyle i ndiaidh na heachtra gur chuir an tseirbhís ionadh uirthi, agus faoin mbealach ar chomhoibrigh an t-otharcharr agus an fhoireann seolta chun í a thabhairt go sábháilte chuig an ospidéal, agus Sophie a choinneáil suaimhneach ag an am céanna.

### Ag cur seirbhís solúbtha, sábháilte, freagrúil agus éifeachtúil ar fáil chun freastal ar mhúnlaí malartacha pleanáilte eile ar chúram othar agus ag cur feabhais ar riachtanais sláinte an phobail

- Tá ardú tagtha ar scéimeanna céad fhreagróirí go 168 (ó 145 in 2016) agus ceapadh triúr Oifigeach Rannpháirtíochta Pobail le díriú ar réimse sprioctha.
- Táthar ag dul chun cinn leis an gconair mhalartach cúraim, Hear and Trust, trí ghrúpa tosaigh foirne a cheapadh agus a oiliúint agus tríd an mbonneagar atá riachtanach, córas seachadta ríomhchuidithe (CAD) san áireamh, a fhorbairt.
- Cuireadh clár oideachais agus oiliúna pobail-bhunaithe chun cinn laistigh de na scéimeanna céad fhreagróirí pobail agus obair an Ghrúpa Stiúrtha Stad Cairdiach Amuigh as Ospidéal.
- Tugadh *Athbhreithniú Náisiúnta na Seirbhíse Otharcharr ar Dhearadh Eagraíochtúil* chun críche mar chuid den phróiseas chun tús a chur le feidhmiúchán Mhúnla Oibríochta NAS.

### Feabhas a chur ar cháilíocht cúraim agus sábháilteacht othar trí inniúlachtaí cliniciúla agus socrúithe rialachais a fheabhsú

- Cuireadh tús le taifead leictreonach chúraim othar (ePCR) a rolladh amach, le pictiúr níos iomláine de ghéareipeasóid gach othar aonair a chur ar fáil don ED glactha, agus tá pleananna don chéad chéim eile den rolladh amach ag dul de réir sprice.
- Forbraíodh príomhtháscairí feidhmíochta nua agus creat chun iad a chur i bhfeidhm, agus tosófar ar thástáil treorach pleanáilte in 2018.

### Acmhainní cuí a lonnú go sábháilte, go sciobtha agus go héifeachtúil

- Cuireadh plean flít agus fearas i bhfeidhm le tuairiscí míosúla ar a stádas chun a chinntiú go bhfuil flít agus fearas NAS costéifeachtúil, coinnithe ar ardchaighdeán agus go bhfuil ar a gcumas freastal ar mhúnlaí sheachadta seirbhíse sa todhcháí.
- Fógraíodh gurbh é NAS buaiteoir chatagóir na Seirbhíse Poiblí de Ghradam Fuinnimh Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) 2017. Bronnadh an gradam mar aitheantas ar ghealltanas NAS ar lorg carbóin a laghdú, agus ar na roghanna fuinnimh inbhuanaithe atá ar fáil anois i bhflít NAS ar a bhfuil 50 feithicil de na feithicil nua feistithe le painéil gréine.

## Cúram Géarospidéil

Cuireann géarospidéil réimse leathan seirbhísí ar fáil, ar a bhfuil seirbhísí othar chónaitheach, cáis lae, othar sheachtrach, éigeandála, diagnóisice, máithreachais agus ailse. Lean an t-éileamh ar sheirbhísí ag méadú in 2017 ar aon dul le pobal atá ag fás agus ag dul in aois agus d'fhan an fócas ar sheirbhísí sábháilte d'ardchaighdeán a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse.

Rinneadh Suirbhé Náisiúnta Thaithí Othar, an chéad cheann dá chineál in Éirinn agus comhfhiontar idir HIQA, FSS agus an Roinn Sláinte i mí na Bealtaine. Tugadh cuireadh do 26,635 othar ó 40 géarospidéal a bheith rannpháirteach ann, agus bhí ráta freagartha de 51% ag an suirbhé.

Cé go ndúirt 79% de na freagróirí go raibh taithí mhaith nó an-mhaith acu san ospidéal, dúirt 16% nach raibh an taithí ach cothrom nó go dona, agus thug othair a tugadh isteach san ospidéal ar chúis éigeandála rátaí níos ísle ar a dtaití fhoriomlán cúraim ná na hothair a raibh an t-am a chaitheadar san ospidéal pleanáilte roimh ré.

Ba mar gheall ar a dtaití in ED, cúram sa bharda, cumarsáid agus eolas agus an próiseas scaoilte amach a bhí príomhchúraim inní na n-othar. Bainfear úsáid as torthaí ón suirbhé chun cruth a chur ar pholasaí chúraim sláinte amach anseo agus chun torthaí othar a fheabhsú. Má tá tuilleadh eolais uait, féach ar [www.patientexperience.ie](http://www.patientexperience.ie). Tá tuilleadh eolais maidir leis an suirbhé le fáil ar leathanach 16 den Tuarascáil Bhliantúil seo.



Ag seoladh an tsuirbhé bhí: Phelim Quinn, POF, HIQA; An tAire Sláinte Simon Harris TD; agus Tony O'Brien, iar-Ardstiúrthóir, FSS.

Ba iad na príomhthosaíochtaí in 2017 ná cúram a sheachadadh go sábháilte agus go héifeachtúil, feabhas a chur ar rochtain ar chúram práinneach agus pleanáilte agus feabhas a chur ar thaithí an othair.

### Cúram ar ardchaighdeán a sheachadadh trínár nGrúpaí Ospidéal

- Tá anailís ar acmhainní ag leanúint ar aghaidh chun cumas cáilíochta agus sábháilteachta othar a thógáil thar ospidéal agus táthar ag leanúint le céim 2 den Chóras Náisiúnta Bainistíochta Teagmhais (NIMS) a rolladh amach sna géarospidéil.
- Lean na Grúpaí Ospidéal ag leabú struchtúir dhaingne bainistíochta agus rialachais chliniciúla, ar a bhfuil Bord Stiúrthóirí a cheapadh agus pleananna straitéiseacha grúpa agus struchtúir ghrúpa a fhorbairt chun tacú le cáilíocht agus sábháilteacht othar.
- Tosaíodh ag déanamh monatóireachta ar an ráta teagmhais titime agus ar earráidí cógais atá aicmithe mar mór nó dian.
- Tá tuairiscí tháscaire sábháilteachta othar ospidéal forbartha agus táthar á bhfoilsíú.



## Monatóireacht a dhéanamh ar Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte agus iad a rialú

- Tagadh ar chomhaontú le Staph i dtaobh táscairí feidhmíochta chun feabhas a chur ar mhonatóireacht agus ar rialú HCAI. Aureus agus C. Tá ionfhabhtuithe difficile, a thugann eolas níos luaithe ar ionfhabhtuithe, agus próiseas dearbhuíthe feidhmíochta bunaithe.
- Déantar comparáid idir eolas ar theagmhais agus scagthástáil CPE agus tá polasaithe a bhaineann leis á bhforbairt i gcomhar leis an bhfoireann náisiúnta éigeandála sláinte poiblí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir leis na HCAIanna ar leathanaigh 21 agus 39 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

## Acmhainn chúram chriticiúil a mhéadú

- Cuireadh méadú ar acmhainn chúram chriticiúil in Ospidéal Ollscoil Chorcaí trí dhá aonad leapa dianchúraim a oscailt.

## Sreabhadh othar cónaitheach a fheabhsú

- Cuireadh tús le roinn tionscadal ag Ospidéal na hOllscoile Gaillimh agus Ospidéal Ollscoile Luimnigh faoin gclár Sreabhadh Othar, ar a bhfuil:
  - Feabhsúcháin a chur i bhfeidhm i sreabhadh máinliachta éigeandála
  - Feabhas a chur ar agaí slánúcháin leapa agus móill a laghdú in aistrithe ED
  - Feabhas a chur ar phleanáil úrscaoilte agus méadú a cur ar úrscaoilte luath ar maidin.

## Feabhas a chur ar na huairéanta a bhfuil taithí ag othair orthu laistigh de na EDanna

- Bhí dúshlán i gcónaí le freastal ar an éileamh ar chúram neamhsceidealaithe agus bhí ardú leanúnach ar thinrimh in EDanna. D'fhreastail thart ar 30,000 duine breise, ar a raibh 8,800 othar os cionn 75 bliain d'aois, ar ár EDanna i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Lean an obair ar mholtaí phlean thascfhórsa ED maidir le taithí ama othar, chun déileáil leis na brúnna leanúnacha atá ar EDanna agus go háirithe chun amanna feithimh d'othair os cionn 75 bliain d'aois a laghdú.
- D'ainneoin an t-éileamh méadaithe, bhí titim de thart ar 1,400 ar an líon othar a bhí ag fanacht níos mó ná 24 uair an chloig agus ba othair os cionn 75 bliain d'aois a bhí in 800 díobh.
- Bhí 113 leaba bhreise curtha ar fáil in ár n-ospidéal faoi dheireadh thionscnamh gheimhridh 2016/2017, agus bhí 74 leaba géarchúraim eile ar fáil ag deireadh na bliana mar chuid de thionscnamh 2017/2018. Tá tuilleadh sonraí faoi seo le fáil ar leathanach 24 sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

- Lean an obair ar fhoirne cúraim comhtháite a fhorbairt do dhaoine scothaosta i gcomhar leis na CHOnna. Tá tuilleadh sonraí faoi seo le fáil ar leathanach 24 sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

## Cuid dár nGníomhaíocht in 2017

- Scaoileadh 1,708,059 othar amach as an ospidéal – 635,663 othar cónaitheach agus 1,072,396 cás lae – ardú de 21,900 i gcomparáid le 2016.
- Bhí 1,416,449 teacht i láthair éigeandáil ag géarospidéil (ardú de 4%).
- Bhí 3,307,079 tinreamh othar sheachtrach (laghdú de 0.4%).
- Bhí 1,279,712 tinreamh in ED (ardú de 3%).
- Bhí 87% de dhaoine fásta ag fanacht níos lú ná 15 mí do ghnáthamh othair chónaithe agus 93% do ghnáthamh cáis lae (89 agus 86% faoi seach do leanaí) faoi dheireadh na bliana.
- Bhí 72% d'othair ag fanacht níos lú ná 52 seachtain le haghaidh coinne OPD faoi dheireadh na bliana.
- Bhí 68 othar ag fanacht níos mó ná ceithre seachtaine ar ionscópacht phráinneach faoi dheireadh na bliana agus bhí 58% d'othair ag fanacht níos lú ná 13 seachtain ar ghnáth-ionscópacht.
- Scaoileadh 81% d'othair isteach nó amach laistigh de naoi n-uairéanta ón am ar chláraigh siad le ED agus scaoileadh 66% díobh isteach nó amach laistigh de sé huairéanta.

## Feabhas a chur ar rochtain ar chúram práinneach agus pleanáilte

- Chun feabhas a chur ar acmhainn ospidéil, osclaíodh roinnt aonaid nua agus aonaid athsholáthair le linn na bliana, ar a raibh athsholáthar ar bhloc barda 75 leaba in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus ED nua in Ospidéal Ollscoile Luimnigh. Rinneadh dul chun cinn freisin ar Chéim 2 den aonad measúnaithe géarmhíochaine (AMAU) in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre Port Laoise le linn 2017.
- Lean obair leis an NTPF chun tionscnaimh liosta feithimh a chur i bhfeidhm, amanna feithimh a laghdú agus cóireáil a chur ar fáil do na hothair is faide atá ag feithimh. Aithníodh 38,991 othar a sárófaí a dtréimhse feithimh 15 mí mura ndéanfaí aon gníomh, agus baineadh 31,600 díobh sin den liosta feithimh.

- Forbraíodh nuashonrú ar an liosta feithimh scolóise agus ar an bplean forbartha seirbhíse a bhí dírithe ar a chinntiú nach mbeadh aon othar scolóise a mbeadh obráid ag teastáil uaidh/uaithi ag fanacht níos mó ná ceithre mhí i gcomhair obráide, nuair a bheadh sé oiriúnach go cliniúil, faoi dheireadh na bliana. Bhí ardú ar acmhainn Ospidéal Mhuire do Leanaí, (Cromghlinn), Ospidéal Ollscoláíoch na Leanaí (Sráid an Teampaill), Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí agus an tOspidéal Ollscoile Mater Misericordiae mar thoradh ar an tionscnamh seo, agus an rogha ar chóireáil máinliachta in ionaid speisialtachta sa RA, sa Ghearmáin agus san Fhrainc. Leanann forbairt ar chur chuige inbhuanaithe, comhaimseartha, bunaithe ar luachanna agus dírithe ar othair maidir le seachadadh seirbhíse i seirbhís scolóise agus ortaipéideach.
- Cuireadh roinnt tionscnamh chun cinn, tar éis próiseas náisiúnta éilimh agus acmhainne ionscópachta a chuimsíonn forbairt ar phlean gníomhaíochta chun feabhas a chur ar rochtain, grúpa oibre a bhunú chun feabhas a chur ar chomhordú agus ar chumarsáid ar fud na seirbhísí, agus céanna cliniúla ionscópachta a cheapadh chun ceannas a ghlacadh ar fheabhsú seirbhíse ag leibhéal grúpa.
- Leantar ag cur an Chláir Feabhsúcháin Feidhmíochta Sheirbhísí Othair Sheachtracha (OSIP) i bhfeidhm. Tá tús curtha ar an obair ar chonair thagartha do sheacht speisialtacht agus tá an dearadh ar an gconair fréamhshamhla úireolaíochta tugtha chun críche.
- Táthar ag cur earcaíocht chun cinn, ar aon dul leis na moltaí a tháinig ón *Athbhreithniú Neamhspleách Chliniciúil ar sholáthar ar an Dara Saotharlann um Chataitéaráí agus Ospidéal na hOllscoile Port Láirge* (Tuarascáil Herity), chun seisiúin saotharlainne chataitéaraithe cairdiacha pleanáilte seachtainiúil bhreise a chur ar fáil. Tá saotharlann chataitéaraithe cairdiach soghluaiste i bhfeidhm idir an dá linn.
- Tá an Oifig Náisiúnta um Ghalair Neamhchoitianta agus an Clár Náisiúnta Cliniciúil um Ghalair Neamhchoitianta araon ag obair le soláthróirí cúraim sláinte chun iad a spreagadh le clárú le bheith liostaithe ar Orphanet (bunachar sonraí pan-Eorpach ar shaineolas i réimse ghalair neamhchoitianta). Bhí 51 ionad saineolais bailíochaithe in Éirinn agus liostaithe ar Orphanet faoi dheireadh na bliana.
- Tá treoirínte forbartha chun dhá ildhruga scléaróise, Infliximab agus Lemtrada a ordú.

## Deonú agus Trasphlandú Orgán

**Lean Deonú agus Trasphlandú Orgán Éireann (ODTI) ag ardú feasachta ar an tábhacht atá le horgáin a dheonú ar fud na tíre.**

**Tugadh 311 trasphlandú orgáin, cúig trasphlandú phaincréasaigh san áireamh chun críche in 2017 agus bhí iomlán de 150 deonú ó dheontóirí beo agus marbh.**

- Ceapadh altraí bhreise in Ospidéal Beaumont agus Naomh Colm Cille chun leibhéal altranais a bharrfheabhsú de réir spleáchais othar, mar chuid den chlár treorach *Creat um Chúram Leighis Ginearálta Speisialtóra agus Máinliachta*.
- Cuireadh roinnt tionscnaimh chun cinn le linn na bliana maidir le cúram péidiatrach ar a n-áirítear:
  - Earcaíocht ar chomhairligh péidiatracha bhreise chun tacú le tionscadal péidiatrach Phort Láirge.
  - An tionscadal caipitil d'ospidéal nua na leanaí a chuimsíonn ionaid chúraim phráinneacha ag Ospidéal Thamhlachta agus Uí Chonghaile.
  - Clár Comhtháthaithe Ospidéal na Leanaí a dhéanfaidh trí ospidéal leanaí a chomhtháthú sula n-osclofar ospidéal nua na leanaí.
  - Leathnú ar sheirbhís cairdeolaíochta péidiatrach uile-oileáin chun máinliacht chardatóracsáigh phráinneach agus máinliacht phráinneach a chur ar fáil do leanaí ó Thuaisceart Éireann. Tá méadú tagtha ar ghníomhaíocht chataitéaraithe cairdiacha freisin agus tá leanaí ó Thuaisceart Éireann ag rochtain na seirbhíse seo laistigh de dhá sheachtain déag.
  - Tá clár scagthástála do naíonáin atá i mbaol diosplaise forbraíochta ar an gcromán ar bun i dtrí Ghrúpa Ospidéal (Grúpa Ospidéal an Deiscirt/lardheiscirt, Grúpa Ospidéal RCSI agus Grúpa Ospidéal Saolta) agus tá caighdeán náisiúnta forbartha agus curtha in iúl.



## Clár Náisiúnta Sláinte Ban agus Naíonán

Bunaíodh Clár Náisiúnta Sláinte Ban agus Naíonán (NWIHP) i mí Eanáir.

### An Straitéis Náisiúnta Máithreachais, 2016-2026, a chur i bhfeidhm

- Seoladh plan feidhmiúcháin don *Straitéis Náisiúnta Máithreachais 2016-2026*, a chuimsíonn gnímh chun aghaidh a thabhairt ar éagothromais in infhaighteacht scanta aimhrialtachta, ag díriú ar cheithre phríomhthéama na straitéise:
  - Glacadh le cur chuige sláinte agus folláine chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí an tosach is fearr sa saol chun go mbeidh máithreacha agus teaghlach ag fáil tacaíochta agus chun a chur ar a gcumas feabhas a chur ar a sláinte agus ar a bhfolláine féin.
  - Rochtain ar chúram máithreachais sábháilte, ar ardchaighdeán, comhsheasmhach go náisiúnta agus dírithe ar mhná.
  - Go dtabharfaí aitheantas do thoircheas mar ghnáthphróiseas físeolaíoch, agus go ndéanfaí éascaíocht ar rogha na mban maidir le toircheas agus breith clainne chomh fada agus atá sé sábháilte sin a dhéanamh.
  - Ag cinntiú go bhfaigheann seirbhísí máithreachais na hacmhainní cuí, le tacaíocht ó cheannasaíocht láidir agus éifeachtach agus ó shocrúithe bainistíochta agus rialachais agus á seachadadh ag fórsa oibre le scil agus inniúlacht i gcomhpháirtíocht le mná.
- Tá líonraí máithreachais bunaithe nó á mbunú i sé ghrúpa ospidéal, agus tá stiúthóirí cnáimhseachais ceaptha don chuid is mó de na hospidéal máithreachais.
- Chun feabhas a chur ar bhainistíocht chliniciúil, ar chumarsáid agus ar phleanáil éifeachtach cúraim, chuaigh an córas bainistíochta cliniciúil máithreachais agus nuabhreithe (MN CMS) amach beo ar dhá láthair breise i mbliana. (Cuimsíonn Céim 1 d'fheidhmiúcháin an chórais Ospidéal Máithreachais na hOllscoile Corcaigh, Ospidéal Ollscoile Chiarraí, An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais agus Ospidéal Rotunda).
- Tá dul chun cinn maith déanta ar phleanáil chun an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Baile Átha Cliath a athlonnú agus leantar le hobair phleanála chun Ospidéal Máithreachais Luimnigh agus na hospidéal máithreachais eile i mBaile Átha Cliath a athlonnú.
- Tá ceapachán speisialtóirí méala do na haonaid máithreachais uile ag dul chun cinn mar chuid de réimse gníomhartha feabhsúcháin atá bunaithe ar na Caighdeáin Náisiúnta do Chúram Méala tar éis Chailleadh Toirchis agus Bás Inbheithe.

## Seirbhísí Ailse

D'fhoilsigh an Roinn Sláinte an *Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026* nua i rith na bliana. Nuair a chuirfear a cuid moltaí i bhfeidhm cabhróidh sé le haghaidh a thabhairt ar chuid de na heasnamh atá sna seirbhísí ailse ar fud na tíre.

### An Straitéis Náisiúnta Máithreachais, 2017-2026, a chur i bhfeidhm

- Osclaíodh dhá luasaire nua líneach ar a dtugtar Linacs ag Ospidéal Naomh Lúcas, cuid de Líonra Oinceolaíochta Radaíochta Naomh Lúcas (SLRON). Cuirfidh na Linacs nua cóireáil ar 30 othar ar an meán gach lá, le méadú a chur ar chumas cóireála ailse laistigh de SLRON agus ar deireadh ar rátaí marthanachta d'othair ailse. Ina theannta sin, lean an comhoibriú trasteorann ag ionad ailse an Iar Thuaiscirt ag Alt na nGealbhan mar chuid don chlár náisiúnta ar oinceolaíocht radaíochta.
- Tá an obair ag dul ar aghaidh leis an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara eile ar:
  - Thacú le cúram comhtháite idir dochtúirí ginearálta agus comhghleacaithe cliniciúla chun feabhas a chur ar chos ailse agus aimsiú luath.
  - Leanúint le máinliacht ailse a lárú.
- Tá tionscnaimh ag tarlú i ngach ceann den ocht n-ionad ailse ag tiomáint feabhsúcháin próisis agus éifeachtúlacht agus feabhsúcháin do na conair othar ailse speisialtachta neamhchoitianta.
- Chun barr feabhais a chur ar sheachadadh sábháilte chóireáil ailse chórasach, Ríomhorduithe agus Ríomhriaracháin ar cheimiteiripe san áireamh, tugadh dearadh agus cumraíocht chórais eolais chliniciúil oinceolaíochta leighis (MOCIS) chun críche (féach freisin leathanach 87 den Tuarascáil Bhliantúil seo).

### Feabhsúchán Feidhmíochta

- Tugann tuairisc ón gClár Náisiúnta Ailse le fios go bhfuil titim ar rátaí ailse, agus tá níos mó daoine ag teacht ón ngalar leis an ráta marthanachta fhoriomlán 5 bhliana anois ag 61.1% arduithe ó 44.2% i 1998.
- Faoi chéim II den athbhreithniú cliniciúil rochtain sciobtha (brollach, próstatach agus scamhóg), cuireadh tús leis na moltaí seirbhíse a chur i bhfeidhm i lár na bliana sna Grúpaí Ospidéal/ionaid ailse. Chonacthas feabhas suntasach ar fud na seirbhísí faoi dheireadh na bliana agus tuairiscíodh go raibh 78% de na moltaí críochnaithe.
- Cé go bhfuil dúshlán fós ann le spriocanna feidhmíochta a bhaint amach, bhí gnóthachtálacha le feiceáil i roinnt réimsí:
  - Chonacthas 75% d'othair ailse brollaigh siomptómach práinneach laistigh de choicis.

- Chonacthas 83% d'othair le hailse scamhóige nó tugadh tairiscint ar choinne dóibh laistigh de 10 lá oibre.
- Chonacthas 62% d'othair le hailse prostataigh nó tugadh tairiscint ar choinne dóibh laistigh de 20 lá oibre.
- Chuir 76% d'othair a bhí ag fáil cóireáil radaiteiripe radacach tús le cóireáil laistigh de chúig lá dhéag.
- Leanadh le clár scagthástála d'ailse brollaigh, ailse bhéal na broinne agus ailse phutóige, agus cuireadh síneadh ar an gclár d'ailse brollaigh.

### An Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026

Sheol an tAire Sláinte, Simon Harris TD an Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026 i mí Iúil. Leagann an straitéis amach ceithre sprioc:

- An t-ualach ailse a laghdú.
- Cúram barmhaith a chur ar fáil.
- Rannpháirtíocht othar agus caighdeán bheatha a uasmhéadú.
- Athrú a chumasú agus a dhearbhu.

Cuimsíonn na príomhmholtaí sa straitéis:

- Feidhm ailsechoisc a fhorbairt.
- Leathnú a chur ar BowelScreen trí chumas oiriúnach ionscópachta.
- Feabhas a chur ar chonair cúraim idir cúram príomhúil agus cúram tánaisteach d'ailsí ar leith.
- Critéir tagartha a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil rochtain díreach ag dochtúirí ginearálta ar dhiagnóisic ailse.
- Ceannasaithe náisiúnta a cheapadh do dhiagnóisic mhóilíneach ailse, oinceolaíocht geiriatrach agus altranais ailse.
- Áis oiriúnach d'aois a shonrú d'ógánaigh agus do dhaoine fásta óga a bhfuil ailse orthu laistigh d'ospidéal nua na leanaí.
- Seirbhísí cúraim mhaolaithe a fhorbairt laistigh de na haonaid ailse.
- Creat atá sainmhínithe go soiléir a chur i bhfeidhm do shábháilteacht agus do chaighdeán othar ailse.
- Am cosanta a bheith ag comhairligh ailse agus ag ardchleachtóirí altranais chun suimeanna taighde a leanúint.
- Clár táscairí náisiúnta chúram sláinte d'ardchaighdeán a fhorbairt, a fhoilsiú agus monatóireacht a dhéanamh air.



# Grúpaí Ospidéal

Is cuid de chlár athchóirithe suntasach é géarsheirbhísí a sheachadadh trí na seacht nGrúpa Ospidéal a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar chaighdeán agus éifeachtúlacht chúram othar.

Rinneadh roinnt mhaith feabhsúcháin ar sheirbhísí laistigh dár nGrúpaí Ospidéal le linn na bliana agus tá blaiseadh díobh sin le fáil sna leathanaigh a leanas.



## Grúpa Ospidéal na Leanaí

- Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí (Sráid an Teampaill)
- Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (Tamhlacht)
- Ospidéal Mhuire do Leanaí (Cromghlinn)

### Comhpháirtithe acadúla

- Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn
- Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Gaillimh
- Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- Ollscoil Luimnigh



Is féidir le teaghlaigh agus le leanaí a bhíonn ag freastal ar Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí (Sráid an Teampaill) éalú ón ospidéal anois chuig tearmann gairdín in aice lámhe. Tá an gairdín a bunaíodh go príobháideach lonnaithe in aice le áis sé theaghlach ar a dtugtar Teach Hugh, a chuireann cóiríocht fhadtéarmach ar fáil do thuismitheoirí leanaí a bhíonn ag freastal ar an ospidéal.

Sa ghrianghraf: Jack Harnes (9) as Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath le Ade Stack, máthair Hugh Curley ar tógadh an teach agus an gairdín ina chuimhne. (Grianghrafadóir: Andres Poveda)

- Sroicheadh clochmhíle suntasach i bhforbairt ospidéal nua leanaí nuair a fógraíodh go raibh an infheistíocht a bhí riachtanach chun na conarthaí tógála a bhronnadh faofa ag an Rialtas. Leanadh é sin nuair a leag an t-iar-Thaoiseach Enda Kenny TD agus baill de Chomhairle Chomhairleach na nÓg (úsáideoirí reatha agus iar-úsáideoirí sheirbhísí ospidéil na leanaí) an bhunchloch. Rinne na leanaí agus an Taoiseach a lámha a leabú i múnla a theilgean i stroighin agus déanfar é a chorprú san ospidéal nua.
- Leanadh leis an dul chun cinn ar Chlár Ospidéil na Leanaí, clár bainistíochta suntasach infheistíochta agus athraithe, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte. Is iad aidhmeanna an chláir ná:
  - An t-aistriú chuig aonán dlí singil a chur chun cinn in 2018.
  - Na tionscadaí TFC a bhfuil gá leo a shlógadh.
  - Leanúint le gníomhú le cliaint don tionscadal caipitil chun ospidéal nua na leanaí agus dhá ionad cúraim práinneach agus othar sheachtrach péidiatraice a thógáil.
- Fuair Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí (Sráid an Teampaill) Gradam um Shláinte Ár Leanaí a Fheabhsú ag Gradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte mar gheall ar a bheachtas vacsaínithe in aghaidh an fhliú. Bhí roinnt imeachtaí nuálacha ar bun i measc fhoirne an ospidéil agus bhí sé mar thoradh orthu gur bhain an t-ospidéal amach an ráta glactha vacsaínithe is airde sa tseirbhís sláinte.
- D'fhorbair Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí (Sráid an Teampaill) láithreán gréasáin [www.sportsinjuries.ie](http://www.sportsinjuries.ie) chun comhairle a chur ar fáil ar gharchabhair faoi ghortuithe a fhaigheann leanaí i spórt. Is féidir rochtain sciobtha a fháil ar an acmhainn seo atá saor in aisce mar láithreán gréasáin trí fón cliste, agus tugann sé cúnamh le gortuithe a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach a aithint agus chun na céimeanna cúí a thógáil.
- Rinne Ospidéal Mhuire do Leanaí (Cromghlinn) ceiliúradh ar Lá Uilíoch na Leanaí le roinnt imeachtaí, ar a raibh comórtas ealaíne agus tráth na gceist, agus bhí an-spraoi ag leanaí san ospidéal.

# Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre

- Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus Naíonáin
- Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre Port Laoise
- Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre Tulach Mhór
- Ospidéal Ginearálta an Náis
- Ospidéal San Séamas
- Líonra Oinceolaíochta Radaíochta Naomh Lúcas
- Ospidéal Thamhlachta

**Páirtí acadúil**  
Coláiste na Tríonóide,  
Baile Átha Cliath

**Sheol Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre a bPlean Feidhmiúcháin Éire Shláintiúil 2018-2020. Leagann an plean amach mapa bóthair trí bliana chun sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte foirne, othar agus an phobail i gcoitinne a fheabhsú.**

Sa ghrianghraf: An Dr. Susan O'Reilly – POF, Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre; An tAire Stáit um Chur Chun Cinn Sláinte agus an Straitéis Náisiúnta Drugaí, Catherine Byrne TD; An Dr. Áine Carroll, Stiúrthóir Náisiúnta, Straitéis agus Clár Chliniciúla le Lucy agus Lilly O'Leary.



- Forbraíodh plean straitéiseach chúig bhliana le linn 2017 agus bhí sé le foilsiú in Eanáir 2018. Díríonn an straitéis ar chúig phríomhaidhm – caighdeán den scoth a sheachadadh in ardrechtáilchaighdeán agus sábháilteacht othar; soláthar seirbhíse a uasmhéadú; cúram comhtháite a fhorbairt idir an grúpa agus a pháirtithe pobail; oideachas, taighde agus nualacht a chothú; agus comhoibriú agus obair i gcomhar idir na hospidéal a neartú – leis an gcuspóir fhoriomlán tacú le gach ospidéal chun go mbeidís inbhuanaithe agus iad a fhorbairt chun cúram ar ardchaighdeán a sheachadadh d'othair.
- Moladh go hard foireann Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre Tulach Mhór faoina gcuid oibre ar thionscadal clinice measúnaithe tráma sa chatagóir do Ghradam Sármaidheasa i mBainistíocht Shreabhadh Othar ag Gradaim Sármaidheasa na Seirbhíse Sláinte. Baineann an tseirbhís úsáid as cur chuige foirne a fheabhsaíonn agus a shruthlíníonn turas an othair tar éis gortaithe.
- Ritheadh imeacht ag Ospidéal San Séamas chun 50 bliain traenála agus oideachais altranais a mharcáil. D'fhreastail os cionn 250 ar an imeacht, agus bhí cuid acu ón gcéad dream a tháinig isteach i 1967. Tá méid na ranganna ag an ospidéal méaduithe ó 20 mac léinn nuair a thosaigh an clár, go dtí 75.
- Bhí Ospidéal Thamhlachta ar an gcéad ospidéal poiblí in Éirinn le teicneolaíocht íosionrach nua a reáchtáil ar bhonn píolótach chun cóir leighis a chur ar hipearplasia próstatach neamhurchóideach (BPH) a bhfuil eolas níos fearr air mar faireog phróstatach mhéadaithe. Ceann de na príomh bhuntáistí a bhaineann leis an gcur chuige seo ná gur féidir an gnáthamh a chríochnú faoi ainéistíseach áitiúil in áit ceann ginearálta, a laghdaíonn an gnáthamh fanachta a bhfuil gá leis san ospidéal ina dhiaidh sin.
- Seoladh feachtas Ullmhaíochta Geimhridh ag Ospidéal Thamhlachta. Tá an feachtas eolais poiblí deartha chun a chur ar chumas dhaoine a sláinte a bhainistiú níos fearr chun iad féin a chosaint, chun ullmhú roimh thionchair thinnis an gheimhridh agus iad a chosc.

# Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann

- Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí
- Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae
- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann Cerr
- An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais
- Ospidéal Mhuire (An Uaimh)
- Ospidéal Ríoga Victoria Súl agus Cluas
- Ospidéal Naomh Colm Cille, (Baile Uí Lachnáin)
- Ospidéal Naomh Lúcas, (Ceatharlach/Cill Chainnigh)
- Ospidéal San Mícheál, (Dún Laoghaire)
- Ospidéal na hOllscoile Naomh Uinseann
- Ospidéal Ginearálta Loch Garman

**Páirtí acadúil**  
Coláiste na hOllscoile  
Bhaile Átha Cliath



**Sheol Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae saotharlann nua Seicheamhú na Chéad Glúine Eile (NGS). Tá fearas seiceamhaithe géine sa sár-shaotharlann seo a chumasaíonn tástáil gheirmlíne don phobal. Bainfidh othair agus a dteaghligh, a bhfuil galar croí, daille agus ailse orthu leas as tástáil ghiniteach a chuireann an fearas agus an tSaotharlann NGS ar fáil. (Ba í Carthanacht Shabra a dheonaigh an fearas seiceamhaithe géine).**

Sa ghrianghraf: Baill foirne ag obair i saotharlann NGS.

- Bhuaigh Ospidéal na hOllscoile Naomh Uinseann Gradam an Chomhtháthú is Fearr ag Gradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte i mí na Nollag de bharr gur thug an t-ospidéal conair cos géardhiaibéitigh isteach. Tá laghdú mór tagtha ar an fhad ama a fhanann othair tríd an tionscadal seo, agus ní tharlaíonn teascadh géag chomh minic agus tá laghdú ar ath-iontráil.
- Rinneadh oscailt oifigiúil ar aonad nua catarachta ag Ospidéal Ríoga Victoria Súl agus Cluas a chuirfidh méadú de 3,000 cás sa bhliain ar a chumas, nuair bheidh sé ag obair go hiomlán.
- Tugadh Gradam Nuálachta agus Forbartha Seirbhíse FSS don Rannóg Diaibéitice in Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas, (Ceatharlach/Cill Chainnigh) ag na Gradaim Ghairmiúla Ospidéal mar gheall ar a gclár píolótach a dhéanann tairiscint ar sícíteiripe ealaíne gearr nó fadtéarmach chun tacú le daoine aonair agus a dteaghligh, sna seirbhísí péidiatraice le diagnóis a dhéanamh ar dhiaibéiteas Chineál 1.
- Tugadh céim mhór chun tosaigh maidir le cúram sláinte do mhná agus do naíonáin in Éirinn nuair a tugadh cead planála don Ospidéal Náisiúnta Máithreachais nua ag Campas Ospidéal na hOllscoile Naomh Uinseann.
- Ceapadh foireann dearaidh chun plan forbartha láthair a dhearadh den fhorbairt chéimithe don todhchaí ag an Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann Cerr.
- Tá Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí ag obair i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Déiríochta chun an tábhacht atá le haiste bia shláintiúil do shláinte cnámh a spreagadh. Baineann os cionn 20,000 othar leas as seirbhísí an ospidéal gach bliain mar othair chónaitheacha, othair sheachtracha agus cásanna lae.



# Grúpa Ospidéal RCSI

- Ospidéal Beaumont
- Ospidéal Ginearálta an Chabháin
- Ospidéal Uí Chonghaile
- Ospidéal Chontae Lú
- Ospidéal Mhuineacháin
- Ospidéal Muire Lourdes
- Ospidéal an Rotunda

**Páirtí acadúil**  
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn

**Iar-othair Haifa, Fariah agus Hania Khan, agus a dtuismitheoirí, Liga agus Nasir, sa phictiúr leis an Ollamh Afif EL-Khuffash, Lia Nua-naíochta Comhairleach, Ospidéal an Rotunda agus Ollamh Comhlach Cliniciúil Onórach, RCSI, ag ceiliúradh Lá Réamhaibíochta an Domhain ag Ospidéal an Rotunda.**



- Bhí rath ar an fhoireann teiripe idirghabhála laige ag Ospidéal Beaumont ag Gradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte agus fuair an Gradam um Thacú le Pobal Sláintiúil. D'fhorbair an fhoireann conair córais iomlán do dhaoine laga scothaosta, ag spreagadh an éitis, baile rathúil ar dtús a raibh laghdú dá bharr ar an am a d'fhan othair.
- Rinneadh óstáil ar Ghradaim Aitheantais Foirme chun Lá Cuimhneacháin 30 Bliain Ospidéal Beaumont a cheiliúradh. Thug na gradaim aitheantas do dhaoine aonair agus d'fhoirne a chuidigh le cúram othar agus custaiméara a chur ar fáil ar ardchaighdeán agus aithníodh go ndearna siad i bhfad níos mó ná mar a d'iarr a ndualgas orthu chun timpeallacht oibre dearfach a chruthú.
- Cuireadh tús le seirbhís scanta aimhrialtachta féatais ag Ospidéal Muire Lourdes agus ag Ospidéal Ginearálta an Chabháin agus tá pleananna ann chun é seo a leathnú go seirbhís níos iomláine de réir mar a dhéantar earcú agus forbairt ar fhórsa oibre le scil.
- Rinneadh cúram os cionn 4,000 othar a bhainistiú trí úsáid a bhaint as cur chuige nua a rinne uasmhéadú ar úsáid áiseanna, go háirithe cumas obrádlainne/diagnóise (ionscópacht) feadh an ghrúpa.
- Bronnadh Tionscadal Oideachais Othar na Bliana ar thionscnamh Ospidéal an Rotunda ag Gradaim Chúram Sláinte na hÉireann faoi thacaíocht luchtachta a chur ar fáil do linbh réamhaibí. Ba í an aidhm a bhí leis an tionscnamh seo ná soláthar sprioctha a dhéanamh ar thacaíocht luchtachta do mháithreacha le linbh réamhaibí laistigh den aonad nuabheirthe (NICU) chun feabhas a chur ar sholáthar bhainne cíche do na páistí leochaileacha sin.
- Leanadh ar aghaidh leis an leathnú ar thionscadal campais Mhuire Lourdes nuair a osclaíodh barda le 29 seomra leaba singil.
- Bhí rath ar Ospidéal Uí Chonghaile ag Gradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte agus fuair an Gradam um Éifeachtúlacht agus Luach i gCúram Sláinte a Fheabhsú dá dtionscadal, Ag cur Róil an Teicneora Cógaslainne chun cinn agus Luach níos Fearr ar Airgead a Sheachadadh ar Chaiteachas Druga Ospidéal. Cinntíonn sé seo go ndéantar freastal ar éileamh othar ar chógas den chaighdeán is fearr agus sábháilteachtaí a sheachadadh i gcaiteachas drugaí ag an am céanna.

# Grúpa Cúram Sláinte Ollscoile Saoita

- Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn
- Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo
- Ospidéal Ollscoile Pháirc Mheirlinne
- Ospidéal Ollscoile Portiuncula
- Ospidéal Ollscoile Ros Comáin
- Ospidéal Ollscoile Shligigh
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh

**Páirtí acadúil**  
Ollscoil Náisiúnta  
na hÉireann Gaillimh



**Chruthaigh an t-ealaíontóir Páraic MacGloughlin dealbh dar teideal ‘Transit’, le cabhair ón a athair Páraic MacLochlainn agus bhronn sé é ar Ospidéal Ollscoile Shligigh mar chuid de thionscnamh Saoita ag aithint go mbíonn tionchar ag sláinte agus folláine dhaoine ar an timpeallacht fhisiciúil ina n-oibríonn siad is a gcónaíonn siad. Léiríonn an dealbh an t-aistriú ó thinneas go sláinte.**

- Bhuaigh Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh Gradam Rogha an Phobail ag Gradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte dá chlár deoire súl séirim. Baintear úsáid as deora súl séirim (SE) chun cóir a chur ar réimse neamhoird dromchla súilí agus tá an t-ospidéal ar an t-aon ospidéal in Éirinn atá ceadúnaithe chun SEanna a tháirgeadh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar seo ar leathanach 29 den Tuarascáil Bhliantúil seo.
- Rinne Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe (Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus Ospidéal Ollscoile Pháirc Mheirlinne) sárthaispeántas ar shaineolas na Rannóige Raideolaíochta Idirghabhála nuair a rinneadar óstáil ar chásanna beo do chomhdháil idirnáisiúnta a bhí ar bun sa Ghearmáin. Is speisialtóireacht leighis é an raideolaíocht idirghabhála a chuireann diagnóis agus cóireáil ar ghalair i ngach córas orgáin ar fáil faoi threoir íomhánna íosionrach.
- Bronnadh an teastas Hear Me! ar Ospidéal Ollscoile Ros Comáin! i mí na Bealtaine. Tá sé mar aidhm ag Hear Me! tuiscint agus feachtas ar mhallachar cumarsáide a chur chun cinn agus na huirlisí agus na straitéisí a chur ar fáil do dhaoine chun timpeallacht atá cairdiúil ó thaobh cumarsáide de a chruthú.
- Rinne Ospidéal Ollscoile Portiuncula ceiliúradh ar Chlár Ospidéal Báúil d'Ospís trí fheachtas eolais a óstáil a raibh sé mar aidhm aige an dul chun cinn ar chúram deiridh saoil san ospidéal a chur chun cinn agus a cheiliúradh.
- Rinne Ospidéal Ollscoile Shligigh an chéad chlár píolótach MedEx i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Shligigh lasmuigh d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ó bunaíodh é in 2006. Is clár nua athshláinthe agus cleachtaidh é MedEx atá bunaithe ar phobal do dhaoine a bhfuil tinnis agus galair ainsealacha orthu.
- Sheol Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo coiste Rannpháirtíochta Othar agus Teaghlach, agus rinneadar earcaíocht ar 16 comhairleoir othar chun cabhrú leis an ospidéal rannpháirtíocht bhríoch a chothú le hothair. Tá an t-ospidéal ar an gcéad cheann sa tír le bualadh faoi fhiontar mar sin, atá bunaithe ar Mhúnla Cheanada ar Rannpháirtíocht Othar agus Teaghlach.



## Grúpa Ospidéal an Deiscirt/Iardheiscirt

- Ospidéal Ginearálta Bheantraí
- Ospidéal na hOllscoile Corcaigh
- Ospidéal Ortaipéideach Lourdes
- Ospidéal Ginearálta Mhala
- Ospidéal Ollscoile na Trócaire
- An Otharlann Theas Ospidéal Ollscoile Victoria
- Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas
- Ospidéal Ollscoile Chiarraí
- Ospidéal na hOllscoile Port Láirge

**Páirtí acadúil**  
Coláiste na  
hOllscoile Corcaigh

**Sa phictiúr ag ceiliúradh 10ú lá breithe Ospidéal Máithreachais Ollscoil Chorcaí bhí John Higgins, ollamh le Ostratraic agus Gínéiceolaíocht, agus Olive Long, Stiúrthóir Cnáimhseachais, le Kacper Ciolek, an chéad leanbh a rugadh san Ospidéal.**



- Fuair Ospidéal na hOllscoile Port Láirge an Gradam Sármhaitheasa i gCúram Ardchaighdeán ag Gradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte faoina sheirbhís ionloctha líne cataitéir láir (PICC) atá ionloctha go himeallach faoi threoir altra. Sular bunaíodh an tseirbhís seo, bhíodh línte PICC á n-ionlocadh go hiondúil ag raideolaí idirghabhála comhairleach agus tá laghdú suntasach curtha ag an tseirbhís atá faoi threoir altra ar an méid ama a bheidh ar othair a bheith ag fanacht.
- Bhí a gComhdháil tionscnaimh Imobráide ag Grúpa Ospidéal an Deiscirt/Iardheiscirt in Ospidéal na hOllscoile Port Láirge ag deireadh na bliana agus rinne os cionn 170 toscaire freastal air.
- Rinneadh ceiliúradh ag Ospidéal na hOllscoile Port Láirge nuair a fuair beirt á chuid altraí Gradam Sármhaitheasa i gCúram Cardashoithíoch ag comhdháil idirnáisiúnta EuroHeartCare sa tSualainn mar gheall ar a staidéar cáis ar éifeachtaí forbhianna próitéine ar an gcóras cardashoithíoch.
- Chuaigh an córas bainistíochta cliniciúil máithreachais agus nuabheirthe (MN CMS) amach beo in Ospidéal Ollscoile Chiarraí, ag cur feabhais ar chúram othar trí thaifead leictreonach a úsáid in ionad taifead páipéir.
- Cuireadh roinnt tionscadal caipitil chun cinn chun feabhas a chur ar sheirbhísí othar:
  - Osclaíodh aonad máinliachta lae 11 bá in Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas.
  - Fuarthas cead chun tógáil modúlach 40 leaba a fhorbairt in Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas.
  - Forbairt ar aonad cúraim maolaitheach, aonad stróc agus toglann scaoilte ag Ospidéal Ollscoile Chiarraí.
  - Cuireadh tús le forbairt ar fhoirgneamh cúig stóir ag Ospidéal na hOllscoile Port Láirge chun aonad cúraim maolaitheach a chorprú ar dhá urlár agus speisialtóireachtaí géarleighis/mhíochaine thar trí urlár.

# Grúpa Ospidéal OL

- Ospidéal Ortaipéidice Chromadh
- Ospidéal Naomh Eoin
- Ospidéal na hInse
- Ospidéal Ollscoil Luimnigh
- Ospidéal Máithreachais Ollscoil Luimnigh

**Páirtí acadúil**  
Ollscoil Luimnigh



**D'oscail ceann de na EDanna is mó in Éirinn in Ospidéal Ollscoil Luimnigh. Tá méadú curtha ag an ED ar chumas d'othair agus dearadh é le hionchur ó chliniceoirí sinsearacha chun feabhas a chur ar shreabhadh othar, chun amanna taithe othar a laghdú agus chun feabhas a chur ar thorthaí d'othair.**

Sa phictiúr ag an láthair athbheochana san ED tá na haltraí Ingrid Byrne agus Siobhán O'Grady.

- Fuair 14,000 othar a raibh gá acu le géarchúram leighis coinní tríd an Biúró Leapa ag Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh sa chéad bhliain dá raibh sé ag obair. Faigheann an Biúró Leapa glaonna díreach ó dhochtúirí ginearálta rud a dhéanann íoslghdú ar an mbaol go mbeadh ar dhaoine fanacht gan údar san ED trí thairiscint a dhéanamh ar choinne ag ceann de na haonaid measúnaithe in Ospidéal Ollscoil Luimnigh, in Ospidéal Naomh Eoin, in Ospidéal an Aonaigh nó in Ospidéal na hInse.
- Cuireadh tús le sraith léachtaí poiblí mar chuid de chlár *Éire Shláintiúil* Ghrúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh. Tá an clár tiomanta ar rannpháirtíocht níos mó a bheith ann leis an bpobal ar chothú na sláinte agus cosc ar thinneas.
- Rinneadh oscailt oifigiúil ar Ionad Charles, an t-ionad nua do sheirbhísí deirmeolaíocha speisialtóireachta ag Ospidéal Ollscoil Luimnigh. Cuireann sé cóireálacha nua, acmhainn bhreise agus timpeallacht atá feabhsaithe go mór ar fáil d'othair le ríochtaí craicinn agus ailsí craicinn.
- Leanadh le seirbhísí a leathnú amach agus cuireadh clinici nua duánach agus deirmeolaíoch ag Ospidéal na hInse. Osclaíodh an Oak Room, seomra teaghlaigh do ghaolta dhaoine atá ag deireadh a saoi nó i ngar dó, go hoifigiúil freisin in Ospidéal na hInse.
- Tá Ospidéal Máithreachais Ollscoil Luimnigh chun cinn i bhforbairt seirbhís mheabhairchúraim imbhreithe ar aon dul leis an *Straitéis Náisiúnta Máithreachais 2016-2026* agus an tsamhail náisiúnta cúraim. Ceapadh síciatraí comhairleach agus bainisteoir cnáimhseachais cliniciúil agus tionóladh comhdháil idirnáisiúnta ar mheabhairchúraim imbhreithe i gcomhpháirtíocht le CHO 3.
- Cuireadh tús le sruthú beo ar ghnáthaimh máinliachta róbatacha ón seomra obrádlainne in Ospidéal Ollscoil Luimnigh go dtí halla éisteachta an Ionaid nua Oideachais Chliniciúil agus Taighde (CERC), mar chuid de bhall oideachais an chláir máinliachta robótaigh.



Ag Tacú le  
Soláthar Seirbhíse

## Is príomhchumasóirí iad seirbhísí tacaíochta, a chuimsíonn Acmhainní Daonna Náisiúnta, Airgeadas Náisiúnta, Oifig an Phríomhoifigeach Eolais (OCIO), Seirbhísí Gnó Sláinte (HBS), Cumarsáid, Bainistíocht Éigeandála, Eolas Pleanála agus Gnó (PBI) agus Iniúchadh Inmheánach.

### Acmhainní Náisiúnta Daonna

Tiomanta ar dhaoine a chur i gceartlár gach rud a dhéanaimid, cultúr tiomantais a aitreisiú, inoiriúnaitheacht agus feidhmíocht ard chun cúram sláinte sábháilte ar ardchaighdeán a sheachadadh d'úsáideoirí seirbhíse, do phobal agus don phobal i gcoitinne.

### Airgeadas Náisiúnta

Tacaíocht airgeadais straitéiseach agus oibríochtúil a chur ar fáil chomh maith le treoir agus comhairle d'ár seirbhísí, ag cinntiú na hinfheistíochta cuí ba mhó i gcúram sláinte agus sóisialta, agus ag soláthar agus ag taispeáint luach ar airgead.

### Oifig an Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Ríomhshláinte Éireann a chur i bhfeidhm ar fud ár seirbhís sláinte, teicneolaíocht a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar leas othar agus leas chliniciúil.

### Seirbhísí Gnó Sláinte

Rannóg gnó FSS le punann seirbhíse a chuimsíonn soláthar, airgeadas, acmhainní daonna, eastáit, córais AD/párolla agus anailísíocht, agus sármhaitheas gnó agus nuálacht. Ag cinntiú go mbaintear amach an luach is fearr, le deis a thabhairt do sheirbhísí líne tosaigh díriú ar lársheirbhísí a chur ar fáil.

### Cumarsáid

Ag obair le seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta ar fud na tíre, ag cruthú clár a thacaíonn le pobal níos sláintiúla agus a thógann iontaoibh agus muinín in ár seirbhís sláinte.

### Bainistíocht Éigeandála

Ag obair le seirbhísí ar fud na heagraíochta chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt le pleananna éigeandála a ullmhú, ag cabhrú le bearnaí cumais a aithint agus ag cur forbairt chumais ar an eolas, agus ag déanamh ionadaíochta ar FSS ar gach foras idirghníomhaireacht, idir-ranna agus trasteorann le linn céim phleanála agus fhreagartha phleanáil éigeandála.

### Pleanáil agus Faisnéis Ghnó

Comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt na bpríomhphróisis pleanála eagraíochtúla, agus ag bailiú agus ag déanamh cóimheas ar eolas atá riachtanach chun tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht mar atá leagtha amach sna pleananna sin.

### Iniúchadh Inmheánach

Ceisteanna riosca agus rialaithe a aithint, chun dearbhú a chur ar fáil ar leordhóthanacht agus ar mhéid an chloí lenár ngnáthaimh agus ár bpróisis.

I gcomhar lenár seirbhísí líne tosaigh, tá soláthar ar chóras cúraim sláinte atá comhbhách agus éifeachtach ag brath ar na príomhsheirbhísí cumasaithe sin a bheith i bhfeidhm.


## Cuid den ghníomhaíocht ar tugadh faoi laistigh de thacaíocht sheachadadh seirbhíse in 2017...

**85,622**  
BALL FOIRNE AGUS  
**35,826**  
PINSINÉIR ÍOCTHA



**55**  
CÓRAS NUA  
RÍOMHSHLÁINTE SEOLTA

OS CIONN  
**2.3m**  
SONRASC  
SOLÁTHRÓRA ÍOCTHA



**170**  
TIONSCADAL  
TFC TACAITHE

**112,000**  
GLAO AGUS  
**256,000**  
R-PHOST CHUIG DEASCA  
SEIRBHÍSE TACAITHE



**2,300**  
IARRATAS MEÁIN  
FREAGARTHA

**171,951**  
ATREORÚ  
LEICTREONACH  
PRÓISEÁILTE



**250**  
AGALLAMH SOCRAITHE  
LEIS NA MEÁIN



# Ag Tacú le Soláthar Seirbhíse

## Acmhainní Náisiúnta Daonna

- Mar chuid de *Straitéis Daoine na Seirbhíse Sláinte 2015-2018*, tá an ról le tacú le baill foirne leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscne agus idirghnéasach (LGBTI) aitheanta mar thosaíocht, agus tá líonra nua tacaíochta, Líonra LGBTI agus Comhghuaillithe seolta. Cuirfidh an líonra nua feabhas ar ár dtiomantas le láthair oibre ionchuimsitheach a chruthú a thacaíonn le gach fostaí.
- Faoi threoir na feidhme Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht, chríochnaigh tríocha naoi ball foirne oiliúint i dteanga comharthaíochta le gairid chun a chur ar a gcumas cumarsáid níos fearr a bheith acu nuair a bhíonn siad ag déileáil le hothair atá bodhar nó a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu, agus le húsáideoirí seirbhíse agus comhghleacaithe.
- Ritheadh ceardlann oibre san Aibreán chun teagmháil a dhéanamh le tras-earnáil de pháirtithe leasmhara agus tuilleadh ionchuir a lorg le Acadamh Ceannaireachta a fhorbairt.
- Seoladh treoirilínte ionduchtaithe agus seicliostaí nua chun an bainisteoir agus an tosaitheoir nua a threorú de réir mar atá siad ag obair tríd an bpróiseas ionduchtaithe.
- Cuireadh tús leis an bhfeachtas Láithreacha Oibre Sláintiúla do Gach Aois i nDeireadh Fómhair leis an aidhm an líon gortuithe agus eachtraí drochshláinte a laghdú do gach fostaí.
- Seoladh caighdeán nua do cháilíocht agus do shábháilteacht i Seirbhísí Sláinte Gairme i mí na Bealtaine ag an gcéad chomhdháil a bhí ag Aonad Sláinte agus Folláine an Láthair Oibre. Tá na caighdeáin curtha i ngrúpaí de réir cúig théama – cúram dírithe ar oibrí, cúram sábháilte agus éifeachtach, ceannaireacht agus rialachas, pleanáil fhórsa oibre agus úsáid eolais.

## Airgeadas Náisiúnta

- Tá an Clár Athchóirithe Airgeadais ag dul chun cinn agus tá fáil ar Bheart 1 den Ardán Pleanála Acmhainne Fiontair Chórais Bainistíochta Airgeadais Comhtháite (IFMS) tugtha chun críche.
- Tá straitéis feidhmiúcháin IFMS á fhorbairt. Déanfaidh an straitéis na roghanna agus na moltaí feidhmiúcháin do IFMS, chomh maith leis na línte ama don fheidhmiúchán, an cur chuige soláthair do shuimeálaí córais agus an maoiniú acmhainne a bhfuil gá leis, a imlíniú.
- Rinneadh dul chun cinn leis an tsamhail maoinithe bunaithe ar ghníomhaíocht (ABF) le linn na bliana agus tá leibhéil costais othar á cur amach beo anois in 18 láthair ospidéal níos mó.

- Thosaigh an obair le seirbhísí meabhairshláinte agus míchumais chun an clár costála pobail a chur i bhfeidhm. Tá samhail á fhorbairt a ligfí costáil mhionshonraithe de sheirbhísí a dhéanamh a chuirfí samhlaíochtaí soiléir ar fáil chun acmhainní a úsáid i ngach CHO.
- Tá tús curtha ar obair, trí phróiseas tairisceana a thosú, ar an ngluaiseacht chuig éilimh leictreonach iomlán ar íocaíochtaí ASS.
- Leanadh le hoiliúint a chur ar fáil d'fhoirne ar fud na tíre i roinnt réimsí airgeadais, na Rialacháin Náisiúnta Airgeadais san áireamh.

## Oifig an Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin

- Cuireadh an córas bainistíochta cliniúil máithreachais agus nuabheirthe amach beo ar dhá láthair eile i mbliana, agus cuireadh an chuid dheireadh de Chéim 1 d'fheidhmiúcháin an chórais amach beo in Eanáir 2018. Sábhálann an laghdú ar an méid obair pháipéarachais a bhfuil gá leis am, agus cinntíonn sé éifeachtúlacht níos fearr agus cúram níos sábháilte.
- Tá ordú digiteach chumasaithe curtha amach beo anois i Mala, Co. Chorcaí, an chéad chéim ar an turas ríomhordaithe, agus tá trí chleachtadh (19 Dochtúir Ginearálta) agus naoi gcógaslann rannpháirteach sa tionscnamh faoi láthair. Tá os cionn 80,000 oideas ordaithe agus dáilte ar fud an chórais.
- Cuireadh tús le Migration to One, tionscadal chun ardán singil TFC a chruthú d'fhoirne uile an chúraim sláinte i mí Bealtaine. Mar chuid de seo, táthar ag leanúint leis an obair chun aitheantas digiteach a sheachadadh do thart ar 30,000 ball foirne nach bhfuil sé acu faoi láthair. Tá 19,000 aitheantas digiteach cruthaithe cheana féin agus tá an próiseas ar bun chun iad a sheachadadh.
- Shínigh an tAire Sláinte, Simon Harris T.D. an t-ordú tosaithe don aitheantóir sláinte aonair (IHI) i rith na bliana. Ligeann an t-ordú IHI a úsáid tríd an tseirbhís sláinte, ag cur feabhais ar shábháilteacht othar trína chinntiú go ndéantar othair a aithint go cruinn. Tugadh roinnt tionscnamh IHI chun críche ar a n-áirítear:
  - Cuireadh IHI le gach atreorú leictreonach ó dhochtúirí ginearálta chuig ospidéal
  - Rinneadh gach cleachtadh Dochtúir Ginearálta a chumrú chun an IHI a stóráil agus a thaispeáint
  - Rinneadh IHIleanna d'othair Sheirbhísí Leighis Ghinearálta (GMS) a phiólótú trí 24 dochtúir ginearálta deonach.

- Rinneadh persona (carachtair ficseanúla ginearálaithe) agus cásanna do chlár taifid shláinte leictreonach (EHR) a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú, ag teacht ó roinnt ceardlanna oibre ar ar fhreastal foirne seirbhíse sláinte, othair agus daoine a thugann cúram d’othair nó a thacaíonn leo. Déanann persona agus cásanna imlíniú ar an mbealach a mbreathnóidh agus a mothóidh idirghníomhaíochtaí amach anseo, ag cur feabhais ar rannpháirtíocht agus ar chumarsáid idir cliniceoirí, oibríthe na seirbhíse sláinte agus othair.
- Coimeádadh córas sláinte sábháilte agus slán le linn an ionsaithe san eipidéim domhanda WannaCry ransomware.
- Tá réiteach digiteach faighte ar chúram ailse ar a dtugtar réiteach chórais eolais chliniciúil oinceolaíochta leighis (MOCIS) agus táthar tosaithe á chur i bhfeidhm.
- Tá dearadh teicniúil ar réiteach náisiúnta saotharlainne leighis singil tugtha chun críche agus táthar tosaithe á chur i bhfeidhm. Cuirfidh an réiteach ar chumas Dochtúirí Ginearálta tástálacha saotharlainne a ordú go digiteach.
- Chuaigh Tairseach Bunsonraí Oscailte Ríomhshláinte Éireann amach beo, rud a dhéanann níos éasca é bunsonraí a fháil agus a rochtain ó aon áit i rannóg sláinte na hÉireann ar a n-áirítear staitisticí ar chásanna othair chónaitheacha agus cásanna lae, liostaí feithimh náisiúnta agus tionscnaimh dhigiteacha nua ar nós eReferrals.

- Tá córas atreoraithe thacaíocht-chinneadh á fhorbairt chun uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras eReferral reatha do sheirbhísí othar sheachtracha.

## Seirbhísí Gnó Sláinte

- Foilsíodh Straitéis Sheirbhísí Sláinte agus Gnó 2017-2019, ag tógáil ar an dul chun cinn, an mhúinín agus an t-aitheantas a baineadh amach thar chúrsa na chéad straitéise 2014-2016. Is féidir tuilleadh sonraí ar chuid de na gníomhartha atá ináirithe sa straitéis a fheiceáil thíos.
- Cuireadh roinnt clár i bhfeidhm, ar a bhfuil:
  - An Clár Náisiúnta Pá agus Taifid Foirne Comhtháite (NiSRP). Cuirfidh sé bonn ar fáil do struchtúr tacaíochta láidir ‘Fostú go Scor’ (‘Hire to Retire’) do bhail foirne, ag cinntiú go bhfuil eolas fórsa oibre cuimsitheach ar fáil chun acmhainní a bhainistiú ar bhealach a sholáthraíonn na torthaí sláinte is fearr, a fheabhsaíonn taithí dhaoine ar an tseirbhís a úsáid agus a thaispeánann luach ar airgead.
  - Clár Pinsean dírithe ar fheabhsúcháin ar sheirbhís pinsin FSS atá comhlíontach agus dírithe ar chustaiméirí, ar a cuid fostaithe, agus a cuid pinsinéirí.
  - Clár Feabhsúcháin Comhlíonta Soláthair. Cuirfidh sé próisis daingne i bhfeidhm i réimse comhlíonta conartha agus trádála agus táthar á chur i bhfeidhm sna CHOnna, sna Grúpaí Ospidéal agus Tusla.

**#hello my name is... John O'Brien**

**Bio**  
John is a 60 year old self-employed caregiver. He likes to spend time with his family which includes using technology to keep up with his children and grandchildren. John doesn't pay too much attention to his own health and wellbeing.

**Health Status**  
John smokes about 1 pack of cigarettes a week. He describes himself as being reasonably healthy but he rarely goes to see a doctor for check-ups. Sometimes he has symptoms of yeast, whenever he is sick, he's not good at following treatment regimes.

**Goals**  
He wants to stay healthy without having to make major adjustments to his lifestyle.

**Frustrations/Fears**  
He doesn't like interacting with the health service and is very protective of his personal healthcare information.

**Technology**

Desktop Access:

Smartphone Usage:

Tech Comfort:

Internet Usage:

**John's at a Glance**

- Age: 60
- Location: Digo
- Family Status: Married with 4 children
- Education: Leaving Cert
- Employment Status: Self Employed

**Personality**

Empathetic:  Introverted:

Optimistic:  Technophobic:

Emotional:  Worrying:

Organized:  Disorganized:

**Duine de na persona a cruthaíodh ag ceardlanna oibre EHR.**

## Cuireadh roinnt clár caipitiúil chun cinn le linn na bliana, lena n-áirítear:

- Tionscadal nua leanaí ag campas Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath.
- Ionad othair sheachtrach pédiatraigh agus chúraim phráinneach ag Ospidéal Uí Chonghaile agus oibreacha a chumasú ag a comháis in Ospidéal Thamhlachta, Baile átha Cliath.
- Tús a chur leis an tógáil ar an Ospidéal Náisiúnta Seirbhíse Meabhairshláinte Fóiréinsigh ag campas Ospidéal Naomh Íte, Port Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath.
- Tús a chur leis an tógáil ar an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin ag Ascaill Bhaile an Róistigh, Baile Átha Cliath.
- Aonad nua Oinceolaíochta radaíochta i gCorcaigh.
- Ceadúnas pleanála tugtha don fhorbairt ar an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais ag campas Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath.
- Bunáit nua otharchairr náisiúnta tugtha chun críche ar Bhóthar Mhic Dháibhéid, Baile Átha Cliath.
- Seachadadh ar cheithre ionad cúram príomhúil trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí, i roinnt láithreacha ar fud na tíre.
- Tús a chur le bloc bardaí ag Ospidéal na hOllscoile Port Láirge.



Amharc ón aer ar an ospidéal nua leanaí atá beartaithe ag campas Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath.



Bóthar Ard Mhacha, Ionad Cúraim Phríomhúil, Cromghlinn.



Ionad Cúraim Phríomhúil, an Muileann gCearr.



Aonad Péidiatrach Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh.

- Cuireadh méid mhór le hacmhainn na Seirbhíse Náisiúnta Lóistíochta atá bunaithe sa Tullach Mhór chun feidhmiúchán leanúnach na Seirbhíse Náisiúnta Dáileacháin Soláthair a chumasú tuilleadh. Cuireadh seirbhísí breise i bhfeidhm in Ospidéal Naomh Lúcas (Ráth Garbh), Ospidéal Mhuineacháin, Ospidéal Uí Chonghaile, Ospidéal Mhuire na Leanaí (Cromghlinn) agus Ospidéal na hOllscoile Corcaigh.
- Rinneadh córas foinsíocháin le cuidiú soláthair ar líne, [www.hbspass.ie](http://www.hbspass.ie), a fhorbairt agus a imlonnú, le próifíl a dhéanamh ar shonraí gach conradh Soláthair FSS agus Oifig Rialtais (OGP).
- Rinneadh réiteach teicneolaíochta Bhainistíocht Chaidrimh Chustaiméara (CRM) a fhoinsíú. Cinnteoidh sé seo bealach níos éasca le gnó a dhéanamh le HBS trí theicneolaíochtaí CRM agus feidhmchláir a bhaineann le bheith ag déileáil le custaiméirí, ar nós rochtain fíor-ama ar eolas.
- Rith an tSeirbhís Náisiúnta Earcaíochta feachtas náisiúnta chun Oifigigh Cléireachais Grád III a earcú le dul ag obair sna seirbhísí sláinte agus sóisialta. Cuireadh os cionn 23,200 iarratas isteach.
- Cuireadh samhail sármhaitheasa agus struchtúr gnó nua do chórais HR/Párola agus Anailiseacht i bhfeidhm, le fócas dírithe ar chustaiméir ag cinntiú feabhsúcháin ar an mbealach a seachtar seirbhísí.
- Cuireadh i bhfeidhm go rathúil an réiteach um Fhaisnéis Airgeadais Comhtháite, an príomhuirlis tuairiscithe corparáide airgeadais do FSS i gcomhar leis an Aonad Faisnéise Airgeadais.

## Cumarsáid

- Rinneadh os cionn 300 tionscadal a sheachadadh chun tacú le foirne agus leis an bpobal le heolas a fháil ar shláinte agus ar sheirbhísí sláinte.
- Leantar leis an Mapa Bóthair Digiteach a fhorbairt chun athrú ó bhonn a chur ar thaithí úsáideora ar líne.
- Bhí meáin shóisialta FSS chun tosaigh maidir le heolas a chur ar fáil don phobal le linn na Stoirme Ophelia i nDeireadh Fómhair agus chonaic os cionn leath mhiliún duine na póstálacha.
- Forbraíodh treoirínte ar Chumarsáid Shoiléir a Dhéanamh chun cabhrú le baill foirne rudaí a mhíniú go soiléir, le cúram agus le comhbhá, ionas go mbeidh níos mó iontaobhe agus muiníne ag othair agus úsáideoirí seirbhíse ionainn.
- Moladh go hard roinnt seirbhísí de chuid FSS ag gradaim bhliantúil Ghníomhaireacht Náisiúnta Litearthachta na nAosach (NALA) faoi chumarsáid shoiléir a dhéanamh agus labhairt i mBéarla simplí nuair a bhítear ag déileáil le hothair agus le húsáideoirí seirbhíse.
- D'ardaigh feachtais ar nós Ask About Alcohol, Dementia: Understand Together, *#littletings*, QUIT, THINK contraception agus Under the Weather, feachtas agus thacaigh siad le feabhas a chur ar a sláinte agus a bhfoláine féin agus sláinte agus folláine a muintir.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar ár gcumarsáid agus ár bhfeachtais, tabhair cuairt ar [www.hse.ie/communications](http://www.hse.ie/communications).

## Bainistíocht Éigeandála


- Rinne Bainistíocht Éigeandála seachadadh ar threoir leasaithe drochaimsire agus ar cháipéis liosta seiceála, agus baineadh úsáid as le linn Stoirm Ophelia, chun cabhrú le bainisteoirí sheirbhísí uile FSS ullmhú faoi chóir na drochtheagmhais aimsire agus freagra a thabhairt uirthi agus teacht ó na cuid éifeachtaí.
- Rinneadh athbhreithniú ar phleananna éigeandála sheachtracha do láithreacha sraithe uachtaraí Seveso (Ábhar Guaiseach), agus rinneadh nuashonrú agus tástáil orthu le cloí le reachtaíocht.
- Cuireadh tús le teimpléad Phlean Ospidéal Móréigeandála a rolladh amach le cur chuige coitianta a spreagadh ar bhainistíocht éigeandála sna hospidéal uile.
- Rinneadh seachadadh ar réimse cláir cleachtaidh oiliúna, oideachais agus éigeandála thar an tseirbhís sláinte agus ar bhonn idirghníomhaireachta, ar a n-áirítear oideachas a dhéantar a sheachadadh chuig an Fhoireann Náisiúnta Bainistíochta Géarchéime.
- Rinneadh freastal ar oibleagáidí bainistíochta a bhain le planáil imeachta mórshlua.

## Pleanáil agus Faisnéis Ghnó

- Rinne an tAonad Pleanála comhordú ar fhorbairt agus ar fhoilsiú Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2018 (chomh maith leis na Meastacháin bliantúla a chuir bonn eolais faoi ullmhúchán an Bhuiséid do 2018) agus Tuarascáil Bhliantúil 2016.
- Cuireadh tús leis an obair ar an gcéad Phlean Corparáide eile a fhorbairt. Tógfaidh sé seo ar an obair ar tugadh fúithi i bPlean Corparáide 2015-2017.
- Tugadh tacaíocht don Ghrúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta (NPOG) trí phróifíl feidhmíochta a fhorbairt mar chuid den phróiseas dearbhaithe feidhmíochta.
- Forbraíodh tuairiscí feidhmíochta agus sonraí bainistíochta agus foilsíodh ar líne iad gach dara mí.
- Tá obair ar bun chun roinnt tionscadail a fhorbairt, ar a bhfuil tionscadal uathoibríthe HealthStat, CIF a shocrú suas, agus deais feidhmíochta corparáide a chríochnú.

## Iníúchadh Inmheánach

- Cuireadh clár cuimsitheach iníúchtaí i gcrích, lenar áiríodh iníúchtaí ar ghníomhaireachtaí atá á maoiniú ag FSS.
- Tionscnaíodh imscrúduithe speisialta de réir mar ba ghá.
- Rinneadh stádas fheidhmiúchán na bainistíochta ar mholtaí iníúchta a rianú agus a thuairisciú.
- Cuireadh comhairle ar lucht sinsearach bainistíochta ar rialúcháin agus próisis.







Aguisíní

# Aguisín 1: Ballraíocht na Stiúrthóireachta agus na Foirne Ceannasaíochta

## Comhaltaí na Stiúrthóireachta amhail ar 31 Nollaig 2017


- **An tUas. Tony O'Brien** (Ard-Stiúrthóir)
- **An tUas. Stephen Mulvany** (Príomhoifigeach Airgeadais agus Leas-Ard-Stiúrthóir)
- **An tUas. Dean Sullivan** (Príomhoifigeach Straitéise agus Pleanála agus Leas-Ard-Stiúrthóir)
- **An tUas. John Connaghan** (Príomhoifigeach Oibríochta agus Leas-Ard-Stiúrthóir)
- **An Dr. Philip Crowley** (Stiúrthóir Náisiúnta, Feabhsú Cáilíochta)
- **An tUas. Rosarii Mannion** (Stiúrthóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna)

## An Fhoireann Cheannasaíochta amhail an 31ú Nollaig 2017

- **An tUas. Tony O'Brien** (Ard-Stiúrthóir)
- **An tUas. Stephen Mulvany** (Príomhoifigeach Airgeadais agus Leas-Ard-Stiúrthóir)
- **An tUas. Dean Sullivan** (Leas-Ard-Stiúrthóir Príomhoifigeach Straitéise agus Pleanála)
- **An tUas. John Connaghan** (Leas-Ard-Stiúrthóir Príomhoifigeach Oibríochta)
- **An Dr. Philip Crowley** (Stiúrthóir Náisiúnta, Feabhsú Cáilíochta)
- **An tUas. Rosarii Mannion** (Stiúrthóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna)
- **An tUas. Liam Woods** (Stiúrthóir Náisiúnta, Ospidéal Géarmhíochaine)
- **An Dr. Stephanie O'Keefe** (Stiúrthóir Náisiúnta, Sláinte agus Folláine)
- **An tUas. John Hennessy** (Stiúrthóir Náisiúnta, Cúram Príomhúil)
- **An tUas. Anne O'Connor** (Stiúrthóir Náisiúnta, Meabhairshláinte)
- **An tUas. Pat Healy** (Stiúrthóir Náisiúnta, Cúram Sóisialta)
- **An tUas. Patrick Lynch** (Stiúrthóir Náisiúnta, Dearbhú agus Fíorú Cáilíochta)
- **An Dr. Áine Carroll** (Stiúrthóir Náisiúnta, Straitéis agus Clár Chliniciúla)
- **An Dr. Jerome Coffey** (Stiúrthóir Náisiúnta, An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse)
- **An tUas. Damien McCallion** (Stiúrthóir Náisiúnta, Bainistíocht Éigeandála agus Ard-Stiúrthóir CAWT)
- **An tUas. Jane Carolan** (Stiúrthóir Náisiúnta, Seirbhísí Gnó Sláinte agus Príomhoifigeach Eatramhach Eolais)
- **An Dr. Paul Connors** (Stiúrthóir Náisiúnta, Cumarsáid)
- **An Dr. Geraldine Smith** (Stiúrthóir Náisiúnta, Iniúchadh Imheánach)
- **An tUas. Joe Ryan** (Ceann Gníomhach an Chláir um Fheabhsú na Seirbhíse Sláinte)
- **An tUas. Jim O'Sullivan** (Stiúrthóir Clár, Oifig an Ard-Stiúrthóra)
- **An tUas. Dara Purcell** (Rúnaí Corparáideach)

# Aguisín 2: Struchtúr Eagraíochtúil

## Ar an 31 Nollaig 2017



## Aguisín 3: Feidhmíocht maidir le Méid Gníomhaíochta agus PríomhTháscairí Feidhmíochta an Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2017

Nóta: Tá an staid sonraí tuairiscithe 2017 bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil agus an tuarascáil seo á forbairt agus seans nach léiríonn siad an staid ag deireadh na bliana (mar gheall ar shonraí a bheith á dtuairisciú mar riaráistí).

Príomhtháscairí Feidhmíochta	Fíormhéid Tuairiscithe 2016	Sprioc NSP 2017	Fíormhéid Tuairiscithe 2017	% Éagsúlachta le Sprioc 2017
<b>Bainistíocht Buiséid lena n-áirítear coigilteas Éagsúlacht ghlanchaiteachais leis an bplean (taobh istigh den bhuiséad)</b> Pá – Díreach/Gníomhaireacht/Ragobair	Tuairiscithe i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2016	≤ 0.1%	Tuairiscithe i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2017	–
Neamhphá		≤ 0.1%		–
Ioncam		≤ 0.1%		–
<b>Caipiteal</b>				
Caiteachas caipitiúil i gcomparáid leis an bpróifíl chaiteachais	100.0%	100%	102.0%	2.0%
<b>Iníúchadh</b>				
% na moltaí iniúcháireachta inmheánaí a bhí curtha i bhfeidhm (taobh istigh de shé mhí ó fuarthas an tuairisc)	64.0%	75%	65.0%	-13.3%
% na moltaí iniúcháireachta inmheánaí a bhí curtha i bhfeidhm, i gcomparáid le líon iomlán na moltaí, taobh istigh de 12 mhí ó fuarthas an tuarascáil	81.0%	95%	81.0%	-14.7%
<b>Socruithe Seirbhíse/Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil</b>				
% de líon na Socruithe Seirbhíse a síníodh	94.0%	100%	91.2%	-8.8%
% luach airgeadúil na Socruithe Seirbhíse a síníodh	98.0%	100%	95.9%	-4.1%
% de na ráitis bhliantúla chomhlíontachta a síníodh	100.0%	100%	98.0%	-2.0%
<b>Fórsa oibre</b>				
% rátaí neamhláithreachta de réir catagóir foirne	4.6%	≤ 3.5%	4.4%	25.7%
% d'éagsúlacht le tairisí maoinithe soláthair foirne	Nil sonraí ar fáil	> 99.5%	De réir sprice	0.0%
<b>EWTD</b>				
< Seal 24 uair (géarmhíochain agus meabhairshláinte)	97.0%	100%	98.0%	-2.0%
< Seachtain oibre 48 uair (géarmhíochain agus meabhairshláinte)	81.0%	95%	84.0%	-11.6%
<b>Sláinte agus Sábháilteacht</b>				
Líon na nglanna a bhí faighte ag an Deasc Chabhrach Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta	1,104	Méadú 10%	1,749 (> 100%)	> 100.0%
<b>Taithí na nÚsáideoirí Seirbhíse</b>				
% na ngearán a imscrúdaíodh taobh istigh de 30 lá ó ghlac an t-oifigeach gearán leo	75.0%	75%	80.0%	6.7%
<b>Teagmhais Thromchúiseacha Intuairiscithe</b>				
% de teagmhais thromchúiseacha intuairiscithe a chuirtear in iúl don oifigeach cuntasach sinsearach laistigh de 24 uair an chloig	31.0%	99%	27.0%	-72.7%
% na n-imscrúduithe a críochnaíodh taobh istigh de 120 lá ó fuair an tOifigeach Sinsearach Cuntasach fógra faoin teagmhas	4.0%	90%	12.0%	-86.7%
<b>Tuairisciú Teagmhais Sábháilteachta</b>				
% na dteagmhais sábháilteachta a bhí curtha isteach in NIMS taobh istigh de 30 lá ó tharla siad ag an nGrúpa Ospidéal/CHO	47.0%	90%	47.0%	-47.8%
Teagmhais shábháilteachta díana agus móra mar % de na teagmhais ar fad a tuairiscíodh gur tharla siad	TF Nua 2017	Le tuairisciú in 2017	1.0%	–
% na n-éileamh a bhí faighte ag an nGníomhaireacht Éilimh Stáit nár tuairiscíodh roimhe seo mar theagmhas	59.2%	40%	63.3%	58.3%

Ar fud an chórais

Gníomhaíocht Toirte agus Príomhtháscairí Feidhmíochta	Fíormhéid Tuairiscithe 2016	Spríoc NSP 2017	Fíormhéid Tuairiscithe 2017	% Éagsúlachta le Spríoc 2017
<b>Gníomhaíocht toirte</b>				
<b>An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála</b>				
<b>BreastCheck</b>				
Líon na mban sa daonra incháilithe a ndearnadh mamagram iomlán orthu	141,882	155,000	164,187	5.9%
<b>CervicalCheck</b>				
Líon na mban aonair a ndearnadh tástáil smearaidh amháin nó níos mó orthu i suíomh cúraim phríomhúil	253,091	242,000(i)	259,099	7.1%
<b>BowelScreen</b>				
Líon na gcliant a chríochnaigh tástáil shásúil FIT de chuid BowelScreen	108,285	106,875	120,764	13.0%
<b>Diabetic RetinaScreen</b>				
Líon na gcliant diabéiteach de chuid RetinaScreen a ndearnadh scagthástáil orthu agus ar tugadh toradh deiridh grádaithe ina leith	88,807	87,000	96,239	10.6%
<b>Sláinte Timpeallachta</b>				
Líon na dtástálacha ceannacháin cigireachta a rinneadh maidir le tobac a bheith á dhíol le mionaíochas	465	384	356	-7.3%
Líon na dtástálacha a ceannaíodh faoin Acht um Shláinte Phoiblí (Leapacha Gréine), 2014	25	32	32	0.0%
Líon na n-iniúchtaí rúnsiopaera arna tugadh fúthu faoin Acht um Shláinte Phoiblí (Leapacha Gréine), 2014	42	32	32	0.0%
Líon na n-iniúchtaí oifigiúla bia, pleanáilte agus faireachas pleanáilte, ar ghnólachtaí bia	35,651	33,000	33,162	0.5%
<b>Tobac</b>				
Líon na gcaiteoirí tobac a fuair tacaíocht dhian stad ó chomhairleoir stad	14,475	13,000	11,952	-8.1%
Líon na bhfoirne túslíne oílte i ngearr-idirghabháil scoir ón tobac	1,306	1,350	1,076	-20.3%
<b>Bainistíocht Galair Ainsealaigh</b>				
Líon na ndaoine a chríochnaigh clár struchtúrtha oideachais othar faoi dhiaibéiteas	2,017	2,440	2,521	3.3%
<b>Sláinte Phoiblí</b>				
Líon na ráigeanna galar tógalach (ID) a fógraíodh faoin sceideal náisiúnta tuairiscithe ID	544	500	558	-
<b>Táscairí Feidhmíochta</b>				
<b>An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála</b>				
<b>BreastCheck</b>				
% ráta glactha scagthástála BreastCheck	73.4%	> 70%	72.2%	3.1%
% na mban a tairgeadh ospidéalú dóibh le haghaidh cóireála taobh istigh de thrí seachtaine de dhiagnóis ailse bhrolaigh	95.7%	> 90%	92.9%	3.2%
<b>CervicalCheck</b>				
% na mban incháilithe le haon scagthástáil sásúil CervicalCheck amháin ar a laghad i dtreimhse chúig bliana	79.6%	> 80%	79.8%	-0.3%
<b>BowelScreen</b>				
% ráta glactha cliant i gclár BowelScreen	38.1%	> 45%	41.2%	-8.4%
<b>Diabetic RetinaScreen</b>				
% ráta glactha diaibéiteach RetinaScreen	61.0%	> 56%	67.7%	20.9%

Sláinte agus Folláine



Gníomhaíocht Toirte agus Príomhtháscairí Feidhmíochta		Fíormhéid Tuairiscithe 2016	Sprioc NSP 2017	Fíormhéid Tuairiscithe 2017	% Éagsúlachta le Sprioc 2017
Sláinte agus Folláine	<b>Tobac</b>				
	% na gcaiteoirí tobac i gcláir scoir a d'éirigh as tar éis mí amháin	49.7%	45%	51.8%	15.1%
	<b>Imdhíonadh</b>				
	% na n-oibreoirí cúraim shláinte a bhfuil an vacsaín shéasúrach fliú faighte acu sa séasúr fliú 2016-2017 (ospidéil ghéarmhíochaine)	22.5%	40%	34.0%	-15.0%
	% na n-oibreoirí cúraim shláinte a bhfuil an vacsaín shéasúrach fliú faighte acu sa séasúr fliú 2016-2017 (saoráidí cúraim fhadtéarmaigh sa phobal)	26.6%	40%	27.1%	-32.2%
	% na ndaoine 65 bliana d'aois agus níos sine le cárta leighis nó cárta cuairt dochtúra a roghnaigh an vacsaín fliú a fháil	55.4%	75%	54.5%	-27.3%
Cúram Éigeandála Réamhospidéal											
Bóthar Mhic Dháibhéid, Droimeanach, Co. Bhaile Átha Cliath	Soláthar ar bhunáit nua otharchair	R1 2017	-	R2 2017	-	0	0	2.5	7.5	0	0
Cúram Géarospidéal											
Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre											
Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Tulach Mhór, Co. Ulbh Fhailí	Soláthar ar MRI athsholáthair agus ultrafhuaim bhreise	R2 2017	-	R3 2017	R2 2018	0	0	3.04	5.43	0	0
Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann											
Ospidéal Ginearálta Loch Garman	Aonad measúnachta luath-thoirchis, aonad measúnachta féatais agus saotharlann úraidimice (cómhaoinithe ag Cairde Ospidéal Loch Garman) a chur ar fáil	R4 2017	R3 2017	R4 2017	-	0	0	0.1	1.31	0	0
Grúpa Ospidéal RCSI											
Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath	Aonad scagthealaithe duán a chur ar fáil	R4 2016	-	R1 2017	-	0	34	1.69	13.22	0	0
Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, Co. Lú	Bloc Bardaí	R3 2017	Aistriú céimnithe ó R4 2017	R4 2017	Céimnithe ó R1 2018	58	0	2	25	0	0

## Cúram Réamhospidéil agus Géarospidéil

Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir NSP2017)	Dáta Nua-shonraithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir NSP2017)	Dáta Oibríochta le Críochnú	Leapacha Breise	Ionadacha	Costas Capitil €m		2017	2017	
								2017	Iomlán			WTE
<b>Grúpa Cúram Sláinte Ollscoile Saolta</b>												
Ospidéal Ollscoile Shligigh	Uasghrádú ghléasra agus seomra coire	R3 2017	R2 2018	R3 2017	R2 2018	0	0	1.1	2.3	0	0	0
	Áis néareolaíochta curtha ar fáil i dTeach Malloway, An Meál, Sligeach (faoi úinéireacht FSS). Maoinithe ag Institiúid Néareolaíochta an Iar-Thuaiscirt	R1 2017	R3 2018	R1 2017	R3 2018	0	0	0.05	0.05	0	0	0
	Ionad diaibéitis curtha ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh ar thús a chur le seirbhís caidéil inslíne péidiatraithe	R3 2017	R3 2019	R3 2017	R3 2019	0	0	0.05	0.65	0	0	0
	Uasghrádú chreatlach an fhoirgnimh (dlonta, funneoga, srl.) agus catagóirí dóiteáin	Céimnithe 2017	Céim 1 curtha i gcrích (R2 2017)	Céimnithe 2017	Céim 1 curtha i gcrích (R2 2017)	0	0	0.33	1.33	0	0	0
Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh	Bloc nua cliniciúil chun cóiríocht athsholáthair bardaí a chur ar fáil. Is éard atá sa chéad chéim ná soláthar bloc 75 leaba	R1 2017	-	R1 2017	-	0	75	1.75	17.85	0	0	1
Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	Athchóiriú agus uasghrádú an aonaid cúraim chriticiúil agus na n-aonad haermaiteolaíochta agus oinceolaíochta a ndearmadh dochar dóibh i dtuill 2013 (páirtmhaoinithe ag árachas)	R3 2017	R2 2017	R3 2017	R2 2017	0	0	2	2.7	0	0	0
	Athchóiriú agus uasghrádú ar an ducht seirbhíse faoi thalamh (agus na seirbhísí) a ndearmadh dochar dóibh i dtuill 2013	R4 2017	R1 2019	R4 2017	R1 2019	0	0	1.4	2.46	0	0	0
Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo	Sineadh an tseomra ionscópachta atá ann cheana chun áis nua dí-éilíocháin a chur ar fáil, chomh maith le hoibreacha sa phróimshlí dála, ardaitheoir athsholáthair san áireamh	R1 2017	-	R1 2017	-	0	0	0.09	1.8	0	0	0

## Cúram Réamhospidéal agus Géarospidéal

Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir NSP2017)	Dáta Nua-shonraithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir NSP2017)	Dáta Oibríochta le Críochnú	Leapacha Breise	Ionadacha	Costas Caipitil €m		2017 Impleachtaí		
								2017	Iomlán	WTE	Costais Ioncaim €m	
<b>Grúpa Ospidéal an Deiscirt/Iardheiscirt</b>												
Ospidéal na hOllscoile Corcaigh	Rannóg d'othair sheachtracha phéidiatruiceacha	R4 2016	R1 2017	R1 2017	R2 2017	0	0	0.3	9.4	0	0	
	Forbairt Saotharlainne – síneadh agus athchóiriú na saotharlainne paitheolaíochta atá ann cheana chun tairiscint seirbhísí bainistíochta a éascú (tionscadal eolaíochta fola)	R2 2017	R2 2019	R2 2017	R2 2019	0	0	1.75	2.2	0	0	
	Héileapad a chur ar fáil	R4 2017	R3 2019	R1 2018	R4 2019	0	0	0.64	1.8	0	0	
Ospidéal na hOllscoile Port Láirge	Aonad nua dí-éilíocháin	R2 2017	R4 2017	R3 2017	R1 2018	0	0	1.2	2	0	0	
Ospidéal Ollscoile Chiarraí	Athchóiriú chreatlach na hobrádlainne atá ann cheana	R1 2017	R2 2017	R1 2017	R2 2017	0	0	0.5	0.5	0	0	
Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas	Síneadh ar rannóg raideolaíochta	R4 2016	-	R1 2017	-	0	0	0.48	2.3	0	0	
<b>Grúpa Ospidéal OL</b>												
Ospidéal na hInse, Co. an Chláir	Athfhorbairt Ospidéal Réigiúnach an Iarthair Láir, Inis (céim 1) chun feistiú limistéar folmhaithe san fhoirgneamh atá ann cheana a chuimsiú ar mhaithe le freastal ar fhísíteiripe agus cógaslann agus forbairt aonad áitiúil mionghortuithe	R4 2017	Cur i gcrích céimnithe (Céim dheimhneach R2 2019)	R1 2018	Cur i gcrích céimnithe (Céim dheimhneach R2 2019)	0	0	0.85	1.65	0	0	
	Athchomrú MAU agus OPD Géarmhíochaine. Beidh síl sa (sean) Bharda 6A agus áiteanna in áite leis don AMAU	R4 2017	R4 2019	R1 2018	R4 2019	8 spás measúnaithe	12 spás measúnaithe	1.06	1.4	0	0	
Ospidéal Ollscoile Luimnigh	Athchomrú iar- ICU chun aonad measúnachta máinliachta agus réamhbráide a chruthú	R3 2017	R1 2018	R3 2017	R1 2018	14 spás measúnaithe	0	0.74	0.79	0	0	
	Ionad oideachais chliniciúil agus taighde (cómhaoimhne le hOllscoil Luimnigh)	R4 2016	-	R4 2017	R1 2017	0	0	1.3	12.9	4	0	
	ED nua	R1 2017	R2 2017	R4 2017	R2 2017	0	0	8.75	24	93.5	1.4	

## Cúram Réamhospidéil agus Géarospidéil

Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir NSP2017)	Dáta Nua-shonraithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir NSP2017)	Dáta Oibríochta le Críochnú	Leapacha Breise	Ionadacha	Costas Caipitil €m		2017 Impleachtaí	
								2017	Iomlán	WTE	Costais Ioncáim €m
<b>Seirbhísí Ailse</b>											
Ospidéal an Aonaigh, Co. Thiobraid Árann	Sineadh ar bhloc bardaí agus clár athchóirithe, ar a n-áirítear 16 seomra singil agus 4 sheomra dúbáilte (páirtmhaoinithe ag Cairde Ospidéal an Aonaigh)	R3 2017	Sineadh R2 2018 Athchóiriú R1 2019	R3 2017	Sineadh R2 2018 Athchóiriú R1 2019	3	21	1.34	4.9	0	0
Ospidéal Naomh Lúcas, Baile Átha Cliath	Soláthar áiseanna eatramhacha, (céim 2 – tionscadal radaiochta / oinceolaíochta)	R2 2017	R3 2017	R2 2017	R3 2017	0	0	2.02	8.35	13.5	0.18
<b>Seirbhísí Gnó Sláinte</b>											
Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir NSP2017)	Dáta Nua-shonraithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir NSP2017)	Dáta Oibríochta le Críochnú	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		2017 Impleachtaí	
Cluainín, Co. Liatroma	Uasghrádú/athchóiriú ar foirgnimh ceanncheathrún an limistéir, Cluainín	R3 2017	Céim 1 curtha i gcrích (R2 2017)	R3 2017	Céim 1 curtha i gcrích (R2 2017)	0	0	1.2	1.64	0	0
Soláthar – Ionaid Náisiúnta Dáileacháin, lena n-áirítear. Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí	Soláthar líonra áiseanna stórais chun athchurnú sheirbhísí Ióistíochta FSS a éascú	R1 2017	R3 2017	R1 2017	R4 2017	0	0	1.15	4.15	0	0

## Appendix 5: Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Mar fhreagra ar an reachtaíocht SI 426 de 2014 (rud ar tugadh SI 542 de 2009 air), a thugann ar eagraíochtaí na hearnála poiblí tuairisciú a dhéanamh go bliantúil, déanann an t-aguisín seo cur síos ar sheasamh FSS maidir lena húsáid fuinnimh agus na gníomhartha atá déanta aici chun an t-ídiú fuinnimh a laghdú.

In 2013, bunaíodh an Oifig Náisiúnta Inbhuanaitheachta Sláinte (NHSO) taobh istigh den fheidhm náisiúnta Eastát, cuid de na Seirbhísí Gnó Sláinte, chun forbairt a dhéanamh ar fheasacht na foirne, na n-othar agus an phobail ar cheisteanna inbhuanaitheachta, agus chun costais níos ísle agus timpeallacht níos sláintiúla a sheachadadh.

### Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh in 2017

Tá an NHSO ag cloí go hiomlán le riachtanas SI 426 agus tá gach pointe méadair de FSS fíoraithe do 2017 acu. Tá na sonraí seo á bhfaomhadh ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) faoi láthair agus táthar ag súil go mbeidh na sonraí úsáide fuinnimh faofa seo ar fáil ón SEAI i lár-2018.

Is é an forbhreathnú thíos an úsáid fhíoraithe fuinnimh in 2016 (gan ghníomhaireachtaí alt 38/39 san áireamh). Beidh an úsáid fhíoraithe fuinnimh le haghaidh 2017 ar fáil ag [www.hse.ie/sustainability](http://www.hse.ie/sustainability) nuair a chuirfidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar fáil í.

- 226,113 MWh leictreachais
- 611,012 MWh breoslaí iontaise
- 3.065 MWh breoslaí inathnuaite.

### Gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu in 2017

- Foilsíodh an Straitéis Inbhuanaithe don tSláinte 2017-2019 ag leagan amach plean straitéiseach na seirbhísí sláinte chun seachadadh a dhéanamh ar ár dtiomantas le bheith mar eagraíocht inbhuanaithe atá i gceannas.
- Bhuaigh an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharr catagóir na hEarnála Poiblí i nGradaim Fuinnimh SEAI 2017 mar gheall ar a Tionscnamh Teicneolaíochta Glas chun a lorg breosla agus carbóin a laghdú.
- Bhuaigh Seirbhís Náisiúnta Soláthar HBS atá bunaithe sa Tullach Mhór Gradam Iompair Glas 2017 mar gheall ar an laghdú a rinne sí ar ghluaiseachtaí feithicle agus úsáid bhreosla, ag cur laghdú 38% ar astaíochtaí náisiúnta dáileacháin FSS de CO<sub>2</sub> i mbliain amháin.

- Lean an Clár Cúraim Sláinte Glas le bheith ag forbairt tagarmharcanna fuíoll chúram sláinte na hÉireann agus rith sé sraith seisiúin traenála le foirne chúram sláinte chun éifeachtúlacht acmhainne a fheabhsú, fuíoll a chosc agus a laghdú, athchúrsáil a uasmhéadú, agus uisce a chaomhnú.
- Tionóladh seiminéair in Ospidéal Ollscoile Shligigh, le fócas ar inbhuanaitheacht a sheachadadh, trí chomhoibriú, agus éifeachtúlacht, trí chrapadh feidhmíochta fuinnimh. Tionóladh ceardlann oibre sa Tullach Mhór ag díriú ar mhéadú a chur ar éifeachtúlacht uisce. Bhí níos mó i láthair ag an dá imeacht ná mar a bhí súil leis.

### Gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2018

- Cláir náisiúnta a bhunú, a bheith i gceannas orthu agus tacú leo chun an Straitéis inbhuanaithe don tSláinte 2017-2019 ar a n-áirítear an clár conraitheoireachta um fheidhmíocht fuinnimh, clár caomhnaithe uisce, clár laghdaithe fuíoll bia agus clár um uasmhéadú ar chumhacht ag an obair a chur i bhfeidhm.
- Comhoibriú idir FSS agus eagraíochtaí eile a neartú tuilleadh d'obair thras earnála.
- Leanúint le cumarsáid NHSO a fhorbairt chun tógáil ar fheasacht foirne, úsáideoirí seirbhísí agus an phobail ar cheisteanna inbhuanaithe.
- Roghanna iompair agus taistil éifeachtúla agus ghníomhacha a bhunú i gcomhar le Láithreacha Taistil níos Cliste (Smarter Travel Workplaces) chun taisteal inbhuanaithe in áiseanna cúraim sláinte a chur i bhfeidhm.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le Soláthar HBS agus leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun na conarthaí náisiúnta atá nuabhunaithe do leictreachas agus gás nádúrtha a uasmhéadú.





# Rialachas Airgeadais

# Forbhreathnú Feidhmíochta agus Airgeadais 2017

## Buneolas

Ba í 2017 an bhliain deiridh de Phlean Corparáide 2015-2017 FSS. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag FSS i leith spriocanna agus ionchais an phlean trí bliana seo. Mar sin féin, tá sé admhaithe i gcomhthéacs Éire an lae inniu go bhfuil gá le leasú breise agus pleanáil factéarmach i samhail chúram sláinte reatha na hÉireann. D'fhoilsigh an Coiste um Thodhcaí an Chúraim Sláinte a socraíodh chun teacht ar chomhaontú trasphairtí maidir le todhchaí chúram sláinte agus pholasaí sláinte na hÉireann Tuairisc Sláintecare i mBealtaine 2017 rud ar chuir FSS fáilte roimhe.

Tá FSS ag obair leis an Rialtas agus leis an Aire faoi láthair chun cabhrú le torthaí agus moltaí Sláintecare a chur i bhfeidhm.

Tá achoimre faoi na ceannteidil thíos ar na príomheilimintí d'fheidhmíocht airgeadais FSS in 2017: Comhthéacs Straitéiseach; Forbhreathnú Airgeadais; Anailís Ioncaim; Aschur 2017 de réir Ceantair Seirbhíse; Tionscnaimh a bhaineann le Airgeadas agus Ionchas do 2018.

## Comhthéacs Straitéiseach

Tá dualgas ar FSS uasmhéadú a dhéanamh ar leibhéal agus cáilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi theorainn na n-acmhainní atá ar fáil gach bliain agus a chinntiú go mbainfear amach feabhsuithe inbhuanaithe leanúnacha ar fud an chórais. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach éilimh agus brúnna seirbhíse an daonra a aithint, is é sin, daonra atá:

- Ag fás in uimhreacha. Is é daonra reatha na hÉireann, bunaithe ar Dhaonáireamh 2016 ná 4.7 milliún duine agus is méadú 12% é seo i gcomparáid le 2005, nuair a bunaíodh FSS. Tá sé tuartha ag an ERSI<sup>1</sup>\* go dtiocfaidh ardú de 23% ar an daonra idir seo agus 2030.
- Maireachtáil níos faide. Tá an t-ionchas saoil in Éirinn tar éis méadú 2.4 bliain ó 2005, agus tá beagnach 13% den daonra iomlán 65 bliain d'aois nó os a chionn. Táthar ag súil go dtiocfaidh ardú de 21% ar an líon daoine os cionn 65 faoin mbliain 2020 agus go dtiocfaidh ardú de 4% ar an líon daoine fásta a bheidh os cionn 85. Cé go bhfuil níos mó daoine ag fáil sláinte níos fearr agus ag maireachtáil níos faide, tá an líon daoine scothaosta a bhfuil galair ainsealacha, míchumais agus cailteanas cognaíoch orthu ag méadú.

- Teacht i láthair le minicíocht mhéadaithe de ghalar ainsealach a mbíonn idirghabháil mhéadaitheach agus seirbhísí leantacha de dhíth air. Mar shampla, baineann 30% de na básanna in Éirinn i láthair na huaire le galair den chóras imshruthaithe. Baineann beagnach 57% de bhásanna uile na ndaoine atá os cionn 65 bliain d'aois le galair den chóras imshruthaithe agus le hailse. Is de bharr ailse, galair chardashoithíoch agus galair riospráide atá thart ar trí ceathrúnaí cuid de bhásanna in Éirinn. Táthar ag tuar go dtiocfaidh ardú de 17% ar an líon daoine fásta os cionn 65 a mbeidh 2 riocht ainsealach nó os a chionn orthu ó 2017 go 2022.
- Teacht i láthair le dúshlán do bhrúnna éileamh seirbhísí, de dheasca stíleanna maireachtála lena n-áirítear murtall, caitheamh tobac agus ólachán alcóil. Tá beagnach 1.7 milliún duine fásta in Éirinn atá róthrom nó atá murtallach agus tá 5% de dhaoine fásta na hÉireann thíos le diaibéiteas chineál 2.

## Feabhsú na Seirbhíse Sláinte

Is é uailmhian agus aidhm FSS ná an tseirbhís sláinte is fearr a sheachadadh laistigh de na hacmhainní atá ar fáil agus tá sé riachtanach go mbeidh ár seirbhísí eagraithe ar bhealach a chinnteoidh go bhfuil ar a gcumas freagairt do riachtanais chúram sláinte in ár bpobail. Ar mhaithe leis seo a bhaint amach, tá clár cuimsitheach feabhsúcháin tosaithe agus é dírithe ar cháilíocht agus sábháilteacht ár seirbhísí a chur chun cinn, cúram a chur ar fáil ar bhealach níos comhtháite agus ar thionscnaimh sláinte poiblí agus cur chun cinn sláinte a chur i bhfeidhm ag teacht le moltaí na Tuarascála Sláintecare.

Admhaíonn Tuarascáil Sláintecare go gcaithfear seirbhísí sábháilte ardchaighdeán a chur ar fáil pé áit agus pé uair a bhíonn siad ag teastáil chun na torthaí is fearr a bhaint amach do phobal na tíre. Príomheilimint de chur i gcrích na straitéise seo ná Grúpaí Ospidéal (HGanna) agus Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHOnna) a bhunú. Tacaíonn Tuarascáil Sláintecare le forbairt leanúnach na HGanna agus na CHOnna sin agus cinntiú si go háirithe go bhfuil comhpháirtíocht níos fearr idir na HGanna agus na CHOnna chun cúram comhtháite a sheachadadh agus chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil san áit a bhfuil gá leo chun torthaí maithe agus sábháilte a bhaint amach do shaoránaigh na hÉireann.

<sup>1</sup> Tuarascáil an ERSI, Teilgín ar éileamh ar chúram sláinte in Éirinn 2015-2030.

## Grúpaí Ospidéal

Tá seacht ngrúpa ospidéal ann anois atá freagrach as seirbhísí ospidéal a chur ar fáil. Ligeann na grúpaí ospidéal seo do chur chuige níos comhordaithe tarlú i leith planáil agus soláthar cúram géarmhíochaine. Déanann eárnáil Ghéarmhíochaine Ospidéal agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharchairr suas beagnach 39% de chaiteachas iomlán FSS rud a aithníonn na dúshláin a bhíonn roimh Seirbhísí Ospidéal a chur ar fáil i gcomhthéacs an phobail atá ag fás agus ag dul in aois, le méadú suntasach ar chur i láthair ghalair ainsealacha chomh maith leis an tionchar atá ag stíleanna maireachtála ar shláinte phobal na hÉireann. Tá sé tuartha ag an ESRI go dtiocfaidh ardú de 37% ar an éileamh ar sheirbhísí Ospidéal do laethanta leapa othar chónaitheach agus 30% ar chásanna othar chónaitheach faoin mbliain 2030.

## Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHOanna)

Tá naoi gcinn d'Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail réigiúnach ann anois a bhfuil freagracht orthu seirbhísí sláinte pobal a sheachadadh. Cuirfidh na CHOanna seo seirbhísí de FSS agus seirbhísí gníomhaireachtaí maoinithe ar fáil go háitiúil, rud a mhéadóidh teacht mhuintir an phobail ar sheirbhísí. Is ionann Cúram Sóisialta agus Cúram Príomhúil (lena n-áirítear an tSeirbhís Aisiocaíochta Cúraim Phríomhúil PCRS)) agus 45% de chaiteachas FSS. Tá sé tuartha go bhféadfadh ardú de 60% a theacht ar éileamh ar sheirbhísí ar nós cúram cabhrach baile chomh maith le cúram cónaitheach agus idirmheánach i dtithe altranais sna blianta suas go 2030 de bharr an ardaíthe sa daonra agus an pobal atá ag dul in aois. (Teilgin an ESRI)

## Forbhreathnú Airgeadais

Bhain FSS leas as cinneadh méadaithe do shláinte ar luach €14.2 billiún in 2017. B'ionann sin agus ardú de €0.6 billiún nó 5% ar chionroinnt 2016.

Léiríonn an t-aschur oibriúcháin airgeadais do 2017 mar a tuairiscíodh sna ráitis airgeadais easnamh Ioncaim agus Caiteachais €129.6m, a chuimsíonn maoiniú ioncaim aonuaire €208.3m a cuireadh ar fáil mar mheastachán forlíontach do 2017. Chuir an litir chinnidh a fuarthas ar an 29 Nollaig in iúl go raibh €75m den mhaoiniú a fuarthas ar fáil do ghradaim pá lárnach, €50m don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, €47.7m maidir le gannchion ar ghéarioncam agus cuireadh €35.6m ar fáil freisin don chlár rochtain geimhridh. Ba é an toradh foriomlán le haghaidh 2017 ná easnamh €139.9m do shláinte, rud atá mar thoradh ar an "gcéad mhuirear" atá nótáilte thíos agus atá léirithe i dtábla 4.

Faoin Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Nithe Airgeadais), 2014, tugadh isteach an mheicníocht rialaithe airgeadais ar a dtugtar "an chéad mhuirear" do FSS agus is é an chéad bhliain a mbaineann sé seo leis ná bliain airgeadais 2016.

### Léiríonn Tábla 4 thíos tionchar an "chéad mhuirir" ar an AFS in 2017

Tábla 4 Tionchar an "chéad mhuirir" ar an AFS in 2017	Ioncam I/E	Caipiteal I/E	Iomlán FSS
Easnamh Oibriúcháin ag teacht chun cinn i FY2017	(129,579)	(6,652)	(136,231)
Tionchar an Chéad Mhuirir ar 2016 b/f	(10,292)	14,974	4,682
Torthaí tuairiscithe ag FSS do 2017	(139,871)	8,322	(131,549)

### Léiríonn Tábla 5 an caiteachas de réir Ceantar Seirbhíse in 2017 i gcomparáid le 2016

Ceantar Seirbhíse	AFS 2017	AFS 2016
Ospidéal Ghéarmhíochaine	5,919,614	5,646,139
Cúram Príomhúil	3,808,673	3,718,002
Seirbhísí do dhaoine faoi Mhíchumas agus do dhaoine Scothaosta	3,072,502	2,924,160
Seirbhísí Tacaíochta Corparáide	1,377,216	1,239,115
Meabhairshláinte	841,791	782,786
Sláinte agus Folláine	209,479	191,690
	15,229,276	14,501,892

## Anailís Ioncaim

Cuireann FSS réimse seirbhísí sláinte agus cúram sláinte ar fáil le hacmhainní airgeadais a bhíonn leithdháilte ag an Roinn Sláinte chomh maith le leas a bhaint as ioncam

a bhíonn tiomsaithe ó ioncam othar príobháideach, ioncam aoisliúntais, asbhaintí tobhach pinsean ón bhfoireann agus lacáistí cógaisíochta. Tugann Tábla 6 anailís ar an Ioncam seo.


Tábla 6

Sruth Ioncaim	FY2017	FY2016	% Éagsúlachta
Deontas na Ranna Sláinte	14,156,207	13,513,757	4.8%
“An Chéad Mhuirear”	(10,292)	(7,931)	29.8%
Ioncam Othar	425,219	450,515	-5.6%
Ioncam Aoisliúntais	161,351	160,233	0.7%
Asbhaintí Tobhach Pinsin	247,706	273,038	-9.3%
Ioncam eile	109,214	101,988	7.1%
<b>Ioncam Iomlán de réir AFS</b>	<b>15,089,405</b>	<b>14,491,600</b>	<b>4.1%</b>

Léiríonn an graf thíos ag tábla conas mar a chuaigh ioncam FSS i laghad i gcomhréir leis an gcor eacnamaíoch chun donais in Éirinn ó 2008/2009. Léiríonn an graf go bhfuil leibhéil ioncaim FSS tosaithe ag aisghabháil le

blianta gairide rud a léiríonn an leibhéal infheistíochta a bhfuil gá leis chun tacú leis an toirt seirbhíse a bhfuil gá lena soláthar.

### Ioncam FSS ó 2005



## Aschur 2017 de réir Seirbhísí

### Seirbhísí Ospidéal Ghéarmhíochaine

Cuimsíonn seirbhísí géarmhíochaine cúram éigeandála, cúram práinneach, cobhsúchán gearrthéarmach, cúram sceidealaithe, tráma, géarmháinliacht, cúram criticiúil agus cúram réamh-ospidéal do dhaoine fásta agus do leanaí. Tá ospidéal ag obair go leanúnach chun feabhas a chur ar rochtain ar chúram sceidealaithe agus gan sceidealú, ag cinntiú cáilíochta agus sábháilteacht othar laistigh den bhuiséid leithroinnte. Cuireann na Seacht nGrúpa Ospidéal an struchtúr ar fáil chun líonra ospidéal comhtháite do ghéarchúram a sheachadadh do gach ceantar geografach. Tá dualgas sáraitheach ar FSS uasmhéadú a dhéanamh ar

sholáthar sheirbhísí atá riachtanach agus sábháilte laistigh d'iomláine an mhaoinithe atá ar fáil.

Ba é an t-uaschur deireadh a bhí ag Seirbhísí Géarmhíochaine Ospidéal in 2017 ná €5,919m, a chuimsigh €139.7m. d'easnamh. Seo a leanas comheilimintí an easnaimh seo; €23m a bhain le soláthar dhrochfhiacha, €69m a bhain le seirbhísí oibriúcháin, ba i neamhphá cliniciúil, a raibh staid diúltach €44m aige a bhí sé seo den chuid is mó. Ina theannta sin bhí gannchion de €20m ar mhuirir chothabhála príobháideacha ospidéal. Sin tar éis maoiniú aonuaire de €42m a thabhairt don chatagóir seo trí Mheastachán Deontais. Bhí seachadadh

ar ghníomhaíocht níos airde i gcuid mhaith réimsí ná na spriocanna a leagadh amach in NSP 2017, i dtéarmaí thoir ghníomhaíochta agus chastacht iomláine araon. Is léiriú díreach ar an leibhéal feabhsaithe i seachadadh seirbhíse é an difear diúltach a bhí i gcostais chliniciúla de €44m.

## Seirbhísí do dhaoine faoi Mhíchumas agus do dhaoine Scothaosta

Ba é an dúshlán a bhí ann in 2017 do Sheirbhísí do dhaoine faoi Mhíchumas agus do dhaoine Scothaosta ná freastal ar an bpobal atá ag dul in aois, ionchais saoil níos faide, chomh maith le riachtanais atá ag athrú agus an líon daoine le míchumais atá ag méadú agus a bhfuil riachtanais seirbhíse níos casta acu. Ba é an t-uaschur deireadh a bhí ag Seirbhísí Géarmhíochaine Ospidéal in 2017 ná €3,072m, a chuimsigh €24.5m d'easnamh.

## Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

Bhí bainistiú an fháis bliain i ndiaidh bliana ar an éileamh ar sheirbhísí sóisialta atá bunaithe sa phobal ar na príomhdhúshláin do sheirbhísí na nDaoine Scothaosta in 2017. Is laistigh den phobal scothaosta a bhí an méadú is mó ar dhaoine na hÉireann. Tagann ardú de bheagnach 20,000 duine ar an gcuid den phobal atá 65 bliain d'aois nó os a chionn gach bliain, agus ardú de bheagnach 2,500 orthu siúd atá 85 nó os a chionn. Tugann sé seo dúshlán ar leith chun freastal ar phobal atá ag fás agus atá ag dul in aois. Chun an toradh sin a bhaint amach agus ag aithint na leibhéil mhaoinithe táthar ag soláthar réimse leathan seirbhísí do dhaoine scothaosta ar a n-áirítear tacaíochtaí baile, cúram cónaitheach gearrthéarmach agus fadtéarmach (Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais). I dteannta na gcinn thuas cuirtear seirbhísí ar fáil i gcúram idirthréimhseach agus i gcúram lae san áit a bhfuil brúnna ar leith. Cinntíonn sé sin go bhfuil conair cúraim cuí i bhfeidhm chun gur féidir seirbhísí a sheachadadh ag leibhéal chuí, ar bhealach comhtháite chun freastal ar riachtanais dhaoine scothaosta. D'fhógair Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta barrachas de €2.6m do 2017.

## Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais (NHSS)

Ba é líon na ndaoine a maoiníodh faoin NHSS ag deireadh mhí na Nollag 2017 ná 22,949 agus is éard a bhí i gceist leis seo ná meán 22,983 duine faoi chúram cónaitheach fadtéarmach in 2017. Ag deireadh mhí na Nollag, bhí liosta feithimh an NHSS ag cloí lena sprioc ceithre seachtaine agus 537 duine ar an liosta feithimh. Tuairiscíodh barrachas €1.2m maidir leis an scéim seo ag deireadh 2017.

## Seirbhísí Míchumais

Thuairisc an tSeirbhís Míchumais easnamh de €28.3m ag deireadh na bliana. Baineann an t-easnamh seo go príomha leis na costais ar chúram cónaitheach a sholáthar do dhaoine le míchumas meabhrach ar a n-áirítear socrúcháin éigeandála a chur ar fáil. Lean socrúcháin

éigeandála le bheith ina bhrú suntasach seirbhíse i seirbhísí míchumais in 2017. Is timpeallacht é seo ina bhféadfadh socrúcháin aonair suas le €0.5m a chosaint. Braitheann an costas ar deireadh ar riachtanas an chliaint agus ar chastacht gach cás aonair a chuirtear i láthair. Tiománaí eile a bhí mar chúis le róchaiteachas 2017 ná an caiteachas a bhain le comhlíonadh FSS, feidhmiú fheabhsúcháin cáilíochta agus pleananna gnímh a d'eascair ó thuairiscí cigireachta HIQA.

## Seirbhísí Meabhairshláinte

Ba é an t-uaschur deireadh a bhí ag Seirbhísí Meabhairshláinte in 2017 ná €842m, a chuimsigh €0.3m d'easnamh. Rinneadh an barrachas seo a sheachadadh mar go ndearnadh comhardú ar bhrúnna costais i réimsí foirne agus costais shocrúcháin príobháideacha a bhí ag ardú an t-am ar fad trí choigiltis den chuid is mó a tháinig ón deacracht agus an tráthúlacht a bhain le daoine a earcú do phoist nua agus poist ionaid. Maidir le seachadadh seirbhíse cuireadh roinnt forbairtí chun cinn in 2017, a chuimsíonn;

- Forbairt ar thrí fhoireann nua Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHanna).
- Forbairt ar fhoireann nua amháin Síciatrachta Amach sa Saol (POLL).
- Oscailt Aonad Chúram Speisialta Deer Lodge.
- Luach €3m infheistíochta i mbonneagar seirbhíse.
- Teachta chun cinn thionscadal caipitil na Seirbhísí Náisiúnta Fóirínseach nua.
- Ceannasaithe Rannpháirtíocht Mheabhairshláinte ceaptha i ngach CHO.
- Seoladh Chreat Téarnaimh Náisiúnta, Treoir Deachleachtais QSUS, Pleananna um Féinmharú a Chosc CFL áitiúil, Samhail Cúraim Imbhreithe MH agus Tuairisc Thascfhórsa Mheabhairshláinte d'Ógánaigh.

D'ainneoin na bhforbairtí thuas, tá roinnt dúshlán ag MH freisin, sé sin leibhéal ard gníomhaireachta agus ragoibre de thoradh cumas laghdaithe chun baill foirne a earcú i bpoist atá ar fáil, agus leibhéal focaíochtaí caipitíochta chostais atá ag ardú a bhaineann le socrúcháin cónaitheacha le soláthraí príobháideacha. Tá leibhéal an chaiteachais Caipitíochta ag ardú freisin bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar chastacht mhéadaithe othar, chomh maith le neamhábaltacht sheirbhísí freastal ar chliaint a bhfuil riachtanais arda acu mar gheall ar ghanntanas foirne agus poist nach bhfuil tógtha.

## Seirbhísí Cúram Príomhúil

Ba é an t-aschur deiridh ar Seirbhísí Cúram Príomhúil in 2017 ná €3,809m, a chuimsíonn an tSeirbhís Aisiocáíochta Cúraim Príomhúil (PCRS). D'fhógair bunsheirbhísí oibriúcháin laistigh de Chúram Príomhúil, Cuimsiú Sóisialta agus Cúram Maolaithe barrachas de €6.5m ag deireadh



2017, a bhí mar thoradh den chuid is mó ar choigiltis aonuaire a bhain le ham, agus a bhain go háirithe le poist chliniciúla ghalair ainsealacha agus leapacha cúram maolaithe nach raibh ag tarlú mar a bhíodhas ag súil leo. Cuireadh roinnt príomhthionscnaimh soláthar chun cinn freisin an bhliain seo i réimse soláthar leighis agus Áiseanna & Fearais a thabharfaidh scóip chun costais a bhíonn tiomanta ag toirt mhór mhéadaithe a tharla sna réimsí sin le blianta gairide, a fhritháiriú nuair a bheidh siad ag obair i gceart.

Ina theannta sin, cé gur chuir oscailt roinnt mhaith ionaid cúraim príomhúil le blianta gairide brú breise ar bhonn costais oibriúcháin chúram príomhúil, is príomhchuid iad na háiseanna sin den bhonneagar atá riachtanach chun seirbhísí cúram príomhúil a chur ar fáil do dhéimeagrafach atá ag dul in aois agus chun tacaíocht leis an aistriú fhoriomlán chuig cúram príomhúil.

Thuairisc an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Príomhúil (PCRS) staid airgeadais comhardaithe do 2017. Rinneadh buiséad PCRS do 2017 a fhrámáil trí thagairt do sraith boinn tuisceana a forbraíodh trí mhionphlé leis an Roinn Sláinte. Bhí caiteachas mar ábhar ar rinneadh monatóireacht agus measúnú dlúth air ó thús na bliana agus ba iad Scéimeanna Druga Pobal agus Míochaine Ardteicneolaíochta na príomhthiománaithe caiteachais.

## Seirbhísí Sláinte & Folláine (H&WB)

Ba é an t-uaschur deireadh a bhí ag Seirbhísí Sláinte & Folláine in 2017 ná €209m, a chuimsigh €2.8m. de bharrachas. Léiríonn an tearc-chaitheamh na deacrachtaí a bhí ann le foirne cliniciúla ar nós dochtúirí cúram sláinte agus radagrafaihte a earcú. Cuireadh réimse leathan seirbhísí ar fáil in H&WB in 2017 ó sheirbhísí sláinte timpeallachta, fluairídiú uisce, sláinte poiblí, faireachas agus cosaint sláinte agus na cláir vacsainithe atá á dtreorú go náisiúnta (Rotavirus, Men-B, Fliú agus HPV). Cuireadh na seirbhísí sin ar fáil sa bhreis ar na seirbhísí a bhí á dtairiscint ag an oifig um rialú tobac, an ghníomhaireacht toirchis éigeandála agus an tseirbhís náisiúnta scagthástála.

## Tionscnaimh a Bhain le hAirgeadas

### Athchóiriú Airgeadais

Is tosaíocht straitéiseach é feabhsú córais sheanchaite airgeadais agus soláthair FSS, rud atá tacaíte ag an gClár Athchóirithe Airgeadais. Rinneadh dul chun cinn mór i rith 2017 i mbaint amach na gceadanna riachtanacha chun infheistíocht a dhéanamh i gCóras Bainistíochta Airgeadais Comhtháite (IFMS). Siníodh an conradh d'ardán bogearraí i Meitheamh 2017.

Beidh an phleanáil ar dheardh agus fheidhmiú an chórais náisiúnta singil airgeadais agus soláthar ag dul chun cinn in 2018.

## An Dealramh atá ar Ghnóthaí le haghaidh 2018

Aithníonn Plean Náisiúnta Seirbhíse 2018 FSS go mbeidh cur ar fáil an mhéid uasta seirbhísí faoi theorainn an mhaoiniúcháin ina ghné ríthábhachtach fócais agus buairimh in 2018. Leagann an plean amach na seirbhísí atá mar aidhm againn a chur ar fáil in 2018, chomh maith lenár dtosaíochtaí, ag díriú ar líon beag phríomhthéamaí a léiríonn an treo do sheirbhís cúram sláinte a bheidh níos inbhuanaithe agus níos sábháilte do mhuintir na hÉireann.

Beidh dúshlán mór airgeadais roimh FSS in 2018 chun an leibhéal gníomhaíochta fhoriomlán atá ann a choimeád, cáilíocht a choimeád nó a fheabhsú nuair is féidir, agus srian a choinneáil ar chostais fiú le héileamh ar sheirbhísí atá ag ardú. Tá FSS ag tabhairt athbhreithniú córasach ar na gníomhaíochtaí atá aici faoi láthair, agus í ag aithint an gá le luach níos fearr a fháil, leis an aidhm Clár cuimsitheach Feabhsúcháin Luacha a thabhairt chun cinn ó thús 2018. Díreimid ar thrí théama leathan tosaíochta laistigh den Phlean cuimsitheach Feabhsúcháin Luacha seo:

- Feabhas a chur ar luach laistigh de na seirbhísí atá ann cheana;
- Feabhas a chur ar luach laistigh réimsí seirbhísí neamh-dhíreacha; agus
- Feabhas a chur ar luach straitéise.

Cé go bhfuil roinnt deiseanna ann chun luach feabhsaithe a fháil atá laistigh de shainchúram agus ról FSS lena seachadadh, tá cinn eile ann a mbeidh gá le breithniú níos leithne ina dtaobh ar cheisteanna polasaí, reachtaíochta agus rialacháin agus mar sin beidh buntáiste acu de bharr rannpháirtíocht agus thacaíocht na Ranna Sláinte agus pháirtithe leasmhara eile. Beimid ag díriú ar dheiseanna feabhsúcháin, tríd an bPlean Feabhsúcháin Luacha chun déileáil leis an dúshlán airgeadais fhoriomlán agus ag coimeád leibhéal gníomhaíochta ag an am céanna. Beidh sé de rún ag an gClár feabhas a chur ar sheirbhísí agus ag an am céanna an dúshlán airgeadais oibriúcháin sna seirbhísí a mhaolú do 2018. Ba chóir seachadadh a dhéanamh ar sin trí bhearta réalaíochta indéanta nach mbeidh tionchar diúltach acu ar sheirbhísí.

Is réimse príomhfhócais é Tuairisc Sláintecare a chur i bhfeidhm do 2018 agus do bhlianta ina dhiaidh sin, chomh maith leis na spriocanna atá cumhdaithe sa chreat ata leagtha amach ag Plean Corparáide FSS do 2015-2017.

Má táthar chun na spriocanna a bhaint amach, caithfear díriú ar:

- Feabhsú a dhéanamh ar shábháilteacht ar cháilíocht agus ar luach na seirbhísí a chuirimid ar fáil
- Tosaíocht a dhéanamh de dheardh agus cur i bhfeidhm uirlisí comhtháite cúraim

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an acmhainn oibríocháin d'fhonn tacú le cáilíocht agus teacht ar chúram éigeandála agus pleanáilte géarmhíochaine
- Dul chun cinn chuig an chéad chéim eile i bhfeidhmiúchán *Straitéis Dhaoine na Seirbhísí Sláinte 2015-2018*, ag tógáil ar an dul chun cinn go dtí seo.
- Feabhsuithe ar ICT, rialachas sonraí agus rialachas faisnéise
- Cur i bhfeidhm Struchtúir CHO agus HG
- Feabhsuithe ar rialuithe agus ionracas airgeadais
- Cur i bhfeidhm an chláir Athchóirithe Airgeadais
- Díriú ar na dúshláin a bhaineann leis an riaráiste infheistíochta i dtrealamh riachtanach leighis agus bonneagar eastát.

## Conclúid

Táthar ag bainistiú riosca airgeadais suntasach in aon bhliain ar bith, nuair a thógtar san áireamh scála na mbrúnna déimeagrafacha, rialaithe agus seirbhísí eile thar réimsí sheirbhísí géarchúraim agus chúraim sláinte pobail. I dteannta na réimsí feidhmíochta tá brúnna airgeadais suntasacha sa PCRS agus i réimsí eile a thagann ó éileamh a bhíonn ann de bharr fachtóirí déimeagrafacha, eacnamaíochta agus eile. Tá dúshláin ar leith ann freisin le comhlíonadh a bhaint amach le riachtanais reachtaíochta sna hearnálacha míchumais agus scothaosta araon laistigh den mhaoiniú atá ar fáil. Cé nach féidir fáil réidh leis na rioscaí airgeadais sin go hiomlán, leanaimid le gach iarracht a dhéanamh chun iad a bhainistiú chomh fada agus is féidir laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.

Ba phríomhchuspóir ag FSS in 2017 ná uasmhéid seirbhísí a sheachadadh chomh sábháilte agus chomh héifeachtach agus a b'fhéidir laistigh de theorainneacha an mhaoinithe a bhí ar fáil. Is é sin agus seirbhísí sa chúlra ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin ar leith maidir lena chinntiú go ndéanfaí seachadadh ar an gcineál agus ar an méid seirbhísí sábháilte laistigh de na hacmhainní a bhí ar fáil. Go ginearálta thug FSS tosaíocht d'iarrachtaí maidir leis na samhlacha is éifeachtúla i seachadadh seirbhíse a fhorbairt, rialúcháin maidir leis an mbille pá agus catagóirí móra eile costais a neartú, fuíoll a laghdú agus méadú a chur ar tháirgeacht chun an fás bliantúil costais atá tipiciúil i gcórais chúram sláinte in Éirinn agus go hidirnáisiúnta a mhaolú.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhail na Stiúrthóireachta

## Rialachas

Tar éis don *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas)* a bheith achtaithe ar an 25 Iúil 2013, bunaíodh Stiúrthóireacht FSS mar chomhlacht rialaithe FSS.

Tá comhfhreagracht ar an Stiúrthóireacht mar fhoras rialaithe don FSS agus tá údarás aici feidhmeanna FSS a dhéanamh.

Déanann an t*Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Nithe Airgeadais) 2014 foráil gur scoir FSS de vóta ar leith a bheith aici*. Deimhníonn an tAire Sláinte an glanchaitheas don Bhord Feidhmiúcháin. Faoi reachtaíocht tá an tArd-Stiúrthóir freagrach do Choiste na gCuntas Poiblí i dtaca le ráitis airgeadais bhliantúla FSS agus aon tuarascáil eile a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuireann An t*Acht um Fheidhmeannacht na Sláinte (Rialú) 2013 ar chumas an Aire Sláinte* treoracha a eisiúint do FSS maidir le feidhmiú beartas agus cuspóirí Aire agus rialtais le tosaíochtaí FSS a chinntiú agus a plean seirbhíse á réiteach aici. Ní mór don FSS cloí le treoracha a eisiúint an t-Aire Sláinte faoi na hAchtanna.

Is é an tArd-Stiúrthóir, mar Chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht, a thuariscíonn don Aire thar ceann na Stiúrthóireachta. Cruthaíonn sé sin líne dhíreach freagrachta don Stiúrthóireacht chuig an Aire.

Tá an Stiúrthóireacht cuntasach don Aire Sláinte agus tá freagracht air rialachas maith a chinntiú. Déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a thógáil ar gach phríomhcheist gnó. Is ar an Ard-Stiúrthóir agus an Fhoireann Ceannaireachta atá an fhreagracht maidir le bainistíocht, rialú agus treoir FSS ó lá go lá. Caithfidh an tArd-Stiúrthóir agus an Fhoireann Ceannaireachta an treoir straitéiseach leathan a shocraíonn an Stiúrthóireacht a leanúint, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag bail uile na Stiúrthóireachta ar na príomhimeachtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon riosca suntasach a bheadh dóchúil go dtarlódh. Bíonn an tArd-Stiúrthóir mar theagmháil díreach idir an Stiúrthóireacht agus bainistíocht FSS.

## Freagrachtaí na Stiúrthóireachta

Tá dualgais na Stiúrthóireachta leagtha amach i *gCód Rialachais FSS* agus cuimsíonn siad réimse leathan feidhmeanna agus dualgas suntasach, lena n-áirítear freagracht as athbhreithniú, faomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn Phleananna Corparáideacha, Seirbhíse agus Caipitiúla FSS. Chomh maith leis sin, ceadaíonn an Stiúrthóireacht caiteachas agus cinntíonn sí go bhfuil na rialuithe airgeadais

agus córais bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm láidir agus cuntasach. Tá an Stiúrthóireacht freagrach don Aire as feidhmíocht fheidhmeanna FSS agus a cuid feidhmeanna féin mar údarás rialaithe ar FSS. Ach i gcoitinne tarmilgean an Stiúrthóireacht feidhmeanna uile FSS chuig an Ard-Stiúrthóir, seachas na feidhmeanna sonracha a choinníonn sí di féin. Ar na míreanna buana a bhíonn á gcioradh ag an Stiúrthóireacht tá:

- Leasanna a dhearbhú
- Tuairiscí ó choistí
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bainistíochta
- Tuairiscí feidhmíochta, agus
- Nithe forchoiméadta.

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú de réir an dlí is infheidhme.

Éilíonn Alt 36 den *Acht Sláinte, 2004* (arna leasú leis an *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013*), ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a ordóidh an tAire Sláinte de réir caighdeán cuntasaoíochta a shaineoidh an tAire.

Agus na ráitis airgeadais bliantúil á ullmhú aici, éilítear ar an Stiúrthóireacht:

- beartais chuntasaoíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a bheidh réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Sonrú gur leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaoíochta infheidhme, faoi réir aon neamhchomhlíonadh ábharthach a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais, agus
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur míchuí a thiomhdiú go leanfaidh FSS i mbun feidhme.

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as taifid cuntasachta sásúla a choinneáil a nochtann staid airgeadais FSS, le cruinneas réasúnach ag aon am. Tá an Stiúrthóireacht freagrach chomh maith as sócmhainní FSS a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath dá bharr.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis chorparáideach agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta a chothabháil, agus tá siad freagrach freisin as sláine na faisnéise sin.

Breithníonn an Stiúrthóireacht ar chuir ráitis airgeadais FSS staid ghnóthaí FSS i láthair i gceart ar an 31 Nollaig 2017 agus a cuid ioncaim agus caiteachais do 2017.

## Struchtúr Stiúrthóireachta

Bíonn an tArd-Stiúrthóir agus pé líon eile stiúrthóirí a cheapann an tAire ar bhallaíocht na Stiúrthóireachta. Sonraíonn Alt 16A(2) den *Acht Sláinte 2004* nach mbeidh níos lú ná beirt ná níos mó ná ochtar ceaptha ar an Stiúrthóireacht ag aon am. Tá an tArd-Stiúrthóir i gceannas mar Chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

### Cruinnithe

Faoi réir Alt 3(A) den *Acht Sláinte 2004* (mar a foráladh in Alt 16K den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013*), tá sé de dhualgas ar an Stiúrthóireacht cruinniú amháin ar a laghad a bheith aici i ngach ceann de 11 mhí den bhliain. Tháinig an Stiúrthóireacht le chéile 17 uair in 2017; bhí 11 cruinniú míosúil Stiúrthóireachta acu agus sé chruinniú breise. Tá an tinreamh ag cruinnithe na Stiúrthóireachta taifeadta i dTábla 7.

Pléann cruinnithe na Stiúrthóireachta le feidhmeanna coimeádta agus príomhréimsí eile.

I measc na Stiúrthóireachta, áirítear feidhmeannaigh shinsearacha ceaptha ag an Aire Sláinte faoin reachtaíocht (*An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialú) 2013*) ó dhaoine fostaithe mar Stiúrthóirí Náisiúnta FSS nó grád sinsearach nach bhfuil níos ísle ná iad. De réir bheartas pá an Rialtais, ní íoctar luach saothair le fostaithe sa tseirbhís poiblí a fhónann ar bhoird Stáit nó a ainmneofar ar bhoird den sórt sin go neamhspleách dá bhfostaíocht seirbhíse poiblí i bhfoirm táillí boird agus baineann a luach saothair lena ról fheidhmiúcháin FSS agus leis sin amháin. Ní íoctar aon táillí le baill na Stiúrthóireachta.

### Príomhathruithe Pearsanra

Mar a tugadh le tuiscint i Tábla 7 thuas tháinig deireadh le téarmaí oifige cúigear ball den Stiúrthóireacht in 2017.

Cheap an tAire triúr ball nua: An tUas. John Connaghan, Leas-Ard-Stiúrthóir Príomhoifigeach Oibríochta; An tUas. Dean Sullivan, Leas-Ard-Stiúrthóir Príomhoifigeach Straitéise agus Pleanála; agus An tUas. Rosarii Mannion, Stiúrthóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna.

**Tábla 7 Tinreamh ag cruinnithe Stiúrthóireachta**

Ball	Cruinnithe mhíosúla Stiúrthóireacht FSS (Líon Iomlán Cruinnithe 11)		Cruinnithe mhíosúla bhreise Stiúrthóireacht FSS (Líon Iomlán Cruinnithe 6)		
	Líon cruinnithe	Líon a d'fhreastail	Líon cruinnithe	Líon a d'fhreastail	Costais Stiúrthóireacht FSS
T. O'Brien	11	10	6	6	€12,460
P. Healy (chríochnaigh a théarma oifige 31.07.17)	7	5	3	1	€6,968
J. Hennessy (chríochnaigh a théarma oifige 31.07.17)	7	6	3	3	€833
S. Mulvany	11	11	6	5	€747
S. O'Keeffe (chríochnaigh a théarma oifige 31.07.17)	7	7	3	3	€534
A. O'Connor (chríochnaigh a théarma oifige 31.08.17)	7	6	4	3	€3,176
P. Crowley	11	11	6	5	€5,306
L. Woods (chríochnaigh a théarma oifige 31.08.17)	7	7	4	4	€11,152
D. Sullivan (ceaptha ar 01.08.17)	4	4	3	3	€639
J. Connaghan (ceaptha ar 01.08.17)	4	4	3	3	€5,797
R. Mannion (ceaptha ar 01.09.17)	4	4	2	2	€2,165

\* Taispeántar costais bhaill na Stiúrthóireachta do 2017 do théarma oifige gach ball in 2017.

## Coistí

Faoin *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013*, déantar foráil go mbunóidh an tArd-Stiúrthóir coiste iniúcháireachta chun na feidhmeanna atá sonraithe in alt 40I<sup>2</sup> a dhéanamh, agus leagtar amach dualgais an Choiste ann chomh maith. Tugann an reachtaíocht údarás don Stiúrthóireacht freisin chun Coistí eile dá leithéid a bhunú de réir mar a mheasann sí sin a bheith cuí chun críocha cabhair agus comhairle a thabhairt di i dtaca le feidhmíocht a cuid feidhmeanna. Is í an Stiúrthóireacht a chinnteoidh ballraíocht agus téarmaí tagartha gach coiste acu sin.

## Táillí Bhaill an Choiste

Tá baill sheachtracha Choistí/Bhoird i dteideal táillí, agus déanann an Roinn Sláinte agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad sin a fhaomhadh. Íoctar táillí le formhór bhaill sheachtracha ár gCoistí Iniúcháireachta agus Riosca cé is moite díobh sin atá ina bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí cheana (e.g. ionadaí na Roinne Sláinte ar an gCoiste Iniúcháireachta). Tá ráta socraithe do gach cruinniú a fhreastalaíonn siad orthu suas go dtí uasmhéid gach bliain agus déantar é sin a phróiseáil trí phárolla. Tá ráta difriúil do Chathaoirligh coistí le hais gnáthbhaill.

- Cathaoirleach Choiste Riosca – Ráta de réir cruinniú €402.39 go huasmhéid €2,414 don bhliain
- Is é an táille a ndearna an Roinn Sláinte agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fhaomhadh do Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta Reachtúla ná an ráta atá ann do Chathaoirleach chatagóir 4 chomhlacht stáit neamhthráchtala, sé sin €8,978 sa bhliain
- Gach ball eile – Ráta do gach cruinniú €285 go huasmhéid €1,710 sa bhliain.

## Coiste Iniúcháireachta

Is é an Stiúrthóireacht a cheapann baill an Choiste Iniúcháireachta. Is mar chomhairleoir amháin a fheidhmíonn an Coiste agus níl aon ghnó feidhmíocháin aige. Is iad dualgais an Choiste, arna leagan amach sa reachtaíocht, ná comhairle a chur ar Stiúrthóireacht agus Ard-Stiúrthóir FSS maidir le cúrsaí airgeadais a bhaineann lena bhfeidhmeanna, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas a chur ar a súile dóibh:

- Nach mór do FSS treoirínte rialtais i dtaca le cúrsaí airgeadais a chur i bhfeidhm go sásúil
- Nach mór do FSS na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh:
  - A dhualgas (faoi Alt 33<sup>2</sup>) na seirbhísí a bhainistiú mar atá leagtha amach i bplean seirbhísí faofa ionas go ndéanfar na seirbhísí a sheachadadh de réir an phlean agus nach rachaidh an caiteachas neamhchaipitiúil a bheidh i gceist os cionn na suime atá sonraithe i Litir Chinnidh an Rialtais

- A dhualgas (faoi Alt 33B<sup>3</sup>) plean caipitil bliantúil a chur ar fáil
  - Aon dualgais eile a chuirfear air faoin dlí i dtaca le cúinsí airgeadais
- Go gcomhlíonadh an tArd-Stiúrthóir a dhualgais (faoi alt 34A<sup>4</sup>) lena chinntiú nach rachaidh glanachaiteachais neamhchaipitiúla agus chaipitiúla FSS os cionn na suimeanna atá leithdháilte ag an rialtas do bhliain nó do chuid de bhliain (agus an tAire a chur ar an eolas má bhíonn baol ann go sárófáir a leithéid de leithdháileadh)
  - Oiriúnacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht nósanna imeachta FSS maidir le:
    - Soláthar poiblí
    - Ceadú a lorg do chaiteachas, agus comhlíonadh an cheadaithe sin
    - Éadail, sealbhaíocht agus diúscairt sócmhainní
    - Bainistiú riosca
    - Tuairiscí airgeadais, agus
    - Iniúchtaí inmheánacha.

De réir an Achta, tá de cheanglas ar an gCoiste teacht le chéile ceithre huair in aghaidh na bliana ar a laghad, agus tuarascáil i scríbhinn a chur ar fáil don Ard-Stiúrthóir agus don Stiúrthóireacht, uair amháin gach bliain ar a laghad, maidir leis na cúrsaí a bhfuil comhairle curtha ar fáil ag an gCoiste ina leith agus maidir le gníomhaíochtaí an Choiste i gcaitheamh na bliana. Ní foláir cóip den tuarascáil seo a sholáthar don Aire.

De réir dea-chleachtas rialachais, tá Cairt i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta ina gcuirtear mionsonraí ar fáil faoi ról, dualgais chomhairleacha agus údarás an Choiste, chomh maith le cúrsaí riaracháin áirithe eile. Le linn 2017, rinneadh athbhreithniú ar Chairt an Choiste i bhfianaise an leasaithe a rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) ar an *gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016*, leasú a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016.

Aithnítear i gCairt an Choiste Iniúcháireachta gur bhunaigh FSS Coiste Iniúcháireachta ar leith, a bhfuil an Stiúrthóireacht ina maoirseoir air, atá freagrach as comhairle a chur ar an Stiúrthóireacht faoi chúrsaí a bhaineann le rioscaí i gcoitinne, go háirithe na rioscaí sin nach mbaineann le cúrsaí airgeadais.

Nuair a chuireann an Coiste Iniúcháireachta comhairle ar an Ard-Stiúrthóir bíonn sé dírithe ar mhaoirseacht agus ar chomhairle i dtaca le: (i) tuairiscí airgeadais FSS; agus (ii) córais um rialú inmheánach airgeadais FSS agus bainistíocht ar riosca airgeadais. Tá ról ag an gCoiste Iniúcháireachta freisin maidir le cur chun cinn cleachtas mhaith cuntasaoíochta agus tuairiscithe, cinnteoireacht airgeadais níos fearr agus níos feasaí, agus acmhainn FSS a chosaint trí fhócas ar rialtacht, cuibheas agus luach ar airgead a fheabhsú ar fud FSS.

<sup>2</sup> Alt 33 d'*Acht Sláinte 2004* arna leasú ag alt 10 d'*Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais) 2014*.

<sup>3</sup> Alt 33B d'*Acht Sláinte 2004* arna leasú ag alt 11 d'*Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais) 2014*.

<sup>4</sup> Alt 34A d'*Acht Sláinte 2004* arna leasú ag alt 12 d'*Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais) 2014*.

## Ballraíocht

Tá an Coiste Iniúcháireachta ceaptha ag an Stiúrthóireacht, bíonn ball amháin den Stiúrthóireacht air agus ní bheidh níos lú ná ceathrar eile air a mbeidh na scileanna agus an taithí ábhartha acu chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh. De réir dea-chleachtais, níl Cathaoirleach Stiúrthóireacht FSS ná Príomhoifigeach Airgeadais FSS ina bhall den Choiste seo. De réir na reachtaíochta, ní féidir le Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta a bheith ina bhall de Stiúrthóireacht FSS.

Bhí na daoine seo a leanas ina mbaill den Choiste Iniúcháireachta in 2017:

- An tUas. Peter Cross (Cathaoirleach) – Stiúrthóir Bainistíochta Trasna Corporate Finance, Comhalta Chuntasóirí Cairte Éireann
- An tUas. Tom O’Higgins (Cathaoirleach) – Iar-Chathaoirleach Concern Worldwide, comhpháirtí ar scor ó PwC, iar-Uachtarán agus Comhalta Chuntasóirí Cairte Éireann
- An tOll. Patricia Barker – Stiúrthóir ar Ospidéal Thamhlachta, iar-Leas-Uachtarán (Acadúil) DCU, Comhalta Chuntasóirí Cairte Éireann
- An tUas. Richard George – comhpháirtí ar scor ó KPMG, Comhalta Chuntasóirí Cairte Éireann
- An tUas. Ann Markey – Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus Comhairleoir Gnó, Comhalta Chuntasóirí Cairte Éireann, Comhlach d’Institiúid Cánach na hÉireann

- An tUas. Stephen McGovern – Ceannaire Tionscadail um Rialáil, Comhlíonadh agus Eitic in CRH Group: ríomhfhoghlaim, Comhalta Chuntasóirí Cairte Éireann
- An tUas. David Smith – Príomhoifigeach, An Roinn Sláinte (DoH)
- An tUas. Greg Canning – Príomhoifigeach DoH
- An tUas. Anne O’Connor – Stiúrthóir Náisiúnta FSS Meabhairshláinte
- An tUas. John Connaghan – Leas-Ardstiúrthóir Príomhoifigeach Oibríochtaí FSS

## Cruinnithe

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile seacht n-uaire le linn 2017. Tá sonraí le fáil i dTábla 8 maidir le cén baill a bhí i láthair ag na cruinnithe seo, agus tá eolas ann freisin faoi na táillí agus na speansais a fuair gach ball.

Ionas go bhféadfadh sé a chuid dualgas a chomhlíonadh, d’aontaigh an Coiste ar chláir oibre don bhliain faoi réir Chairt an Choiste.

De réir an chláir oibre seo, fuair an Coiste tuairiscí agus páipéir rialta ón bPríomhoifigeach Airgeadais agus ó Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúcháireachta Inmheánaí, beirt a bhí i láthair ag gach cruinniú den Choiste mar aon le baill sinsearachta dá bhforne.

**Tábla 8 Baill a bhí i Láthair ag cruinnithe Choistí na Stiúrthóireachta – an Coiste Iniúcháireachta**

Baill Sheachtracha	Cruinnithe Choiste Iniúcháireachta FSS (7 gCruinniú san Iomlán)		Táillí agus Speansais Choiste Iniúcháireachta FSS	
	Líon cruinnithe	Tinreámh	Táillí	Speansais
P. Cross (Cathaoirleach) (téarma oifige críochnaithe 30.06.17)	4	4	€4,233	–
T. O’Higgins (Cathaoirleach) (ceaptha 01.07.17)	3	3	€4,489	–
P. Barker	7	7	€1,710	–
R. George (ceaptha 14.02.17)	7	7	€1,710	–
A. Markey (ceaptha 09.05.17)	4	4	€1,140	–
S. McGovern	7	7	€1,710	–
D. Smith (téarma oifige críochnaithe 31.03.17)	3	3	N/A	–
G. Canning (ceaptha 09.05.17)	4	2	N/A	–
<b>Baill Inmheánacha</b>				
A. O Connor (críoch le téarma oifige sa Stiúrthóireacht agus mar sin, ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta ar an 31.08.17)	4	3	N/A	Féach Tábla 7
J. Connaghan (ceaptha 11.09.17)	3	3	N/A	Féach Tábla 7



D'fhreastail an tArd-Stiúrthóir agus baill eile den Fhoireann Ceannasaíochta orthu seo nuair ba ghá.

D'fhreastail na hiniúcháirí seachtracha (Oifig an ArdReachtair Cuntas agus Ciste) ar chruinnithe den Choiste Iniúcháireachta de réir mar ba ghá agus bhí rochtain dhíreach acu ar Chathaoirleach an Choiste i gcónaí. Bhuail an Coiste le hiniúcháirí seachtracha FSS chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta a rinneadh ar ráitis airgeadais FSS don bhliain 2016 agus chun plé a dhéanamh ar an bplean iniúcháireachta i dtaca le ráitis airgeadais na bliana 2017.

I gcomhpháirt leis an Ard-Stiúrthóir, tá an Coiste Iniúcháireachta freagrach as tacú le hobair Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí FSS agus í a mhaoirsiú is a threorú. Freastalaíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúcháireachta Inmheánaí ar chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta ar fad, agus bíonn cruinnithe rialta pearsanta aige le Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta.

Fuair an Coiste tuarascálacha ó na bainisteoirí faoi ghnéithe agus próisis i dtaca le cúrsaí tuairiscithe agus rialaithe airgeadais, comhlíonadh treoirlínte an rialtais maidir le ceisteanna airgeadais agus bainistiú riosca i gcaitheamh na bliana.

Trí mhiontuairisc a chruinnithe a chuireann an Coiste a chomhairle ar an Stiúrthóireacht agus ar an Ard-Stiúrthóir go príomha. Cuireadh na miontuairiscí seo ar fáil agus bhí siad ar chlár do chruinnithe na Stiúrthóireachta tar éis chruinnithe ábhartha an Choiste Iniúcháireachta. Choinnigh an Coiste Iniúcháireachta cuntas ar na gníomhartha atá molta aige agus d'athbhreithnigh sé dul chun cinn bhainistíocht na moltaí sin.

Bhí an Cathaoirleach i láthair ag cruinniú na Stiúrthóireachta i mí an Mhárta 2017 chun comhairle an Choiste Iniúcháireachta a chur in iúl i dtaca le ráitis airgeadais FSS sular ghlac an Stiúrthóireacht leo, agus chun an Stiúrthóireacht a chur ar an eolas i dtaca le hobair an Choiste.

Faoi réir na reachtaíochta, chuir an Coiste tuairisc scríofa ar fáil don Ard-Stiúrthóir agus don Stiúrthóireacht i dtaca le gnéithe ar thug sé comhairle fúthu agus ar ghníomhaíochtaí an Choiste i rith 2017. Cuireadh cóip den tuairisc sin ar fáil don Aire.

## An Coiste Riosca

Rinne an Stiúrthóireacht Coiste Riosca a cheapadh de réir an *Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013* d'fhonn cúnaimh agus comhairle a sholáthair maidir le córais bhainistithe riosca FSS, lena chinntiú go nglactar le cur chuige pleanáilte córasach chun rioscaí a aithint is a mheasúnú agus chun freagairt dóibh, agus chun a dhearbhu go bhfuil éifeachtacht ag baint leis na freagairtí sin.

Feidhmíonn an Coiste Riosca mar chomhairleoir agus níl aon ghnó Feidhmiúcháin aige.

Is iad dualgais an Choiste ná comhairle a chur ar Stiúrthóireacht agus Ard-Stiúrthóir FSS maidir le cúrsaí neamhairgeadais a bhaineann lena bhfeidhmeanna, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas a chur ar a súile dóibh:

- Próisis a bhaineann le sainaitheint, tomhas, measúnú agus bainistiú riosca in FSS
- Cultúr bainistithe riosca a chur chun cinn ar fud an chórais sláinte.

De réir dea-chleachtais rialachais, tá Cairt curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Riosca. Díríonn an Chairt go príomha ar chabhrú leis an Stiúrthóireacht a dualgais a chomhlíonadh trí athbhreithniú neamhspleách agus oibiachtúil ar rioscaí neamhairgeadais a chur ar fáil. Choinnigh an Coiste a Chairt agus a chlár oibre faoi athbhreithniú i rith na bliana. Aithnítear i gCairt an Choiste Riosca gur bhunaigh FSS Coiste Iniúcháireachta ar leith, a bhfuil an Stiúrthóireacht ina maoirseoir air, atá freagrach as comhairle a chur ar an Stiúrthóireacht faoi chúrsaí a bhaineann le rioscaí airgeadais i gcoitinne.

## Ballraíocht

Tá an Coiste Riosca ceaptha ag an Stiúrthóireacht, tá ball amháin den Stiúrthóireacht air agus ní bheidh níos lú ná ceathrar eile air a mbeidh na scileanna agus an taithí ábhartha acu chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh.

Bhí na daoine seo a leanas ina mbaill den Choiste Riosca in 2017:

- An Dr. Sheelah Ryan – lia sláinte poiblí, iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (CEO) FSS Iarthair/Bhord Sláinte an Iarthair (WHB) (Cathaoirleach)
- An tUas. Simon Kelly – Sainchomhairleoir Fuinnimh agus iar-CEO Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann
- An tUas. Pat Kirwan – Leas-Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- An tUas. Margaret Murphy – Othair ar son Sábháilteacht Othar (an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte)
- An tUas. Rosemary Ryan – Bainisteoir Seirbhíse Bainistithe Riosca i bhFiontair Client, IPB Insurance
- An tUas. Colm Campbell – iar-Cheann Foirne Cúnta sna Fórsaí Cosanta
- An tUas. Peter Lachman – CEO ar ISQua
- An tUas. Laverne McGuinness, CEO ar Talbot Group
- An Dr. Stephanie O'Keeffe – Stiúrthóir Náisiúnta Sláinte agus Folláine in FSS
- An tUas. Dean Sullivan – HSE Leas-Ardstiúrthóir Príomhoifigeach um Straitéis agus Pleanáil in FSS

## Cruinnithe

Bíonn an Stiúrthóir Náisiúnta um Dhearbhu agus Fíorú Cáilíochta ag gach cruinniú den Choiste. Freastalaíonn an tArd-Stiúrthóir, Stiúrthóirí Náisiúnta nach iad, nó aon fhostaithe eile ar chruinnithe ach iarratas a bheith faighte ón gCoiste chuige sin.

Tábla 9 Baill a bhí i Láthair ag cruinnithe Choistí na Stiúrtóireachta – an Coiste Riosca

Baill Sheachtracha	Cruinnithe Choiste Riosca FSS (6 Chruinniú san Iomlán)		Táillí agus Speansais Choiste Riosca FSS	
	Líon cruinnithe	Tinreamh	Táillí	Speansais
S. Ryan (Cathaoirleach)	6	6	€2,414	€2,897
S. Kelly	6	6	–	–
P. Kirwan	6	5	–	–
M. Murphy	6	5	€1,425	–
R. Ryan	6	5	–	–
C. Campbell	6	6	€1,710	–
P. Lachman (ceaptha 19.05.17)	3	3	–	–
L. McGuinness (ceaptha 14.03.17)	4	4	–	–
<b>Baill Inmheánacha</b>				
S. O’Keeffe (críoch le téarma oifige sa Stiúrtóireacht agus mar sin, ballraíocht an Choiste Riosca ar an 31.07.17)	5	5	N/A	Féach Tábla 7
D. Sullivan (ceaptha 11.09.17)	1	1	N/A	Féach Tábla 7

Bíonn cruinniú ar leith ag baill an Choiste leis an Stiúrtóir Náisiúnta um Dhearbhú agus Fíorú Cálíochta uair sa bhliain ar a laghad.

Rinne an Coiste plé ar an gClár Riosca Chorparáidigh, feidhmeannas sláinte agus sábháilteachta fhoireann FSS, tuarascálacha ar iniúchtaí inmheánacha i dtaca le héifeachtúlacht rialuithe inmheánacha neamhairgeadais, na rioscaí a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh ionfhabhtaithe/ábhair fhrithmhiocróbaigh i dtaca le cúram sláinte, agus cur i bhfeidhm mholtaí an Údaráis um Fhaisnéis agus Cálíocht Sláinte (HIQA). D’fhreastail an Stiúrtóir Náisiúnta um Dhearbhú Cálíochta agus Fíorú ar na cruinnithe Coiste chun dearbhú a thabhairt faoi éifeachtúlacht na gcóras a bhí bunaithe ag lucht bainistíochta chun rioscaí a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuairisciú, agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu.

Is trí mhiontuairiscí a chruinnithe agus tríd a chomhfhreagras foirmeálta go príomha a chuir an Coiste comhairle ar an Stiúrtóireacht agus ar an Ard-Stiúrtóir. Cuireadh na miontuairiscí seo ar fáil agus bhí siad ar chlár do chruinnithe na Stiúrtóireachta tar éis chruinnithe ábhartha an Choiste Riosca.

## Idirchaidreamh idir na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca

Tá freagrachtaí ar an gCoiste Iniúcháireachta agus ar an gCoiste Riosca araon maidir le soláthar eolais faoi réimsí áirithe den bhainistíocht riosca agus de na rialuithe inmheánacha. Tháinig Cathaoirleach an dá Choiste le chéile uair amháin le linn na bliana chun clár oibre an dá Choiste a chomhordú agus chun a chinntiú go raibh soiléire fós le sonrú i réimsí freagrachta gach Coiste ar leith acu.

Rinneadh miontuairiscí gach Coiste a chur síos ar bhonn rialta ag cruinnithe an Choiste eile i rith na bliana.

Chuir an dá Choiste comhairle ar fáil maidir le forbairt Chlár Riosca Chorparáidigh FSS, lenar áiríodh rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais, agus maidir le feabhas a chur ar na próisis i dtaca leis an gClár a bhainistiú agus a choimeád.

## Tacaíocht do na Coistí

Faigheann an Stiúrtóireacht agus a Coistí tacaíocht ón Rúnaí Corparáideach, An tUas. Dara Purcell.

## An Coiste Ríomhsheirbhísí Sláinte

Le foilsíú *Straitéis Ríomhsheirbhísí Sláinte d’Éirinn* ag deireadh 2013, tugadh aitheantas do ról criticiúil na Ríomhsheirbhísí Sláinte maidir le tionscnaimh athchóirithe bhunúsacha a bhaint amach sa tseirbhís sláinte. Na céimeanna atá bainte amach go dtí seo, tá siad tar éis cur ar chumas FSS, tús a chur le struchtúr a chruthú ina ligfeadh do Ríomhsheirbhísí Sláinte, athchóiriú an chúraim sláinte in Éirinn a spreagadh.

Is é cuspóir an Choiste Ríomhsheirbhísí Sláinte, cur i bhfeidhm na *Straitéise Ríomhsheirbhísí Sláinte d’Éirinn* a threorú agus tacú leis trí *Phlean Saineolais agus Faisnéise FSS*, arna fhoilsiú i Márta 2015, a chur i gcrích.

Díríonn an Coiste go bunúsach ar sholáthar de shaineolas, treoraíocht agus deiseanna líonraithe a chinntiú d’Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise (OCIO) mar chúnamh le cur i gcrích a chlár oibre.

Cuireann an Coiste comhairle ar an Stiúrthóireacht i dtaca le:

- Dul chun cinn foriomlán Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise (OCIO) maidir le cur i bhfeidhm a *Plean Saineolais agus Faisnéise*
- Na rioscaí a gcaithfear dul i ngleic leo roimh chur i bhfeidhm an *Plean Saineolais agus Faisnéise*; cuirfear san áireamh leo seo an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus chúraim sláinte, ar bhonn reatha agus ionchasach araon, agus bainfear leas as an gclár um athchóiriú cúram sláinte ina iomláine agus as sainscileanna an ghrúpa
- Na bearta cuí chun cloí le hardchaighdeán ionracais agus macántachta san OCIO ina iomláine de réir an Chóid Rialachais
- Cláir riosca rannáin uile an OCIO, chomh maith le comhairle maidir leis an bpróiseas bainistithe riosca atá i bhfeidhm san OCIO
- Cothú agus cur chun cinn cultúir a éascóidh cur i bhfeidhm an *Plean Saineolais agus Faisnéise*
- Soláthar tuarascálacha rialta ar chlár oibre bliantúil an OCIO i dtaca le hacmhainní leordhóthanacha a fháil don fheidhm seo in FSS agus a seasamh chúí a chinntiú.

Tháinig an Coiste Ríomhsheirbhísí Sláinte le chéile ceithre uaire in 2017. I gcaitheamh na bliana, fuair an Coiste réimse leathan eolais ón bPríomhoifigeach Faisnéise (CIO) faoi na cláir oibre atá idir lámha i láthair na huair ag an OCIO. Anuas air sin, chuir an Coiste comhairle agus treoir ar fáil faoi roinnt mhaith clár náisiúnta, mar shampla, Ospidéal na Leanaí, an Institiúid um Feabhsú Cúram Sláinte (IHI), Ríomhordú Cógais agus MOCIS. Lena hais sin, chuir an Coiste comhairle agus aiseolas breise ar fáil faoi struchtúr eagraíochta nuashonraithe na bainistíochta.

Cuimsíonn Coiste Ríomhshláinte Éireann daoine a bhfuil inniúlachtaí fíorbhainteacha acu le tacú le CIO FSS an straitéis a chur i bhfeidhm. Déanann sé athbhreithniú agus tugann sé moltaí d'fheidhmiú na straitéisí don CIO, agus tabharfaidh sé comhairle don CIO agus do Stiúrthóireacht FSS i dtaca le cinntí infheistíochta ICT.

## Ballraíocht

Tá saineolas agus taithí ag an gCoiste i dtaca le réimse leathan de scileanna agus d'eolas ar a náirítear:

- Córais agus eagrúchán na seirbhísí sláinte
- Córas sláinte na hÉireann agus an clár athchóirithe
- Cur amach cliniciúil ar réimse leathan cúraimí agus próiseas cúraim (taithí ar fheidhmiú TFC más féidir)
- Crua-earraí agus bogearraí i dtaca le teicneolaíochtaí TFC (go háirithe iad siúd a bhaineann le sláinte)
- Forbairt agus feidhmiú córas mór i dtimpeallachtaí casta
- Próisis agus nósanna imeachta le haghaidh measúnú córas mór, meastóireacht eacnamaíochta agus monatóiriú tionscadal casta

- Socruithe gnó tráchtála i gcás airgeadas sláinte agus TFC
- Nuáil sa tsláinte, mar aon le cur i bhfeidhm agus úsáid teicneolaíochtaí chun críche nuála
- Forbairt agus cur i bhfeidhm córas sláinte idirnáisiúnta TFC.

Bhí na daoine seo a leanas ina mbaill den Choiste Ríomhsheirbhísí Sláinte in 2017:

- An tOll. Mark Ferguson – CEO, Fondúireacht Eolaíochta Éireann (Cathaoirleach)
- An tOll. Brian Caulfield – An Scoil Fisiteiripe agus Eolaíochta Léirithe, Ionad Eolaíochtaí Sláinte (Leas-Chathaoirleach)
- An tUas. Muiris O'Connor – Rúnaí Cúnta, DoH
- An tUas. Eibhlin Mulroe – CEO, Grúpa Taighde Oinceolaíochta Comhoibrioch Uile-Éireann
- An tUas. Enda Kyne – Stiúrthóir TF agus Claohlaithe Teicneolaíochta, Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn (RCSI)
- An tUas. Derick Mitchell – CEO, Ardán na hÉireann le haghaidh Eagraíochtaí Othar, Eolaíochta agus Tionscail
- An tOll. George Crooks – Stiúrthóir Liachta NHS24, Stiúrthóir ar Scotland Telehealth
- An tOll. Joe Peppard – Ollamh le Bainistíocht agus Teicneolaíocht, Ollscoil na hAstráile Theas (University of South Australia (Beirlín))
- An tUas. Andrew Griffiths – Príomhoifigeach Faisnéise, NHS Wales
- An Dr. James Batchelor – Stiúrthóir ar an Aonad Faisnéisíochta Cliniciúla, Ollscoil Southampton
- An Dr. Colin Doherty – Sainchomhairleoir, Ospidéal San Séamas (Titimeas)
- An Dr. Brian O'Mahony – Bainisteoir Tionscadail TFC Náisiúnta, an Clár GPIT (Cleachtadh Ginearálta Teicneolaíochta Faisnéise)
- An Dr. Áine Carroll – Stiúrthóir Náisiúnta FSS ar Straitéis agus Chláir Chliniciúla
- An Dr. Stephanie O'Keeffe – Stiúrthóir Náisiúnta Sláinte agus Folláine in FSS
- An tUas. Leo Kearns – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, RCSI
- An tUas. Ger Reaney – Príomhoifigeach, Corcaigh agus Ciarraí (CHO 4)
- An tUas. Susan O'Reilly – CEO, Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre
- An tOll. Jane Grimson – Iar-Stiúrthóir Faisnéise Sláinte, HIQA
- An tUas. Richard Corbridge – Príomhoifigeach Faisnéise in FSS/CDIO Leeds Teaching Hospital Trust
- An tUas. Jane Carolan – Príomhoifigeach Faisnéise in FSS (eatramhach)
- An tUas. Henry Minogue – Leas-Uachtarán, Príomhoifigeach Faisnéise, Virgin Media Éireann

Tábla 10 Baill a bhí i láthair ag cruinnithe Choistí na Stiúirthóireachta – an Coiste Ríomhsheirbhísí Sláinte

Ball	Cruinnithe Choiste Ríomhsheirbhísí Sláinte FSS (6 Chruinniú san Iomlán)		Táillí agus Speansais Choiste Ríomhsheirbhísí Sláinte FSS	
	Líon cruinnithe	Tinreamh	Táillí	Speansais
M. Ferguson (Cathaoirleach)	4	3	Níor íocadh táillí le haon bhall Coiste i ndáil lena b(h)allraíocht den Choiste	
B. Caulfield	4	2		
M. O'Connor	4	1		
E. Mulroe	4	2		
E. Kyne	4	4		
D. Mitchell	4	4		€226
G. Crooks	4	1		
J. Peppard	4	1		
A. Griffiths	4	3		
J. Batchelor	4	0		
C. Doherty	4	0		
B. O'Mahony	4	4		
A. Carroll	4	1		
S. O'Keeffe	4	1		
L. Kearns	4	2		
G. Reaney	4	0		
S. O'Reilly (D'éirigh as an gCoiste ar an 20.09.17 le dul ar scor)	4	3		
J. Grimson	4	0		
R. Corbridge (D'éirigh as FSS ar an 13.11.17, ceapadh mar ghnáthbhall den Choiste ar an 21.11.17)	4	3		
J. Carolan (Ceapadh mar CIO (eatramhach) ón 14.11.17 agus mar sin, is ball ex officio é den Choiste Ríomhsheirbhísí Sláinte)	2	2		
H. Minogue	4	0		
H. McBreen	4	3		
Y. Goff	4	2		
D. Lee	4	3		
D. Nevin	4	1		
H. Chappell	4	3		
M. Curley	4	0		
K. Conlon	4	3		
R. Flynn (Ceapadh ar an gCoiste ar an 18.07.17)	3	1		
C. McHale (Ceapadh ar an gCoiste ar an 18.07.17)	3	1		
T. Pereira (Ceapadh ar an gCoiste ar an 18.07.17)	3	2		
B. Heavey (D'éirigh as an gCoiste Ríomhsheirbhísí Sláinte ar an 01.06.17)	1	1		

- An tUas. Helen McBreen – Stiúrthóir Infheistíochta, Atlantic Bridge Capital
- An tUas. Yvonne Goff – Treoifigeach Faisnéise Cliniciúla in FSS
- An tUas. Deirdre Lee – Bunaitheoir, Derilinx
- An tUas. Diane Nevin – Bunaitheoir, Health Evident
- An tUas. Hazel Chappell, Bunaitheoir/  
Sainchomhairleoir Córas Cliniciúil, Cartron Consulting
- An Dr. Martin Curley – Ollamh le Teicneolaíocht agus Nuáil Gnó, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad; Stiúrthóir, Institiúid um Luach Nuálaíochta Shaotharlanna Eorpacha Intel
- An tUas. Kevin Conlon, Ceannasaí TF DoH
- An tUas. Rachel Flynn – Stiúrthóir Faisnéise Sláinte, HIQA
- An tUas. Colin McHale – An tSláinte agus Eolaíochtaí na Beatha, Stiúrthóir Tionscail na hEorpa, an Mheánoirthir agus na hAfraice (EMEA), Intel Ireland
- An tUas. Tibbs Pereira – Ionadaí Othar
- An tUas. Barry Heavey – Ceannasaí na nEolaíochtaí Beatha san Údarás Forbartha Tionscail (IDA)

## Cruinnithe agus Doiciméadú

Eagraíodh ceithre chruinníú in 2017:

- 22 Márta – Forléargas ar an gCás Gnó i dtaca leis an Taifead Sláinte Leictreonach (EHR) agus ar Rialachas EHR. Rochtain ar eolas nuashonraithe maidir leis an gClár Faisnéise agus Straitéiseach
- 8 Meitheamh – An t-eolas is déanaí faoi Chlár Ospidéal Náisiúnta na Leanaí agus faoin gClár Straitéiseach
- 20 Meán Fómhair – Ar na príomhthéamaí le haghaidh athbhreithnithe agus plé, bhí Sábháilteacht Cógais, an Córas Íomháiithe Saotharlanna Míochaine (MedLis), Réiteach Cógas
- 5 Nollaig – Ba iad EHR agus Cúram Príomhúil na príomhthéamaí a ndearnadh athbhreithniú agus plé orthu. Rinneadh cur i láthair faoin gCóras Bainistithe Chliniciúil Máthartha agus Naíonán Nuabheirthe (MN-CMS), and pléadh an plean um Mheasúnú Aibíochta Digití.

Ós rud go mbeidh an Coiste ag oibriú leis an CIO sna chéad bhlianta chun forbairt a dhéanamh ar straitéisí, bealaí cuir chuige, tosaíochtaí agus measúnacht ar infheistíochtaí, meastar go dtiocfaidh sé le chéile idir trí huairé agus sé huairé sa bhliain.

Tacaítear le Coiste Ríomhshláinte Éireann le rúnaíocht atá curtha ar fáil tríd an OCIO.

Tá comhairle agus treoir tairgthe ag an gCoiste don chlár EHR agus tá siad tar éis a bheith ag obair leis an Roinn Sláinte agus le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an

Rialtais le cinntiú gur féidir seo a dhéanamh taobh istigh den mhúnla rialachais riachtanach do EHR.

Déanfaidh an Coiste Ríomhsheirbhísí Sláinte a chathaoirleach agus a bhaill a athbhreithniú gach dara bliain. In 2017, rinneadh comhlacht ionadaíoch a cheapadh ar an gCoiste.

Déanann Coiste Ríomhsheirbhísí Sláinte Éireann a mhiontuairiscí, cláir oibre, agus ábhar a fhoilsiú ar shuíomh idirlín Ríomhshláinte Éireann chun díriú ar an gclár oibre follasachta maidir leis an réimse seo.

## Nochtadh atá riachtanach de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as a chinntiú go bhfuil FSS tar éis riachtanais an *Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* ('an Cód') a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an DPER i Lúnasa 2016.

## Ráiteas Géilliúlachta

Tá FSS tar éis riachtanais an *Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an DPER i Lúnasa 2016, ach tá eisceachtaí ann i ndáil le nochtadh eolais bhreise i gcód 2016 maidir le:

- Costais agus Réitigh Dhlíthiúla
- Costais Sainchomhairleoireachta
- Taisteal agus Cothú – sa tír seo agus go hidirnáisiúnta
- Caiteachas ar Fháilteachas.

Cuimseofar an t-eolas airgeadais nochta seo i ráitis airgeadais bhliantúla 2018. An aidhm atá leis seo ná gur féidir na leasuithe, an t-athbhreithniú agus na nuashonruithe a dhéanamh ar na córais/próisis airgeadais iomadúla éagsúla atá ann faoi láthair ar fud FSS, a chuireann le cruthú na sonraí a bhaineann leis na ráitis airgeadais bhliantúla.

Arna shíniú thar ceann FSS



**John Connaghan**  
Cathaoirleach

18 Bealtaine 2018



# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Is léiriú é an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach ar an staid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

## 1. Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), dearbhaím freagracht na Stiúrthóireachta as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tá an ráiteas seo de réir an riachtanais atá leagtha amach i gCód *Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bunaíodh Stiúrthóireacht FSS mar chomhlacht rialachais FSS de réir an *Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013*. Tá an Stiúrthóireacht freagrach don Aire Sláinte as feidhmíocht FSS tríd an Ard-Stiúrthóir, atá ina Chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht. Tá Stiúrthóireacht FSS freagrach as córas rialaithe inmheánaigh FSS agus as a éifeachtacht a mhonatóiriú.

## 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach sa chaoi go bhfuil sé in ann rioscaí a bhainistiú agus a laghdú, seachas fáil réidh leo go hiomlán, agus ar an ábhar sin, tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha sa chaoi go dtugann sé dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarás agus a thairfeadh go cuí, agus to gcoiscítear nó go mbraitear earráidí ná mírialtachtaí go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 agus go dtí an dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais, cé is moite de na ceisteanna rialaithe atá sonraithe thíos.

## 3. An Cumas, Riosca a Láimhseáil

Ós í an Stiúrthóireacht comhlacht rialaithe FSS, tá freagrach iomlán aici as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh agus bainistithe riosca. Is ceadmhach don Stiúrthóireacht coistí a bhunú chun cúnaimh agus comhairle a sholáthar i dtaca le feidhmíocht a dhualgais agus a fheidhmeanna.

Tá foráil san Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013 (Acht 2013) le haghaidh bunú Coiste Iniúchóireachta agus aon Choiste eile a mheasann an Stiúrthóireacht a bheith riachtanach chun críche cabhair agus comhairle a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm dhualgais na Stiúrthóireachta.

Tá **Coiste Iniúchóireachta\*** ag FSS, a bunaíodh in Eanáir 2014 de réir fhorálacha Achta 2013. Tá saineolas airgeadais agus iniúchóireachta ag baill an Choiste Iniúchóireachta, agus ina measc, tá Cathaoirleach seachtrach, ceathrar ball seachtracha eile agus ball de Stiúrthóireacht FSS. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta mar chomhairleoir agus níl aon ghnó feidhmiúcháin aige. Is é fócas an Choiste Iniúchóireachta, agus é i mbun comhairle a chur ar an Stiúrthóireacht agus ar an Ard-Stiúrthóir, ná rialacht agus cuibheas na n-idirbheart atá tairfeadh sna cuntais, chomh maith le héifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh arna fheidhmiú ag FSS. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta de réir Cairt chomhaontaithe ina leagtar amach go mionsonraithe ról, dualgais agus údarás an Choiste. Tá de cheanglas ar an gCoiste Iniúchóireachta teacht le chéile 4 huairé in aghaidh na bliana ar a laghad. In 2017, bhí 7 gcrúinniú ar leith ag an gCoiste Iniúchóireachta, agus tharla comhchrúinniú leis na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca tráth eile.

Tá **Rannán Iniúchóireachta Inmheánaí** curtha ar bun ag FSS, a bhfuil pearsanra leis an oiliúint chuí ann, agus feidhmíonn seo de réir cairt i scríbhinn arna faomhadh ag an Stiúrthóireacht. Tuairiscíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúchóireachta Inmheánaí don Choiste Iniúchóireachta agus d'Ard-Stiúrthóir FSS agus is ball é d'fhoireann Ceannasaíochta FSS. Déanann Iniúchóireacht Inmheánach a clár oibre a chomhaontú i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta.

Chuir an **Rannán Iniúchóireachta** Inmheánaí cuid mhór oibre i gcrích agus d'eisigh 158 tuairisc iniúchóireachta i rith 2017. Díródh go háirithe ar ghníomhaireachtaí maoinithe a iniúchadh agus ar iniúchtaí TFC.

Bunaíodh **Coiste Riosca\*** in 2014 de réir fhorálacha an Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013. Tuairiscíonn an Coiste Riosca don Stiúrthóireacht, tá cathaoirleach neamhspleách air mar aon le ball den Stiúrthóireacht agus ceathrar ball seachtracha. Feidhmíonn an Coiste Riosca faoi Théarmaí Tagartha comhaontaithe agus díríonn sé go príomha ar chabhrú leis an Stiúrthóireacht a dualgais a chomhlíonadh, trí athbhreithniú neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar ar rioscaí neamhairgeadais. Choinnigh an Coiste a théarmaí tagartha agus a chlár oibre faoi athbhreithniú i rith na bliana. In 2017, tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 6 huairé ar leith.

Bíonn comhchrúinniú bliantúil ann leis na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca, agus is é seo, chomh maith le plé rialta idir an dá Chathaoirleach, a éascaíonn comhoibriú eatarthu.

\* Féach Tuarascáil Bhail na Stiúrthóireachta chun tuilleadh eolas a fháil faoi na Coistí seo.



Tá FSS tar éis beartas bainistithe riosca a fhorbairt ina sonraítear go cruinn na róil agus na dualgais atá ag baill foirne ag gach leibhéal maidir le riosca (idir airgeadais agus neamhairgeadais). Rinneadh an beartas a nuashonrú le linn 2017 agus cuireadh in iúl do bhaill foirne ag gach leibhéal é. Tá FSS tiomanta a chinntiú go bhféachtar ar bhainistiú riosca mar fhadhb nach mór do gach duine díriú uirthi, go ndaingnítear é mar chuid den ghnó laethúil agus go mbíonn sé mar bhonn agus taca ag an timthriall pleanála agus feidhmíochta i dtaca le straitéisí agus oibriúcháin.

Is iad na bainisteoirí ag gach leibhéal de FSS atá freagrach don Ard-Stiúrthóir as cur i bhfeidhm agus cothú rialaithe inmheánaigh éifeachtaigh i ndáil lena bhfeidhmeanna agus lena n-eagraíochtaí ar leith. Is é aidhm dhaingniú na freagrachta as an gcóras rialaithe inmheánaigh ná a chinntiú, ní amháin gur féidir le FSS fadhbanna rialaithe a bhrath agus freagairt dóibh má thagann siad chun cinn trí na prótacail chuí a úsáid chun iad a chur in iúl do bhainisteoirí níos airde, ach freisin go bhfuil cultúr cuntasachta agus freagrachta i bhfeidhm san eagraíocht ina hiomláine.

## 4. An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá FSS tar éis beartas **Bainistithe Riosca Chomhtháite** a fhorbairt, arna threorú ag na prionsabail um bhainistiú riosca a sonraíodh in ISO 31000. Rinneadh an beartas seo agus na treoirí ann a nuashonrú agus a chur in iúl do na baill foirne ábhartha le linn 2017. Is iad na ceannairí Caighdeán agus Sábháilteacht Othar sna réimsí seirbhíse a éascaíonn agus a thacaíonn le baill foirne ó thaobh chur i bhfeidhm an bheartais seo de.

<https://www.hse.ie/eng/about/qavd/riskmanagement/risk-management-documentation/hse%20integrated%20risk%20management%20policy%202017.html>

De réir bheartas bainistithe riosca FSS, caithfear sainaithint réamhghníomhach a dhéanamh ar rioscaí atá ina mbagairt do chur i bhfeidhm cuspóirí, agus caithfear bearta a chur i ngníomh chun na rioscaí sin a mhaolú go leibhéal inghlactha. Leagtar amach sa bheartas na próisis bainistithe riosca atá i bhfeidhm agus tugtar sonraí faoi róil agus dhualgais na foirne i dtaca le riosca. Is iad na bainisteoirí uile ag gach leibhéal de FSS atá freagrach as Bainistiú Riosca.

Tá **Cláir riosca** i bhfeidhm ag na leibhéil is tábhachtaí san eagraíocht. Aithnítear iontu seo na príomhrioscaí atá roimh FSS. Rinneadh breithniú agus measúnú ar na rioscaí ar na cláir seo de réir a dtábhachta. Ar leibhéal eagraíochtúil, tá an Clár Riosca Chorpáidigh faoi réir monatóiríú agus nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Leagtar amach sna cláir riosca na rialuithe reatha, an rátáil riosca, agus aon rialuithe breise a theastaíonn chun gach riosca a mhaolú, agus dáiltear na tascanna seo ar dhaoine faoi leith

a chaithfidh iad a chur i gcrích de réir sprioc-am sonraithe. Gné amháin den phróiseas monatóireachta ráithiúil ná monatóiríú a dhéanamh ar chur i gcrích na rialuithe breise a theastaíonn agus an riosca a athmheasúnú ar bhunús an méid sin.

Rinneadh freagracht a tharmligean faoi reacht chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (CSA) as bainistiú teagmhas cliniciúil agus oibriúcháin a eascraíonn ón Scéim Slánaíochta Cliniciúla (CIS) agus ón Scéim Slánaíochta Ginearálta (SCA). Soláthraíonn an SCA sainchomhairle agus bainistiú riosca do FSS, agus tacaíonn NIMS, an córas leictreonach tuairiscithe ar bhainistiú teagmhas náisiúnta, leo seo.

Tá creat rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm in FSS, a ndéantar monatóiríú leanúnach air lena chinntiú go spreagtar cultúr éifeachtach rialaithe inmheánaigh.

Tá **Cód Rialachais** FSS leagtha amach ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie) agus cuimsítear an méid seo a leanas leis:

- Léiríonn an Cód Rialachais na caighdeáin, beartais agus nósanna imeachta reatha iompraíochta atá le cur i bhfeidhm ag FSS agus laistigh dó, agus sna gníomhaireachtaí arna maoiniú aige agus laistigh dóibh chun seirbhísí a sholáthar thar a cheann.
- Tugtar cur síos mionsonraithe sa chreat cuntasachta ar na modhanna a úsáidfead chun bainisteoirí sa tseirbhís sláinte, lena n-áirítear iad siúd in Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHOnna) agus Grúpaí Ospidéal (HGanna), a choinneáil cuntasach as a gcuid feidhmíochta maidir le soláthar seirbhísí, caighdeáin agus sábháilteacht othar, airgeadas agus an fórsa oibre.
- Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm, a chuimsíonn deighilt dualgas, córas tarmilgín agus cuntasachta, córas údaraithe caiteachais, agus tuairiscíú rialta ó bhainisteoirí.
- Is cuid lárnach den chóras rialaithe inmheánaigh iad Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FSS, agus dearadh iad le go mbeidís ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus lena chinntiú go mbeidís ag comhlíonadh na dtreoirí earnaála poiblí arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiríú.
- Tá córas buiséid déabhlóidithe bliantúil i bhfeidhm in FSS, agus gach bliain, déanann an tAire Sláinte an plean seirbhíse bliantúil a fhaomhadh go foirmiúil. Socraítear teorainneacha cuntasachta ar leith, agus déanann an Grúpa um Mhaoirseacht ar Fheidhmiú Náisiúnta (NPOG) na teorainneacha seo a mhonatóiríú go mion thar ceann an Ard-Stiúrthóra.
- Tá réimse leathan beartas, nósanna imeachta, prótacail agus treoirí i bhfeidhm in FSS maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais.

- Cuireann FSS athbhreithniú cuimsitheach bliantúil i bhfeidhm ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, a gcuirtear síos go mion air níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.
- Tá córais agus rialuithe ann a bhfuil d'aidhm acu sláine na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.

Anuas air sin, ní mór do na bainisteoirí sinsearacha uile Ráiteas um Dhearbhú Rialuithe (CAS) a chur i gcrích. De réir an ráitis seo, is gá do bhainisteoirí a dhearbhu go bhfuil siad eolach ar na príomhrialuithe airgeadais agus cód rialachais atá i bhfeidhm in FSS, agus go bhfuil siad á gcomhlíonadh.

## 5. Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta curtha ar bun chun próisis rialaithe a mhonatóiriú, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm, agus don Stiúrthóireacht agus na bainisteoirí sinsearacha. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá na rioscaí is práinní agus na rialuithe bainteacha sainaitheanta, agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus chun tuairisciú ar aon easnaimh a sainaitníodh.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais leagtha.
- Déanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil, agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht FSS os coinne buiséad/réamhaisnéisí.
- Déanann an Roinn Sláinte (DOH) athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht FSS i dtaca le buiséid agus pleananna seirbhíse.

Tá **Grúpa Maoirseachta na Feidhmíochta Náisiúnta** (NPOG) tar éis údarás a tharmligean ón Ard-Stiúrthóir le bheith mar eochair-phróiseas um mhaoirsiú agus iniúchadh feidhmíochta agus cuntasachta do FSS, agus le tacú leis an Ard-Stiúrthóir agus leis an Stiúrthóireacht agus iad ag iarraidh feidhmíocht Rannáin FSS a spreagadh.

Chomh maith le monatóireacht inmheánach, bíonn cruinnithe rialta ag FSS leis an DoH chun feidhmíocht a athbhreithniú i gcomhar lena chéile. Déantar an fheidhmíocht is tábhachtaí seirbhísí agus airgeadais a athbhreithniú i gcomhluadar Roinn an Taoisigh agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú (DPER) trí **Ghrúpa Oifigeach Sinsearach** (SOG) míosúil agus freisin trí **Choiste Comh-aireachta um Shláinte** (CCOH).

Is gné rithábhachtach é obair Iniúchóireachta Inmheánaí de mhonatóiriú an chórais rialaithe inmheánaigh laistigh de FSS. Is é atá mar bhonn is taca ag plean oibre bliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí ná anailísiú na bpríomhrioscaí a bhfuil FSS neamhchosanta orthu, agus is é an Coiste Iniúchóireachta a fhaomhann an plean sin. Freastalaíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúchóireachta Inmheánaí ar chruinnithe uile an Choiste Iniúchóireachta, agus bíonn cruinnithe rialta pearsanta aige le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta.

Tacaíonn obair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le monatóiriú agus athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha FSS. Déanann an Stiúrthóireacht agus an Fhoireann Ceannasaíochta athbhreithniú ar thagairtí agus moltaí a dhéanann an **Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste** ina litreacha bainistíochta, a theastais iniúchóireachta nó a thuarascálacha bliantúla, agus tugtar faoi na moltaí sin a chur i bhfeidhm. Déanann an NPOG cur i bhfeidhm na moltaí a mhonatóiriú thar ceann na Stiúrthóireachta, le cabhair ón gCoiste Iniúchóireachta.

Anuas air sin, bunaíodh **Grúpa Náisiúnta Dearbhaithe Rialuithe Airgeadais** (NFCAG) in 2015 le go bhféadfaí dul i ngleic le cuid mhaith laigí rialaithe a bhí ag tarlú go minic agus a sainaitníodh mar chuid d'iniúchadh bliantúil na ráiteas airgeadais, agus mar thoradh ar iniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí seachtracha eile. Ón mbliain 2015 i leith, tá an grúpa seo ag díriú ar dhéileáil le fadhbanna maidir le soláthar, cánachas, ús íocaíochta praise, ró-íocaíochtaí a bhaineann le pá, agus láimhseáil airgid thirim. Tuairiscíonn an grúpa seo do NPOG.

Ar bhonn bliantúil, éilíonn FSS ar gach ball foirne sinsearach ag Grád VIII (ná a mhacasamhail) agus níos airde, ceistneoir faoi rialú inmheánach a chomhlánú; dearadh an ceistneoir sin chun aiseolas riachtanach a sholáthar i ndáil le príomhréimsí rialaithe. Cuireann seo ar chumas FSS éifeachtúlacht na rialuithe is tábhachtaí a mhonatóiriú agus bearta ceartaitheacha a dhíriú ar cibé réimse ina dteastaíonn siad.

## 6. Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm in FSS chun comhlíonadh a chinntiú leis na rialacha agus treoirínte reatha soláthair. Nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á soláthar, caithfidh gach réimse laistigh de FSS cloí leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair atá leagtha síos go sonrach i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FSS.

Aon cheisteanna a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar, tarraingítear aird orthu faoin gceannnteideal ceisteanna maidir le fadhbanna rialaithe inmheánaigh.

## 7. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm in FSS chun éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bhainistiú riosca agus rialú a mhonatóiriú. Is é atá ina thacaíocht le monatóiriú agus athbhreithniú FSS ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ná obair na nIníuchóirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iníuchóireachta, an Choiste Riosca agus na mbainisteoirí sinsearachta san FSS atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím gur chuir FSS athbhreithniú bliantúil i bhfeidhm maidir le héifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha don bhliain 2017, inar díriodh ar na gnéithe seo a leanas:

- Miontuairiscí/tuairiscí an Choiste Iníuchóireachta agus an Choiste Riosca.
- Moltaí ó thuairiscí Iníuchóireachta Inmheánaí.
- Torthaí an cheisteora maidir le Rialú Inmheánach.
- Staid na moltaí a d'eascair ó thuairiscí na mblianta roimhe i dtaca leis an Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh.
- Moltaí ó litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Clár iníuchóireachta 2017 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus go háirithe na rioscaí i dtaca le hiniúchadh a saináithníodh sa chlár.
- Tuairiscí an Choiste Cuntas Poiblí.
- Miontuairiscí Stiúrthóireacht agus Foireann Ceannasaíochta FSS.
- Miontuairiscí na meithle stiúrtha/na meithle oibre/na meithleacha cur i bhfeidhm srl.
- Athbhreithniú seachtrach a dhéanann FSS chun cabhrú maidir le fadhbanna rialaithe inmheánaigh a shainaithint agus beartais is próisis ghnó leasaithe a chur i bhfeidhm.
- Clár riosca chorparáidigh FSS.
- Torthaí agus tuarascálacha a eascraíonn ó obair an Ghrúpa Náisiúnta Dearbhaithe Rialuithe Airgeadais (NFCAG).

Tá na Coistí Iníuchóireachta agus Riosca, chomh maith le Stiúrthóireacht FSS, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an tuairisc a rinneadh i dtaca le hathbhreithniú an chórais rialaithe inmheánaigh.

De réir thorthaí an athbhreithnithe, tá fianaise ann

- Go bhfuil FSS tar éis sraith beartas agus nósanna imeachta a ghlacadh, atá ina bonn leis an ggreat rialaithe inmheánaigh.
- Áit a bhfuiltear tar éis rioscaí ardleibhéil a shainaithint, tá rialuithe maolaithe/cúiteacha curtha i bhfeidhm de ghnáth.

- Fuarthas amach go raibh an-chuid cásanna ann nár comhlíonadh na beartais agus nósanna imeachta seo a nglacadh leo, agus tá seo tar éis an eagraíocht a fhágáil neamhchosanta ar riosca ábhartha.
- Ardaíodh feasacht daoine le linn 2017 maidir leis an ngá le rialuithe inmheánacha, agus bhí méadú suntasach tuairim is 25% ar líon na mball foirne a rinne an suirbhé ICQ. Is léir ó na freagraí atá faighte go bhfuil leibhéal ard comhlíontachta á léiriú ag formhór na mbainisteoirí i dtaca le rialuithe inmheánacha. Ach mar sin féin, léiríonn an easpa comhsheasmhachta aonfhoirmigh sna freagraí a nótáladh in 2017 arís go bhfuil éagsúlacht sna leibhéil chomhlíontachta i gcuid mhór réimsí rialúcháin. Bainfear úsáid as an eolas sin in 2018 chun obair a dhíriú ar chomhlíontacht le rialuithe sonracha agus chun feasacht ghinearálta a ardú faoin riachtanas atá le comhlíontacht leis na rialuithe go léir.
- Tá dearbhú réasúnta ann maidir leis an gcóras reatha rialaithe inmheánaigh, go bhfuil sé in ann na príomhrioscaí bunúsacha a mhaolú/a bhainistiú, a bhfuil gníomhaíochtaí airgeadais neamhchosanta orthu. Ach tá líon mór laigí i rialuithe inmheánacha airgeadais FSS, rud atá léirithe ag líon na sárúithe a tharlaíonn. Beidh an Stiúrthóireacht ag díriú go mór ar fheabhsuithe a dhéanamh sna réimsí seo go fóill sna blianta amach anseo.
- Tá feasacht agus tuiscint níos láidre anois ann go gcaithfidh baill foirne ag gach leibhéal in FSS a bheith cuntasach agus freagrach ionas go mbeidh córas láidir rialaithe airgeadais inmheánaigh ina bhunchloch den eagraíocht.

Go hachomair, d'ainneoin na laigí rialaithe a aithníodh agus a bhfuil bainisteoirí ag déileáil leo anois mar atá leagtha amach thíos i gcuid 8, léiríonn formhór na foirne leibhéil shásúla chomhlíontachta leis an ggreat rialaithe i gcoitinne. Tá socrú déanta ag Foireann Ceannasaíochta FSS go dtacóidh siad le Plean Gníomhaíochta do Bhainisteoirí mar fhreagairt ar na fadhbanna is tábhachtaí a saináithníodh le linn an athbhreithnithe. Déanfaidh Foireann Ceannasaíochta FSS monatóiriú ar chur i bhfeidhm an phlean seo i gcaitheamh 2018.

## 8. Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

### Córas Comhtháite Bainistithe Airgeadais agus Soláthair (IFMS an leagan gearr)

Níl aon chóras aonair airgeadais agus soláthair ag FSS. Ós rud é nach bhfuil a leithéid de chóras in FSS, tá dúshlán bhreise roimh oibriú éifeachtach an chórais um rialú inmheánach airgeadais i gceist. Tá athdhearbhú déanta ag roinnt athbhreithnithe seachtracha ar an gcomhdhearcaidh i measc lucht airgeadais FSS nach bhfuil na córais airgeadais reatha oiriúnach don fheidhm.

Ós rud é nach bhfuil aon chóras náisiúnta amháin ann, is gá an-chuid oibre a dhéanamh de lámh lena chinntiú go bhfuil na córais airgeadais logánta agus an Réiteach um Thuairisciú Náisiúnta Airgeadais sionchronaithe agus go réitíonn siad lena chéile. Tá an cur chuige seo ag éirí níos dúshlánaí i bhfianaise athruithe ar an struchtúr eagraíochtúil agus dul in aois na gcóras.

Tá dul chun cinn á dhéanamh i láthair na huairé i ndíriú ar an easnamh bonneagair fíorshuntasach seo. Bíonn soláthar, dearadh agus cur i bhfeidhm córas aonair Airgeadais agus Soláthair don tSeirbhís Sláinte atá maoinithe go poiblí, bíonn siad maoirsithe agus sainordaithe ag Bord Athchóirithe Airgeadais ar a bhfuil ionadaithe sinsearach ó FSS, an Roinn Sláinte agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tar éis don Bhord um Athchóiriú Airgeadais an cur chuige IFMS a fhaomhadh, tá foireann tionscadail FSS um Athchóiriú Airgeadais ag réiteach plean mionsonraithe faoi láthair chun tacú le soláthar Suimeálaí Córas agus freisin tá siad ag obair i gcomhar le saineolaithe deartha SAP.

## Comhlíontacht le Rialacha Soláthair

Tabhaíonn FSS caiteachas tuairim is €2bn maidir le hearraí agus seirbhísí faoi réir rialacháin soláthair arna leagan amach go mionsonraithe i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FSS. De réir an chóid cleachtais leasaithe um rialachas comhlachtaí stáit, tá de cheanglas ar FSS a chinntiú, i gcás gach conradh ar luach €25k ar a laghad, go ngnóthaítear na conarthaí sin ar bhonn iomaíoch de réir na riachtanas i dtaca le soláthar poiblí, agus tá air freisin tuairisciú a dhéanamh ar aon leibhéal neamhchomhlíontachta a sainaithníodh.

Is léir ó thorthaí an athbhreithnithe a rinneadh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh gur fadhb fós do FSS é comhlíonadh na rialachán soláthair, go háirithe maidir le fianaise nach bhfuil comhlíonadh ann i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:

- Na riachtanais le haghaidh tástáil margaidh, tairiscintí a dhéanamh, agus próisis iomaíocha a úsáid
- Na riachtanais ó thaobh soláthar a dhéanamh ó chonarthaí bailí

Rinneadh na fadhbanna rialaithe seo a shainaithint mar thoradh ar phróisis bhainistíochta agus trí iniúchtaí leanúnacha arna gcur i bhfeidhm ag rannán Iniúchóireachta Inmheánaí FSS féin, agus tríd an obair iniúchóireachta allamuigh a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ba léir i dtorthaí iniúchadh 2017 C&AG go raibh leibhéal neamhchomhlíontachta ann maidir le 36% (de réir luacha) den sampla íocaíochtaí a ndearnadh iniúchadh orthu ag an gcúig láthair FSS ar tugadh cuairt orthu le linn an iniúchta.

Ní féidir le FSS ráta deifnídeach neamhchomhlíontachta i dtaca le soláthar a chur ar fáil. Is léir ó mhonatóireacht na

mbainisteoirí agus Iniúchóireachta Inmheánaí gur fadhb do FSS fós é, na rialacháin soláthair a chomhlíonadh.

Tá clár claochlaithe um athchóiriú idir lámha ag FSS faoi láthair maidir lena fheidhm soláthair, ionas gur féidir leis comhlíonadh na rialachán soláthair poiblí a fheabhsú agus leibhéal úsáide na gconarthaí a bhronnann FSS agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) a mhéadú.

I gcomhthéacs córas reatha soláthair FSS agus an leibhéal reatha foirne atá ann chun conarthaí a chur i bhfeidhm, aithnítear go dtógfaidh sé roinnt mhaith de bhlianta chun déileáil leis na fadhbanna comhlíontachta i ndáil le soláthar ina n-íomláine.

Rinne FSS dul chun cinn in 2017 maidir le cuid mhaith tionscnamh atá bunaithe ar thrí príomhthéama:

### Foinsíú

Tá HBS tar éis Plean Foinsithe 3-Bliana (2016-2019) a fhorbairt do FSS, a bhfuil mar aidhm shonrach aige, conarthaí a chur i bhfeidhm le haghaidh gach earra agus seirbhís a theastaíonn ó FSS agus ar féidir é/í a sholáthar.

Faoi láthair, tá conarthaí lánacha i bhfeidhm a chlúdaíonn caiteachas bliantúil de €1.1bn, arb ionann é agus suas le €454m ná 72% ar luach na gconarthaí a bhí cláraithe amháil ag deireadh 2016.

Baineann príomheilimintí an Phlean Foinsithe seo le:

- Forbairt leanúnach chóras bainistithe an Tionscadail Soláthair (PPMS), a thacóidh le foireann FSS agus iad ag iarraidh soláthar a chur chun cinn.
- Forbairt leanúnach ar an gCóras Praghsála & Foinsithe Chuidithe (PASS), a bheidh fós an-chabhrach d'fhoireann FSS mar go bhfeabhsaíonn sé rochtain agus feiceálacht maidir le conarthaí reatha.
- Tá an rannán Soláthair HBS tar éis an Córas Stóir Sonraí a fhorbairt chun feiceálacht a chinntiú maidir le sonraí agus úsáid táirgí, lena n-áirítear comparáid praghsanna sna córais oidhreachta uile. Tabharfaidh na córais seo, mar aon leis an tionscadal leanúnach cobhsaíthe, cabhair do na sealbhóirí buiséad agus do Sholáthar HBS agus iad ag iarraidh réimsí a shainaithint inar féidir éifeachtúlachtaí feabhsaithe a chur i bhfeidhm, agus tacú le comhlíonadh na rialachán soláthair.

### Bonneagar Tacúil

- Forbairt tuarascáil ar chomhlíonadh soláthair ar líne a chuireann sonraí ar fáil maidir le neamhchomhlíonadh i réimsí Seirbhíse. Tá an tuarascáil seo in úsáid faoi láthair ach níl sí curtha i bhfeidhm i ngach réimse de FSS go fóill. Chomh luath is atá sí forbartha ina hiomláine, úsáidfear an tuarascáil seo le neamhchomhlíonadh a aithint agus mar uirlis phointe cóimheasa monatóireachta mar chuid d'fheidhmiú céimneacht an Phlean um Fheabhsú Comhlíontachta.

- Freagracht as maoirsiú agus bainistiú na bhforbairtí TF bainteacha a thabhairt do Leas-Stiúrthóir Náisiúnta i Soláthar HBS.
- Rialú stoic feabhsaithe trí sheoladh leanúnach an Ionaid Náisiúnta Dáileacháin (NDC) agus trí sheoladh an chórais bainistithe stoic, Córas Pointe Úsáide (POS) sna CHOnna agus sna HGanna.
- Tá Soláthar HBS ag leanúint dá chuid oibre leis an Oifig um Sholáthar Poiblí (OGP) mar chomhpháirtí iomlán sa mhúnla nua Soláthair Rialtais, chun líon na gcomhaontuithe creata agus na gconarthaí le haghaidh gnáthearraí agus gnáthsheirbhísí a mhéadú.
- Tá Soláthar HBS fós ag forbairt an coincheapa 'Aon Ghlor Amháin don tSláinte', lena n-áirítear an earnáil dheonach, chun cur le comhlíonadh foriomlán rialachán soláthair don tsláinte.
- Tá an OGP/FSS tar éis an próiseas tairisceana a chur i gcrích le haghaidh córas náisiúnta airgeadais agus soláthair amháin a thacóidh le comhlíonadh feabhsaithe soláthair le himeacht ama.

### Géilliúlacht

- Cuireadh críoch le Plean 3-bliana um Fheabhsú Comhlíontachta 2017-2020 i Ráithe 4 2016, ina dtugtar aghaidh ar réiteach fadhbanna neamhchomhlíontachta sainaitheanta. Tá clár feabhsaithe comhlíontachta á chur i bhfeidhm go córasach faoi láthair ar fud CHOnna agus HGanna ar leith i gcomhpháirt le Soláthar HBS.
- Forbairt tuarascáil ar chomhlíonadh soláthair ar líne a chuireann sonraí ar fáil maidir le neamhchomhlíonadh i réimsí Seirbhíse. Tá an tuarascáil seo in úsáid faoi láthair ach níl sí curtha i bhfeidhm i ngach réimse de FSS go fóill. Chomh luath is atá sí forbartha ina hiomláine, úsáidfear an tuarascáil seo le neamhchomhlíonadh a aithint agus mar uirlis phointe cóimheasa monatóireachta mar chuid d'fheidhmiú céimneacht an Phlean um Fheabhsú Comhlíontachta.

### Rialachas ar dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha

In 2017, bhain circa €4.1 billiún de chaiteachas iomlán FSS le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha. Tá cur síos in Acht Sláinte 2004 ar an gcreat dlíthiúil faoina dtugann FSS maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí. Cuimsíonn an réimse gníomhaireachtaí seo ospidéal mhóra dheonacha amhail Ospidéal San Séamas, a bhfuil breis is €300m faighte aige, agus gníomhaireachtaí pobail beaga, a bhfuil €500 faighte acu.

Tá creat rialachais FSS ag teacht leis na socrúithe bainistíochta agus cuntasachta le haghaidh deontais ó mhaoiniú ciste, arna leagan amach sa treoir a d'fhoilsigh an DPER i Meán Fómhair 2014:

Na riachtanais i dtaca le tuarascálacha airgeadais agus tuairisceáin foirne a chur isteach, agus i dtaca le cruinnithe monatóireachta a eagrú, braitheann siad sin ar mhéid na Gníomhaireachta. Le linn 2017, rinneadh laigí a shainaitheant i gcur i bhfeidhm na bpróiseas seo, laigí a bhain le monatóiriú agus maoirsiú cuid de na gníomhaireachtaí seo.

An córas rialaithe airgeadais inmheánaigh atá i bhfeidhm i ngníomhaireachtaí maoinithe ar leith, tá sé faoi réir athbhreithniú ar bhonn samplach, agus is é Rannán Iniúchóireachta Inmheánaí FSS a dhéanann an t-athbhreithniú seo, chomh maith le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a dhéanann iniúchtaí seachtracha.

Tá laigí rialaithe a bhaineann le monatóiriú agus maoirsiú gníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú ciste, sainaitheanta mar chuid den iniúchadh ar ráitis airgeadais FSS a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in 2017 agus trí obair Fheidhmeannas Iniúchóireachta Inmheánaí FSS.

Tá dhá chineál comhaontaithe chonarthaigh ag FSS leis na gníomhaireachtaí seo, agus don chuid is mó, tá na comhaontuithe saincheaptha chun an leibhéal maoinithe atá i bhfeidhm a léiriú.

- Socrú Seirbhíse (SA), gníomhaireachtaí sláinte a bhfuil maoiniú €250,000 ar a laghad faighte acu
- Comhaontú Cúnaimh Deontais (GA), gníomhaireachtaí sláinte a bhfuil maoiniú níos lú ná €250,000 faighte acu

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar shampla 40 gníomhaireacht sláinte arna maoiniú trí Shocrú Seirbhíse agus ar 10 ngníomhaireacht sláinte arna maoiniú trí Shocrú Cúnaimh Deontais.

Fuarthas na rudaí seo a leanas amach san iniúchadh

- Bhí ráitis airgeadais don bhliain 2016 curtha isteach ag trí cheathrú de na gníomhaireachtaí sláinte nuair a bhí an t-iniúchadh á dhéanamh. I roinnt cásanna, níorbh ann d'aon fhianaise go raibh athbhreithniú déanta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar na ráitis airgeadais seo.
- I gcuid mhaith de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu, níor cuireadh cruinnithe monatóireachta i bhfeidhm chomh minic agus ba ghá de réir threoirínte FSS.
- I gcuid mhaith cásanna, níorbh ann d'aon fhianaise gur cuireadh isteach sonraí riachtanacha maidir le feidhmíocht airgeadais, mar shampla, cuntais agus gníomhaíochtaí bainistíochta, chomh minic agus ba ghá.
- Is riachtanas é d'aon chomhaontú conarthach a bhaineann le soláthar maoinithe go gcaithfidh an deontá na socrúithe cuí bainistithe riosca agus rialachais a bheith i bhfeidhm agus go gcaithfidh an deontá freisin na treoirínte um sholáthar phoiblí agus an beartas maidir le pá san earnáil phoiblí a chomhlíonadh.



- Is léir ó ráitis chomhlíontachta a chuir 35 gníomhaireacht S38 isteach maidir leis an mblain airgeadais 2016 go bhfuil bearnaí ann i socruithe rialachais amhail beartas um phá san earnáil phoiblí agus soláthar go háirithe.

Tá na bearta atá á ndéanamh ag FSS le díriú ar na laigí a aithníodh leagtha amach thíos.

- Aon ghníomhaireachtaí nach ndéanann an SA a shíniú de réir na riachtanas, tá siad faoi réir choinneáil siar 20% den mhaoiniú, agus tá seo tar éis na rátaí comhlíontachta a fheabhsú as cuimse. Ag deireadh 2017, bhí 96% den mhaoiniú clúdaithe ag SA/GA críochnaithe (FY2016: 93%) Scaiptear na tuairisceáin go rialta ar Rannáin Náisiúnta, Príomhoifigigh na CHOnna agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na HGanna le go ndíreoidh siad orthu ar bhonn práinne.
- Teastaíonn Ráitis Chomhlíontachta Bhliantúla ó gach Gníomhaireacht Alt 38 (circa 75% de mhaoiniú iomlán) agus ó gach Gníomhaireacht Alt 39 a bhfuil breis is €3 milliún aici (circa 17% de mhaoiniú iomlán).
- Comhlánaíonn gach Gníomhaireacht arna bainistiú ag Socrú Seirbhíse (circa 98% de mhaoiniú iomlán) an Tuairisceán Bliantúil Monatóireachta Airgeadais (AFMR), ina bhfuil forálacha le haghaidh riachtanais Chiorclán DPER 13/2014, agus a chuimsíonn ráiteas dearbhaithe faoi chomhlíonadh príomhriachtanais airgeadais. Déanann na baill foirne ábhartha athbhreithniú ar na AMFRanna i ngach Réimse Seirbhíse, CHO agus NG.
- Tá sé d'aidhm ag FSS, Aonaid Tacaíochta um Bhainistiú Conarthaí (CMSU) a bhunú i ngach ceann de na CHOnna, a thacóidh le comhlíonadh agus a fheabhsóidh monatóirí agus maoirsiú na ngníomhaireachtaí maoinithe ag leibhéal oibríochtúil sna CHOnna.
- In 2016, choimisiúnaigh FSS Athbhreithniú Seachtrach Rialachais ag leibhéal Boird agus Feidhmiúcháin i ngach Gníomhaireacht Alt 38. Amhail ar an 10 Bealtaine 2018, tá dhá cheann déag díobh seo curtha i gcrích agus tá naoi gcinn déag idir lámha. Nuair a bheidh an tAthbhreithniú críochnaithe ina iomláine, moltar go gcuirfear tuairisc fhoriomlán ar fáil ina ndíreofar aird ar na fadhbanna coitianta a tháinig aníos sna hAthbhreithnithe seo. I ngach Athbhreithniú, tá freagraí ó bhainisteoirí maidir leis na moltaí a leagadh amach sna hAthbhreithnithe, agus cuirfear iarrphróiseas monatóireachta ar bun i dtaca leis seo. Anuas air sin, cuirfear tuairisc ilghnéitheach fhoriomlán ar fáil ina leagfar amach na príomhfhadhbanna a tháinig chun cinn sna tuairiscí seo.

- Is tosaíocht do FSS é athbhreithniú leanúnach ar thorthaí iniúchtaí, agus tá próisis sheanbhunaithe i bhfeidhm chun torthaí Iniúcháireachtaí Inmheánacha agus Seachtracha a iarmhonatóirí (litreacha bainistíochta áitiúla agus bainistíochta náisiúnta).

## 9. Conclúid

Rinne Stiúrthóireacht FSS measúnú ar an tuarascáil ar an athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais i FSS agus rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú air freisin.

Is eagraíocht í FSS atá ag athrú go mór agus braitheann a córas rialúcháin go fóill ar chórais airgeadais oidhreachta na seanchomhlachtaí sláinte ar cuireadh í ina n-áit. Déanfar na córais oidhreachta seo a athsholáthar diaidh ar ndiaidh sna 3-5 bliana amach romhainn le córas aonair náisiúnta comhtháite airgeadais agus soláthair mar chuid den chlár athchóirithe airgeadais atá ar siúl i láthair na huaire. D'ainneoin chastacht na heagraíochta agus na n-athruithe leanúnacha, is léir ón athbhreithniú gurb ann d'fhianaise:

Go bhfuil gá, ar bhunús na bhfadhbanna i ndáil le neamhchomhlíontacht laistigh de thimpeallacht rialaithe FSS a sainaitníodh sa ráiteas seo, díriú go sonrach agus go leanúnach ar fheabhsú agus ar chomhlíonadh ag gach leibhéal den eagraíocht.

Mar achoimre, d'ainneoin na sáruithe rialaithe a aithníodh agus a bhfuil lucht bainistíochta ag déileáil leo anois mar atá leagtha amach thuas, tá leibhéal shásúla chomhlíontachta leis an gcreat rialaithe i gcoitinne ag formhór na foirne.

Tá freagracht fhoriomlán ag an Stiúrthóireacht as an gcóras rialaithe inmheánaigh laistigh de FSS, agus leanfaidh siad de mhonatóirí agus de thacú le tuilleadh forbartha i dtaca le rialuithe. Déanfar dul chun cinn a athmheas in Athbhreithniú 2018 ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh.



**John Connaghan**  
Cathaoirleach

18 Bealtaine 2018



# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iniúchta agam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 36 d'Acht Sláinte 2004.

Ar na ráitis airgeadais, tá

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ioncaim agus caiteachais chaipitiúil
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar athruithe sna cúlchistí
- an ráiteas sreabhaidh airgid agus
- na nótaí bainteacha, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, i gcás na ráiteas airgeadais,

- is léiriú fíor iad ar shláinte chúrsaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte amháil ar an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam is caiteachas don bhliain 2017
- réitíodh i gceart iad de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire, arna leagan amach sa chuid bunús réiteach na gcuntas sna beartais chuntasaíochta.

### Bunús na tuairime

Chuir mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i bhfeidhm de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna), arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta (INTOSAI). Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise atá faighte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.

### Tuairiscí ar fhaisnéis eile seachas na ráiteas airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tar éis eolas áirithe eile a chur i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Áirítear leis an eolas seo an tuarascáil bhliantúil, a chuimsíonn an ráiteas rialachais agus tuarascáil bhaill na Stiúrthóireachta, mar aon leis an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí i ndáil le tuairiscí ar a leithéid sin d'eolas, agus ar chúrsaí eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta.

### Soláthar neamhiomaíoch

Níl Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in ann a caiteachas ar earraí agus seirbhísí a thomhas i gcás nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh, na treoirínte um sholáthar.

Ar bhunús tástáil shamplach, sainaitníodh i m'iniúchadh leibhéal suntasach soláthair neamhiomaíoch, agus tá seo ag teacht leis na torthaí a aimsíodh do bhlianta áirithe roimhe seo. Bhí easpa fianaise ann go raibh soláthar iomaíoch i gceist i gcás 36% (de réir luacha) den sampla íocaíochtaí a ndearnadh iniúchadh orthu sna cúig láthair d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar thug na hiniúcháirí cuairt orthu. €51.5 milliún an luach a bhí ar an sampla iomlán.

Sa ráiteas ar rialú inmheánach, leagtar amach na céimeanna atá á dtógáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun dul i ngleic lena neamhchomhlíonadh maidir leis na rialacha soláthair. Ach aithníonn FSS go dtógfaidh sé cuid mhaith de bhlianta air déileáil go hiomlán le fadhbanna i ndáil le neamhchomhlíonadh soláthair.


### Monatóireacht neamhleor ar dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha

Nochtann an ráiteas ar rialú inmheánach laigí freisin sa mhaoirsiú agus monatóiriú a dhéanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha. Lena hais sin, nochtann an ráiteas cuid mhaith fadhbanna rialachais a thagann aníos maidir le gníomhaireachtaí Alt 38, lena n-áirítear cásanna nach bhfuil na rialacha is rialacháin maidir le soláthar á gcomhlíonadh agus cásanna nach bhfuil na beartais um phá san earnáil phoiblí á gcomhlíonadh.

In 2017, chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maoiniú €4 billiún ar fáil do na gníomhaireachtaí seo. Sonraítear sa ráiteas na bearta atá á gcur i bhfeidhm ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun dul i ngleic leis na laigí seo maidir le rialú.

### Barrachas coimeáda ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais chaipitiúil

Dírím aird ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais chaipitiúil, ina léirítear barrachas coimeáda €14.974 milliún ó 2016. Tá de cheanglas ar FSS de réir an Achta Sláinte 2004 (arna leasú), aontú an Aire Sláinte agus ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil chun a leithéid sin de bharrachas a choimeád. Ní bhfuarthas ceadú chun an barrachas caipitiúil ó 2016 a choimeád in 2017.



**Seamus McCarthy**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

21 Bealtaine 2018

## Aguisín leis an Tuarascáil

### Freagrachtaí bhail na Stiúrthóireachta

Leagtar amach freagrachtaí bhail na Stiúrthóireachta sa ráiteas ar rialachas agus i dtuarascáil bhail na Stiúrthóireachta. Tá na bail freagrach as

- ullmhú ráiteas airgeadais de réir an mhodha atá sonraithe faoi Alt 36 d'Acht Sláinte 2004 agus de réir na gcaighdeán cuntasáíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte
- a chinntiú go bhfuil rialtacht ag baint leis na hidirbhearta a mbaintear leas astu chun a dheimhniú cibé an cuí ná nach cuí úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasáíochta, agus
- aon rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais a éascú nach bhfuil aon mhíríteas ábhartha iontu, bíodh sin mar thoradh ar chalaos ná earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá de cheanglas ormsa faoi Alt 36 d'Acht Sláinte 2004 ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i bhfeidhm agam ná dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil ná nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaos ná earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithefear míráiteas ábhartha i gcás gurb ann dó, le linn iniúchta arna chur bhfeidhm de réir na ISAnna. Is féidir le míthuiriscí teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábharach má, ina n-aonar nó trí chéile, is féidir leo tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bím proifisiúnta i mo chuid breithiúnais agus cloim le hamhras proifisiúnta le linn an iniúchta. Cuireann an méid seo ar mo chumas na rioscaí míráitis ábhartha, bíodh sin mar thoradh ar chalaos ná earráid, a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, atá in ann déileáil leis na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil, ar leor agus ar cuí í le bheith mar bhonn is taca ag mo chuid tuairimí. Tá an riosca a bhaineann le míthuirisc ábharach a thagann ó chalaos agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuirisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaos. Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh, ionas gur féidir liom nósanna imeachta a dhearadh a oireann do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus aon nochtadh bainteach.

Críochnaím ar oiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasáíochta, agus ar bhunús na fianaise iniúchta atá faighte, ar cibé an bhfuil ná nach bhfuil neamhchinnteacht

ábhartha ann maidir le teagmhais ná coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim as an scéal ná go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, tá de cheanglas orm aird a dhíriú i mo thuirisc ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais, é sin nó mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a athrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuirisce. D'fhéadfadh go stopfadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag feidhmiú mar ghnóthas leantach, áfach, mar thoradh ar theagmhais ná coinníollacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.

Bím i mbun plé leo siúd atá freagrach, i measc rudaí eile, as rialachas maidir le scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta, chomh maith le haon easnaimh shuntasacha i dtaca le rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

### Eolas eile laistigh de na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile atá curtha i láthair i dteannta na ráiteas sin, agus ní chuirim aon chineál tátail dearbhaithe in iúl maidir leis an eolas sin.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá de cheanglas orm faoi na ISAnna, aon eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin déanta, machnamh a dhéanamh ar aon mhíríteas ábhartha a d'fhéadfadh a bheith san eolas eile le hais na ráiteas airgeadais ná le hais an eolais a fuarthas le linn an iniúchta, nó ar aon mhíríteas ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ar bhunús na hoibre atá déanta agam, má bhainim tátal as an scéal go bhfuil míráiteas ábhartha ann i gcás an eolais eile seo, tá de cheanglas orm an méid sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar chúrsaí eile

Cuirim m'iniúchadh i bhfeidhm de réir tagairt do na saintosca a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Má tá cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích, déanaim iad sin a thuairisciú.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn iniúchtaí. Más ann d'aon chás ábhartha nár baineadh leas as airgead poiblí le haghaidh na húsáide a bhí ceaptha dó, nó i gcás go raibh idirbhearta ann nár chomhlíon na húdaráis arna rialú, déanaim an méid sin a thuairisciú.

Anuas air sin, tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an t-eolas agus an soiléiriú uile a bhí uaim le haghaidh m'iniúchadh, ná
- nár leor na taifid chuntasáíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, ná
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte	3(a)	14,156,207	13,513,757
Easnamh ar Ioncam agus Caiteachas tugtha ar aghaidh	3(b)	(10,292)	(7,931)
		<b>14,145,915</b>	13,505,826
Ioncam Othar	4	425,219	450,515
Ioncam Eile*	5	518,271	535,259
		<b>15,089,405</b>	14,491,600
<b>Caiteachas</b>			
Pá agus Pinsin			
Cliniciúil	6 & 7	3,409,005	3,262,538
Neamhcliniciúil	6 & 7	1,188,166	1,086,599
Seirbhísí Eile Othar/Cliant	6 & 7	760,137	761,689
		<b>5,357,308</b>	5,110,826
Neamhphá			
Cliniciúil*	8	1,035,462	1,006,815
Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna	8	65,094	62,528
Scéimeanna Cúram Príomhúil agus Cárta Leighis*	8	2,989,730	2,907,094
Seirbhísí Eile Othar/Cliant	8	23,685	29,985
Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	8	4,007,433	3,782,128
Tíos	8	249,662	239,023
Costais Oifige agus Riaracháin	8	565,112	496,821
Costais Oibriúcháin Eile	8	11,278	13,777
Táillí Fadchónaithe Aisíochta le hOthair	9	39	311
Scéim Árachais Heipitítis C	10	898	571
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	11	283,224	228,911
An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) – Tithe Altranais Príobháideacha amháin	12	640,351	623,102
		<b>9,871,968</b>	9,391,066
Caiteachas Iomlán		<b>15,229,276</b>	14,501,892
<b>Glaneasnamh Oibriúcháin don Bhliain</b>		<b>(139,871)</b>	(10,292)

\* Athrangáidh méideanna áirithe ó bhlianta roimhe faoi Nóta 5 'Ioncam Eile' agus Nóta 8 'Caiteachas Neamhíocaíochta' ar an mbonn céanna leo siúd ábhartha sa bhliain reatha. Níl aon tionchar aige seo ar an Easnamh Oibriúcháin a tuairiscíodh roimhe seo le haghaidh 2016.


Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus cailteanais uile le heisceacht dímheasa agus amúchta tríd an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FSS.



**John Connaghan**  
Cathaoirleach

18 Bealtaine 2018



**Stephen Mulvany**  
Príomhoifigeach Airgeadais

18 Bealtaine 2018

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

	<i>Nótaí</i>	<b>2017</b> <b>€'000</b>	2016 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontas Caipitil na Roinne Sláinte	3(a)	<b>439,914</b>	406,000
Barrachas Ioncaim Chaipitiúil agus Caiteachas tugtha ar aghaidh	3(b)	<b>14,974</b>	186
		<b>454,888</b>	406,186
Maoiniú Ioncaim Leagtha ar Thionscadail Chaipitil		<b>3,058</b>	1,152
Cur i bhFeidhm Fháiltas na nDíúscairtí		<b>2,886</b>	2,516
Ranna Rialtais agus Foinsí Eile	13(c)	<b>1,018</b>	16,485
		<b>461,850</b>	426,339
<b>Caiteachas</b>			
Caiteachas Caipitiúil ar Thionscadail Chaipitil FSS	13(b)	<b>340,967</b>	317,525
Deontais Chaipitiúla do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	13(b)	<b>112,561</b>	93,840
		<b>453,528</b>	411,365
<b>Glanbharrachas Caipitil don Bhliain</b>		<b>8,322</b>	14,974

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus cailteanais uile le heisceacht dímheasa agus amúchta tríd an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.


Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FSS.



**John Connaghan**

*Cathaoirleach*

18 Bealtaine 2018



**Stephen Mulvany**

*Príomhoifigeach Airgeadais*

18 Bealtaine 2018

# Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	Ioncam Cúlchistí €'000	Caipiteal Cúlchistí €'000	Caipitliú Cuntas €'000	lomlán €'000
<b>Iarmhéid ar 1 Eanáir 2016</b>		(1,137,561)	(138,714)	4,873,564	3,597,289
Traschur an (Easnaimh)/Bharrachais faoi réir <i>Alt 33(3) d'Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2004</i> , arna leasú	3(b)	7,931	(186)		7,745
(Glaneasnamh)/Glanbharrachas na bliana		(10,292)	14,974		4,682
Fáltais Cuntas Diúscartha – gluaiseacht cúlchistí	14		(79)		(79)
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa bhliain	13(a)			241,910	241,910
Lúide: Glanluach leabhar na Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a diúscaíodh sa bhliain				(8,360)	(8,360)
Lúide: Muirear dímheasa sa bhliain				(179,903)	(179,903)
<b>An t-iarmhéid ar 31 Nollaig 2016</b>		(1,139,922)	(124,005)	4,927,211	3,663,284
<b>Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2017</b>		(1,139,922)	(124,005)	4,927,211	3,663,284
Traschur an (Easnaimh)/Bharrachais faoi réir <i>Alt 33(3) d'Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2004</i> , arna leasú	3(b)	10,292	(14,974)		(4,682)
Glaneasnamh don bhliain		(139,871)	8,322		(131,549)
Fáltais Cuntas Diúscartha – gluaiseacht cúlchistí	14		585		585
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa bhliain	13(a)			445,264	445,264
Infheistíocht an Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP*				(172,711)	(172,711)
Lúide: Glanluach leabhar na Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a diúscaíodh sa bhliain				(35,652)	(35,652)
Lúide: Muirear dímheasa sa bhliain	15			(175,027)	(175,027)
<b>Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2017</b>		(1,269,501)	(130,072)	4,989,085	3,589,512


\* 'Baineann sé le hIonaid Chúraim Phríomhúla ceannaithe trí Shocrú maidir le Lamháltas Seirbhíse Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP). Tagair, le do thoil, do Nóta 1 'Polasaithe Cuntasaochta', Nóta 15 'Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh' agus Nóta 22 'Gealltanais' le haghaidh tuilleadh eolais.

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FSS.



**John Connaghan**  
Cathaoirleach

18 Bealtaine 2018



**Stephen Mulvany**  
Príomhoifigeach Airgeadais

18 Bealtaine 2018

# Ráiteas ar Staid Airgeadais

Amhail ar an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
<b>Réadmhain, Gléasra agus Trealamh</b>	15	<b>5,161,796</b>	4,927,211
<b>Sócmhainní Airgeadais</b>		<b>3</b>	3
Iomlán na Sócmhainní Seasta		<b>5,161,799</b>	4,927,214
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Fardail	16	<b>157,628</b>	149,704
Trádáil agus Infháltais Eile*	17	<b>353,176</b>	330,094
Airgead Tirim		<b>61,983</b>	126,122
<b>Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin)*</b>	18	<b>(1,907,340)</b>	(1,791,591)
Glandlíteanais Reatha		<b>(1,334,553)</b>	(1,185,671)
<b>Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)</b>	19	<b>(184,677)</b>	(32,846)
<b>Ioncam Iarchurtha</b>	20	<b>(53,057)</b>	(45,413)
Glansócmhainní		<b>3,589,512</b>	3,663,284
<b>Cuntas Caipitlithe</b>		<b>4,989,085</b>	4,927,211
<b>Cúlchistí Caipitil</b>		<b>(130,072)</b>	(124,005)
<b>Cúlchistí Ioncaim</b>		<b>(1,269,501)</b>	(1,139,922)
Caipiteal agus Cúlchistí		<b>3,589,512</b>	3,663,284


\* Athrangaíodh méideanna áirithe ó bhlianta roimhe faoi Nóta 17 'Trádáil agus Infháltais Eile' agus Nóta 18 'Creidiúnaithe (méideanna atá dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin)' ar an mbonn céanna leo siúd atá ábhartha sa bhliain reatha. Níl tionchar aige seo ar Ghlanfhiachais Reatha don 2016 arna tuairiscíodh cheana.

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FSS.



**John Connaghan**  
Cathaoirleach

18 Bealtaine 2018



**Stephen Mulvany**  
Príomhoifigeach Airgeadais

18 Bealtaine 2018



# Ráiteas Sreabhaidh Airgid

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	21	<b>146,186</b>	83,733
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Ús íoctha ar iasachtaí agus rótharraingtí		<b>(1)</b>	(2)
Ús íoctha ar léasanna airgeadais		<b>938</b>	(968)
Ús faighte		<b>79</b>	273
Caiteachas caipitiúil cistithe as Leithdháileadh Caipitiúil – caipitlithe	13(b)	<b>(250,542)</b>	(222,789)
Caiteachas caipitiúil cistithe as Leithdháileadh Caipitiúil – gan a bheith caipitlithe	13(b)	<b>(202,986)</b>	(188,576)
Infheistíocht an Stáit i Socruithe maidir le Lamhálas Seirbhíse PPP*		<b>(172,711)</b>	0
Íocaíochtaí ó ioncam i ndáil le: éadail réadmhaoine, gléasra agus trealaimh (glan ó thrádáil isteach)	13(a)	<b>(29,505)</b>	(19,121)
Maoiniú ioncaim curtha i bhfeidhm ar Chaipiteal		<b>3,058</b>	1,152
Fáltais ó dhíolachán réadmhaoine, gléasra agus trealaimh (glan ó thrádáil isteach)	14	<b>3,471</b>	2,437
Glaneisreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		<b>(648,199)</b>	(427,594)
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>			
Deontas Caipitiúil faighte		<b>439,914</b>	406,000
Fáltais chaipitil ó fhoinsí eile	13(c)	<b>1,018</b>	16,485
Íocaíocht na heiliminte caipitil den léas airgeadais agus aisíocaíochtaí iasachtaí ó mhaoiniú loncaim		<b>(3,058)</b>	(1,152)
Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		<b>437,874</b>	421,333
(Laghdu)/Méadú in airgead tirim agus coibhéisí airgid sa bhliain		<b>(64,139)</b>	77,472
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		<b>126,122</b>	48,650
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana</b>		<b>61,983</b>	126,122


\* 'Baineann sé le hIonaid Chúraim Phríomhúla ceannaithe trí Shocrú maidir le Lamhálas Seirbhíse Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP). Tagair, le do thoil, do Nóta 1 'Polasaithe Cuntasíochta', Nóta 15 'Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh' agus Nóta 22 'Gealltanais' le haghaidh tuilleadh eolais.

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid mar chuid de príomhráitis airgeadais FSS.



**John Connaghan**  
Cathaoirleach

18 Bealtaine 2018



**Stephen Mulvany**  
Príomhoifigeach Airgeadais

18 Bealtaine 2018

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Nóta 1 Beartais Chuntasaíochta

### Ráiteas um Chomhlíontacht agus Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe, i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil. Faoi *Alt 36(3) d'Acht Sláinte 2004*, sonraíonn an tAire na caighdeáin chuntasaíochta atá le leanúint ag FSS. Tá an cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe (GAAP) agus FRS 102 glactha ag FSS de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisitithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas atá sonraith ag an Aire:

1. Ní ghearrtar dímheas ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, is ar an gCuntas Caipitlithe (Cúlchiste) a ghearrtar é. Faoi GAAP, caithear dímheas a ghearradh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.
2. Déantar deontais a fhaightear ón Stát do cheannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a thaifeadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil. Faoi GAAP, déantar deontais chaipitil a thaifeadh mar ioncam iarchurtha agus é amúchta thar shaolré fóna na maoinne, gléasra agus trealaimh lena mbaineann, chun cóireáil chuntasaíochta an deontais a mheaitseáil leis an muirear dímheasa a bhaineann leis. Caiteachas caipitiúil i dtaca le sócmhainní seachas iad siúd a ceannaíodh trí shocrú maidir le lamháltas seirbhíse, aithnítear é sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil mar chaiteachas a tabháidh. Faoi FRS 102, déantar a leithéid sin de chaiteachas a chaipitliú, agus gearrtar é a ar ioncam agus caiteachas ar feadh shaolré na sócmhainne.
3. Déantar cuntasaíocht ar phinsin de réir mar a úsáidtear iad. Ní fheidhmithear forálacha FRS 102 '*Alt 28: Sochair Fosta*' agus ní aithnítear sna ráitis airgeadais an dliteanas le haghaidh sochair phinsin amach anseo a fabhraíodh i rith na bliana.
4. Déantar éilimh faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla a bhíonn íoctha ag FSS, agus a bhíonn riartha ag an nGníomhaireacht Éilimh Stáit thar ceann FSS, déantar cuntas orthu ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear'. Ní chomhlíonann seo FRS 102 '*Alt 21 – Soláthairtí agus Teagmhais*'. I gcás sonraí an mhéid atá aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais in 2017, in éineacht leis an dliteanas amach anseo atá measta go hachtúireach agus a bhaineann leis an scéim seo amháil ar an 31 Nollaig 2017, tá siad sin leagtha amach i Nóta 11.

Ullmháitear na ráitis airgeadais in Euro agus slánaítear iad go dtí an €'000 is gaire.

## Gnóthas Leantach

Tiocfaidh deireadh le himeacht ama leis an gclár Rialtais a gealladh do FSS, ina fhoirm reatha, agus tabharfar isteach eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHONna) agus Grúpaí Ospidéal (HGanna) chun formhór na gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar cúram sláinte a chur ar fáil. Glacann an Stiúrthóireacht leis go leanfaidh na gníomhaíochtaí FSS reatha uile ar aghaidh, agus ós rud é go leanfar de ghníomhaíocht an eintitis, go mbeidh na ráitis airgeadais don bhliain 2017 fós á n-ullmhú ar an mbonn gnóthais leantaigh.

## Aitheantas Ioncaim

### Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

Bíonn airgead chun an tseirbhís sláinte a mhaoiniú vótáilte don Roinn Sláinte (Vóta 38). Cuireann an Roinn Sláinte deontais ar fáil don FSS maidir le riarachán, seirbhísí caipitiúla agus seirbhísí neamhchaipitiúla.

Foráiltear in *Alt 33(1) d'Acht Sláinte 2004*, arna leasú, go seolfaidh an tAire Litir Chinnidh chuig FSS gach bliain ina leagfar amach an t-uasmhéid airgid is féidir le FSS a thabú sa bhliain airgeadais ábhartha. Fuarthas an Litir Chinnidh dheireanach i dtaca le 2017 ar an 29 Nollaig 2017.

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna sonrú ag an Aire, déanann FSS cuntasaíocht ar dheontais ar bhonn fabhráithe. Dá réir sin, an méid a luaitear go sonrath sa Litir Chinnidh don bhliain airgeadais ábhartha, aithnítear é mar ioncam sa bhliain sin.

Déantar ioncam deontais i ndáil le riarachán agus seirbhísí neamhchaipitiúla a áireamh:

- sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, mar a gcuirtear i bhfeidhm é i réimsí neamhchaipitiúla caiteachais;
- sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais faoin gceannteideal '*Maoiniú Ioncaim arna Chur i bhFeidhm i dTionscadail Chaipitiúla*', mar a n-úsáidtear airgead deontais neamhchaipitiúil chun caiteachais caipitiúil a mhaoiniú.

Tugtar cuntas ar ioncam deontais maidir le seirbhísí caipitiúla sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Éilítear faoi *Alt 33(3) d'Acht Sláinte 2004*, arna leasú, go ndéanfadh FSS seirbhísí a bhainistiú agus a chur ar fáil ar bhealach atá faoi réir Plean Seirbhíse faofa agus de réir an chinnidh atá curtha in iúl ag an Aire. Foráiltear san Acht go ngearrfar aon easnaimh ar ioncam agus caiteachas sa chéad bhliain airgeadais eile agus, faoi réir aontú an Aire agus cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go gcuirfead aon bharrachas do shochar ioncaim agus caiteachais sa chéad bhliain airgeadais eile.

## Ioncam Eile

- (i) Aithnítear ioncam othar agus seirbhísí ag an am a gcuirtear an tseirbhís ar fáil.
- (ii) Aithnítear ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann ag an am a ndéantar an asbhaint (féach beartas cuntasáíochta pinsean thíos).
- (iii) Aithnítear ioncam ó gach foinse eile nuair a fhaightear é.

## Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

Déanann FSS roinnt mhaith soláthróirí seirbhísí agus chomhlachtaí a mhaoiniú chun críche seirbhísí sláinte agus pearsanta sóisialta a sholáthar thar a cheann, de réir fhorálacha *Ailt 38 agus 39 d'Acht Sláinte 2004*. Sula dtéann FSS i mbun socrú den chineál sin, cinneann sé an t-uasmhéid maoinithe atá ar intinn aige a sholáthar sa bhliain airgeadais faoin socrú, agus an leibhéal seirbhíse ar mhaith leis a fháil ar mhalairt an mhaoinithe sin. Gearrtar an maoiniú, sa bhliain chuntasáíochta, ar ioncam agus caiteachas ag an uasleibhéal a cinneadh don bhliain, cé go mb'fhéidir nach n-íocfaí cuid áirithe amach go dtí an chéad bhliain eile.

## Léasanna

Léasanna Oibriúcháin – Cíosa atá le híoc faoi léasanna oibriúcháin, caitear leo sna ráitis airgeadais de réir mar a bhíonn siad dlite. Aithnítear dreasachtaí léasa thar théarma an léasa ar bhonn an mhéid chothroim.

Léasanna Airgeadais – Níl cead ag FSS dul i mbun oibleagáidí léasa airgeadais faoi Nósanna Imeachta Poiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gan cheadú ná aontú a bheith faighte roimh ré ó Stiúirthóireacht FSS. Áit a bhfuiltear tar éis sócmhainní a fháil ó chomhlachtaí réamhtheachtaí faoi léasanna airgeadais, tá FSS tar éis seilbh a ghlacadh ar na léasanna seo arna mbunú. I gcás na léasanna sin, áirítear an eilimint chaipitil den tsócmhainn i sócmhainní seasta agus déantar díluacháil air thar a shaolré úsáide.

Aon sócmhainní a cheannaítear trí bhithin léas airgeadais, luaitear iad, arna n-aithint i dtús báire, ag méid arb ionann é agus cóirluach na réadmhaoine léasaithe ná, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa tráth a gcuirtear tús leis an léas. Nuair a aithnítear i dtús báire é, aithnítear dlíteanas léasa airgeadais ag luach arb ionann é agus cóirluach na réadmhaoine léasaithe ná, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

De bhreis ar an ngnáthchóireáil GAAP ar shócmhainní a fhaightear faoi léasanna airgeadais, gearrtar costas na sócmhainne ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil agus déantar an Cuntas Caipitlithe (Cúlchiste) a chreidiúnú le suim choibhéseach. Áirítear gné chaipitil gan íoc atá sna hoibleagáidí léasa i gcreidiúnaithe. Úsáidtear an modh glanráta úis chun úis a ríomh, agus gearrtar ar ioncam agus caiteachas é thar thréimhse an léasa.

## Deontais Chaipitil

Déantar maoiniú deontais chaipitil a thairgeadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil. Anuas ar mhaoiniú deontais chaipitil, maoinítear roinnt mionchaiteachais chaipitiúil ó ioncam. Cuirtear an méid ioncaim seo a chaitear sa bhliain maidir le mionchaipiteal chun dochair go hiomlán sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain. Tarlaíonn an cineál cuntasáíochta seo nach gcloíonn leis an gcleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh leis, mar iarmhairt ar na heisceachtaí ón gcleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh leis atá sonraithe ag an Aire.

## An Cuntas Maoine, Gléasra agus Trealaimh agus Caipitlithe

Luacháil – Áirithe le Maoin, Gléasra agus Trealaimh tá Talamh, Foirgnimh, Obair idir Lámha, Trealaimh agus Mótarfheithiclí.

- Na luachanna anonn i dtaca le sócmhainní ó chomhlachtaí réamhtheachtaí ar ghlac FSS seilbh orthu, cuimsíodh iad sa chlár comhardaithe tosaigh ar an lá bunaíochta, 1 Eanáir 2005, ag a mbunchostas/-luacháil. Áiríodh iarmhéid an chuntais dímheasa comhláin ghaolmhar freisin sa chlár comhardaithe sa chéad Ráiteas ar Staid Airgeadais. Nuair a bunaíodh FSS, bhí talamh comhlachtaí réamhtheachtacha san áireamh i luacháil a bhí bunaithe ar rátaí in aghaidh an heicteáir/mhéadair chearnaigh a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Sláinte agus Leanaí tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an Oifig Luachála. Rinneadh nuashonrú ar na luachálacha seo an uair dheireanach in 2002. Leanann FSS de luacháil a dhéanamh ar thalamh a tógadh ó chomhlachtaí réamhtheachtacha leis na rátaí seo. Is ceart a rá go bhfuil na tailte atá faoi úinéireacht FSS coinnithe chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar.
- Aon bhreiseanna réadmhaoine, gléasra ná trealaimh a fuarthas ón 1 Eanáir 2005, luaitear iad ag an gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Aithint Caiteachais Chaipitiúil – Faoi réir na gcaighdeán cuntasáíochta atá ordaithe ag an Aire, gearrtar caiteachas ar mhaoin, gléasra agus trealaimh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nó ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, ag brath ar an tsócmhainn a bheith maoinithe le maoiniú caipitil nó le maoiniú ioncaim.

Beartas Caipitlithe – Déantar sócmhainní a maoiníodh le caipiteal agus sócmhainní a maoiníodh le hioncam a chaipitliú má théann an costas os cionn tairseacha áirithe luacha: €2,000 le haghaidh trealaimh ríomhaire agus €7,000 le haghaidh gach aicme sócmhainne eile. Déantar breiseanna sócmhainne atá faoin uasteorainn sin agus a mhaoinítear ó ioncam a dhíscríobh i mbliain a gceannaigh. Déantar breiseanna sócmhainní atá faoin uasteorainn seo agus a mhaoinítear ó chaipiteal a áireamh i Nóta 13(b) faoi 'Caiteachas ar thionscadail FSS nach bhfuil breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh de thoradh orthu'. Tugtar miondealú ar bhreiseanna sócmhainní de réir foinse maoinithe i Nóta 13(a) leis na cuntais.

Úsáidtear an múnla dliteanais bunaithe ar léas airgeadais chun Ionaid Chúram Príomhúil a fuarthas mar thoradh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPP) a chaipitliú agus cuntasáocht a dhéanamh orthu.

Aithnítear luach na sócmhainne Ionad Cúram Sláinte agus an dliteanas maidir le lamháltas seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann iad agus cóirluach na réadmhaoine léasaithe ná, más ísle, luach reatha na n-íosaíochtaí léasa, ar cinneadh gach ceann acu nuair a cuireadh tús leis an léas. Ríomhtar íocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa chonradh, atá le déanamh ag FSS go díreach. Úsáidtear an chuid réadmhaoine den mhúirear aonadach, móide aon chuid caipitil d'íocaíochtaí oibriúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaofa, mar bhunús do na híosaíochtaí léasa sa todhchaí.

Baintear leas as an gCur Chuige Infheistíochta Caipitiúla chun cuntasáocht a dhéanamh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse PPP i gcuntais FSS. Soláthraíonn an cur chuige seo do charnadh luacha chaipitiúil, a léiríonn cothromas an Stáit i sócmhainní réadmhaoine PPP. Nuair a úsáidtear an cur chuige seo, aithnítear an gealltanais caipitiúil PPP sa Chuntas Caipitilthe (Cúlchiste) ag méid arb ionann é agus an dliteanas léasa airgeadais bainteach. Le linn shaolré an lamháltais, déantar an laghdú ar an dliteanas léasa airgeadais atá gan íoc a amúchadh ar bhonn bliantúil tríd an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, agus déantar iontráil chomhfhreagrach sa Chuntas Caipitilthe (Cúlchiste).

Dímheas – I gcomhréir leis na caighdeáin chuntasáochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte, ní ghearrtar dímheas ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré úsáideach na sócmhainne. Ina ionad sin, bíonn cuntas cúlchiste den Ráiteas ar Staid Airgeadais, an Cuntas Caipitilthe, ina iontráil chómhalartach do Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Gearrtaí dímheas ar an gCuntas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh agus ar an gCuntas Caipitilthe thar shaolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainne.

Ní dhéantar sócmhainní a amúchadh i gcás go bhfuarthas iad ná go mbainistítear iad faoi shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse PPP, mar go gcinntíonn na socrúithe seo saolré úsáideach iarmharach agus cumas oibriúcháin ag deireadh an téarma lamháltais, arb ionann é agus saolré úsáideach iarmharach agus cumas oibriúcháin na sócmhainne nuair a coimisiúnadh í don chéad uair. I gcás sócmhainní seasta eile, áit a bhfuil siad faoi réir amúchta, déantar iad a amúchadh ar feadh bliana iomláine amháin i mbliain a n-éadála.

Is éard atá sa luach iarmharach ná an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairte a bhaint, dá mbeadh an aois agus an bhail ag baint leis an tsócmhainn a mbeifeá ag súil leo ag deireadh a saolré úsáideach.

Ríomhtar dímheas ar aon réadmhaoin, gléasra ná trealamh eile chun bunchostas/-luacháil gach sócmhainne ar leith thar a saolré eacnamaíoch úsáideach a dhíscríobh ar bhonn an mhéid chothroim ag na rátaí seo a leanas:

- Talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas.
- Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% sa bhliain.
- Foirgnimh mhodúlacha (i.e. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% sa bhliain.
- Obair idir lámha: ní dhéantar aon dímheas.
- Trealamh – ríomhairí agus córais TFC: dímheasta ag 33.33% sa bhliain.
- Trealamh – eile: dímheasta ag 10% sa bhliain.
- Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% sa bhliain.

Nuair a dhéantar sócmhainn sheasta a dhiúscairt, déantar an Cuntas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh agus an Cuntas Caipitilthe araon a laghdú de réir ghlanluach leabhar dhiúscairt na sócmhainne. Tá anailís ar ghluaiseacht an Chuntas Caipitilthe curtha ar fáil Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí.

D'eisigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe an Ceadú Tarmilgthe Ilbhliantúil Caipitil 2015-2018 i mí na Nollag 2015. Déanann Litir Cheada 2017 le haghaidh Caipitil foráil do liúntas chun fáltais díola sócmhainní seasta suas le €4 mhilliún in 2017 a athinfheistiú (2016: €3 mhilliún). Tá na fáltais ó dhíol sócmhainní i Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) 2017 faoi bhun na tairsí €4 mhilliún seo, agus mar sin ní mheastar gur Fáltais Bhreise Státhchiste (EERanna) iad; in 2017 tá siad léirithe faoi Chaipiteal agus Cúlchistí.

## Socrúithe maidir le Lamháltas Seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí

Tá FSS tar éis dul i mbun comhpháirtíochta príobháidí poiblí (PPP) nó socrú maidir le lamháltas seirbhíse le heintiteas earnála príobháidí chun sócmhainní bonneagair a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil ar feadh tréimhse ama sonraithe (tréimhse lamháltais). Is conradh PPP ar leith amháin é seo le haghaidh soláthar ceithre cinn déag d'Ionaid Cúram Sláinte (PCC).

Is é FSS a stiúran agus a rialaíonn cén seirbhísí is gá don oibrítheoir a sholáthar trí na sócmhainní bonneagair PCC, chomh maith le cé dó a dtabharfar na seirbhísí agus cén costas a bheidh orthu; agus is é FSS a rialaíonn an leas iarmharach sna sócmhainní nuair atá deireadh le téarma na tréimhse lamháltais.

Le linn shaolré an lamháltais, déanann FSS íocaíochtaí as tógáil, maoiniú, oibriú, cothabháil agus athnuachan na sócmhainní bonneagair PCC, agus as soláthar na seirbhísí atá ina n-ábhair lamháltais.

Cuirtear an conradh i bhfeidhm ar bhonn cumas soláthair, agus tá tréimhse seirbhíse 25 bliain i gceist ón dáta tosaigh le haghaidh gach PCC; tá sé le híoc ar bhunús muirear aonadach bliantúil. Tá an muirear aonadach faoi réir asbhaintí le haghaidh tréimhsí nach féidir na sócmhainní a úsáid lena linn.

Aithnítear na PCCanna mar shócmhainní ar Ráiteas ar Staid Airgeadais FSS, i dteannta dliteanais i dtaca le hoibleagáidí sa todhchaí faoin lamháltas seirbhíse

bainteach. Aithnítear luach na sócmhainne PCC agus an dliteanais maidir le lamháltas seirbhíse ag méideanna arb ionann iad agus cóirluach na réadmhaoine léasaithe ná, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa, ar cinneadh gach ceann acu nuair a cuireadh tús leis an léas. Aithnítear luach na sócmhainne in AFS 2017 ag luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

Cláraítear na codanna táille seirbhíse de na híocaíochtaí muirir aonadaigh mar chaiteachas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. I Nóta 22 leis na ráitis airgeadais, pléitear na hoibleagáidí i dtaca le híocaíochtaí oibriúcháin a dhéanamh.

## Pinsin

Is baill iad fostaithe incháilithe FSS de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe. Íocann FSS pinsin le hiarfhostaithe. Faigheann FSS maoiniú ón Roinn Sláinte chuige seo ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear. Tá maoiniú ón an Roinn Sláinte i dtaca le pinsin áirithe in ioncam. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoi na scéimeanna ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a íoctar iad mar seo a leanas:

- (i) Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le fostaithe FSS atá ar scor laistigh den aicme pá (féach Nóta 6);
- (ii) Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le pinsinéirí ó sholáthraithe na seirbhíse sláinte deonaí faoi dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha laistigh den aicmiú neamhphá (féach Nóta 8 agus Aguisín 1).

Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo a chur do shochar an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe na soláthraithe seirbhíse sláinte deonaí ar bhaill den scéim iad a choimeád mar ioncam an tsoláthraí seirbhíse sláinte.

Níl aon fhoráil déanta i dtaca le sochair phinsin a shaothraíonn fostaithe agus atá iníoctha i mbliaanta amach romhainn faoin scéim pinsin, comhsheasmhach leis an gcóireáil chuntasaíochta i mbliaanta roimhe seo. Seo é an socrúchán atá fós á leanúint ag FSS de thoradh na sonraíochtaí cuntasaíochta a tháinig ón Aire.

Tugadh an Scéim Aonair nua Pinsin Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”) isteach mar thoradh ar an *Acht Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012*, agus cuireadh i bhfeidhm í ón 1 Eanáir 2013. Tá gach ball foirne nua d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá ina n-iontrálaithe nua sa tSeirbhís Phoiblí ar nó tar éis 1 Eanáir 2013, is baill den Scéim Aonair iad. Déantar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Asbhaint a bhaineann le Pinsin

Faoin *Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009*, gearrtar tobhach pinsin ar gach ball foirne atá ina b(h)all de scéim pinsin seirbhíse poiblí, lena n-áirítear baill foirne i gcuid de na soláthróirí seirbhíse atá maoinithe ag FSS. Tugtar cuntas ar an tobhach pinsin a bhailíonn soláthraithe seirbhíse chomh maith le tobhach pinsin a asbhaintear ó fhoireann FSS mar ioncam de chuid FSS. Tá sonraí maidir leis an méid a asbhaineadh maidir leis an tobhach pinsin leagtha amach i Nóta 5(a) leis na Ráitis Airgeadais.

## Fardail

Luaitear fardail ag an gcostas luacha ná ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu sin is ísle. Is ionann glanluach inréadaithe agus fáltais mheasta díolachán lúide costais a thabhófar i ndíol fardail. Go stairiúil, tá foráil ag FSS in aghaidh fardal vacsaíne áirithe, agus aon díscríobh ná coigeartuithe eile i dtaca le difheidhmeacht, gearrtar iad sa bhliain reatha in aghaidh ioncaim agus caiteachais.

## Maoin Phearsanta na nOthar

Aon suimeanna airgid a thugann othair do FSS nó a thugtar do FSS thar ceann othar le go gcuirfeadh in áit shábháilte iad, coimeádtar iad i gcuntais ar leith atá deighilte ó chuntais FSS féin. Tugtar cuntais Maoine Príobháidí Othar ar chuntais den sórt sin. Tá FSS freagrach as riar na gcuntas seo. Ós rud é nach maoin FSS an t-airgead seo, áfach, ní áirítear é le Ráiteas ar Staid Airgeadais FSS. Gníomhaíonn FSS mar iontaobhaí na gcistí. Déantar iniúchadh neamhspleách ar chuntais Maoine Príobháidí Othar gach bliain.

## Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

In ullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don FSS breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar na suimeanna a bheidh tuairiscithe do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus a bheidh tuairiscithe d’ioncam agus caiteachas ioncaim i rith na bliana. Ach sin ráite, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí fíora a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Ag na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas a bhí an tionchar ba mhó ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais:

### Cuntas a thabhairt ar Dhrochfhiacha agus ar Fhiacha Amhrasacha

Déantar drochfhiacha atá ar eolas a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad. Déantar foráil shonrach i d’aon suim a meastar a bheith amhrasach. Déantar foráil d’fhiacha othar atá gan íoc le breis is bliain.



### Pá Saoire Fabhráithe

Déantar tuarastail, pá agus buntáistí a bhaineann le fostaíocht a aithint sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís ó fhostaithe. I gcás costas saoire atá tuillte ag fostaithe ach nár thóg siad, aithnítear ag deireadh na bliana é sna ráitis airgeadais sa mhéid go bhfuil cead ag fostaithe saoire bhliantúil gan íoc a thabhairt anonn chuig an gcéad bhliain eile. De bharr go bhfuil córais phárolla dhifriúla ar fud FSS, ba ghá toimhdí a dhéanamh chun an fabhrú a ríomh. Na toimhdí a bhíonn mar bhunús leis an bhfabhrú ar phá saoire, a mbíonn suimeanna aitheanta ina leith sna ráitis airgeadais, déantar iad a chinntiú (próifílí fostaithe agus patrún an tsaoire atá tógtha san áireamh) bunaithe ar na coinníollacha reatha.

### Ionaid Cúram Phríomhúil: Luacháil, Dímheas, Luachanna Iarmharacha agus Íosíocaíochtaí Léasa sa Todhchaí

Úsáidtear an múnla dliteanais bunaithe ar léas airgeadais chun Ionaid Chúram Príomhúil (PCCanna) a ceannaíodh mar thoradh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPP) a chaipitliú agus cuntasáíocht a dhéanamh orthu.

Aithnítear luach na sócmhainne PCC agus an dliteanais maidir le lamháltas seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann iad agus luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

Aon sócmhainní arna sealbhú faoi chomhaontuithe maidir le lamháltas seirbhíse, tugtar ar ais iad do FSS, de réir oibleagáidí conarthacha sonracha sna comhaontuithe sin, ag deireadh na tréimhse lamháltais le saolréanna úsáideacha arb ionann iad agus saolréanna na sócmhainne nuair a coimisiúnadh don chéad uair í. Déantar feidhmíocht na bhforálacha ‘tabhairt ar ais’ a dheimhniú trí choinneáil agus phionóis airgeadais shuntasacha a bhfuil foráil déanta lena n-aghaidh sna comhaontuithe lamháltais. De bharr na bhforálacha sin, ní ghearrann FSS dímhéas ar na sócmhainní seo.

Ríomhtar íosíocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa mhúnla airgeadais a bhaineann leis an gconradh tógála, agus tá na híocaíochtaí seo le déanamh ag FSS go díreach. Úsáidtear na codanna réadmhaoine den mhuirear aonadach, móide aon chuid caipitil d’íocaíochtaí oibriúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaoifa, mar bhunús do na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí. Ar aon dul le FRS 102, baintear úsáid as an nglanráta úis le lascaine a thabhairt do na dliteanais amach anseo bainteach le tógáil as eascairt as comhaontuithe deonaithe. Roghnaigh FSS ráta lascaine 3.32% tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA), ar an mbonn go léiríonn sé ráta cuí le haghaidh sócmhainní bonneagair fadtéarmacha.

Tá an Stiúrthóireacht tar éis saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha bainteacha na nIonaid Cúram Sláinte a athbhreithniú agus an tátal a bhain siad as an athbhreithniú ná go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Nóta 1 Bonn Cuntasaíochta agus Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaithe mar chuid aonair

## Nóta 2 Easnamh Oibriúcháin

	2017 €'000	2016 €'000
Faightear an glaneasnamh oibriúcháin don bhliain tar éis do na suimeanna seo a leanas a bheith gearrtha:		
Táillí iniúchóireachta	510	450
Luach Saothair – bunphá an Ard-Stiúrthóra*	188	185

\* Ní chuimsítear i bpacáiste luach saothair an Ard-Stiúrthóra ach bunphá amháin. Nil aon líuntais, bónaís ná peorcaisí i gceist leis an bpost. Is ball é an tArd-Stiúrthóir de scéim pinsin FSS, agus ní sháraíonn a theidlíochtaí pinsin gnáth-theidlíochtaí scéim múnla na hearnála poiblí.

	2017 €	2016 €
<b>Costais chomhaltaí na stiúrthóireachta**</b>		
Tony O'Brien	12,460	8,030
Stephen Mulvany	746	1,148
Dr. Philip Crowley	5,306	4,604
John Connaghan (ceaptha 1 Lúnasa 2017)	5,797	0
Dean Sullivan (ceaptha 1 Lúnasa 2017)	639	0
Rosarii Mannion (ceaptha 1 Meán Fómhair 2017)	2,165	0
John Hennessy (d'éirigh as 31 Iúil 2017)	833	1,229
An Dr. Stephanie O'Keeffe (d'éirigh as 31 Iúil 2017)	534	2,929
Pat Healy (d'éirigh as 31 Iúil 2017)	6,968	16,876
Anne O'Connor (d'éirigh as 31 Lúnasa 2017)	3,176	3,522
Liam Woods (d'éirigh as 31 Lúnasa 2017)	11,152	12,546
	<b>49,776</b>	<b>50,884</b>

\*\* Taispeántar speansais bhaill na Stiúrthóireachta le haghaidh 2017 ó dháta a gceapachán.

I measc na Stiúrthóireachta, áirítear feidhmeannaigh shinsearacha ceaptha ag an Aire Sláinte faoin reachtaíocht (An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialú) 2013) ó dhaoine fostaithe mar Stiúrthóirí Náisiúnta FSS nó grád sinsearach nach bhfuil níos ísle ná iad. De réir bheartas pá an Rialtais, ní íoctar luach saothair le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a fhónann ar bhoird Stáit nó a ainmneofar ar bhoird den sórt sin go neamhspleách dá bhfostaíocht seirbhíse poiblí i bhfoirm táillí boird agus baineann a luach saothair lena ról fheidhmiúcháin FSS agus leis sin amháin. Ní íoctar aon táillí le baill na Stiúrthóireachta.

## Nóta 3 Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

### 3(a) Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

	2017 €'000	2016 €'000
Glanmhaoiniú Ioncaim leithdháilte do FSS	14,596,121	13,919,757
Lúide: Maoiniú Caipitil	(439,914)	(406,000)
Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte	14,156,207	13,513,757

Tugann an tábla thíos breis analíse ar an maoiniú a fuarthas ón Roinn Sláinte.

	2017 €'000	2016 €'000
Deontas Ioncaim – Leithdháileadh maoiniúcháin ón Roinn Sláinte	14,156,207	13,513,757
Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig	(14,156,207)	(13,513,757)
Iarmhéid Deontas Ioncaim dlite ón Roinn Sláinte (suas go Leithdháileadh Faofa) tugtha ar aghaidh	53,990	53,990
Iarmhéid Deontas Ioncaim dlite ón Roinn Sláinte (suas go Leithdháileadh Faofa) amhail ar an 31 Nollaig	53,990	53,990
Deontas Caipitiúil – Leithdháileadh maoiniúcháin ón Roinn Sláinte	439,914	406,000
Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig	(439,914)	(406,000)
Iarmhéid Deontais Chaipitiúil dlite ón Roinn Sláinte (suas go Leithdháileadh Faofa) tugtha ar aghaidh	46	835
Iarmhéid tugtha ar aghaidh a úsáideadh i rith na bliana	0	(789)
Iarmhéid an Deontais Chaipitiúil a bhí dlite ón Roinn Sláinte (suas go dtí an Leithdháileadh Faofa) amhail ar an 31 Nollaig	46	46
Iomlán an Ioncaim agus an Deontais Chaipitiúil a bhí dlite ón Roinn Sláinte (suas go dtí an Leithdháileadh Faofa) amhail ar an 31 Nollaig (Nóta 17)	54,036	54,036

### 3(b) Traschur an (Easnaimh)/Bharrachais de réir *Alt 33(3) d'Acht Sláinte 2004*, arna leasú

Mar a míníodh sna beartais chuntasaíochta, tá ceangal in *Alt 33(3) d'Acht Sláinte 2004*, arna leasú, gur gá easnaimh a thagann chun cinn sa bhliain roimhe sin a ghearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain reatha. Dá réir sin, ghearr FSS an t-easnamh oibriúcháin ioncaim €10.292 milliún ar an 31 Nollaig 2016, ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais in 2017 agus chuir sé an barrachas oibriúcháin caipitiúil €14.974 ar an 31 Nollaig 2016, chun sochair an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil in 2017.

## Nóta 4 Ioncam Othar

	2017 €'000	2016 €'000
Muirir Phríobháideacha	305,231	334,936
Muirir na nOthar Cónaitheach	21,081	18,602
Muirir na Rannóige Éigeandála	11,392	10,626
Muirir a bhain le Taismí Bóthair	5,559	5,569
Muirir Fhadchónaithe	78,861	79,307
Ioncam AE – Éilimh E111	3,095	1,475
	425,219	450,515

## Nóta 5 Ioncam eile

### (a) Ioncam Eile\*

	2017 €'000	2016 €'000
Ioncam Aoisliúntais	161,351	160,233
Asbhaintí an tobhaigh phinsin ó fhoireann FSS féin	165,727	172,167
Asbhaintí an tobhaigh phinsin ó sholáthraithe seirbhíse	81,980	100,871
Asbhaintí Párolla Eile	6,806	6,880
Aisghabhálacha Pá lasachtaí	18,336	16,800
Gníomhaireacht/Seirbhísí – curtha ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus d'eagraíochtaí eile	6,472	5,838
Fáltais Cheaintín	11,848	12,507
Deimhnithe agus Ioncam Cláraithe	11,848	11,967
Páirceáil	11,815	12,979
Aisiocaíochtaí	11,199	8,268
Ioncam Cíosa	4,745	4,332
Tabhartais	3,030	3,886
Costais Díl Aisghafa	891	146
Ioncam ó Gníomhaireachtaí eile (Féach Nóta 5(b) anailís thíos)	8,232	5,694
Ioncam Ilghnéitheach	13,991	12,691
	<b>518,271</b>	<b>535,259</b>

\* Athrangaíodh méideanna áirithe ó bhlianta roimhe faoi Nóta 5 'Ioncam Eile' agus Nóta 8 'Caiteachas Neamhíocaíochta' ar an mbonn céanna leo siúd ábhartha sa bhliain reatha.

### (b) Ioncam ó Gníomhaireachtaí Eile

	2017 €'000	2016 €'000
Bord Altranais agus Cnáimhseachais Éireann	68	181
Cairde Naomh Lúcas Ráth Garbh	583	763
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta – tionscadail éagsúla	132	82
An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige – Seirbhísí agus Áiseanna do Dhaoine Óga	1,090	975
Trialacha Cliniciúla Éireann – Trialacha Taighde Cliniciúla	461	437
Ioncam AE – tionscadail éagsúla	285	238
Iontaobhas Genio (Tionscadail Mheabhairshláinte)	756	184
Boird Oideachais agus Oilíúna/Solas	1,777	2,301
The Atlantic Philanthropies – Uirlis Aonair Mheasúnachta do Dhaoine Scothaosta	4	73
The Atlantic Philanthropies – Straitéis Náisiúnta Néaltraithe	1,589	378
An Bord Taighde Láimhe – Trialacha Cliniciúla Choláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC)	132	0
Fondúireacht Katherine Howard – Cothú	360	0
An Ciste um Cheannach Cóir Leighis	151	0
Cairde Ospidéal Ginearálta Loch Garman	844	82
	<b>8,232</b>	<b>5,694</b>

## Nóta 6 Caiteachas Pá agus Pinsin

	2017 €'000	2016 €'000
<b>Foireann Chliniciúil FSS</b>		
Míochaine/Fiaclóireacht	763,220	717,637
Altranas	1,476,381	1,431,408
Gairmí Cúram Sláinte agus Sóisialta	555,893	530,161
Aoisliúntas	425,299	403,793
	<b>3,220,793</b>	3,082,999
<b>Foireann Gníomhaireachta Chliniciúil</b>		
Míochaine/Fiaclóireacht	105,624	106,340
Altranas	64,323	57,634
Gairmí Cúram Sláinte agus Sóisialta	18,265	15,565
	<b>188,212</b>	179,539
<b>Foireann Neamhcliniciúil FSS</b>		
Bainistíocht/Riarachán	612,810	571,650
Foireann Tacaíochta Ghinearálta	361,902	318,183
Aoisliúntas	170,169	162,187
	<b>1,144,881</b>	1,052,020
<b>Foireann Gníomhaireachta Neamhcliniciúil</b>		
Bainistíocht/Riarachán	16,411	12,885
Foireann Tacaíochta Ghinearálta	26,874	21,694
	<b>43,285</b>	34,579
<b>Seirbhísí Eile Cliant/Othar Fhoireann FSS</b>		
Cúram Eile Othair agus Cliant	600,199	607,740
Aoisliúntas	90,411	90,732
	<b>690,610</b>	698,472
<b>Seirbhísí Eile Cliant/Othar Foirne Gníomhaireachtaí</b>		
Cúram Eile Othair agus Cliant	69,527	63,217
	<b>69,527</b>	63,217
Caiteachas Iomlán Pá	<b>5,357,308</b>	5,110,826

## Nóta 6 Anailís Achomair ar Chostais Phá (ar lean.)

	Cliniciúil	Neamh- chliniciúil	Eile Cliant/ Othar Seirbhísí	Iomlán	Iomlán
	2017 €'000	2017 €'000	2017 €'000	2017 €'000	2016 €'000
Bunphá	2,145,775	831,442	443,693	3,420,910	3,279,757
Liúntais	69,577	14,018	17,063	100,658	99,128
Ragobair	127,204	14,513	22,802	164,519	148,913
Dualgas oíche	52,448	5,425	12,463	70,336	73,556
Deirí Seachtaine	102,874	26,685	46,982	176,541	160,004
Ar gladhualgas	51,102	1,634	391	53,127	51,511
Riaráistí	14,830	4,085	1,809	20,724	20,143
Pá agus Tuarastail	2,563,810	897,802	545,203	4,006,815	3,833,012
ÁSPC Fostóra	231,684	76,910	54,996	363,590	343,767
Aoisliúntas*	425,299	170,169	90,411	685,879	656,712
Pá FSS iomlán	3,220,793	1,144,881	690,610	5,056,284	4,833,491
Pá Gníomhaireachta	188,212	43,285	69,527	301,024	277,335
Pá Iomlán	3,409,005	1,188,166	760,137	5,357,308	5,110,826

Ní bhaineann na Costais Phá Iomlána thuas ach le seirbhísí FSS amháin. Tugtar cuntas ar chostais phá fostaithe san earnáil dheonach faoi Caiteachas Neamhphá (Deontais Ioncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha). Féach Nóta 8 agus Aguisín 1.

## Aoisliúntas

Tá foireann incháilithe atá fostaithe san FSS ina mbaill de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe.

Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais (i.e. pinsin) foirne atá ar scor amach as ioncam reatha agus cuirtear chun dochair ioncaim agus caiteachais iad sa bhliain ina n-íoctar iad. De réir Treorach ón Aire Sláinte, ní dhéantar aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir le sochair phinsin sa todhchaí agus níl aon mhúirear gearrtha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ina leith sin. Déantar ranníocaíochtaí aoisliúntas ó fhostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo a chur do shochar an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad. Ní dhéantar aon luachálacha achtúireacha foirmiúla ar dhliteanais phinsin FSS. Ba é an múirear pinsean ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais in 2017 ná €686m (2016: €657m), a chuimsigh íocaíochtaí i dtaca le cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aisce scoir ar luach €115m (2016: €108m)

	2017 €'000	2016 €'000
*Anailís ar Aoisliúntas		
Íocaíochtaí leanúnacha aoisliúntais do phinsinéirí	570,230	548,398
Cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aiscí	115,649	108,314
	685,879	656,712

## Nóta 7 Fostaíocht

Ba é seo a leanas líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig de réir Réimse Oibríochta (i gcoibhéisí lánaimseartha (CLanna)):

	2017	2016*
Seirbhísí Géarmhíochaine	<b>33,673</b>	32,177
Meabhairshláinte	<b>9,363</b>	9,199
Cúram Príomhúil	<b>10,195</b>	9,868
Seirbhísí do dhaoine faoi Mhíchumas agus do Dhaoine Scothaosta	<b>12,863</b>	12,795
Sláinte agus Folláine	<b>1,450</b>	1,383
Seirbhísí Otharcharranna	<b>1,567</b>	1,491
Corparáideach agus HBS	<b>1,497</b>	1,365
<b>Iomlán na bhfostaithe san FSS</b>	<b>70,608</b>	68,278
An Earnáil Dheonach – Seirbhísí Géarmhíochaine	<b>24,428</b>	23,701
An Earnáil Dheonach – Seirbhísí Neamhghéarmhíochaine	<b>15,759</b>	15,106
<b>Fo-iomlán fostaithe Earnáil Alt 38</b>	<b>40,187</b>	38,807
<b>Fo-iomlán FSS agus Alt 38 Fostaithe Earnála**</b>	<b>110,795</b>	107,085
Cúntóirí Baile atá Fostaithe go Díreach	<b>3,263</b>	3,173
<b>Iomlán na bhFostaithe Earnáil Sláinte (Cúramaithe Baile san áireamh)</b>	<b>114,058</b>	110,258

Foinse: Áireamh Phearsanra na Seirbhíse Sláinte

\* Rinneadh figiúirí 2016 a athlua chun na mapálacha reatha eagraíochtúla a léiriú.

\*\* Rinneadh na figiúirí uile a ríomh chuig 2 dheachúil agus léiríodh iad mar choibhéisí lánaimseartha (WTE) faoi mhodheolaíocht arna leagan amach ag an Roinn Sláinte.



## Breis Anailíse – riachtanas Chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe

Seo a leanas líon na bhfostaithe de chuid FSS a raibh a sochair iomlána fostaí (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair, dualgas oíche, obair deireadh seachtaine, glao-dhualgas, riaráistí agus costais phinsin fostóra, gan ÁSPC fostóra san áireamh) le haghaidh na tréimhse tuairiscithe taobh istigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh:

Banda Pá (Líon na bhFostaithe)	2017	2016
€60,001 go dtí €70,000	7,113	6,214
€70,001 go dtí €80,000	2,942	2,784
€80,001 go dtí €90,000	1,675	1,318
€90,001 go dtí €100,000	691	591
€100,001 go dtí €110,000	433	381
€110,001 go dtí €120,000	288	160
€120,001 go dtí €130,000	141	119
€130,001 go dtí €140,000	142	109
€140,001 go dtí €150,000	153	162
€150,001 go dtí €160,000	209	188
€160,001 go dtí €170,000	206	248
€170,001 go dtí €180,000	272	263
€180,001 go dtí €190,000	279	250
€190,001 go dtí €200,000	142	121
€200,001 go dtí €210,000	89	69
€210,001 go dtí €220,000	63	60
€220,001 go dtí €230,000	48	41
€230,001 go dtí €240,000	30	22
€240,001 go dtí €250,000	20	15
€250,001 go dtí €260,000	6	8
€260,001 go dtí €270,000	6	3
€270,001 go dtí €280,000	7	8
€280,001 go dtí €290,000	3	1
€290,001 go dtí €300,000	3	2
€300,001 go dtí €310,000	2	2
€310,001 go dtí €320,000	1	3
€320,001 go dtí €330,000	2	0
€340,001 go dtí €350,000	3	2
€350,001 go dtí €360,000	2	0
€370,001 go dtí €380,000	2	0
€390,001 go dtí €400,000	0	2
€500,001 go dtí €510,000	1	0
€560,001 go dtí €570,000	0	1
€580,001 go dtí €590,000	0	1
€970,001 go dtí €980,000**	1	0
<b>lomlán na bhfostaithe san FSS</b>	<b>14,975</b>	<b>13,148</b>

\* Níl córas comhtháite párolla ag FSS, agus ar an ábhar sin, ullmhaíodh an nochtadh seo, ar gá leis de réir chiorclán DPER 13/2014, ar bhunús roinnt mhaith córas párolla ar fud réimsí FSS.

\*\* Tuairiscítear sa tábla thuas go bhfuair ball amháin d'fhoireann FSS íocaíocht sa raon idir €970k agus €980k. Ní íocaíocht tuarastail a tuilleadh in 2017 é seo, mar go gcuimsíonn sé riaráistí siardhátaithe pá ó 2010, lena n-áirítear bunphá, liúntas, ragobair, dualgas oíche, obair deireadh seachtaine agus glao-dhualgas. Is ball foirne sinsearach cliniciúil é an fostaí seo, a mbeadh a chuid sochar fostaí iarbhír do 2017 sa raon pá €210k go €220k ó cheart. Tá na híocaíochtaí siardhátaithe uile de réir scálaí pá comhdhlúite FSS.

## Nóta 8 Caiteachas Neamhphá

	2017 €'000	2016 €'000
<b>Cliniciúil*</b>		
Drugaí agus Míochaine (gan scéimeanna bunaithe ar éileamh san áireamh)	<b>281,390</b>	265,047
Lúide Aisíoc ó Dhéantúsóirí Cógaisíochta**	<b>(9,938)</b>	(5,483)
Glanchoistas Drugaí agus Míochaine (gan scéimeanna bunaithe ar éileamh san áireamh)	<b>271,452</b>	259,564
Fuil/Táirgí Fola	<b>30,850</b>	28,307
Gáis Mhíochaine	<b>12,483</b>	12,726
Soláthairtí Míochaine/Máinliachta	<b>281,497</b>	265,222
Treamh Míochaine Eile	<b>126,621</b>	112,174
XGhá/Íomháu	<b>33,291</b>	29,349
Saotharlann	<b>118,283</b>	117,093
Seirbhísí Gairmiúla (m.sh. costais teiripe, raideolaíocht, srl.)	<b>101,486</b>	128,128
Oideachas agus Oiliúint	<b>59,499</b>	54,252
	<b>1,035,462</b>	1,006,815
<b>Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna</b>		
Iompar Othar	<b>50,514</b>	48,983
Costais Coinneála Feithiclí	<b>14,580</b>	13,545
	<b>65,094</b>	62,528
<b>Scéimeanna Cúram Príomhúil agus Cáta Leighis*</b>		
Seirbhísí Cógaisíochta	<b>2,205,969</b>	2,138,503
Lúide Aisíoc ó Dhéantúsóirí Cógaisíochta**	<b>(100,121)</b>	(70,157)
Lúide Muirir Thobhaigh ar Oidís	<b>(105,244)</b>	(115,617)
Glanchoistas Seirbhísí Cógaisíochta	<b>2,000,604</b>	1,952,729
Táillí agus Liúntais Dochtúirí	<b>557,467</b>	550,988
Íocaíochtaí Pinsin le hIardhochtúirí Oifigiúla Dúiche/Cleithiúnaithe	<b>2,618</b>	3,001
Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta	<b>61,759</b>	64,703
Scéim na Seirbhísí Oftalmacha Pobail	<b>32,237</b>	32,595
Liúntais Airgid Thirim (Leas Daille, Soghluaisteacht srl.)	<b>34,238</b>	33,740
<b>Íocaíochtaí Caipitíochta:</b>		
Scéimeanna Cóireála Thar Lear agus an Caiteachas Bainteach	<b>27,913</b>	36,861
Míchumais Intleachtúla/Choirp, Síciatracht, Seirbhísí Teiripeacha srl.	<b>182,881</b>	148,414
Íocaíochtaí Tithe Altranais do Sheanóirí agus Íocaíochtaí nach mBaineann Fair Deal leo	<b>66,460</b>	64,796
Oiliúint Athshlánúcháin agus Gairme	<b>17,950</b>	11,771
Leapacha Faoisimh	<b>5,603</b>	7,496
	<b>2,989,730</b>	2,907,094
<b>Seirbhísí Eile Othar/Cliant</b>		
Seirbhísí Gairmiúla m.sh. cúntóirí cúraim, seirbhísí cúram leanaí ar conradh, srl.	<b>22,766</b>	28,181
Oideachas agus Oiliúint	<b>919</b>	1,804
	<b>23,685</b>	29,985

	2017 €'000	2016 €'000
<b>Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha</b>		
Deontais loncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	<b>4,007,433</b>	3,782,128
	<b>4,007,433</b>	3,782,128
<b>Tíos</b>		
Lónadóireacht	<b>61,478</b>	59,569
Teas, Cumhacht agus Solas	<b>66,605</b>	65,122
Glanadh agus Níochán	<b>94,704</b>	89,347
Troscán, Gréithe agus Crua-Earraí	<b>12,743</b>	10,435
Éadach Leapa agus Éadaí	<b>14,132</b>	14,550
	<b>249,662</b>	239,023
<b>Costais Oifige agus Riaracháin</b>		
Cothabháil	<b>104,820</b>	94,505
Costais Airgeadais	<b>2,642</b>	2,592
Ús Íocaíochta Praise agus Cúiteamh	<b>869</b>	(257)
Árachas	<b>6,416</b>	11,407
Iniúchadh	<b>510</b>	450
Táillí Gairmiúla agus Dlí	<b>85,958</b>	60,501
Drochfhiacha agus Fiacha Amhrasacha	<b>26,669</b>	15,816
Oideachas agus Oiliúint	<b>13,038</b>	11,849
Taisteal agus Cothú	<b>67,679</b>	58,866
Costais Feithiclí	<b>1,961</b>	2,956
Costais Oifige	<b>134,571</b>	126,408
Cíos agus Rátaí	<b>59,377</b>	55,342
Ríomhairí agus Cothabháil Córas	<b>60,602</b>	56,386
	<b>565,112</b>	496,821
<b>Costais Oibriúcháin Eile</b>		
Ceadúnais	<b>849</b>	746
Costais Éagsúla	<b>7,300</b>	9,496
Costais Adhlactha	<b>76</b>	94
Caitheamh Aimsire (Aonaid Chónaitheacha)	<b>1,124</b>	894
Ábhair do Cheardlanna	<b>329</b>	816
Fóirdheontais do Bhéilí ar Rothaí	<b>1,231</b>	1,265
Aisíocaíochtaí	<b>369</b>	466
	<b>11,278</b>	13,777

\* Athrangáidh méideanna áirithe ó bhlianta roimhe faoi Nóta 5 'Ioncam Eile' agus Nóta 8 'Caiteachas Neamhíocaíochta' ar an mbonn céanna leo siúd ábhartha sa bhliain reatha.

\*\* I ndáil le Comhaontú IPHA 2016 agus socruithe speisialta le haghaidh drugaí agus míochaine ar leith.

## Nóta 9 An tAcht Sláinte (Scéim Aisíocaíochta) 2006

Soláthraíonn an tAcht Sláinte (Scéim Aisíocaíochta) 2006 an bonn reachtúil le haghaidh aisíocaíocht na muirear ar a dtugtar ‘muirir fhadchónaithe’, a gearradh go hearráideach mar thobhaigh ar dhaoine a bhí i dteideal cárta leighis iomlán roimh 14 Iúil 2005. Ceadáíonn an scéim táillí a aisíoc leis na daoine seo a leanas:

- Daoine beo ar gearradh muirear go hearráideach orthu aon uair ó 1976 i leith
- Eastáit daoine ar gearradh muirear go hearráideach orthu agus a fuair bás ar an 9 Nollaig 1998 nó ina dhiaidh sin

Cuireadh cuntas speisialta i bhfearas atá á mhaoiniú ag airgead a sholáthraigh an tOireachtas agus as a ndéantar aisíocaíochtaí. Cuireadh €2m i leataobh in 2017 chuige sin. Tagraíonn mórchuid an mhaoinithe seo d’fhoráil le haghaidh íocaíochtaí a thiofadh chun cinn mar thoradh ar éilimh leantacha agus tairiscintí a nglactar leo. Ba é an meastachán ab fhéarr maidir le costas iomlán na n-aisíocaíochtaí, ag tús na scéime bunaithe ar na téarmaí mar atá siad leagtha amach san Acht, ná suas go dtí €1bn. Measadh go mbeadh gá le haisíocaíochtaí a dhéanamh le thart ar 20,000 othar beo agus le heastáit tuairim is 40,000 go 50,000 iarthar a cailleadh.

Cuireadh deireadh leis an scéim d’iarratasóirí nua ar an 31 Nollaig 2007 agus fuarthas beagnach 14,000 éileamh maidir le hothair atá beo agus beagnach 27,000 éileamh i ndáil le heastáit. Suas go dtí an 31 Nollaig 2017, íocadh 20,294 éileamh. Amhail i Nollaig 2017, ní raibh aon éilimh gan íoc a bhí á bpróiseáil i dtreo na céime tairisceana faoin scéim. Tá €2m curtha ar fáil i mbuiséad 2018 FSS chun aisíocaíochtaí agus éilimh atá gan íoc a mhaoiniú, mar aon leis na costais riaracháin a ghabhann leo.

Is ionann caiteachas carnach iomlán na scéime (lena n-áirítear costais riaracháin) go dtí 31 Nollaig 2017 agus €485.364m.

In 2017, cuireadh an caiteachas seo a leanas chun dochair an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais maidir leis an Scéim Aisíocaíochta:

	<b>2017</b> <b>€'000</b>	2016 €'000
Pá	<b>66</b>	60
<b>Neamhphá</b>		
Aisíocaíochtaí d’Othair	<b>39</b>	311
	<b>39</b>	311
Táillí Gairmiúla agus Dlí	<b>0</b>	4
Costais Oifige*	<b>2</b>	4
Iomlán an Neamhphá	<b>41</b>	319
Iomlán	<b>107</b>	379

\* Tá speansais Oifige agus Riaracháin maidir le hAcht Sláinte (Scéim Aisíocaíochta) 2006 cuimsithe i gcaiteachas FSS.

## Nóta 10 An tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2006

Mar thoradh ar an Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2006, bunaíodh scéim reachtúil chun dul i ngleic le deacrachtaí árachais a bhí ag daoine a bhí ionfhabhtaithe le Heipitéas C agus VEID trí fhuil agus táirgí fola a tugadh dóibh laistigh den Stát. Téitear i ngleic sa scéim leis na fadhbanna a bhí ag na daoine seo toisc nach raibh ar a gcumas costais mhorgáiste ná polasaithe árachais saoil a cheannach mar gheall gur tugadh táirgí fola dóibh a bhí éillithe. Cumhdóidh an scéim an riosca árachais don 1,700 duine nó níos mó a bhí i dteideal táirgí árachais a fháil, beag beann ar aon riochtaí leighis eile a d'fhéadfadh a bheith ag dul do na daoine sin, nuair a íocann siad an phréimh chaighdeánach a d'íocfadh duine ar chomhaois agus inscne leo nach mbeadh aon ionfhabhtú ag dul dó. Sheol FSS an chuid árachais saoil den scéim i Meán Fómhair 2007. Tugadh gné eile isteach i Márta 2009 ina raibh foráil do chumhdach árachais taistil.

Measadh i dtús ama go mbeadh costas foriomlán de €90m i gceist thar shaolré iomlán na scéime. Ba é an caiteachas carnach ar an scéim árachais go dtí 31 Nollaig 2017 ná €9.7m.

In 2017, cuireadh an caiteachas seo a leanas chun dochair an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais maidir leis an Scéim Árachais:

	2017 €'000	2016 €'000
Pá	84	82
<b>Neamhphá</b>		
Íocaíochtaí ar ualuithe préimhe	627	340
Íocaíochtaí sochar atá frithgheallta ag FSS	271	231
	<b>898</b>	571
Costais Oifige*	8	4
Iomlán an Neamhphá	<b>906</b>	575
Iomlán**	<b>990</b>	657

\* Tá Speansais Oifige cuimsithe sa chaiteachas FSS.

\*\* Áirítear na costais seo sa Chuntas Speisialta don Scéim Árachais Heipitéas C. Áirítear costais eile Heipitéas C sa Chuntas Speisialta Heipitéas C agus sa Chuntas Cúitimh Heipitéas C.

## Nóta 11 An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ón 1 Iúil 2009, tá maoiniú á fháil ag FSS le haghaidh éilimh arna bpróiseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi théarmaí na Scéime Slánaíochta Cliniciúla. Ón 1 Eanáir 2010, chuir Ordú Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarmligeán Feidhmeanna) 2009 síneadh le slánaíocht an Stáit sa chaoi gur cuimsíodh éilimh i dtaca le gortú pearsanta agus damáiste tríú páirtí do mhaoin in aghaidh FSS. Tugtar cuntas ar íocaíochtaí a rinneadh le héilitheoirí faoi théarmaí na scéime ar bhunús íoc-mar-a-úsáidtear. An meastachán is fearr ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi láthair maidir le gach éileamh a réiteach, cuimsíonn sé na costais uile ar féidir iad a thuar, mar shampla, méideanna réitigh, costais dhlíthiúla agus chosanta an ghearánaí amhail táillí nach mór a íoc le habhcóide ná dlíodóir, sainchomhairleoirí agus mar sin de. In 2017, ba é €283.2m an muirear a bhí sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais maidir leis seo (2016: €228.9m). Bunaithe ar mheastacháin achtúireacha, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú mór ar an muirear don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sna blianta amach anseo. I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta le haghaidh an dliteanais seo sna ráitis airgeadais.

Leasaítear an dliteanas measta ar bhonn rialta i bhfianaise aon eolais nua a fhaightear, mar shampla, treochtaí stairiúla maidir le méideanna réitigh agus costais dhlíthiúla. Ar an 31 Nollaig 2017, ba é an dliteanas measta a bhí tabhaithe go dtí an dáta sin faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla agus faoi shlánaíocht an Stáit ná €2,354m (2016: €1,922m). As an €2,354m sin, baineann thart ar €1,984m le héilimh ghníomhacha i dtaca le cúram cliniciúil, agus baineann iarmhéid an dliteanais mheasta le héilimh chúraim neamhchliniciúil. Is éard is éilimh ghníomhacha ann ná éilimh nár tuairiscíodh don Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát trí phróiseas dlíthiúil agus nach bhfuil tugtha chun críche go fóill amhail ar an dáta tuairiscithe.

## Nóta 12 Cúram Cónaitheach Fadtéarmach (a chuimsíonn an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais/Fair Deal)

Cuireadh tús leis an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (NHSS) (Fair Deal) in 2009, agus de réir a chéile, ghlac sé seo áit na Scéime Fóirdheontais do Thithe Altranais agus an córas 'leapacha conartha' a bhíodh ann do sheanóirí roimhe sin. Faoin scéim, i gcás daoine a bhfuil gá acu le seirbhísí cúraim fadtéarmacha cónaitheacha i dteach altranais, déantar measúnú ar a n-ioncam agus ar a sócmhainní, agus ansin déanann siad ranníocaíocht de suas le 80% den ioncam inmheasta agus suas le 7.5% de luach na sócmhainní atá acu i leith chostas a gcúraim. Íocann FSS an t-iarhméid, más ann, de chostais a gcúraim i dtithe altranais poiblí agus i dtithe altranais phríobháideacha atá cláraithe agus cumhdaithe faoin scéim.

### Costais an Chúraim Chónaitheach Fadtéarmaigh (An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais/Fair Deal)

	2017 €'000	2016 €'000
Íocaíochtaí le Tithe Altranais Príobháideacha	614,748	591,176
Leapacha ar Conradh i dTithe Altranais Príobháideacha agus Íocaíochtaí Fóirdheontais	25,603	31,926
An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) – Teach Altranais Príobháideach Amháin	640,351	623,102
Costas na dTithe Altranais Phoiblí*	340,048	333,334
Deontais Ioncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	25,127	25,439
Costais sheasta Tithe Altranais agus Costais Aonaid Eile	19,623	8,356
Iomlán na gCúram Cónaithe Fadtéarmach	1,025,149	990,231

\* Áirítear costais tithe altranais poiblí faoi na ceanteidil chaiteachais ábhartha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

### Ranníocaíochtaí othar

B'ionann na ranníocaíochtaí faighteora NHSS do na hothair i dtithe poiblí agus €60.483m (2016: €58.872m) agus cuimsítear iad i Ráitis Ioncaim FSS – Cuntas Ioncaim agus Caiteachais.

B'ionann na ranníocaíochtaí faighteora NHSS do na hothair in ionaid dheonacha (Eagraíochtaí S38) agus 7.435m (2016: €7.067m), coinnítear é do na hionaid sin agus ní ioncam é do FSS.

### Leapacha ar conradh, leapacha Fóirdheontais

In 2017, rinneadh íocaíochtaí €25.6m (2016: €31.9m) maidir le leapacha conartha agus fóirdheontas tithe altranais. Táthar ag cur deireadh de réir a chéile leis na scéimeanna sin agus níor chuir aon iontrálaí nua isteach orthu ó cuireadh An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais ar bun in 2009.

### Caiteachas laistigh de shaoráidí poiblí

Bhí €19.623m breise sna tithe poiblí in 2017 (2016: €8.356m) de chostais a bhaineann le cúram fadtéarmach. Bhain na costais seo le costais aonad seasta agus costais eile a tabhaíodh, a bhí níos mó ná an ráta aisíochta 'leanann an t-airgead an t-othar' a íocadh faoin Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais.

### Tacaíocht Choimhdeach ón Stát

Gné bhreise roghnach de Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais is ea an Tacaíocht Choimhdeach ón Stát do dhaoine a bhfuil réadmhaoine nó sócmhainní acu sa Stát. In ionad a ranníocaíocht mheasta le haghaidh cúram a íoc as a (h) acmhainní féin, is féidir le duine an rogha a dhéanamh iarratas a chur isteach ar lasacht Tí Altranais, chun an chuid dá ranníocaíocht atá bunaithe ar shócmhainní réadmhaoine ná talún laistigh den Stát a chlúdach. Ansin íocann FSS an chuid sin de chostas an chúraim anuas ar an íocaíocht Tacaíochta ón Stát. Íoctar an iasacht ar ais chuig an Stát tar éis do theagmhas bainteach a tharlú, mar shampla, díol na sócmhainne ná bás an duine. Is leis na Coimisinéirí Ioncaim a dhéantar aisíoc na hiasachta. I roinnt cásanna, is féidir aisíoc na hiasachta a iarchur. Tá an chuid seo den scéim deartha chun daoine a chosaint ón ngá a dteach a dhíol fad is atá siad beo.

B'ionann agus €93.44m an méid comhlán iomlán Tacaíochta Stáit Choimhdí a tuairiscíodh do na Coimisinéirí Ioncaim amhail ar an 31 Nollaig 2017 lena aisghabháil ó thosach Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais (i gcás gur tharla teagmhas bainteach), agus chuimsigh an méid sin 4,986 iasacht. Dhearbhaigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh siad tar éis €64.84m d'aisíocaíochtaí iomlána iasachtaí, arb ionann é agus 3,709 iasacht claint.

Amhail ar an 31 Nollaig 2017, b'ionann agus €94.429 méid iomlán na n-íocaíochtaí lasachtaí Tithe Altranais a rinneadh faoi Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais, atá fós le bailiú (i.e. i gcás nár tuairiscíodh méid inaisíochta do na Coimisinéirí Ioncaim lena bhailiú – níor tharla aon teagmhas ábhartha). Ní áirítear sa mhéid seo coigeartú do CPI, ós rud é nach bhfuil teagmhas ábhartha tarlaithe go fóill.



Is iad seo a leanas na sonraí i dtaca le Tacaíocht Stáit Choimhdeach amháil ar an 31 Nollaig:

	2017 €'000	2017 Líon na nlasachtaí	2016 €'000	2016 Líon na nlasachtaí
A thuairiscigh FSS do na Coimisinéirí Ioncaim lena n-aisghabháil	93,441	4,986	69,100	3,898
Atá íochta de réir dhearbhu na gCoimisinéirí Ioncaim*	(64,844)	(3,709)	(46,842)	(2,823)
Fo-iomlán	28,597	1,277	22,258	1,075
Nach bhfuil tuairiscithe do na Coimisinéirí Ioncaim go fóill lena n-aisghabháil	94,429	3,963	74,913	3,484
Tacaíocht Choimhdeach iomlán ón Stát atá gan íoc	123,026	5,240	97,171	4,559

\* Ní áirítear páirtíocaíochtaí sna méideanna atá dearbhaite ag na Coimisinéirí Ioncaim; ní áirítear ach amháin iasachtaí atá íochta ina n-iomláine.

## Nóta 13 Caiteachas Caipitiúil

### (a) Breiseanna ar Shócmhainní Seasta

	2017 €'000	2016 €'000
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 15) Talamh agus Foirgnimh – Lamháltas Seirbhíse*	165,217	0
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 15) Talamh agus Foirgnimh – Eile	192,863	160,891
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 15) Gan Talamh agus Foirgnimh san Áireamh	87,184	81,019
	445,264	241,910
Maoinithe ag Deontas Caipitil na Roinne Sláinte	250,542	222,789
Maoinithe ag Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte	29,505	19,121
Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP – Caipitlithe*	165,217	0
	445,264	241,910

### (b) Anailís ar Chaiteachas Muirearaithe ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil

	2017 €'000	2016 €'000
Caiteachas ar shócmhainní FSS féin (Caipitlithe)	250,542	222,789
Caiteachas ar thionscadail FSS nach bhfuil breiseanna réadmhaoine, gléasra agus trealamh de thoradh orthu**	97,919	94,736
Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP – Costais Airgeadais Fabhráithe*	(7,494)	0
Caiteachas iomlán ar Thionscadail FSS a ghearrtar ar chaipitil***	340,967	317,525
Deontais chaipitiúla do ghníomhaireachtaí seachtracha (Aguisín 1)**	112,561	93,840
Caiteachas Caipitiúil iomlán de réir an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil	453,528	411,365

\* Bainteach le sócmhainní Ionaid Chúraim Phríomhúla sealbhaithe faoi shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP).

\*\* An caiteachas caipitiúil iomlán neamhchaipitlithe ná €202.9m (2016: €188.6m)

\*\*\* Déantar sócmhainní a maoiníodh le caipiteal agus sócmhainní a maoiníodh le hioncam a chaipitliú má sháraíonn an costas tairseacha áirithe luacha: €2,000 le haghaidh trealamh ríomhaire agus €7,000 le haghaidh gach aicme sócmhainne eile.

**(c) Anailís ar Ioncam Caipitiúil ó Fhoinsí Eile**

Ioncam ó Ranna Rialtais agus ó Fhoinsí Eile maidir le Tionscadail Chaipitil:

	<b>2017</b>	2016
	<b>€'000</b>	€'000
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) – sábháil fuinnimh in ospidéal ghéarmhíochaine	<b>67</b>	50
Remise – Tionscadail Iontaobhas Ospidéal Ríoga Bhaile Átha Cliath	<b>0</b>	87
Cumann Fíobrúise Cistí na hÉireann – Síneadh Rannóg Phéidiatrach Ospidéal Ginearálta an Chabháin	<b>50</b>	400
ONÉ, Gaillimh – Aonad Oideachais agus Oiliúna Leighis Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn	<b>0</b>	1,107
Ollscoil Luimnigh – Ospidéal Réigiúnach an Iarthair Láir, Aonad Leighis agus Oiliúna Luimnigh	<b>0</b>	5,037
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh – Tionscadail Phéidiatracha CUH	<b>277</b>	4,228
Ollscoil Luimnigh – Aonad Scagdhéalaithe Duán Ospidéal Réigiúnach an Iarthair Láir	<b>0</b>	5,550
Build 4 Life – tionscadail Phéidiatracha Ospidéal Ollscoil Chorcaí (CUH)	<b>474</b>	0
Ioncam Ilghnéitheach Eile	<b>150</b>	26
<b>Iomlán an Ioncaim Chaipitiúil ó Fhoinsí Eile</b>	<b>1,018</b>	16,485

**Nóta 14 Fáltais Dhiúscairt an Chuntais Sócmhainní Seasta**

	<b>2017</b>	2016
	<b>€'000</b>	€'000
Fáltais Chomhlána na nDíúscairtí uile sa bhliain	<b>3,944</b>	2,460
Lúide: Glanspeansais a Tabhaíodh ar Dhiúscairtí	<b>(473)</b>	(23)
Glanfáltais ar Dhiúscairtí	<b>3,471</b>	2,437
Lúide Cur i bhFeidhm na bhFáltais	<b>(2,886)</b>	(2,516)
Gluaiseacht le linn na bliana	<b>585</b>	(79)
Amhail ar an 1 Eanáir	<b>46</b>	125
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig	<b>631</b>	46

D'eisigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe an Ceadú Tarmligthe Ilbhliantúil Caipitil 2015 – 2018 i mí na Nollag 2015. Déanann Litir Cheada 2016 le haghaidh Caipitil foráil do liúntas chun fáltais dhíol sócmhainní seasta suas le €4 mhilliún in 2017 a athinfeistiú (2016: €3 mhilliún). Bhí fáltais dhíol na sócmhainní seasta i rith 2017 faoi bhun na tairsí €4 mhilliún seo agus ní mheastar iad a bheith ina bhFáltais Bhreise Státhchiste (EERanna) agus léirítear iad faoi Chaipiteal agus Cúlchistí.

## Nóta 15 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Talamh*	Foirgnimh**	Fós idir Lámha (L&B)	Mótar-Fheithiclí	Trealamh	Fós idir Lámha (P&E)	<b>lomlán 2017</b>
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
<b>Costas/Luacháil</b>							
Amhail ar an 1 Eanáir 2017	1,678,315	4,064,326	184,251	88,472	1,385,152	3,619	<b>7,404,135</b>
Breiseanna	7,392	38,931	311,757	7,923	71,181	8,080	<b>445,264</b>
Aistrithe ó Obair idir Lámha	470	88,724	(89,194)	1,904	913	(2,817)	<b>0</b>
Diúscairtí	(28,544)	(5,495)	(1,671)	(11,159)	(23,427)	0	<b>(70,296)</b>
Amhail ar an 31 Nollaig 2017	1,657,633	4,186,486	405,143	87,140	1,433,819	8,882	<b>7,779,103</b>
<b>Dímheas</b>							
Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir 2017	0	1,213,070	0	66,024	1,197,830	0	<b>2,476,924</b>
Muirear don Bhliain	0	101,888	0	9,709	63,430	0	<b>175,027</b>
Diúscairtí	0	(2,155)	0	(10,119)	(22,370)	0	<b>(34,644)</b>
Amhail ar an 31 Nollaig 2017	0	1,312,803	0	65,614	1,238,890	0	<b>2,617,307</b>
<b>Glanluach de réir na Leabhar</b>							
Amhail ar an 1 Eanáir 2017	1,678,315	2,851,256	184,251	22,448	187,322	3,619	<b>4,927,211</b>
Amhail ar an 31 Nollaig 2017	1,657,633	2,873,683	405,143	21,526	194,929	8,882	<b>5,161,796</b>

\* Aistríodh talamh le luach anonn €2.121bn chuig FSS arna bhunú, ag an luach anonn amhail ar an 1 Eanáir 2005. Rinne na Boird Sláinte ag an am an talamh a luacháil in 2002 faoi réir bheartas athluachála na Roinne Sláinte agus bunaithe ar na rátaí luachála a bhí eistithe ag an Roinn Sláinte.

## Sócmhainní foirgneamh arna sealbhú faoi Léasanna Airgeadais/Socrúithe maidir le Lamháltas Seirbhíse

	<b>2017</b> €'000	2016 €'000	<b>2017</b> €'000	2016 €'000	<b>2017</b> €'000	2016 €'000
	<b>Airgeadas Léas</b>	Airgeadas Léas	<b>Lamháltas Seirbhíse*</b>	Lamháltas Seirbhíse	<b>lomlán</b>	lomlán
Costas	<b>45,824</b>	45,824	<b>0</b>	0	<b>45,824</b>	45,824
Breiseanna	<b>0</b>		<b>165,217</b>	0	<b>165,217</b>	0
Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir	<b>(19,762)</b>	(17,900)	<b>0</b>	0	<b>(19,762)</b>	(17,900)
Dímheas a ghearrtar don bhliain	<b>(1,861)</b>	(1,862)	<b>0</b>	0	<b>(1,861)</b>	(1,862)
Luacha de réir na Leabhar amhail ar an 31 Nollaig	<b>24,201</b>	26,062	<b>165,217</b>	0	<b>189,418</b>	26,062

\* Bainteach le sócmhainní Ionaid Chúraim Phríomhúla sealbhaithe faoi shocrúithe maidir le lamháltas seirbhíse Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP). I gcás an ceithre shuíomh PCC ar cuireadh tús le seirbhísí lena n-aghaidh in 2017, tá siad aitheanta faoi foirgnimh ag luach €28m. Áireofar an deich suíomh PCC atá fágtha mar Obair idir Lámha (Talamh agus Foirgnimh) ag luach €137m go dtí go gcuirfear tús le seirbhísí. Meastar go dtarlóidh seo in 2018.

Ní dhéantar sócmhainní a amúchadh i gcás go bhfuarthas iad ná go mbainistítear iad faoi shocrúithe maidir le lamháltas seirbhíse PPP, mar go gcinntíonn na socrúithe seo saolréanna úsáideacha iarmharacha agus cumas oibriúcháin ag deireadh an téarma lamháltas, arbh ionann é agus saolréanna úsáideacha iarmharacha agus cumas oibriúcháin na sócmhainne nuair a coimisiúnadh don chéad uair í.

## Nóta 16 Fardal

	2017 €'000	2016 €'000
Soláthairtí Míochaine, Fiaclóireachta agus Máinliachta	36,291	32,976
Soláthairtí Saotharlainne	6,267	5,462
Soláthairtí Cógaslainne	21,475	20,525
Fardail Ardteicniúla Cógaslann	55,705	53,308
Fardail Dáilte i gCógaslanna	623	659
Fuil agus Táirgí Fola	1,245	1,178
Fardail Vacsaíní	27,447	27,125
Seirbhísí Tí	6,569	6,441
Stáiseanáireacht agus Soláthairtí Oifige	1,626	1,655
Ilearraí	380	375
	<b>157,628</b>	149,704

## Nóta 17 Trádáil agus Infháltais Eile

	2017 €'000	2016 €'000
Infháltais: Féichiúnaithe Othar – Áiseanna Príobháideacha in Ospidéal Phoiblí**	104,512	105,091
Infháltais: Féichiúnaithe Othar – Muirir d'Othair Chónaithe Poiblí	6,257	5,369
Infháltais: Féichiúnaithe Othar – Muirir Fhadchónaithe	8,982	8,523
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhráithe	29,125	26,796
An Roinn Sláinte (DoH)	54,036	54,036
Déantúsóirí Cógaisíochta	51,784	50,623
Coigeartú Teicniúil Párolla	21,035	23,181
Asbhaintí an Tobhaigh Phinsin ón bhFoireann/Soláthraithe Seirbhíse	7,627	7,810
Éileamh ar Iomarcaíocht Reachtúil	2,027	2,225
Údaráis Áitiúla	831	801
Réamhíocaíochtaí Párolla	889	896
Ospidéal Dheonacha – Conarthaí Seirbhíse Náisiúnta Feistí Leighis	-	800
Ospidéal Dheonacha – Réamhíocaíochtaí Maoinithe Deontais	31,308	16,937
Infháltais Éagsúla	34,763	27,006
	<b>353,176</b>	330,094

\* Athrangaíodh méideanna áirithe ó bhlianta roimhe faoi Nóta 17 'Trádáil agus Infháltais Eile' agus Nóta 18 'Creidiúnaithe (méideanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin)' ar an mbonn céanna leo siúd ábhartha sa bhliain reatha. Níl tionchar aige seo ar Ghlanfhiachais Reatha don 2016 arna tuairiscíodh cheana.

\*\* Ioncam Árachais le haghaidh Cúram Príobháideach

De réir bheartas cuntasíochta FSS, aithníonn FSS ioncam othar atá dlite ó chuideachtaí árachais sláinte príobháidigh tráth a gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Le linn 2017, chuir cuideachtaí árachais tús le hasbhaintí ó éilimh a rinne FSS a bhain leis an tréimhse ama idir an dáta iontrála agus an dáta ar shínigh an t-othar an fhoirm ábhartha. De réir bheartas cuntasíochta FSS, cruthaítear foráil i dtaca le drochfhiacha agus fiacha amhrasacha maidir le fiacha atá gan íoc ar feadh tréimhse is faide ná bliain amháin. Níl ar chumas FSS luach a leithéid sin d'asbhaintí a mheas. Níl aon fhoráil curtha i bhfeidhm maidir le méideanna atá ina gcúis díospóide le cuideachtaí árachais faoi láthair, a bhfuil tréimhse níos lú ná bliain ag baint leo.

## Nóta 18 Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin)\*

	2017 €'000	2016 €'000
Léasanna Airgeadais	2,619	2,221
Dlíteanas maidir le Lamháltas Seirbhíse**	17,424	0
Iníocaíochtaí – Ioncam	131,796	122,079
Iníocaíochtaí – Caipiteal	6,313	6,882
Fabhruithe Neamhphá – Ioncam	716,351	662,829
Fabhruithe Neamhphá – Caipiteal	11,020	7,666
Fabhruithe – Deontais d'Ospidéil Dheonacha agus do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	336,574	323,532
Fabhruithe Pá	522,718	492,698
Cáin Ioncaim agus Leas Sóisialach	142,791	152,826
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – An Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí	2,577	1,973
Deontais Chrannchuir Iníoctha***	1,874	1,678
An Roinn Sláinte (Réamhíocaíocht Deontais Mhaoinithe)	0	1,388
Iníocaíochtaí Éagsúla	15,283	15,819
	<b>1,907,340</b>	<b>1,791,591</b>

\* Athrangaíodh méideanna áirithe ó bhlianta roimhe faoi Nóta 17 'Trádáil agus Infháiltais Eile' agus Nóta 18 'Creidiúnaithe (méideanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin)' ar an mbonn céanna leo siúd ábhartha sa bhliain reatha. Níl tionchar aige seo ar Ghlanfhiachais Reatha don 2016 arna tuairiscíodh cheana.

\*\* Bainteach le sócmhainní Ionaid Chúraim Phríomhúla sealbhaithe faoi shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP).

\*\*\* Déanann FSS eisíocaíocht deontas an Chrannchuir Náisiúnta a riar le haghaidh clár áitiúla faoi Scéimeanna Maoinithe Sláinte agus Folláine an Chrannchuir Náisiúnta. Seasann an iarmhéid do chistiú atá ceadaithe ach nach bhfuil íoctha amach go fóill le faighteoirí deontas faoi dheireadh na bliana.

## Nóta 19 Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)

	2017 €'000	2016 €'000
Léasanna Airgeadais	29,122	32,578
Dlíteanas maidir le Lamháltas Seirbhíse	155,287	0
Iomlán na n-oibleagáidí Léasa Airgeadais	184,409	32,578
Dlíteanas don Stáitchiste maidir le Fáiltais Bhreise Stáitchiste – Díolachán Eile	268	268
	<b>184,677</b>	<b>32,846</b>

## Nóta 20 Ioncam Iarchurtha

Cuimsítear na nithe seo a leanas le hioncam iarchurtha:

	2017 €'000	2016 €'000
Tabhartais agus tiomnachtaí*	12,890	11,957
Maoiniú deontais ón Stát agus ó chomhlachtaí eile	21,622	15,412
Maoiniú ó thionscadail chaipitil shonracha	3,794	3,810
Ginearálta	14,751	14,234
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig	<b>53,057</b>	<b>45,413</b>

\* Ioncam a eascraíonn as tabhartais agus tiomnachtaí, i gcás go bhfuil sé sonraithe, cad air is féidir an t-airgead a chaitheamh ach nach bhfuil an caiteachas bainteach tabhaithe.

## Nóta 21 Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin\*

	2017 €'000	2016 €'000
Easnamh na bliana reatha	(139,871)	(10,292)
Gné chaipitil d'fócaíochtaí léasa arna muirearú ar ioncam	3,058	1,152
Lúide Ús a fuarthas	(79)	(273)
Ceannach trealamh muirearaithe don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	29,505	19,121
Costais Airgeadais muirearaithe don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais (Méadú) i bhFardail	(937)	970
(Méadú)/Laghdú ar Thrádáil agus Infháiltas Eile	(7,924)	(2,890)
(Méadú)/Laghdú ar Thrádáil agus Infháiltas Eile	(23,082)	26,451
Méadú ar Chreidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin)	115,749	31,666
Cúlchistí Ioncaim – traschur an (Easnamh) de réir <i>Alt 33(3) d'Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2004</i> , arna leasú	10,292	7,931
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe (méideanna atá dlite i níos mó ná bliain amháin)	151,831	(2,619)
Méadú ar Ioncam larchurtha	7,644	12,516
<b>Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>146,186</b>	<b>83,733</b>

\* Tá méideanna áirithe ó bhlianta roimhe athrangaithe ar an mbonn céanna leo siúd atá bainteach sa bhliain reatha. Níl aon tionchar aige sin ar an nGlaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin don bhliain 2016 a tuairiscíodh roimhe seo.

## Nóta 22 Gealltanais

### Gealltanais Chaipitiúla

	2017 €'000	2016 €'000
Ceangaltais Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh sa todhcháil:		
Laistigh d'aon bhliain amháin	550,774	401,853
Tar éis bliain amháin ach laistigh de chúig bliana	1,100,180	1,063,030
	<b>1,650,954</b>	<b>1,464,883</b>
Ar conradh ach gan a bheith ar fáil sna ráitis airgeadais	1,083,971	511,158
